# Ceachtanna Séasúracha

Ceacht 1: An Choróin Mhuire
Ceacht 2: Ceiliúradh na Naomh
Ceacht 3: An Carghas
Ceacht 4: Naomh Bríd
Ceacht 5: Oideachas Idir-reiligiúnach

## Ceacht 1: An Choróin Mhuire (Deireadh Fómhair)

Ba chóir an ceacht seo a mhúineadh i rith Mí Dheireadh Fómhair.

### ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil

**Muire**

- Tá grá ag Muire dúinn agus tugann sí aire dúinn
- Is eiseamláir í Muire do gach Críostaí
- Is iad Deireadh Fómhair agus Mí na Bealtaine míonna speisialta Mhuire

**LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ**

**Urnaí Fhoirmeálta**

- An Choróin Mhuire: Na Rúndiamhra Sólásacha

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Féilte Mhuire: Teachtaireacht an Aingil

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is é Deireadh Fómhair mí na Corónach Muire. Sean-phaidir san Eaglais Chaitliceach atá sa Choróin Mhuire. Sa Choróin Mhuire, cuidíonn Muire leo siúd atá ag guí, machnamh a dhéanamh ar imeachtaí éagsúla i saol Íosa toisc gurb í féin a Mháthair agus bhí sí gar dó le linn na n-imeachtaí sin. Nuair a ghuítear an Choróin Mhuire tá sé cosúil le bheith ag féachaint ar albam grianghraf a bhaineann le beatha Íosa. Tá fiche imeachtaí éagsúla ann a dhéanaimid machnamh orthu agus tugtar 'Rúndiamhra' ar na himeachtaí seo. Roinntear na rúndiamhra seo i gceithre ghrúpa: na Rúndiamhra Sólásacha, na Rúndiamhra Solasmhara, na Rúndiamhra Dólásacha agus na Rúndiamhra Glórmhara. I mbliana, cuirimid Rúndiamhra Sólásacha na Corónach Muire in aithne na bpáistí.

I Rúndiamhra Sólásacha na Corónach Muire tógaimid cúig ócáid lúcháireach i saol Íosa chun cuimhne: Teachtaireacht an Aingil (ón Aingeal Gaibriéil), Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit, Breith ár dTiarna, Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall agus Íosa i measc na n-ollúna. Nuair a ghuímid na Rúndiamhra Sólásacha tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar gach ceann de na rúndiamhra seo agus sinn ag rá *An Phaidir* aon uair amháin, *'S é do bheatha, a Mhuire* deich n-uaire agus *Glóir don Athair* amháin. Cuidíonn paidrín linn na paidreacha seo a chomhaireamh. D'fhoghlaim na páistí cheana féin conas deichniúr den Choróin Mhuire a ghuí mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3.

# Féachaimis …

## PAIDIR

### Sé do Bheatha, a Mhuire

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, gabhaimis buíochas le Dia as an spraoi a bhí againn lenár dteaghlaigh. Tosóidh mise trí bhuíochas a ghabháil le Dia as (*ainmnigh ócáid shona a bhí ag do theaghlach*). Cé eile ar mhaith leis/léi buíochas a ghabháil le Dia?

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid paidreacha féin a rá*

**M:** Anois guímis *Sé do bheatha, a Mhuire*, le chéile. Máthair an Teaghlaigh Naofa i Nazarat ab ea Muire. Bhí sí féin agus Iósaef le chéile sa teaghlach i rith a saol.

Sé do bheatha, a Mhuire…
*(Ardaigh do dheasóg agus sín amach ar dheis í)*

Atá lán de ghrásta…
*(Ardaigh do chitóg agus sín amach ar chlé í)*

Tá an Tiarna leat.
*(Tabhair do dhá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar do chroí)*

Is beannaithe thú idir mhná…
*(Scuab do dheasóg os do chomhair amach, ó chlé go deas, ag pointeáil chuig gach duine sa rang)*

Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
*(Lig ort leanbh a bheith á luascadh i do bhaclainn agat)*

A Naomh Mhuire…
*(Ardaigh do dheasóg agus sín amach ar dheis í)*

A mháthair Dé…
*(Ardaigh do chitóg agus sín amach ar chlé í)*

Guigh orainn, na peacaigh…
*(Cuir na lámha i riocht urnaí)*

Anois…
*(Sín an dá lámh i dtreo na talún)*

Agus ar uair ár mbáis…
*(Pointeáil i dtreo caol na láimhe)*

Áiméan.
*(Cuir na lámha i riocht urnaí)*

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## PAIDIR

### An Choróin Mhuire

Ar dtús bain úsáid as Póstaer 11 chun Rúndiamhra Sólásacha na Corónach Muire, i saol Íosa, a thabhairt chun cuimhne. Ansin abair leis na páistí gur féidir linn smaoineamh ar gach ceann de na rúndiamhra seo agus sinn ag guí paidir ar a dtugtar *An Choróin Mhuire*. Déan measúnú ar réamheolas na bpáistí ar *An Choróin Mhuire*. Ansin, taispeáin Paidrín do na páistí, agus déan trácht ar na gnéithe seo a leanas:

- Tá an Paidrín roinnte i gcúig chuid. Seasann gach ceann de na cúig chuid do rúndiamhar amháin i saol Íosa. I láthair, táimid ag caint faoi na Rúndiamhra Sólásacha, ach tá rúndiamhra eile ann freisin, mar shampla: Na Rúndiamhra Dólásacha.
- Comhairigh na clocha ar gach cuid den Phaidrín (deich gcinn san iomlán). Cabhraíonn na clocha seo linn líon na bpaidreacha atá le rá againn a chomhaireamh fad is atáimid ag smaoineamh ar cheann de na Rúndiamhra Sólásacha. Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoin phaidir atá i gceist (‘*S é do bheatha, a Mhuire*).
- Abair leis na páistí go nguítear *An Phaidir* roimh an chéad ‘*S é do bheatha, a Mhuire*, agus go nguítear *Glóir don Athair* tar éis an deichiú ‘*S é do bheatha, a Mhuire*. Fad is atá na paidreacha seo go léir á rá, smaoinímid ar cheann de na Rúndiamhra Sólásacha. Is ar an gcaoi sin a ghuímid *An Choróin Mhuire*.

Ansin guigh ceann de Rúndiamhra Sólásacha na Corónach Muire leis na páistí. Socraigh ar an dóigh ba mhaith leat é sin a dhéanamh sula dtosaíonn tú. Seo roinnt roghanna:

1. Deir tú (an múinteoir) an chéad chuid de gach paidir, agus iarr ar na páistí an dara cuid a rá. Bain úsáid as Paidrín chun cabhrú libh deich ‘*S é do Bheatha, a Mhuire* a chomhaireamh.




2. Iarr ar pháiste amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus tabhair cuireadh don chuid eile den rang an dara cuid a fhreagairt. Tabhair an Paidrín don pháiste atá i gceannas na paidre.
3. Tabhair cuireadh do ghrúpa bheag páiste an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an gcuid eile den rang freagra a thabhairt.
4. Roinn an rang ina dhá leath, agus tabhair cuireadh do leath amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an dara leath freagra a thabhairt.

Guigh deichniúr den *Choróin Mhuire* (.i. Rúndiamhair Sólásach amháin) gach lá i rith na seachtaine seo. Lean leis an gcleachtadh seo i rith mí Dheireadh Fómhair.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bealach chun smaoineamh ar eachtraí éagsúla i saol Íosa atá sa Choróin Mhuire. Ba ócáidí sona cuid de na heachtraí sin. Tugaimid na 'Rúndiamhra Sólásacha' orthu seo. Tá cúig 'Rúndiamhra Sólásacha' sa Choróin Mhuire. Smaoinímid ar gach ceann de na rúndiamhra seo agus muid ag guí *An Phaidir*, deich *'S é do Bheatha* agus *Glóir don Athair* amháin.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 54: Tugann na páistí conas an Choróin Mhuire a ghuí chun cuimhne.

### Sa Bhaile

Lch. 55: Tabhartar na Rúndiamhra Sólásacha chun cuimhne. Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoin chuimhneacháin shona i saol a muintire féin, agus deichniúr den Choróin Mhuire a ghuí le chéile ag díriú ar cheann de na Rúndiamhra Sólásacha.



# Seirbhís Urnaí

**Téama: *An Choróin Mhuire***

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** I rith mí Dheireadh Fómhair déanaimid iarracht *An Choróin Mhuire*, nó cuid de, a rá gach lá. Bealach atá sa *Choróin Mhuire* chun cuimhneamh ar rudaí éagsúla a tharla i saol Íosa. Eachtraí áthásacha ab ea cuid acu agus mar sin tugaimid na Rúndiamhra Sólásacha orthu. Cé atá in ann cuimhneamh ar roinnt de Rúndiamhra Sólásacha na *Corónach Muire*?

*Lig do na páistí freagairt. Is féidir leat úsáid a bhaint as Póstaer 11 mar áis amhairc*

**M:** Guímis ceann de na Rúndiamhra Sólásacha le chéile inniu. Cén ceann ba chóir dúinn a roghnú?

*Lig do na páistí ceann de na Rúndiamhra Sólásacha a roghnú. Ansin roghnaigh ceann de na bealaí chun an chuid seo den Choróin Mhuire a ghuí ag baint úsáid as na moltaí atá leagtha amach cheana féin.*

**M:** An mhí seo, déanaimis iarracht ar leith deichniúr de Rúndiamhra Sólásacha na *Corónach Muire* a rá gach lá. Is féidir linn é a rá anseo ar scoil, nó is féidir leat é a rá sa bhaile le do theaghlach. Guímis.

**M:** A Mhuire, ár Máthair,
Cabhraigh linn fás i ngrá leat féin agus le do Mhac, Íosa, agus sinn ag cuimhneamh ar na Rúndiamhra Sólásacha ina shaol.
Cabhraigh linn é seo a dhéanamh ar bhealach ar leith le linn mhí Dheireadh Fómhair. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

# Ceacht 2: Ceiliúradh na Naomh

Ba chóir an ceacht seo a mhúineadh gar do Cheiliúradh na Naomh Uile

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Éarlamh na scoile**

- Is daoine iad na Naoimh a ghránn Dia agus atá ar neamh le Dia tar éis a mbáis. Tugann an Eaglais lá féile dóibh ina n-onóir
- Is sampla iontach iad na Naoimh ar chonas maireachtáil agus iarrann Críostaithe cúnamh orthu ina gcuid paidreacha

**An Bheatha Shíoraí**

- Gheall Íosa beatha nua dúinn anseo ar talamh agus tar éis ár mbáis. Creidimid:
- Nuair a fhaighimid bás, go nglaonn Dia chun na flaithis sinn
- Nuair a fhaighimid bás go mairfimid go deo le Dia, Íosa, Muire, na haingil agus na naoimh ar neamh agus gurb é seo an plean atá ag Dia dúinn
- Is é na flaithis ár bhfíor bhaile agus ár mbaile deireanach, áit a mbeimid sona le Dia tar éis ár saol a chaitheamh anseo ar talamh

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Liturgical Year**

- Tráth atá i bhFéile na Naomh Uile chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol na mná, na bhfear agus na bpáistí a thaispeáin dúinn conas Íosa a leanúint
- Ar Lá Fhéile na bhFíréan uile atá Marbh cuimhníonn an Eaglais orthu siúd atá imithe ar shlí na fírinne agus déantar urnaí ar a son

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ceiliúrtar Féile na Naomh Uile ar an 1 Samhain. Is féidir cur síos a dhéanamh ar na naoimh mar gnáthdhaoine a léirigh grá Dé ar bhealaí neamhghnácha. Is féidir leis na naoimh rud éigin a mhúineadh dúinn faoi bheith ag maireachtáil mar Chríostaithe dílse, agus mar sin déanaimid iarracht iad a leanúint. Mhair siad ar domhan, áit atáimid anois, ag plé leis an saol faoi mar atáimid. Tá siad ar neamh anois agus is féidir linn guí chucu ag iarraidh orthu cabhrú linn ár saol a chaitheamh le grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile mar a rinne siad. Tá lá féile aonair ag na naoimh sin a rinne an Eaglais canónú orthu (mar shampla Lá Fhéile Naomh Uinseann de Pól an 27 Meán Fómhair), ach ar Fhéile na Naomh Uile cuimhnímid agus ceiliúraimid na daoine go léir a mhair go naofa, agus nach bhfuil aitheanta go hoifigiúil ag an Eaglais. D'fhéadfadh na daoine seo a bheith inár gcomharsana, ár mbaill teaghlaigh, ár gcairde, nó daoine ón bpobal áitiúil. Lá saoire fógartha eaglaise atá i bhFéile na Naomh Uile, mar sin ba chóir do gach Caitliceach freastal ar Aifreann, más féidir leo.

I gcomhthéacs na féile seo, cuireann na páistí aithne ar Naomh Uinseann de Pól. Rugadh Naomh Uinseann de Pól i dteaghlach bocht sa Fhrainc sa bhliain 1581. Rinneadh sagart de sa bhliain 1600, agus é in aois a naoi déag. Theastaigh ó Naomh Uinseann aire a thabhairt do na boicht agus dóibh siúd a bhí ar an ngannchuid. Bhunaigh sé Ord na Sagart Uinseannach sa bhliain 1625, agus, in éineacht le Naomh Louise de Marillac, bhunaigh sé Iníonacha na Carthanachta sa bhliain 1633. Sa lá atá inniu ann, leanann na hoird seo lena obair chomh maith le Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP), a bhunaigh Frédéric Ozanam sa bhliain 1833.

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### Faoi na Naoimh

Déan réamh-eolas na leanaí ar na naoimh a mheas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil a fhios ag aon duine cad is naomh ann? Cá gcónaíonn na naoimh? Cé eile a chónaíonn ar neamh?
- Cad iad na naoimh is féidir leat a ainmniú? Cad atá ar eolas agat faoina saol?
- An bhfuil ár scoil/séipéal an pharóiste/cumann CLG áitiúil, ainmnithe in onóir naomh áirithe? (Más ea) An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi/fúithi?

Ansin inis do na páistí go gcuimhníonn agus go gceiliúrann an Eaglais beatha na Naomh Uile a mhair, agus atá anois ar neamh le Dia, ar an 1 Samhain. Glaoimid Féile na Naomh Uile ar an lá seo. Déan comhrá leis na páistí faoin bhféile seo ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine gur naoimh iad?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine atá naofa … (*bain úsáid as focail a d'úsáid na páistí*)?
- An mbíonn amanna ann sa seomra ranga seo nuair is féidir linn a bheith … [*bain úsáid as focail a d'úsáid na páistí chun cur síos a dhéanamh ar na naoimh*]? Nuair a ghníomhaímid ar an mbealach seo, bímid cosúil leis na naoimh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

Le chéile, iarraimis ar roinnt de na naoimh a bhfuil aithne againn orthu 'Guigh orainn'.
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Proinsias …
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Pádraig …
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Bríd …
**P:** Guigh orainn.

*(Cuir leis an liodán seo ainmneacha aon naomh atá ar eolas ag na páistí, mar shampla éarlamh na scoile/éarlamh an tséipéil)*

**M:** Na fir agus mná naofa go léir …
**P:** Guigh orainn.

**M:** Tá aithne againn go léir ar dhaoine a fuair bás. Cuimhnímid orthu ar bhealach ar leith i rith Mí na Samhna, agus go háirithe ar an 2ú Samhain, Cuimhneachán na bhFíréan uile atá marbh. Inniu, guímis ar son na daoine go léir a bhfuil aithne againn orthu, a fuair bás.

**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
Agus go lonraí solas na bhFlaitheas orthu.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## DÁN

### 'Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile'

Tosaigh trí a thabhairt chun cuimhne go gceiliúraimid Féile na Naomh Uile ar an 1 Samhain. Ansin léigh an dán, 'Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile', thíos.

Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile
Cuimhnigh orthu siúd
A bhí dílis don chreideamh,
A bhraith i gcónaí ar ghuí,
A léirigh grá mór Íosa dúinn
Ó mhaidin go hoích'.

Cuimhnigh orthu siúd
Atá anois le Dia ar neamh
Ina gcónaí ann go sámh,
Na Naoimh is na Fíréin Uile,
Ina gcónaí le Dia i ngrá.

## SCÉAL


### 'Naomh Uinseann de Pól' – Cuid 1

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh faoi chuid de thréithe na naomh a luaitear sa dán 'Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile'. Ansin tabhair an scéal seo isteach trí insint do na páistí gur mhaith leat iad a mhúineadh faoi fhear a bhí cineálta, flaithiúil agus maith. Nuair a fuair sé bas, ainmníodh mar naomh é. Léigh 'Naomh Uinseann de Pól' - Cuid I.



**'Naomh Uinseann de Pól' – Cuid 1**

Rugadh Uinseann de Pól sa Fhrainc thart ar cheithre chéad bliain ó shin. Bhí triúr deartháir agus beirt dheirfiúr aige. Ní raibh a lán airgid ag an teaghlach, mar sin nuair a bhí sé ina bhuachaill óg d'oibrigh Uinseann sa bhaile ar an bhfeirm. Bhí a fhios ag athair Uinsinn gur buachaill speisialta a bhí ann. D'oibrigh sé go dian, agus ní dhearna sé dearmad ar a phaidreacha, ag gabháil buíochais le Dia as an mbeagán a bhí ag an gclann.



Lá amháin dúirt Uinseann lena athair gur theastaigh uaidh a bheith ina shagart. Theastaigh uaidh a shaol a chaitheamh ag cuidiú le daoine, Íosa a leanúint. Bhí an-áthas ar a athair. Láithreach, dhíol sé roinnt ainmhithe chun a chinntiú go mbeadh dóthain airgid ag Uinseann chun dul ar scoil.



Go gairid i ndiaidh Uinseann a bheith ina shagart, bhí sé ag taisteal i mbád nuair a d'ionsaigh foghlaithe mara an bád. Thóg na foghlaithe mara gach duine ar bord mar phríosúnaigh, Uinseann ina measc. Sheol na foghlaithe mara go dtí an Afraic agus díoladh na daoine mar sclábhaithe. Níor chaith na daoine a cheannaigh Uinseann rómhaith leis agus bhí air obair go crua. Ní raibh a fhios ag Uinseann an bhfeicfeadh sé an Fhrainc riamh arís. Rinne sé iarracht cuimhneamh go raibh Dia leis, cé go raibh sé brónach agus uaigneach agus eaglach.

Oíche amháin, tar éis blianta fada, bhí seans éalú ag Uinseann, agus thóg sé é. Chuaigh sé isteach i mbád beag agus rinne sé a bhealach ar ais go dtí an Fhrainc.



Bhí áthas air a bheith ar ais lena theaghlach agus lena chairde! Ghuigh sé le Dia, ag gabháil buíochais leis as a bheith sábháilte anois.

Ach creid nó ná creid é, bhí brón ar Uinseann i gcónaí. Tharla go leor cogaí sna blianta sin agus bhí saol crua ag go leor daoine agus ní raibh aon duine ann chun cabhrú leo. Bhí taithí ag an Athair Uinseann ar an mbochtanas, an brón agus an uaigneas, mar sin rinne sé gealltanas do

• • •

. . .

Dhia. Gheall sé go gcaithfeadh sé an chuid eile dá shaol ag cuidiú le daoine a bhí ag fulaingt agus i ngátar. Bhí a fhios ag Uinseann gurb é an bealach is fearr chun a thaispeáint go bhfuil grá againn do Dhia ná trí ghrá a thaispeáint do dhaoine eile, go háirithe dóibh siúd atá bocht agus brónach. Agus sin díreach mar a rinne sé.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, ‘Cén cineál oibre a rinne Uinseann ar fheirm a theaghlaigh, meas tú?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a bhí an saol ag Uinseann, dar leat, nuair a bhí sé ina sclábhaí? Cén obair a d’fhéadfadh a chuid ‘úinéirí’ a thabhairt dó le déanamh? Conas a mhothaigh sé, dar leat?
- Cad iad na focail a d’úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne Uinseann tar éis dó éalú?
- An cuimhin leat am nuair a chabhraigh tú le duine a bhí i ngátar? An raibh am ann nuair a chabhraigh duine leat?

## SCÉAL

### ‘Naomh Uinseann de Pól’ – Cuid 2

Téigh ar ais ar an gcéad chuid den scéal faoi Naomh Uinseann de Pól. Fiafraigh de na páistí cad is cuimhin leo faoi. Ansin léigh an scéal ‘Naomh Uinseann de Pól’ - Cuid II.

**‘Naomh Uinseann de Pól’ – Cuid 2**



D’oibrigh Uinseann go crua, ach bhí a lán daoine ann a raibh cabhair uathu. Mar sin, bhailigh sé a chuid cairde le chéile agus d’iarr sé orthu cabhrú leis. Le chéile, bhailigh siad airgead chun cabhrú le daoine a bhí bocht, trí airgead a iarraidh ó dhaoine a raibh neart acu. D’úsáid sé an t-airgead seo chun ionaid dídine a chur ar bun, ionaid a bheadh glan agus teolaí agus a d’fhéadfadh le daoine cónaí agus foghlaim iontu.

Ba í Louise, ceann de na daoine a d’iarr Naomh Uinseann orthu cuidiú leis. Thug sí cuairt ar dhaoine a bhí bocht agus breoite. Bean lách, cineálta ab ea Louise. Bhí grá aici do Dhia agus bhí a fhios aici go bhféadfadh sí an grá sin a thaispeáint trí ghrá a thabhairt do dhaoine eile. D’oibrigh Louise agus Naomh Uinseann le chéile.





Blianta fada tar éis a bháis, rinneadh naomh de Uinseann. Glaotar Naomh Uinseann de Pól anois air, agus níl dearmad déanta ar a chuid oibre. In Éirinn sa lá atá inniu ann, bailíonn daoine fós i ngrúpaí beaga chun cabhrú le daoine eile atá i ngátar. Is baill de Chumann Naomh Uinseann de Pól na daoine maithe seo. Rinneadh naomh de Louise freisin, agus leanann go leor daoine ar aghaidh lena cuid oibre i dtíortha éagsúla ar fud an domhain. Thaispeáin Naomh Uinseann agus Naomh Louise dúinn conas maireachtáil le grá. Is féidir linn a iarraidh orthu cabhrú linn maireachtáil ar nós Íosa.

Le linn an scéil, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, ‘An raibh ar Uinseann gach rud a dhéanamh leis féin?’ Ansin tochail níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, ar socraíodh gur naomh ba ea Uinseann? An gcuireann sé aon naoimh eile i gcuimhne duit gur fhoghlaim tú faoi/fúithi? An gcuireann sé duine ar bith i gcuimhne duit a bhfuil aithne agat orthu?
- Déanann fir agus mná a ndícheall inniu maireachtáil ar nós agus foghlaim ó Naomh Uinseann de Pól. Déanann siad iarracht cabhrú le daoine atá bocht, uaigneach nó brónach, díreach mar a rinne Naomh Uinseann. An gceapann tú gur mhaith leat a leithéid a dhéanamh? Conas a d’fhéadfá é sin a dhéanamh?
- Tugtar an t-ainm Uinseann d’fhir áirithe in onóir Naomh Uinseann de Pól, agus Louise do roinnt mná in onóir Naomh Louise. An bhfuil aithne agat ar éinne a bhfuil Uinseann nó Louise mar ainm acu? An bhfuil aithne agat ar aon duine eile a bhfuil ainm naoimh acu?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rugadh Uinseann sa Fhrainc timpeall ceithre chéad bliain ó shin. Sagart a bhí ann a rinne a dhícheall cabhrú le daoine a bhí bocht nó i ngátar. D'oibrigh bean darbh ainm Louise in éineacht leis. Tar éis dóibh bás a fháil, ainmníodh Uinseann agus Louise mar naoimh. Ar 1 Samhain gach bliain, déanaimid ceiliúradh ar dhaoine cosúil le hUinseann agus Louise, gnáthdhaoine a léirigh grá Dé don domhan ar bhealach speisialta. Is féidir linn guí chuig na naoimh chun cabhrú linn a bheith cosúil leo.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 56: Scrúdaíonn na páistí scéal Naomh Uinseann de Pól.

### Sa Bhaile

Lch. 57: Léann na páistí agus a dteaghlaigh an dán, 'Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile' le chéile. Tugtar cuireadh dóibh ansin chun ainmneacha na ndaoine, ba mhaith leo cuimhneamh orthu ar Fhéile na bhFíréan Uile, a scríobh. Tugtar 'Liodán na Naomh' do theaghlaigh freisin chun a rá le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Ag Ceiliúradh na Naomh (Féile na Naomh Uile)

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

**M:** Ar dtús, lasaimis ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia in éineacht linn.

*Las an coinneal*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag caint faoi na naoimh. Tá a fhios againn gur cairde speisialta Dé iad na naoimh a bhfuil cónaí orthu le Dia ar neamh. Is é neamh ár gceann scríbe ag deireadh an tsaoil seo ar domhan. Is féidir linn iarraidh ar na naoimh guí ar ár son, agus cabhrú linn saol maith fiúntach a chaitheamh. Le chéile, iarraimis ar roinnt de na naoimh atá ar eolas againn 'Guigh orainn'.
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Proinsias ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Pádraig ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Bríd ...
**P:** Guigh orainn.

*(Cuir leis an liodán seo ainmneacha aon naomh atá ar eolas ag na páistí, mar shampla éarlamh na scoile/ éarlamh an tséipéil)*

**M:** Na fir agus mná naofa go léir ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** An tseachtain seo, d'fhoghlaimíomar faoi fhear amháin a rinneadh naomh de, toisc gur fear maith, flaithiúlach, cineálta a bhí ann. B'shin Naomh Uinseann de Pól. Cé atá in ann insint dúinn faoi?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** Tá go leor bealaí ann inar féidir linn iarracht a dhéanamh maireachtáil mar a rinne Naomh Uinseann de Pól, mar shampla tríd an méid atá againn a roinnt le daoine eile. Cabhróidh sé seo linn fás i ngrá Dé agus i ngrá le daoine eile, díreach mar a rinne sé féin agus Naomh Louise. Agus mar sin is féidir linn a rá:

A Naomh Uinseann de Pól,
Cabhraigh linn, guímid,
Chun a bheith cineálta cosúil leat,
Gach lá.

*Iarr ar na páistí an phaidir a athrá i do dhiaidh*

**M:** Tá aithne againn go léir ar dhaoine a fuair bás. Cuimhnímid orthu ar bhealach ar leith i rith Mí na Samhna, agus go háirithe ar an 2ú Samhain, Cuimhneachán na bhFíréan Uile atá marbh. Inniu, guímis ar son na daoine go léir a bhfuil aithne againn orthu, a fuair bás. Guímis le chéile: 'Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.'
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Is cuimhin linn na seanmháithreacha agus na seanaithreacha go léir a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Is cuimhin linn na máithreacha agus na haithreacha go léir a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Is cuimhin linn na daoine go léir a bhíodh ina gcónaí linn, a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Is cuimhin linn ár gcomharsana a fuair bás. Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Déanaimis cuimhneamh anois ar dhuine éigin a raibh aithne againn orthu a fuair bás. Dúnaimis ár súile, agus abair ainm an duine sin le Dia ag baint úsáid as ár n-guthanna inmheánacha. (*Sos*)

**M:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh. Áiméan.

**M:** Tháinig Íosa chun a thaispeáint dúinn conas an saol a chaitheamh go fiúntach anseo ar domhan agus a insint dúinn go bhféadfaimís saol nua a chaitheamh le Dia, ar neamh, i ndiaidh bháis. Is é plean Dé é go mairimís le hÍosa, le Muire, agus leis na haingil agus na naoimh i ndiaidh bháis. Áit shuaimhneach shíoraí le Dia atá sna flaithis. Nuair a fhaighimid bás, glaonn Dia ar neamh sinn.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,

Cabhraigh linn maireachtáil go maith agus go fial, cosúil le Naomh Uinseann agus Naomh Louise. Cabhraigh linn foghlaim ó shaol na bhfear agus na mban naofa a raibh aithne againn orthu. Iarraimid é seo trí Íosa, do Mhac, agus trí na naoimh go léir a chónaíonn in éineacht leat ar neamh.

**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise.*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

# Ceacht 3: An Carghas (Céadaoin an Luaithrigh)

Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo i rith na seachtaine ina cheiliúrtar Céadaoin an Luaithrigh.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn go bhfuil grá aige dúinn agus chun múineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile

**Rúndiamhair Íosa Críost**

Chaith Íosa dhá scór lá agus dhá scór oíche san fhásach ag guí chun Dé, a Athair

D'oibrigh Íosa mar shiúinéir

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

Lúc 4:1-13; Mth 4:1-11. Íosa san fhásach

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

Rinne Íosa urnaí go minic, go háirithe nuair a bhí air cinntí tábhachtacha a dhéanamh

**Urnaí: Paidreacha Breise**

Beannú agus dáileadh an luaithrigh

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun ullmhú do Sheachtain na Páise agus don Cháisc - an fhéile is tábhachtaí i mbliain na hEaglaise
- Maireann an Carghas ar feadh dhá scór lá mar rinne Íosa troscadh san fhásach ar feadh dhá scór lá agus dhá scór oíche
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun iompú i dtreo Dé arís agus creidiúint sa Dea-Scéal
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun na bealaí gur féidir liom a bheith i mo chara maith ar nós Íosa a thaispeáint
- Is é Céadaoin an Luaithrigh an chéad lá den Charghas agus cuirtear luaithreach ar chlár éadain na gCaitliceach chun a chur i gcuimhne dóibh Íosa a leanúint agus an Dea-Scéal a chreidiúint



## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is é an Carghas an tréimhse ama sin, ag tosú ar Chéadaoin an Luaithrigh, a chuirtear i leataobh le haghaidh pionóis, troscadh agus déanamh déirce mar ullmhúchán do cheiliúradh na Cásca. Déanann sé aithris i bpáirt ar an daichead lá a chaith Íosa san fhásach sular thosaigh sé ar a shaol poiblí. Lá troscadh agus staonadh is ea Céadaoin an Luaithrigh. Níl ach dhá lá troscaidh in Éirinn: Céadaoin an Luaithrigh agus Aoine an Chéasta. Is í an chiall atá le troscadh ná nach mbíonn ar dhaoine fásta idir ocht mbliana déag agus seasca bliain d'aois in ann ach béile iomlán amháin a ithe in aghaidh an lae. In Éirinn an bhrí atá le staonadh ná go toirmisctear feoil a ithe agus baineann sé seo leo siúd atá os cionn ceithre bhliain déag d'aois. Maireann an oibleagáid seo ar feadh an tsaoil.

Tá na páistí curtha ar an eolas i dtaobh an Charghais gach bliain ó Naíonáin Shóisearacha/ B1 ar aghaidh. Ag an leibhéal sin, tugadh an Carghas isteach mar thréimhse inar cóir roinnt le chéile, rud a léiríonn an glaoch atá ar Chríostaithe déirc a thabhairt le linn an tséasúir naofa seo. Sna Naíonáin Shinsearacha/ B2, rinneadh iniúchadh ar an gCarghas mar thréimhse chun brón a léiriú. I Rang a hAon/B3, cuireadh na páistí ar an eolas i dtaobh nithe a 'thabhairt suas' don Charghas. An bhliain seo, spreagfar na páistí ní amháin chun rud éigin a 'thabhairt suas' don Charghas ach bheith ag urnaí agus iarracht a dhéanamh a bheith níos flaithiúla ná mar is gnách. Leanfaidh sé seo a n-iniúchadh ar scéal Íosa san fhásach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ábhair chun spás mion-fhásach a chruthú: coimeádán cosúil le stán brioscaí nó tráidire bácála, gaineamh, craobhóga, púróga, cachtais, srl.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Ag Ullmhú

Tabhair isteach an Ghníomhaíocht Idirghníomhach seo ina roghnaíonn na páistí an bealach is fearr le daoine chun ullmhú a dhéanamh dó rudaí a chaithfidh siad a dhéanamh. Nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann sibh go bhfuil sé tábhachtach ullmhú do rudaí éagsúla? Smaoinigh faoi dhuine a bhíonn ag traenáil do rás ... cén fáth go mbíonn sé tábhachtach ullmhú? An bhféadfadh le duine teacht i láthair ar lá an rása, gan a bheith ullmhaithe, agus a bheith ag súil go mbeadh an bua acu? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfadh?
- An cuimhin leat am nuair a bhí ort ullmhú le haghaidh rud éigin? Conas a d'ullmhaigh tú?
- Ní ró-fhada ó shin, bhíomar ag ullmhú don Nollaig. Cén t-ainm atá ar an dtréimhse ullmhúcháin sin? Cad iad na rudaí a rinneamar le linn na hAidbhinte chun ullmhú don Nollaig?
- Táimid gar do thréimhse an-speisialta anois ar a dtugtar an Carghas. Is tréimhse ullmhúcháin í freisin. An bhfuil a fhios ag éinne cad atá á ullmhú againn le linn séasúr an Charghais? Cad eile atá ar eolas agaibh faoin gCarghas?

## PAIDIR

### Salm 139

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanfaimid an t-éadach sa spás urnaí a athrú ó ghlas go corcra/corcairghorm. Cuirfidh sé seo i gcuimhne dúinn go bhfuilimid ag teacht isteach i séasúr an Charghais. Beidh Dia linn i rith an Charghais, díreach mar a bhíonn sé linn gach tráth eile den bhliain.

*Athraigh an t-éadach sa spás urnaí*

**M:** Éistigí le focail an tsailm. Tá sé tógtha ón mBíobla.

*Is féidir an salm seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Salm 139:1-6):*

**Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé,**
**más luí dom, más suí dom, is eol duit é;**
**is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.**
**Sula gcloistear focal ar mo theanga,**
**a Thiarna, is eol duit ar fad é.**
**Bíonn tú ar chúl is os mo chomhair;**
**agus leagann tú do lámh orm de shíor.**
**Is ró-iontach, ró-uasal liom an t-eolas seo;**
**agus téann sé thar m'acmhainn a thuiscint.**

**M:** Cuireann an salm seo i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn i gcónaí. Tá Dia linn inniu. Bhí Dia linn inné. Agus beidh Dia linn amárach. Guímis le chéile, 'A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn'.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

**M:** Nuair atáimid inár ndúiseacht agus nuair atáimid inár gcodladh, a Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

**M:** Nuair a bhímid ag caint agus nuair a bhímid ciúin, a Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

**M:** Nuair a bhímid ag ullmhú agus nuair a bhímid ag ceiliúradh, a Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

**M:** Nuair a bhímid go maith agus nuair nach mbímid go maith, a Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

**M:** Nuair a bhíonn áthas orainn agus nuair a bhíonn brón orainn, a Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá tú i gcónaí linn.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ‘Íosa san Fhásach’

Tosaigh trí dhul ar ais ar chuid de na cásanna ón ngníomhaíocht idirghníomhach ina raibh daoine ag ullmhú le haghaidh rudaí éagsúla. Ansin mínigh do na páistí, gur ullmhaigh Íosa freisin don obair thábhachtach a thug Dia dó le déanamh. Léigh ‘Íosa san Fhásach’ thíos. Mínigh gur as an Soiscéal de réir Lúcáis a thagann sé.

**‘Íosa san Fhásach’**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 4:1-13; Matha 4:1-11*)



Faoin am a bhí sé thart ar tríocha bliain d’aois, bheartaigh Íosa go raibh sé in am tús a chur leis an obair a thug Dia dó le déanamh. Theastaigh ó Dhia an t-Athair go léireodh Íosa an méid grá a bhí aige dóibh, agus chun iad a mhúineadh conas grá a thabhairt dá chéile.

Chun ullmhú don obair seo, chuaigh Íosa isteach san fhásach, in aice leis an áit a raibh cónaí air. Áit the thirim a bhí sa bhfasach, áit nach raibh cónaí ar dhuine ar bith agus nár fhás mórán inti. Bhí a fhios ag Íosa go mbeadh sé leis féin san fhásach.

D’fhan sé san fhásach ar feadh daichead lá agus daichead oíche. Le linn an ama sin níor ith sé rud ar bith. Ghuigh sé chuig Dia, agus d’iarr sé air cabhair a thabhairt dó leis an obair a bhí le déanamh aige a dhéanamh.

Trí huaire i rith na laethanta seo, cuireadh cathú ar Íosa a throscadh a bhriseadh. Cuireadh cathú air freisin an fásach a fhágáil. Ach níor fhág sé. Chuir Dia a aingil chuige chun cabhrú le hÍosa, agus chun neart a thabhairt dó.

Nuair a tháinig Íosa amach as an fhásach, d’fhág sé a bhaile agus a chuid oibre mar shiúinéir i Nazarat, agus thosaigh sé ag taisteal na tíre, ag teagasc daoine faoi Dhia agus leigheas a thabhairt dóibh siúd a bhí tinn.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur: ‘Cá fhad ar chaith Íosa san fhásach?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N’fheadar … conas a mhothaigh Íosa nuair a bhí sé ina aonar san fhásach ar feadh an daichead lá agus an daichead oíche sin? Conas a mhothaigh sé, meas tú, agus gan bia a bheith aige i rith an ama sin?
- Cé mhéad uair a cuireadh cathú ar Íosa agus é san fhásach? An cuimhin leat am nuair a cuireadh cathú ort rud a dhéanamh nach raibh i gceart? An ndearna tú é, nó an raibh tú in ann fanacht láidir, cosúil le hÍosa?
- An gceapann tú gur bealach maith ullmhaithe, don obair a bhí Dia ag iarraidh ar Íosa a dhéanamh, daichead lá a chaitheamh san fhásach? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Críochnaigh trí spás mion-fhásach a chruthú leis na páistí. Cuir é seo sa spás urnaí mar mheabhrú ar an am a chaith Íosa san fhásach. Iarr ar na páistí cabhrú leat gaineamh, craobhóga, púróga, cachtais, agus aon rud eile a bheadh oiriúnach, a sholáthar. Is féidir leat é seo a chruthú sa spás urnaí féin nó laistigh de choimeádán beag cosúil le stán brioscaí, tráidire bácála, srl.

## DÁN

### 'Chuaigh Íosa isteach san Fhásach'

Léigh an dán seo a leanas do na páistí. Ansin léirigh na gníomhartha a bhaineann le gach líne. Más féidir, lig do na páistí siúl timpeall an tseomra chun na gníomhartha seo a dhéanamh, agus an dán á léamh agat.

**Chuaigh Íosa isteach san Fhásach**
Chuaigh Íosa isteach san fhásach. (céimeanna malla)
Stop sé. (stad)
Rinne sé troscadh. (lámha ar an mbéal)
Bhí ocras air. (lámha ar an mbolg)
D'fhéach sé. (lámha timpeall na súl)
D'éist sé. (lámha timpeall na gcluas)
Smaoinigh sé. (lámha timpeall an chinn)
Tháinig Íosa amach as an bhfásach. (céimeanna malla)
Mhol sé Dia. (lámha ardaithe)
Bhí grá aige do dhaoine eile. (*croith lámh leo siúd in aice leat*)

## AG COMHRÁ

### Faoin gCarghas

Tosaigh trí mheabhrú cé chomh fada agus a chaith Íosa san fhásach agus an méid a rinne sé i rith an ama sin: ghuigh sé agus rinne sé troscadh. Ansin mínigh do na páistí sa lá atá inniu ann go gcuireann lucht leanúna Íosa tréimhse i leataobh i rith na bliana nuair is féidir leo guí agus staonadh ó rudaí éagsúla, cé nach mbíonn sé ar an mbealach céanna agus a rinne Íosa. Glaoimid an 'Carghas' ar an dtréimhse seo. Déan comhrá leis na páistí faoin gCarghas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ghuigh Íosa agus rinne sé troscadh toisc go raibh sé ag ullmhú chun an obair a thug Dia dó le déanamh. I ndáiríre, ghuigh Íosa go minic agus ach go háirithe nuair a thug sé aghaidh ar chinntí tábhachtacha. Cén t-am den bhliain a bhfuilimid ag ullmhú dó agus muid ag guí agus ag staonadh le linn an Charghais? Cén t-am speisialta den bhliain a leanann an Carghas?
- Rinne Íosa troscadh agus é san fhásach. Ní gá dúinn troscadh go hiomlán - ní bheadh sé sin ciallmhar - ach an bhfuil aon rud ann a d'fhéadfaimis staonadh uaidh le linn an Charghais?
- Tréimhse atá sa Charghas inar féidir le lucht leanúna Íosa a thaispeáint na bealaí inar féidir leo maireachtáil cosúil le hÍosa. Táimid in ann é seo a dhéanamh trí guí agus staonadh ó rudaí éagsúla ach, n'fheadar … cad iad na rudaí eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun a thaispeáint gur mhaith linn maireachtáil cosúil le hÍosa? (*Bheadh gníomhartha cineálta, flaithiúlachta agus carthanachta oiriúnach go háirithe anseo*)

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Nuair a bhíonn rudaí le tabhairt suas á bplé agat leis na páistí, tá sé tábhachtach an comhrá a choinneáil chomh réalaíoch agus is féidir. Mar shampla, ní maith an rud é go ndéarfadh na páistí go bhféadfaidís staonadh ón dteilifís nó ó ríomhairí i rith an Charghais ar fad más rud é nach mbeadh sé sin indéanta acu. B'fhéidir, áfach, go bhféadfaidís staonadh ó na rudaí sin i rith na seachtaine ach ní ar an Satharn nó ar an Domhnach, mar shampla. Nuair is cuí, déan do thaithí saoil féin a roinnt leis na páistí.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sular thosaigh Íosa ar an obair a thug Dia dó le déanamh, chaith sé daichead lá agus daichead oíche san fhásach. Le linn na tréimhse seo, ghuigh sé chun Dé, agus rinne sé troscadh. Mar lucht leanúna Íosa, tá tréimhse againn freisin i rith na bliana nuair a staonaimid ó rud éigin, nuair a dhéanaimid guí ar bhealach ar leith, agus nuair a dhéanaimid iarracht a bheith níos flaithiúla ná mar is gnách. Glaoimid an 'Carghas' ar an dtréimhse seo, agus cabhraíonn sé linn ullmhú le haghaidh ceiliúradh a dhéanamh ar Thréan na Cásca (Déardaoin na Comaoineach, Aoine an Chéasta agus Satharn na Seachtaine Móire) agus séasúr na Cásca.

## AG COMHRÁ

### Faoi Ghealltúintí an Charghais

Tosaigh trí a mheabhrú ar na rudaí éagsúla is féidir le lucht leanúna Íosa a dhéanamh le linn an Charghais: ag guí níos mó ná mar is gnách, 'ag tabhairt suas' rud éigin speisialta, agus ach go háirithe a bheith cineálta agus flaithiúil. Tabhair cuireadh do na páistí an oiread samplaí agus is féidir leo de gach ceann de na rudaí seo a thabhairt, agus iad a thaifeadadh ar an gclár bán/dubh.


## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 58: Léann na páistí an scéal 'Íosa san Fhásach'.

### Sa Bhaile

Lch. 59: Déanann na páistí tobsmaoineamh ar na rudaí a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh don Charghas. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoi na rudaí a roghnóidh siad a dhéanamh don Charghas i mbliana. Tá paidir le rá le chéile freisin.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Céadaoin an Luathraigh.

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Sular thosaigh Íosa ar an obair a thug Dia dó le déanamh, bheartaigh sé go mbeadh sé go maith dó imeacht agus a bheith leis féin ar feadh tamaill. Theastaigh uaidh dul go háit éigin ciúin, áit a bhféadfadh sé guí. Mar sin, chuaigh Íosa isteach san fhásach. Fad is a bhi sé ann, níor ith sé. Trí huaire cuireadh cathuithe air rud éigin a ithe, ach, le cúnamh Dé, d'fhan sé láidir.

Tógaimis roinnt ama inniu chun labhairt le Dia, díreach mar a rinne Íosa nuair a bhí sé san fhásach. Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin san fhásach. (*Sos*)

Mothaigh an ghrian the ar do chraiceann. (*Sos*)

Mothaigh teas an ghainimh ar do chosa. (*Sos*)

Níl tú leat féin san fhásach. Tá Íosa in éineacht leat. (*Sos*)

Tá Íosa anseo ag ullmhú chun obair Dé a dhéanamh. Tá sé ag ullmhú chun daoine a mhúineadh faoi ghrá Dé, agus chun grá Dé a thabhairt chuig an domhan trí aire a thabhairt do dhaoine eile. (*Sos*)

Bain úsáid as do ghuth inmheánach agus abair le hÍosa conas is féidir leat grá Dé a thabhairt don domhan. An féidir leat aire a thabhairt do dhaoine atá tinn? Conas a chuireann tú daoine atá leo féin san áireamh? Labhair le hÍosa anois. (Sos)

Éist leis an méid atá le rá ag Íosa leat. (*Sos*)

Anois, tá sé in am an fásach a fhágáil. Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís. (*Sos*)

**M:** Gach bliain ceiliúraimid séasúr ar leith ar a dtugtar an Carghas. Le linn an Charghais, cuimhnímid ar na laethanta a chaith Íosa san fhásach. Glaotar 'Céadaoin an Luaithrigh' ar an gcéad lá den gCarghas, agus inniu an lá sin. Céadaoin an Luaithrigh, caitheann cairde Íosa luaithreach ar an gclár éadain mar chomhartha gur mian leo casadh i dtreo Dia le linn an tséasúir naofa – an Carghas. Bheannaigh an t-athair... (*ainmnigh an sagart áitiúil*) an luaithreach le déanaí.

*Tabhair cuireadh do na páistí teacht duine i ndiaidh a chéile, agus cuir an luaithreach ar an gclár éadain i bhfoirm Comhartha na Croise. Agus* Comhartha na Croise *á dhéanamh agat, abair: '(ainm), cas i dtreo Dé'. Seinn 'Ceol Machnamhach', fad is atá an luaithreach á dháileadh.*

**M:** A Íosa, ár gcara,
Chaith tú daichead lá san fhásach, ag ullmhú chun obair Dé a dhéanamh.
Go ndéanaimis iarracht, le linn séasúr naofa an Charghais, tú a leanúint, agus fás i ngrá le Dia agus le daoine eile.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

# Ceacht 4: Naomh Bríd (1ú Feabhra)

## Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo i rith na seachtaine ina cheiliúrtar Lá Fhéile Bríde

### ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

#### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil
- Is daoine iad na Naoimh a ghránn Dia agus atá ar neamh le Dia tar éis a mbáis. Tugann an Eaglais lá féile dóibh ina n-onóir
- Is sampla iontach iad na Naoimh ar chonas maireachtáil agus iarrann Críostaithe cúnamh orthu ina gcuid paidreacha

#### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Leagan simplí de na Sailm ag moladh Dé de bharr an chruthaithe (m.sh. Salm 148, Salm 150)

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Creidtear gur rugadh Naomh Bríd gar le Fochaird i gContae Lú timpeall na bliana 454, ach tá baint níos dlúithe aici le Contae Chill Dara, áit ar bhunaigh sí, agus ina raibh sí ina ban-ab ar an gclochar cáiliúil. Faoi cheannaireacht Bhríde, bhí Cill Dara mar lárionad oilithreachta d'easpaig, sagairt agus taoisigh, chomh maith le bheith ina áit a thug tearmann dóibh siúd a bhí bocht agus tinn.

Sa chlár *I nGrá Dé* do na Naíonáin Shinsearacha/B2, cuireadh na páistí ar an eolas faoi Naomh Bríd mar bhean a bhí ar an eolas faoi riachtanais daoine eile agus gur cóir di freagra a thabhairt orthu. I mbliana, déanaimid iniúchadh ar an scéal faoi conas a fuair Naomh Bríd talamh chun a séipéal agus a clochar a thógáil i gCill Dara. Díríonn an scéal seo ar an mheas mór agus ar an mhuinín a bhí ag Bríd i nDia agus ar a buanseasmhacht agus a diongbháilteacht maidir le teachtaireacht an tSoiscéil a scaipeadh. Inseofar scéalta eile faoi Naomh Bríd de réir mar a théann *I nGrá Dé* ar aghaidh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog
- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne
  - » Cóip den teimpléad (thíos), méadaithe an oiread agus is féidir leat, má roghnaíonn tú é a úsáid
  - » Roinnt píosaí beaga fabraice do na páistí. Beidh a mhéid ag brath ar cé chomh mór agus atá an teimpléad de chlóca Naomh Bríd (thíos) nuair atá sé méadaithe. Is féidir leat iad seo a bhailiú trí seanéadaí, clúdaigh cúisíní, braillíní, srl., a ghearradh nó trí cuid acu seo a cheannach ón siopa carthanais áitiúil
  - » Gliú

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### 'Ba mhaith liom rud éigin a thógáil'

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An bhfuil sé éasca nó deacair rud éigin a thógáil? Cén fáth?
- An cuimhin leat am nuair a thóg duine éigin i do theaghlach rud éigin? Cad a thóg siad? Ar thóg sé tamall beag nó tamall fada? Cén fáth?
- Chruthaigh Dia an domhan ar fad. Ní raibh aon rud ann nuair a thosaigh Dia, agus féach anois ar na rudaí go léir atá timpeall orainn a mhaireann agus a fhásann. Ar thóg sé sin tamall gairid nó tamall fada? Cad an insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?

## PAIDIR

### Salm 148

*Comhartha na Croise*

**M:** Chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Anois ó tá an geimhreadh beagnach thart, agus an t-earrach ag teacht, tá an domhan a chruthaigh Dia ag borradh agus ag fás arís. Inniu, éistimis le salm ón mBíobla, ag moladh Dé as an méid a chruthaigh sé. Is é an freagra ar gach cuid den salm ná, 'Tar agus molaigí an Tiarna'.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Molaigí é, a ghrian is a ghealach, molaigí é, a réaltaí lonracha.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Molaigí é, a fhlaitheasa is airde, agus a uiscí atá os cionn na bhflaitheas!
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Molaigí é, a chréatúir an domhain.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Molaigí an Tiarna, a mhíolta mhóra agus a dhuibheagána go léir! A thine is a chloichshneachta, a shneachta is a cheobhrána.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** A shléibhte agus a chnoca uile, a chranna toraidh agus a chéadrasa, a ainmhithe allta agus clóis, a phéisteanna agus a éanlaith an aeir!
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** A ríthe agus a náisiúna na cruinne, a ógánacha agus a chailíní, a sheanóirí agus a leanaí le chéile, molaigí ainm an Tiarna.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Molaigí é, a chruthú go léir. Tar agus molaigí an Tiarna.
**P:** Tar agus molaigí an Tiarna.

**M:** Tugaimis glóir agus moladh do Dhia agus an *Glóir don Athair* a rá le chéile:

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### ‘Tógann Naomh Bríd a Séipéal’

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na rudaí go léir a theastaigh ó Bhríd chun séipéal a thógáil ag úsáid freagraí na bpáistí ón gcuid thuas den cheacht seo. Ansin léigh ‘Tógann Naomh Bríd a Séipéal’.

**‘Tógann Naomh Bríd a Séipéal’**



Theastaigh ó Bhríd agus a cairde a insint do na daoine go léir faoi ghrá Dé. Theastaigh uathu go gcloisfeadh gach duine an dea-scéal go bhfuil grá ag Dia dóibh. Mar sin bheartaigh Bríd séipéal a thógáil, ionas go mbeadh áit ag gach duine teacht le chéile chun labhairt le Dia. Ach ní raibh aon talamh ag Bríd le séipéal a thógáil.

‘Beidh ar dhuine éigin talamh a thabhairt dom chun mo shéipéal a thógáil,’ ar sise lena cairde. ‘Rachaidh mé chuig an taoiseach áitiúil agus iarrfaidh mé píosa talún air.’ Agus d’imigh sí léi.



Ba leis an taoiseach an talamh go léir sa cheantar ina raibh cónaí ar Naomh Bríd. Fear an-ghlic a bhí ann. Ní raibh aon eolas aige faoi ghrá Dé agus níor theastaigh uaidh a bheith ag éisteacht le Bríd. Mar sin, nuair a chonaic sé í ag teacht, bheartaigh sé cleas a imirt uirthi.

‘Ba mhaith liom séipéal a thógáil,’ a mhínigh Bríd ‘ionas gur féidir le daoine teacht le chéile agus guí chun Dé.’

‘Go han-mhaith,’ arsa an taoiseach. ‘Tar liom’.

Thóg an taoiseach Bríd go dtí barr cnoic aird. ‘Féach thíos ansin,’ ar seisean.

‘Is liomsa an talamh ar fad gur féidir leat a fheiceáil. Baineann sé go léir liom.’

Ansin dúirt sé le Bríd a clóca a bhaint di.

‘D’iarr tú talamh orm,’ ar sé. ‘Tabharfaidh mé an méid sin talún duit agus is féidir le do chlóca a chlúdach. Bain díot anois é agus leag síos ar an talamh é go bhfeicimid cé mhéad a chlúdaíonn sé.’

Bhí an-díomá ar Bhríd. Bhí a fhios aici gur clóca an-bheag a bhí aici agus nach gclúdódh sé go leor chun séipéal a thógáil. Thosaigh an taoiseach ag gáire agus ag gáire.



Ach nuair a leag Bríd a clóca ar an talamh, ní chreidfeá an méid a tharla … thosaigh an clóca ag fás níos mó agus níos mó. Leathnaigh sé amach níos leithne agus níos leithne, níos faide agus níos faide. Stop an taoiseach den ghháire. Bhí dath an bháis air. Bhí an clóca ag fás go fóill.

‘Cuir stop leis!’ arsa an taoiseach. ‘Cuir stop leis, le do thoil! Cuir stop leis go tapa! Cuir stop leis anois!’

Anois, bhí sé in am do Bhríd a bheith ag gáire. D’inis sí don chlóca stopadh. Bhí raidhse talún anois aici chun a séipéal a thógáil. Chuaigh sí ar ais agus d’inis sí lena cairde an méid a tharla. Ghabh siad buíochas le Dia as cuidiú leo an séipéal a thógáil.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: ‘Cén fáth go raibh Bríd ag iarraidh séipéal a thógáil?’ Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na focail a d’úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an dtaoiseach? Cén fáth, dar leat, nár theastaigh uaidh cabhrú le Bríd? Dá mba tusa an taoiseach, an dtabharfá roinnt talún do Naomh Bríd? Cén fáth nó cén fáth nach dtabharfá?
- Cén cineál duine a bhí i Naomh Bríd? Céard a bhí ag teastáil uaithi chun dul chuig an taoiseach agus talamh a iarraidh uaidh? Cathain a bhí misneach ag teastáil uait chun rud éigin deacair a dhéanamh?
- Cé a cheap Bríd a chuidigh léi a séipéal a thógáil? N’fheadar … cén fáth a mbeadh Dia ag iarraidh ar Bhríd séipéal a thógáil?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 60: Déanann na páistí iniúchadh ar an scéal faoi Bhrat Bhríde.

### Sa Bhaile

Lch. 61: Léann na páistí agus a dteaghlaigh an scéal faoi Naomh Bríd le chéile agus déanann siad comhrá faoin fáth go raibh Naomh Bríd ag iarraidh séipéal a thógáil. Tugtar cuireadh dóibh guí le chéile freisin.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí Bríd ag iarraidh séipéal a thógáil ionas go mbeadh áit ag gach duine teacht chun guí chuig Dé, ach ní raibh aon talamh aici chun é a thógáil. Bhí a fhios ag Bríd nach mbeadh sé éasca séipéal a thógáil, ach bhí a fhios aici freisin gurb é sin a theastaigh ó Dhia. Mar sin chuaigh Bríd go dtí an taoiseach áitiúil, a raibh go leor talún aige. Ach ní thabharfadh an taoiseach di ach an oiread talún agus a chlúdódh a clóca. Chuir Bríd a clóca síos ar an talamh agus d'fhás agus d'fhás sé, go dtí go raibh sé mór go leor don séipéal. Bhí ionadh ar an taoiseach, ach Bhí a fhios ag Bríd gurbh é Dia a chuidigh léi.

## ART GNÍOMHAÍOCHT

### Brat Bhríde

Tosaigh trí mheabhrú cén fáth go raibh Naomh Bríd ag iarraidh séipéal a thógáil. Fiosraigh cá mhéad duine a bheadh ag teastáil chun cabhrú le Bríd é seo a dhéanamh, fiú tar éis di an talamh a bhí ag teastáil uaithi a fháil. Bheadh gá aici fós le brící, fuinneoga, agus troscán don taobh istigh. Déan comhrá faoi dhiongbháilteacht Bhríde agus na ceisteanna seo a úsáid nó a leithéid de cheisteanna:

- An raibh sé éasca nó deacair do Naomh Bríd a séipéal a thógáil? Cén fáth nár éirigh sí as, nó ligean do dhuine éigin eile é a dhéanamh?
- An cuimhin leat am nuair a choinnigh tú ort ag iarraidh rud a dhéanamh, cé go raibh sé an-deacair?
- Bhí a fhios ag Bríd go raibh Dia ag iarraidh uirthi an séipéal a thógáil, ionas go mbeadh áit ag na daoine dul ann, chun guí le chéile. Cad iad na cineálacha rudaí ba mhaith le Dia a bheadh á dhéanamh againn? An bhfuil na rudaí sin éasca i gcónaí? An mbíonn lagmhisneach orainn uaireanta? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn?

Ansin déan na píosaí fabraice a dháileadh ar na páistí. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt píosaí fabraice a thabhairt do ghrúpa páiste agus ligean leo píosaí a roghnú. Taispeáin an pictiúr de Bhrat Bhríde dóibh agus mínigh go bhfuil sé ró-bheag i láthair na huaire, ach b'fhéidir go bhféadfaidís cabhrú chun é a dhéanamh níos mó. Ansin tabhair cuireadh do gach páiste teacht, duine i ndiaidh a



chéile nó i ngrúpaí beaga, de réir mar is cuí, agus a bpíosaí fabraice a ghreamú leis an bpóstaer. Agus é sin á dhéanamh acu, fásfaidh agus fásfaidh Brat Bhríde, agus sa tslí sin is féidir leis na páistí cabhrú le Naomh Bríd chun an talamh a fháil, a theastaíonn uaithi chun a séipéal a thógáil.

Pádraig, include the template from page 308 here.

Mar ullmhúchán don tseirbhís urnaí ag deireadh an téama.

- Tá ceithre pháirt labhartha sa tseirbhís:
  - » Bríd
  - » Cara/Cairde Bhríde
  - » An Taoiseach
  - » An Scéalaí
- Tá an script ar fáil thíos más mian leat é a fótachóipeáil agus é a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Naomh Bríd

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** An tseachtain seo, chualamar an scéal faoi Naomh Bríd is a brat. Tugaimis an scéal chun chuimhne.

**Scéalaí:** Theastaigh ó Bhríd agus a cairde insint faoi ghrá Dé do na daoine go léir sa tír. Mar sin, bheartaigh Bríd ar shéipéal a thógáil. Ach ní raibh aon talamh aici mar suíomh don séipéal.

**Bríd:** Cé uaidh a d'fhéadfainn talamh a iarraidh?

**Cairde Bhríde:** Céard faoin taoiseach? Tá neart talún aige!

**Bríd:** Sin smaoineamh iontach!

**Cairde Bhríde:** Ach bí cúramach, a Bhríd. Fear glic atá ann.

**Scéalaí:** Mar sin, as go brách le Bríd. Nuair a chonaic an taoiseach Bríd ag teacht, bheartaigh sé cleas a imirt uirthi.

**Bríd:** An d'tabharfá roinnt talún dom, le do thoil? Ba mhaith liom séipéal a thógáil ionas gur féidir le gach duine teacht le chéile chun guí chuig Dé.

**Taoiseach:** Hmm ... tar liom.

**Scéalaí:** Bhí an-áthas ar Bhríd. Shíl sí go raibh an taoiseach chun an oiread talún agus a bhí uaithi a thabhairt di. Thóg sé Bríd go dtí barr cnoic aird.

**Taoiseach:** Bain díot do bhrat agus cuir ar an talamh é.

**Scéalaí:** Rinne Bríd mar a d'iarr an taoiseach uirthi.

**Taoiseach:** Beidh an oiread talún agat agus is féidir le do bhrat a chlúdach.

**Scéalaí:** Bhí an-díomá ar Bhríd. Bhí a fhios aici gur brat an-bheag a bhí aici agus nach gclúdódh sé go leor talún chun séipéal a thógáil.

**Taoiseach:** Ha! ha!

**Scéalaí:** Ach rinne Bríd mar a d'iarr an taoiseach uirthi. Agus ní chreidfeá an méid a tharla ansin.

**Taoiseach:** Do bhrat! Tá sé ag fás!

**Bríd:** A thiarcais, tá sé!

**Taoiseach:** Cuir stop leis!

**Bríd:** Tá eagla orm nach féidir liom.

**Taoiseach:** 'Cuir stop leis! Cuir stop leis!'

**Bríd:** Níl mé cinnte conas é a stopadh!

**Scéalaí:** Nuair bhí a fhios ag Bríd go raibh go leor talún aici, chuir sí stop leis an mbrat.

**Bríd:** Stop anois. Is leor sin.

**Scéalaí:** Anois, bhí neart talún ag Bríd chun séipéal a thógáil. Chuaigh sí ar ais agus dúirt sí lena cairde an méid a tharla.

**M:** Duine an-speisialta ba ea Bríd. Sin é an fáth go dtugaimid naomh uirthi. Is féidir linn go leor a fhoghlaim ó Bhríd, agus is féidir linn iarracht a dhéanamh a bheith cosúil léi i ngach a dhéanaimid. Guímis le chéile in onóir Naomh Bríd agus sinn ag rá: 'A Naomh Bríd, guigh orainn'.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** Múineann Naomh Bríd dúinn guí chun Dé.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** Múineann Naomh Bríd dúinn gach a bhfuil uainn a iarraidh ar Dhia.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** Múineann Naomh Bríd dúinn gan misneach a chailliúint.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** Múineann Naomh Bríd dúinn beart a dhéanamh de réir briathar Dé.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** Múineann Naomh Bríd dúinn buíochas a ghabháil le Dia.
**P:** A Naomh Bríd, guigh orainn.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as saol Naomh Bríd.
Go raibh maith agat as a cuid chinneadh séipéal a thógáil.
Cabhraigh linn foghlaim uaithi, agus chun cuidiú le daoine teacht ar eolas do ghrá, mar a rinne sí.
Iarraimid é seo trí Íosa, ár gcara.
**P:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

## SEIRBHÍS URNAÍ: AN SCRIPT

**Scéalaí:** Theastaigh ó Bhríd agus a cairde insint faoi ghrá Dé do na daoine go léir sa tír. Mar sin, bheartaigh Bríd ar shéipéal a thógáil. Ach ní raibh aon talamh aici mar suíomh don séipéal.

**Bríd:** Cé uaidh a d'fhéadfainn talamh a iarraidh?

**Cairde Bhríde:** Céard faoin taoiseach? Tá neart talún aige!

**Bríd:** Sin smaoineamh iontach!

**Cairde Bhríde:** Ach bí cúramach, a Bhríd. Fear glic atá ann.

**Scéalaí:** Mar sin, as go brách le Bríd. Nuair a chonaic an taoiseach Bríd ag teacht, bheartaigh sé cleas a imirt uirthi.

**Bríd:** An d'tabharfá roinnt talún dom, le do thoil? Ba mhaith liom séipéal a thógáil ionas gur féidir le gach duine teacht le chéile chun guí chuig Dé.

**Taoiseach:** Hmm ... tar liom.

**Scéalaí:** Bhí an-áthas ar Bhríd. Shíl sí go raibh an taoiseach chun an oiread talún agus a bhí uaithi a thabhairt di. Thóg sé Bríd go dtí barr cnoic aird.

**Taoiseach:** Bain díot do bhrat agus cuir ar an talamh é.

**Scéalaí:** Rinne Bríd mar a d'iarr an taoiseach uirthi.

**Taoiseach:** Beidh an oiread talún agat agus is féidir le do bhrat a chlúdach.

**Scéalaí:** Bhí an-díomá ar Bhríd. Bhí a fhios aici gur brat an-bheag a bhí aici agus nach gclúdódh sé go leor talún chun séipéal a thógáil.

**Taoiseach:** Ha! ha!

**Scéalaí:** Ach rinne Bríd mar a d'iarr an taoiseach uirthi. Agus ní chreidfeá an méid a tharla ansin.

**Taoiseach:** Do bhrat! Tá sé ag fás!

**Bríd:** A thiarcais, tá sé!

**Taoiseach:** Cuir stop leis!

**Bríd:** Tá eagla orm nach féidir liom.


**Taoiseach:** 'Cuir stop leis! Cuir stop leis!'

**Bríd:** Níl mé cinnte conas é a stopadh!

**Scéalaí:** Nuair bhí a fhios ag Bríd go raibh go leor talún aici, chuir sí stop leis an mbrat.

**Bríd:** Stop anois. Is leor sin.

**Scéalaí:** Anois, bhí neart talún ag Bríd chun séipéal a thógáil. Chuaigh sí ar ais agus dúirt sí lena cairde an méid a tharla.



# Ceacht Ceacht 5: Oideachas Idir-reiligiúnach

Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo le linn Théarma 3.

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Tá grá ag Críostaithe do gach duine toisc go bhfuil an tAthair céanna againn ar neamh agus tá grá aige dúinn agus tá sé ag iarraidh go mbeadh grá againn dá chéile
- Anseo ar talamh táimid mar bhaill de theaghlach agus de phobal daonna amháin
- Tá gach duine uathúil, luachmhar i súile Dé
- Iarrtar ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar mhodhanna urnaí, nithe naofa, scéalta reiligiúnacha, scríbhinní naofa agus creidimh dhaoine eile



## SULA DTOSAÍONN TÚ

Prionsabail an oideachais mhaith idir-reiligiúnach a dhearbhú go bhfuil sé de cheart ag gach páiste i ngach scoil Chaitliceach foghlaim faoi chreidimh éagsúla. Níor chóir go mbeadh teagasc faoi thraidisiúin chreidimh an domhain a bheith bunaithe ar líon na ndaltaí a thagann ó chreidimh éagsúla i rang nó i scoil (Kieran, 2005), ach má bhíonn cur amach ag páistí ar pháistí eile ó thraidisiúin chreidimh seachas an Chríostaíocht, déanfaidh sé foghlaim faoi na traidisiúin chreidimh sin níos éasca. Tá sé tábhachtach freisin don oideachas reiligiúnach i mbunscoileanna Caitliceacha go gcuirfí in iúl do pháistí go gcleachtann gnáth daoine in Éirinn go leor creidimh éagsúla. Is sa chomhthéacs seo, agus ar bhealach atá oiriúnach do pháistí, seacht agus ocht mbliana d'aois, atá an ceacht seo suite.

Mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3, cuireadh triúr cara - Salma, Eli agus Muireann – in aithne do na páistí. Tagann na cairde seo ó theaghlaigh Moslamacha, Giúdacha agus Caitliceacha. Sa chlár i Rang a hAon/B3, thug na cairde cuairt ar thithe a chéile agus d'fhoghlaim siad beagán faoi chleachtais chreidimh gach teaghlach acu. Sa cheacht seo, foghlaimeoidh na páistí faoin mosc, faoin tsionagóg agus faoin séipéal – na háiteanna ina dtéann Moslamaigh, Giúdaigh agus Caitlicigh chun guí iontu. Beidh aithne ag na páistí faoin séipéal cheana féin, agus mar sin tosaímid ón bpointe sin sula bhféachfaimid ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir é, an mosc agus an tsionagóg.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Pictiúir de mhosc áitiúil agus/nó sionagóg
- Ceann de na teachtaireachtaí (thíos) do gach páiste


# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Céard é Sin?'

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí an oiread rudaí sa séipéal a ainmniú agus is féidir leo: an altóir, fuinneoga daite, coinnle, suíocháin agus stóil urnaí, seomra athmhuintearais, dealbha, pictiúir, srl. Ansin inis dóibh go raibh gá le cailín darb ainm Muireann an t-eolas sin a bheith aici nuair a chuir a cairde go leor ceisteanna uirthi faoin séipéal. Cuir i gcuimhne do na páistí gur bhuail siad le Muireann agus a cairde, Eli agus Salma, anuraidh. Féach an féidir leo rud ar bith mar gheall orthu a thabhairt chun chuimhne. Ansin léigh 'Céard é Sin?'

**'Céard é Sin?'**



Lá amháin, i ndiaidh am scoile, thug Mamó Muireann, Muireann agus a cairde Eli agus Salma léi, go dtí an loch chun bia a thabhairt do na héin. Ar an mbealach go dtí an loch, chuir Eli ceist ar Mhuireann. 'An dtéann tú go dtí an bhfoirgneamh sin le guí chun Dé?' ar seisean, agus an séipéal á cur in iúl aige.

'Téim' a d'fhreagair Muireann. Bhí dearmad déanta aici nach ndeachaigh a cairde Eli agus Salma go dtí an séipéal. Chuaigh siad in áit éigin eile le guí chun Dé, cé nach raibh a fhios aici cá háit go díreach.

'An féidir linn breathnú taobh istigh?' arsa Salma, ag féachaint ar Mhamó. 'Is féidir, cinnte!' a d'fhreagair Mamó. Mar sin, chuaigh siad go léir isteach sa séipéal. Bheannaigh Mamó agus Muireann iad féin le huisce coisricthe agus, nuair a bhí siad laistigh den phríomhdhoras, d'fheac siad a nglúine.



'Céard é sin?' arsa Salma, agus a haire dírithe ar an altóir. 'Sin í an altóir,' arsa Muireann. 'Seasann an sagart taobh thiar di agus léann sé as an leabhar urnaí.'

'Cé a sheasann ann?' arsa Eli.

'An sagart,' arsa Muireann. 'Cabhraíonn sé linn foghlaim faoi Dhia.'

'Agus céard é sin?' arsa Eli, agus a aire dírithe ar an gcros chéasta.

'Is cros chéasta í sin,' arsa Muireann. 'Tá sé cosúil leis an gceann atá sa spás urnaí sa seomra ranga againn, ach amháin gur ceann níos mó atá inti. Cuireann sé i gcuimhne dúinn conas a fuair Íosa bás.'

'Is maith liom na fuinneoga,' arsa Muireann. 'Nach geal agus ildaite atá siad. Tugtar ... '

'Fuinneoga daite orthu!' Bhris Eli isteach. 'Tá siad sin le feiceáil sa tsionagóg nuair a théann mo theaghlach inti le guí!'

'Agus tá siad againn freisin ag an mosc nuair a théann mo theaghlach ann le guí!' arsa Salma.

'An-mhaith!' a d'fhreagair Muireann. 'Ba bhreá liom an tsionagóg agus an mosc a fheiceáil. An mbeinn in ann cuairt a thabhairt orthu?'

'Cinnte!' arsa Eli agus Salma le chéile.

'Ar fheabhas!' arsa Muireann. 'Cuirfidh mé ceist ar mo dhaid, sinn go léir a thabhairt chucu ar an Luan. Níl aon scoil againn ar an lá sin.'

'Ach anois,' arsa Mamó. 'Tá sé in am dúinn imeacht. Ní mór dúinn an bia seo a thabhairt do na héin!'

An tráthnóna sin, d'iarr Muireann ar a hathair a cairde a thabhairt go dtí an tsionagóg agus ansin go dtí an mosc. Dúirt Daid nach raibh sé féin taobh istigh de cheachtar acu riamh, agus mar sin go mbeadh sé sásta iad a thabhairt. Bhí Muireann ag tnúth leis an nuacht a insint dá gcairde ar scoil an lá dár gcionn.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cá ndeachaigh Salma agus Eli chun guí?' Ansin tochail níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Ní raibh a fhios ag Eli agus Salma cérbh é an sagart. Cén t-ainm atá ar an sagart/na sagairt sa pharóiste seo? An bhfuil aithne agat ar aon sagairt eile? Cad iad a gcuid ainmneacha? Seachas Aifreann a rá, cad eile a dhéanann an sagart?
- Téann Muireann go dtí an séipéal chun guí toisc gur Críostaí í. Is leantóir Íosa í. Moslamach is ea Salma. Giúdach is ea Eli. An bhfuil aithne ag éinne agaibh ar dhaoine atá Moslamach nó Giúdach?
- An dtéann duine ar bith sa rang seo go háit dhifriúil chun guí, seachas an séipéal? Inis dúinn faoi. An raibh duine ar bith anseo riamh i mosc nó i sionagóg? Cad is cuimhin leat faoi?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Téann Salma agus Eli go háiteanna éagsúla chun guí chun Dé, ach is baill den chine daonna amháin sinn go léir, agus tá an t-Athair céanna againn ar neamh a thugann grá dúinn agus ar mhaith leis go mbeadh grá againn dá chéile. Léiríonn Salma, Eli agus Muireann grá dá chéile trí éisteacht lena chéile agus trí meas dá chéile a thaispeáint. Guímis le chéile, ag iarraidh ar Dhia cabhrú linn chun grá a bheith againn dá chéile. Le chéile guímis: 'Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile. "
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Inár dtithe ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Inár scoileanna ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Inár bpobail pharóiste áitiúla ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Le strainséirí agus le hinimircigh ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** Leis na daoine go léir a chruthaigh Dia ...
**P:** Cabhraigh linn grá a bheith againn dá chéile.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Cabhraigh linn sampla Íosa a leanúint,
trí grá a thabhairt duit agus do dhaoine eile.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.




# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### 'Cuairt go dtí an Mosc'

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar ainmneacha na n-áiteanna ina ndeachaigh Muireann, Salma agus Eli chun guí. Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí go ndúirt athair Muireann go dtabharfadh sé na páistí chun cuairt a thabhairt ar an mosc agus ar an tsionagóg ar an Luan. Ansin léigh 'Cuairt go dtí an Mosc'.

**'Cuairt go dtí an Mosc'**



Chuaigh Muireann, Eli agus Salma isteach sa suíochán chúl de ghluaisteán Daid agus chuir siad a gcuid criosanna sábhála orthu.

'Ceart go leor,' arsa Daid. 'Ar aghaidh linn!'

Sar i bhfad, tháinig siad lasmuigh den mhhosc – áit a ndeachaigh Salma agus a teaghlach go minic. 'Anois, táimid ann!' arsa Salma, go díograiseach.

Nuair a stop an carr shiúil an triúr acu i dtreo an phríomhdhorais. 'Tá sé an-chiúin inniu,' arsa Salma. 'Ar an Aoine, nuair a thagaim anseo le mo theaghlach, bíonn sé lán le daoine.'

'An dtéann sibh go dtí an mosc ar an Aoine?' arsa Daid. 'Téimid ar Aifreann ar an Domhnach, nach ea, Muireann?'

'Téimid,' arsa Muireann, agus í ag breathnú in airde ar an fhuinneog dhaite os cionn an dorais.

Taobh istigh den fhoirgneamh thug Muireann faoi deara roinnt rudaí a bhí difriúil óna séipéal. Ba é an chéad rud ná go raibh roinnt phéire bróg in aice an dorais.

'Cén fáth go bhfuil na bróga ansin?' arsa Eli.

'Bainimid ár bróga dínn nuair a thagaimid go dtí an mosc,' ar Salma. Bhain Daid



agus na cairde a mbróga díobh, agus shiúil siad taobh istigh den chéad sraith eile de dhoirse.

'Wow!' arsa Muireann. 'Tá sé ollmhór! Ach cá suíonn tú?'

'Ar an urlár,' arsa Salma. 'Ach suíonn mé féin agus mo Mham ar an mbalcóin de ghnáth.'

Chaith siad roinnt ama ag breathnú thart ar an mosc sula ndúirt Daid go raibh sé in am imeacht.

'Cad iad na leabhair sin ar an tseilf?' arsa Eli.

'Cóipeanna den Córán, ár leabhar naofa, is ea iad. Léann daoine an Córán nuair a thagann siad go dtí an mosc,' arsa Salma.

Taobh amuigh den doras, nuair a bhí a mbróga á gcur orthu arís, d'inis Muireann agus Eli do Salma gur thaitin an mosc go mór leo.

'Is maith liom go mbaineann tú do bhróga díot,' arsa Eli. 'Tá an cairpéad go deas freisin!'

'Agus is maith liom na piléir mhóra,' a dúirt Muireann.

Bhí an-áthas ar Salma, go bhfuair a cairde seans an áit ina ndeachaigh sí féin agus a teaghlach chun guí inti, a fheiceáil.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Baineann Moslamaigh a gcuid bróga díobh sa mhosc chun an áit naofa a chosaint ó neamhghlaine ar bith. Iarrtar ar go leor Moslamach níochán deasghnách a dhéanamh roimh urnaí freisin.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cén lá a théann Salma agus a teaghlach go dtí an mosc?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:


- Cén fáth, dar leat, a bhaineann daoine a gcuid bróga díobh nuair a théann siad go dtí an mosc? Ar bhain tú riamh do bhróga díot nuair a thug tú cuairt ar áit roimhe seo? Cá háit? Cén fáth go ndearna tú é?
- Cén t-ainm atá ar leabhar naofa na Moslamach? Cén leabhar naofa a léann lucht leanúna Íosa?
- Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar mhosc? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat? Cad ba mhaith leat a fheiceáil nó a dhéanamh ann?

## SCÉAL

### 'Cuairt ar an tSionagóg'

Tabhair ainm na háite ina dtéann Salma agus a teaghlach chun guí chun chuimhne, agus cuir aithne ar phríomhghnéithe an mhosc, mar a thuairiscítear sa scéal. Ansin fiafraigh de na páistí cá rachaidh an triúr cara ar cuairt anois, agus ainm an fhoirgnimh a fheicfidh siad.

**'Cuairt ar an tSionagóg'**




Níorbh fhada go raibh Daid ag an tsionagóg. 'Go raibh maith agat, a Uasail Ó Móráin!' arsa Eli, agus é ag teacht amach as an gcarr. 'Muireann agus Salma, táimid anseo. Is í seo an tsionagóg.'

'An mhaith! An dtéann tú go dtí an sionagóg ar an Aoine chomh maith?' arsa Muireann.

'Uaireanta,' arsa Eli. 'Téimid oíche Dé hAoine nó ar an Satharn.'

Ar a mbealach isteach, thug na cailíní an fhuinneog dhaite faoi deara. 'Tá sé go hálainn!' arsa Salma.



Nuair a bhí siad taobh istigh, d'fhéach na cailíní ar an tsionagóg ar fad. 'Tá suíocháin agaibh díreach mar atá againne!' arsa Muireann.

'Tá,' arsa Eli. 'De ghnáth suím anseo le mo Dhaid. Suíonn mo Mhamaí thall ansin le mo Mhamó.'

'A Eli,' arsa Salma, 'Cad é seo?' Bhí cófra mór ag barr na sionagóige á cur in iúl aici.

'Sin é an *Aron Kodesh*,' arsa Eli.

Coimeádtar na leabhair is tábhachtaí istigh ann. Éistimid le scéalta ó na leabhair sin nuair a thagaimid anseo.'

'Cad eile a dhéanann tú nuair a thagann tú anseo?' arsa Muireann.

'Deirimid paidreacha,' a d'fhreagair Eli. 'Díreach mar a dhéanann tusa.'

'Múin ceann dúinn!' arsa Muireann.

'Sea!' arsa Salma. 'Múin paidir dúinn.'

Thosaigh Eli ag gáire. 'Déanfaidh mé rud níos fearr ná sin!' ar seisean. 'Múinfidh mé amhrán díobh.'

Agus is é seo an t-amhrán a mhúin sé dóibh:

*Barukh ata adonai eloheinu,*
*Eloheinu Adonai,*
*Barukh ata adonai eloheinu,*
*Eloheinu Adonai.*

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén lá a théann Eli agus a theaghlach go dtí an tsionagóg?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth go dtéann Eli, Salma agus Muireann chuig áit speisialta chun guí a dhéanamh le Dia? An féidir leo guí a dhéanamh le Dia in áit ar bith? Cad atá difriúil faoi dhul chuig an séipéal, an mosc nó an tsionagóg? An bhfuil mosc nó sionagóg in aice lenár scoil?
- Má iarr duine éigin ort paidir a mhúineadh dóibh, a deir tú ag an Aifreann, nó amhrán a chanann tú, cén phaidir a mhúinfeá dóibh? Cén fáth an roghnófá an ceann sin?
- An gcloiseann Dia paidreacha Eli agus Salma chomh maith le paidreacha Muireann? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Téann Críostaithe, Giúdaigh agus Moslamaigh chuig áiteanna éagsúla chun guí: téann Críostaithe go dtí an séipéal, téann Moslamaigh chuig an mosc agus na Giúdaigh go dtí an tsionagóg. Ach táimid go léir inár mbaill den teaghlach daonna amháin, agus tá grá ag Dia dúinn uile agus ba mhaith leis go dtabharfaimis grá dá chéile.

## AG COMHRÁ

### Faoi Ómós/Meas

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na háiteanna éagsúla ina dtagann Giúdaigh, Críostaithe agus Moslamaigh le chéile chun guí ag úsáid Póstaer 12. Ansin cuir i gcuimhne do na páistí go nglaotar orainn meas/ómós a bheith againn ar na bealaí ina nguíonn daoine eile, ar a rudaí naofa, ar a scéalta reiligiúnacha, ar a scríbhinní naofa, ar an gcreideamh atá acu agus ar na traidisiúin reiligiúnacha atá ag a muintir. Déan comhrá leis na páistí faoin bhfocal 'Ómós/Meas' agus déan é seo a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas is féidir linn, sa rang seo, meas a thaispeáint dá céile? An ceart dúinn meas a léiriú do dhaoine amháin a bhfuil aithne againn orthu, agus do dhaoine a thaithníonn linn, nó ar cóir dúinn ómós/meas a léiriú do gach duine? Cén fáth?
- N'fheadar ... an gceapann tú go bhfuil Dia ag iarraidh orainn ómós/meas a léiriú dá céile? Cén fáth?
- An gceapann tú go léiríonn Salma, Eli agus Muireann meas dá céile? Cad a déarfadh Íosa faoi sin, meas tú?


## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 62: Breathnaíonn na páistí ar ghrianghraif den mhosc agus den tsionagóg agus déanann siad comparáid idir na gnéithe éagsúla atá acu.

### Sa Bhaile

Lch. 63: Breathnaíonn na páistí ar ghrianghraf den séipéal agus ainmníonn siad an oiread ní agus is féidir leo.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Tuiscint Idir-Reiligiúnach

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** An tseachtain seo, d'fhoghlaimíomar níos mó faoi chairde: Salma, Eli agus Muireann. Bhí siad go léir an-chineálta lena chéile, agus bhí meas acu ar a chéile. Cé atá in ann cabhrú linn chun cuimhneamh ar roinnt de na bealaí gur léirigh siad grá dá chéile?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** Tá a fhios againn gur mar seo is mian le hÍosa go mbeimis. Tugaimis chun chuimhne an méid a dúirt Íosa trí éisteacht leis an Soiscéal. Cuirfimid fáilte roimh an Soiscéal agus 'Alleluia' a chanadh.

*Seinn/Can 'Alleluia'*

**M:** Go raibh an Tiarna libh.
**P:** Agus le do spiorad.

**M:** Sliocht as an Soisceal Naofa de réir Mhatha.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr* fíor na croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht)*

*Is féidir an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Matha 22:37-39).*

**Dúirt Íosa, 'Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán' – is í sin an aithne mhór agus an phríomhaithne. Agus is cosúil léise an dara ceann: 'Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Tá grá ag Dia do Mhuireann, Eli agus Salma, agus éisteann sé lena gcuid paidreacha. Is mian le Dia go mbeadh grá againn dá chéile. Sa chiseán/choimeádán seo tá teachtaireachtaí éagsúla a léiríonn na bealaí gur féidir linn grá a thaispeáint dá chéile. Seolfaidh mé an ciseán/coimeádán thart, agus is féidir le gach duine ceann de na teachtaireachtaí a roghnú. Coinnigh í agus déan iarracht an méid a deir sé a leanúint agus grá a thaispeáint do Dhia agus do dhaoine eile.

*Seol an ciseán/coimeádán thart timpeall*

**M:** A Dhia Ghrámhair,
Cabhraigh linn grá a thaispeáint dá chéile,
Agus chun déileáil le daoine eile mar ba mhaith linn go gcaithfí linn féin.
Go mbeimis ag taispeáint cineáltas agus meas dá chéile i gcónaí.
Guímid ár bpaidir trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

# Teachtaireachtaí

1. Abair le cara rud a thaithníonn leat futhu
2. Oscail an doras do dhuine
3. Tabhair bia do na héin
4. Déan rud éigin le cuidiú sa bhaile
5. Bí ag gáire!
6. Scríobh chuig seantuismitheoir nó cuir glaoch air/uirthi
7. Tabhair maithiúnas do dhuine éigin a ghortaigh tú
8. Tabhair barróg do na daoine fásta a chónaíonn leat
9. Léigh scéal do pháiste atá níos óige ná tú féin
10. Tabhair pléisiúr éigin dod' pheata
11. Déan cárta buíochais do dhuine ar scoil a chuidíonn leat
12. Tabhair cuid de do bhréagáin/leabhair chuig siopa carthanais
13. Cuir slacht ar do theach gan é a iarraidh ort
14. Socraigh an bord do bhéile sa teach
15. Bí foighneach le do theaghlach
16. Lig do dhuine dul chun tosaigh ort i scuaine
17. Scríobh nóta buíochais don ghlantóir i do scoil
18. Fiafraigh de dhuine atá ag imirt leo féin sa chlós ar mhaith leo imirt leatsa

# Paidreacha

**Comhartha na Croise**
In ainm an Athar, agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh.
Áiméan.

**Glóir don Athair**
Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

**Paidir na Maidine**
A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**
A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

**Altú roimh Bhia**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

**Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta**
A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

**An Phaidir**
Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**'S é do Bheatha, a Mhuire**
'S é do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

**Gníomh Dóláis**
A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**Paidir ag iarraidh Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
cuimhneamh ar na huaireanta
nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh. Áiméan.

**Paidir tar éis Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat faoi mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.
Áiméan.

**Paidir roimh Chomaoineach**
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.
A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

**Paidir tar éis Comaoineach**
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.
Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.
Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.
Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

**Paidir Thurais**
Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae.

# Paidreacha don Eocairist

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

**Sagart:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
**Pobal:** Áiméan.

### Beannachtaí

**Sagart:** Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

*Nó:*

Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.

*Nó:*

Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

### Gníomh Aithrí A

Admhaím do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin. Ar an ábhar sin, impím ar Naomh Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

### Gníomh Aithrí B

**Sagart:** Déan trócaire orainn, a Thiarna.
**Pobal:** Óir pheacaíomar i do choinne.
**Sagart:** Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.
**Pobal:** Agus tabhair dúinn do shlánú.

### Kyrie

**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

**Sagart:** A Chríost, déan trócaire.
**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.

**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

### An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

### I ndiaidh na Léachta

**Sagart:** Briathar an Tiarna.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

### Roimh an tSoiscéil

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A. …
**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

### Ag deireadh an Soiscéal

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

## LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaire an t-arán seo a ofrálaimid duit: an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** A phobail Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Pobal:** Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

### Dialóg na Preafáide

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
**Pobal:** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

**Sagart:** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
**Pobal:** Is ceart agus is cóir sin.

### Sanctus

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

### Rúndiamhair an Chreidimh

**Sagart:** Rúndiamhair an chreidimh.
**Pobal:** Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tu.

*Nó*

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

*Nó*

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

*Nó*

Mo Thiarna agus mo Dhia.

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

### An Phaidir

**Sagart:** Aitheanta an tSlánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Pobal:** Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

**Sagart:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
**Pobal:** Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

### Comhartha Síochána

**Sagart:** Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.
**Sagart:** Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.

### Agnus Dei

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

### Cuireadh chuig Comaoineach Naofa

**Sagart:** Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**Pobal:** A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

### Ag Glacadh Comaoineach

**Sagart:** Corp Chríost.
**Pobal:** Áiméan.

## AN DEASGHNÁTH DEIRIDH

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad féin.

**Sagart:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.
**Pobal:** Áiméan.

**Gnás Scaipthe**
**Sagart:** Imígí, tá an tAifreann thart.

*Nó*

Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

*Nó*

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

*Nó*

Imígí faoi shíocháin.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

# Téama 1: Roghnaithe agus Glaoite

Ceacht 1: Ár rang – grúpa cairde
Ceacht 2: Roghnaigh Íosa leanúnaithe
Ceacht 3: Is leanúnaithe Íosa sinn

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Tugann Dia cairde dúinn chun sinn a ghráú

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Bhí a lán cairde ag Íosa (Máire, Marta, Lazaras, Peadar, Ióanna, Súsanna , Salómae srl)
- Thug Íosa cuireadh dá dheisceabail (fir agus mná) a bheith páirteach ina a shaol agus ina mhisean
- D'fhreagair a dheiseabail glaoch Íosa agus lean siad é
- Rinne Íosa Peadar mar cheannaire ar na haspail (Mth 16:18)

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Mc 1:16-20; Mc 3:13-19; Lúc 6:13-16; Mth 10:1-42. Ceapachán an dáréag
- Lúc 6:12-16. Roghnaíonn Íosa an dáréag

### Liotúirge agus Urnaí

**Na Sacraimintí**

- Is tríd an mBaisteadh a dhéantar páistí Dé agus baill de theaghlach na hEaglaise de dhaoine
- Mar is amhlaidh do na sacraimintí eile, faighimid grásta Dé sa bhaisteadh
- Is bronntanas ó Dhia é an grásta a chabhraíonn linn a bheith naofa
- Úsáidtear uisce, comhartha na croise, ungadh le hOla Chriosma, éadach bán agus solas ag an mbaisteadh

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Is é plean Dé go mbeidh grá agus meas ag daoine ar a chéile agus go mbeidh siad sona le chéile

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Cruthaíodh sinn dá chéile (idirspleáchas)
- Iarrann Dia orainn grá, ceartas agus síocháin a léiriú inár gcaidrimh le daoine eile

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tá grásta Dé uainn le go mbeimid in ann maireachtáil mar pháistí Dé

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*B. Cúram Dé don chruthú.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

**An Mhoráltacht**

*B. Meas ar a chéile.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoi dhóigheanna praiticiúla a dtig leo cuidiú lena dteaghlaigh, lena scoil agus leis an phobal i gcoitinne trí mheas a léiriú do dhaoine eile agus dá réadmhaoin.

### Cuspóir Foghlama 3

# Ceacht 1: Ár rang – grúpa cairde

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is minic a chuirtear iontas ar mhúinteoirí nuair a fheiceann siad an fuinneamh a bhíonn ag páistí agus iad ag imirt le chéile ... deimhneoidh lá gnóthach ag tabhairt aire do chlós na scoile an méid sin! Bogann páistí i gcoitinne gan stró le bheith cairdiúil le páistí eile. Is minic iad ag troid agus ag tabhairt maithiúnais dá chéile - i bhfad níos éasca ná mar a dhéanann daoine fásta. Is tríd an idirghníomhaíocht seo agus trí ghlacadh le daoine eile, a múnlaítear luachanna agus dearcadh na bpáistí. Is féidir le cairdeas a bheith mar bhunchloch ónar féidir leo iniúchadh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar a gcaidreamh le Dia.

An tseachtain seo, déanaimid iarracht pobal a thógáil i measc na bpáistí sa rang - 'grúpa cairde', a bhfuil Íosa ina bhall tábhachtach den ghrúpa.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Inis dom faoi ...

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi thosú i Rang 2/B4 ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tá an rang seo le chéile le fada an lá - i Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus anois i Rang a Dó/B4. Níl aithne agam oraibh chomh maith is atá aithne agaibhse ar a chéile. Mar sin, inis dom cad iad na focail a bheadh oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar an rang seo (*sona, spraoiúil, cineálta, cairdiúil, srl.)*
- Conas a chaitheann na páistí sa rang seo lena chéile? An bhfuil sé éasca i gcónaí a bheith cineálta agus grámhar lena chéile? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Conas a cheapann sibh go bhfuil Dia ag iarraidh orainn caitheamh lena chéile?

Ansin iarr ar na páistí cabhrú leat aithne níos fearr a chur orthu. Tabhair cuireadh dóibh uile seasamh, b'fhéidir i gciorcal timpeall an tseomra, má bhíonn dóthain spáis ann. Roghnaigh páiste amháin agus abair leis na páistí eile, 'Cé atá in ann rud éigin deas a rá liom faoi (*ainm an pháiste*)?' Nuair a bhíonn an cúnamh sin tugtha, is féidir leis an páiste sin suí síos. Ansin roghnaigh páiste eile, agus iarr ar dhuine eile rud éigin deas a insint duit faoin bpáiste sin. Lean leis an ngníomhaíocht seo go dtí go mbeidh rud éigin cloiste agat faoi gach páiste sa seomra. Ansin inis do na páistí rud éigin fút féin nach raibh ar eolas acu cheana féin. Críochnaigh trí thrácht ar cé chomh maith agus atá aithne ag na páistí ar a chéile, agus go bhfuil tú ag tnúth le haithne níos fearr a chur orthu freisin.

## PAIDIR

### Paidir na Maidine

**Múinteoir [M]:** Cuirimis tús inniu lenár nguí agus *Comhartha na Croise* a dhéanamh.

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, chuireamar in iúl dá chéile go leor fúinn féin, ach tá duine ann a bhfuil aithne níos mó aige faoi gach duine anseo thar má atá ag aon duine eile ar domhan, agus is é Dia an duine sin. Buanchara linn is ea Dia. Tá grá ag Dia dúinn agus teastaíonn uaidh go mbeimis sonasach. Tugann Dia na cairde go léir sa seomra seo dúinn chun grá a thabhairt dúinn.

Anois, deirimis *Paidir na Maidine* le chéile.

Cabhróidh sé linn a mheabhrú go bhfuil Dia linn i gcónaí. Cuimhnigh gur féidir leat an phaidir seo a rá nuair a dhúisíonn tú ar maidin nó ar do bhealach abhaile ón scoil. B'fhéidir gur mhaith le duine éigin i do theaghlach an phaidir a rá leat.

**Le chéile:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## DÁN

### Cara

Léig an dán 'Cara' do na páistí. Tá an dán ar leathanach 3 de leabhar na bpáistí.

**Cara**
Tá duine ann atá an-mhór liom,
Cosúil le gaol teaghlaigh.
Aon tuairim agat cé hé, cé hí?
An bhfuil 'fhios agat?
Mo chara atá ann.

Tá duine ann a bhfuil grá acu dom,
Más maith nó olc a dhéanaim.
Lán le grá, le cairdeas, le greann
Aon tuairim agat cé hé, cé hí?
Mo chara atá ann.

Tá duine i mo shaol gach lá,
Bímid ag caint le chéile 's ag spraoi.
Bíonn brón orm nuair a imíonn siad.
Aon tuairim agat cé hé, cé hí?
Mo chara atá ann.

Tá aithne agam ar dhuine eile,
Duine ag a raibh cairde maithe.
Anois tá sé cairdiúil linn go léir.
Is é sin Íosa,
Íosa, mo chara, atá ann.

Tar éis duit an dán a léamh, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann sibh go bhfuil Íosa cairdiúil linn anseo sa seomra ranga? Bhí na daoine a bhí beo in aimsir Íosa in ann comhrá a dhéanamh leis, béilí a ithe leis agus dul ag iascaireacht ar Muir na Gailíle leis. Tá Íosa fós in éineacht linn ar bhealach difriúil sa lá atá inniu ann. Conas is féidir linn gníomhú mar chairde Íosa?
- An é Íosa an cineál cara nach mbachfadh linn nó a dhéanfadh neamhaird orainn? Cén cineál cara é?
- An gceapann tú gur mhaith le hÍosa a bheith cairdiúil leat? Cén fáth?

Críochnaigh trí a mhíniú do na páistí go bhfuil an méid sin grá ag Dia don domhan gur chuir sé a Mhac Íosa chugainn, le bheith cairdiúil linn. D'inis Íosa gach rud dúinn faoi Dhia agus faoin ngrá atá ag Dia do gach duine againn. Ba mhaith le hÍosa go mbeimid grámhar agus flaithiúil, díreach mar a bhí sé. Teastaíonn uaidh labhairt linn, agus éisteacht linn.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 2: Déanann na páistí machnamh ar na bealaí ina cuirtear cairdeas in iúl.

### Sa Bhaile

Lch. 3: Léann na páistí an dán 'Cara' lena dteaghlaigh, agus déanann siad comhrá faoina gcairde. Tugtar cuireadh do na teaghlaigh *Paidir na Maidine* a rá le chéile.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is é atá inár rang ná 'grúpa cairde'. Is féidir linn a bheith cineálta, flaithiúil agus grámhar dá chéile. Sin an méid atá ag teastáil ó Dhia. Chuir Dia a aon Mhac, Íosa chugainn, le bheith mar chara againn. Tá sé ag iarraidh labhairt linn, agus éisteacht linn.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*
**M:** Inniu, bainimis úsáid as an nguth inmheánach chun comhrá a dhéanamh le hÍosa, ár gcara. Is féidir linn tús a dhéanamh trína bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach agus/nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar an ndlúthdhiosca, agus lig don gceol seinm le linn an urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis ainmneacha gach ceann de do chairde sa rang seo, le hÍosa. (*Sos*)

Iarr ar Íosa do chairde a bheannú. (*Sos*)

Ansin abair le hÍosa gur mian leat é a bheith mar chara agat freisin. (*Sos*)

Éist leis an méid atá le rá ag Íosa leat inniu. (*Sos*)

Cuimhnigh, gur féidir leat labhairt le hÍosa am ar bith is mian leat. Ach anois, nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

Cuirimis críoch leis an urnaí agus *Paidir na Maidine* a rá le chéile.

**Le chéile:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Roghnaigh Íosa leanúnaithe

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá go leor rudaí cloiste ag na páistí cheana féin faoi Íosa. Tá a fhios acu faoina bhreith. Chuala siad scéalta faoi na rudaí a rinne sé, conas a chaith sé le daoine, na cineálacha rudaí a dúirt sé agus conas d'fhreagair daoine dó. D'éist siad le scéalta a d'inis Íosa freisin. Sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3, mhúineamar do na páistí go raibh a lán cairde ag Íosa, agus ina measc bhí Síomón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha. Chuala siad ainmneacha deisceabal eile Íosa - Bairtiméas agus Máire Mhaigdiléana, mar shampla.

An tseachtain seo, insímid gur roghnaigh Íosa dáréag aspal, agus go raibh Síomón Peadar, Séamas, Eoin agus Matha i measc an dáréag. I mbliana nuair a bheidh go leor leanaí ag ullmhú chun an Céad Comaoineach Naofa a ghlacadh, tá sé mar aidhm ag an gceacht seo go bhféachfaidh na páistí orthu féin mar dhaoine a roghnaíodh chun Íosa a leanúint. Tosaímid ag cabhrú leo freisin tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo freagairt ar an rogha seo ina saol féin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

Uisce coisricthe.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Lean an ceannaire

Inis do na páistí gur mhaith leat a cluiche a imirt leo. Sa chluiche seo, caithfidh gach duine aithris a dhéanamh ar an méid a dhéanann an ceannaire. Beidh an ceannaire ag faire ar cé atá ina leantóir maith, agus a roghnaíonn sé/sí an duine le bheith ina cheannaire. Cuir tús leis an gcluiche trí bheith mar ceannaire tú féin - bualadh bos, bog do chosa, léim, can, sín do ghéaga, buail do cheann féin, bí ag damhsa, nó déan aon ghluaiseacht eile ar féidir leat smaoineamh uirthi. Tar éis cúig nó sé gluaiseachtaí, roghnaigh páiste le bheith mar cheannaire. Tar éis cúig/sé gluaiseachtaí, roghnaíonn sé/sí ceannaire nua freisin.

Tar éis don ghníomhaíocht a bheith críochnaithe, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Lámha suas na páistí a fuair deis a bheith ina cheannaire:
  - » Cén chaoi a raibh sé a bheith mar cheannaire? Cé a roghnaigh tú le bheith i do cheannaire? Conas a mhothaigh tú nuair a roghnaigh siad tú? An raibh sé deacair smaoineamh ar rudaí le déanamh?
- Lámha suas na páistí a bhí ina leanúnaithe: Cén chaoi a raibh sé sin? An gceapann tú go raibh tú go maith mar leantóir? Cén fáth? Ar mhaith leat a bheith i do cheannaire sa chluiche? Cén fáth?

Ansin déan comhrá leis na páistí faoi cheannairí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- • Cé hé an ceannaire sa seomra ranga seo? Conas is féidir libh a thaispeáint dom gur leantóirí maithe sibh?
- • Cé hé/hí an ceannaire sa scoil seo? Cad a dhéanfá athrú air dá mbeifeá i do cheannaire ar an scoil?
- Cé hé an ceannaire inár bparóiste? Cé hé ceannaire na hEaglaise sa domhan ar fad?

## PAIDIR

### Paidir na hOíche

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son ár gceannairí. Tá ceannairí againn inár dtithe, inár scoil, inár bpobail, inár dtír, inár Eaglais agus inár ndomhan. Guímis le chéile, 'A Dhia, beannaigh iad'.

**M:** Guímis ar son ár dtuismitheoirí, ár dteaghlaigh, agus ar son na daoine fásta atá ina gcónaí linn agus a thugann treoir dúinn. A Dhia, beannaigh iad.
**P [Páistí]:** A Dhia, beannaigh iad.

**M:** Guímis ar son ár bpríomhoide (*ainmnigh*), agus ar son na múinteoirí a thugann treoir do phobal na scoile. A Dhia, beannaigh iad.
**P:** A Dhia, beannaigh iad.

**M:** Guímis ar son na daoine fásta eile a oibríonn sa scoil (*ainmnigh na CRSanna/na cúntóirí teagaisc, an airíoch, an rúnaí, srl.*). A Dhia, beannaigh iad.
**P:** A Dhia, beannaigh iad.

**M:** Guímis ar son ár sagart/sagairt (*ainmnigh*), atá i gceannas an pharóiste. A Dhia, beannaigh é/iad.
**P:** A Dhia, beannaigh é/iad.

**M:** Guímis ar son ár dtaoiseach/ár gcéad aire (*ainmnigh*), agus (*más cuí*) ár n-uachtarán (*ainmnigh*), atá i gceannas na tíre. A Dhia, beannaigh iad.
**P:** A Dhia, beannaigh iad.

**M:** Guímis ar son an Phápa (*ainmnigh*), ceannaire na hEaglaise ar fud an domhain. A Dhia, beannaigh é.
**P:** A Dhia, beannaigh é.

Guímis *Paidir na hOíche* le chéile. Cuideoidh sé linn buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí go léir a thug Dia dúinn - a ghrá, grá ár dteaghlaigh agus grá ár gcairde. Cuimhnigh gur féidir leat an phaidir seo a rá ar do bhealach abhaile ón scoil san iarnóin, nó sula dtéann tú a chodladh. B'fhéidir gur maith le duine éigin i do theaghlach an phaidir a rá leat.

**Le chéile:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Lean Mé'


Tosaigh trí iarraidh ar na páistí an oiread ceannairí agus is féidir leo a thabhairt chun cuimhne. Ansin inis dóibh gur smaoinigh tú ar cheannaire eile, agus iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt cé atá i gceist agat bunaithe ar na leideanna seo a leanas:

- Mhair an fear seo fadó ó shin
- Ba í Muire a mháthair
- Chuir Dia uaidh é chun daoine a insint faoi ghrá Dé dóibh
- Fuair sé bás ar chros
- Trí lá ina dhiaidh sin, d'éirigh sé ó mhairbh

Mínigh más rud é go raibh Íosa ina cheannaire, is cinnte go raibh leanúnaithe aige. Inis do na páistí gur féidir linn foghlaim faoi leanúnaithe Íosa ón mBíobla. Féach an féidir leo cuimhneamh ar ainm an chuid sin den Bíobla ina bhfoghlaimímid faoi Íosa (*na Soiscéil*). Tabhair chun cuimhne go bhfuil ceithre Soiscéal sa Bhíobla scríofa ag Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin. Tagann an scéal seo ón Soiscéal de réir Mharcais. Ansin léigh an scéal, 'Lean Mé'.

**'Lean Mé'**

(Curtha in oiriúint ó Mharcas 1:16-20; 3:13-14, 16-19)




Lá amháin, nuair a bhí Íosa ag siúl cois farraige na Gailíle, chonaic sé beirt iascaire, Síomón agus a dheartháir Aindrias. Dúirt Íosa leo: 'Tar! Tagaigí i mo dhiaidh!' D'fhéach an bheirt deartháir in airde. Agus chonaic siad Íosa ar an gcladach.

'Tar liom,' arsa Íosa leo arís. 'I láthair na huaire, tá sibh ag bailiú éisc. Anois, tá mé ag iarraidh oraibh daoine a bhailiú.'

Láithreach, d'fhág siad na líonta agus lean siad Íosa. Thug Íosa an t-ainm 'Peadar' do Shíomón.

Bhuail an triúr acu ar aghaidh beagán eile, agus chonaic siad beirt deartháir eile, Séamas agus Eoin. Bhí siad freisin ina mbáid féin, ag ullmhú a gcuid líonta le dul ag iascaireacht. Chomh luath agus a chonaic Íosa iad, ghlaoigh sé orthu agus dúirt: 'Tar! Tagaigí i mo dhiaidh!' Arís, d'fhág na deartháireacha a gcuid báid láithreach agus lean siad Íosa.

Go luath ina dhiaidh sin, chuaigh Íosa suas cnoc agus ghlaoigh sé chuige, fir eile ar theastaigh uaidh é a leanúint. Cheap sé dáréag mar chompánaigh aige féin agus thug sé 'aspail' orthu.

'Roghnaigh mé sibh chun a bheith liom,' a dúirt sé leo. 'Agus seolfaidh mé amach sibh do dhaoine eile, chun iad a mhúineadh faoi Dhia agus ollmhór ghrá Dia dúinn.'

Seo iad ainmneacha an dáréag aspail a roghnaigh Íosa: Peadar agus Aindrias, Séamas agus a dheartháir Eoin, Séamas agus a dheartháir Iúd. Pilib agus Parthalán, Síomón agus Matha. Iúdás Isceiriót, Tomás, agus sin an méid! Cheap Íosa Peadar mar cheannaire ar an dáréag.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cé mhéad aspal ar ghlaoigh Íosa orthu?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go raibh na deisceabail sásta Íosa a leanúint? Conas a mhothaigh siad, dar leat, faoi a bheith roghnaithe le bheith le hÍosa?
- Bhí Íosa ag iarraidh ar na haspail é a leanúint agus daoine eile a mhúineadh faoi Dhia mar a rinne sé. Cad a chonaic na haspail a bhí á dhéanamh ag Íosa? Conas a bheadh siad cosúil leis?
- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, a roghnaigh Íosa an dáréag sin le bheith ina aspail? Cén cineál daoine an gceapann tú a bhí iontu? Conas a chaith siad lena chéile, meas tú?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 4: Díríonn na páistí ar ghlao an dáréag aspal.

### Sa Bhaile

Lch. 5: Léann na páistí an scéal 'Lean Mé' lena dteaghlaigh, agus déanann siad comhrá faoi conas a thaispeánann siad gur leanúnaithe Íosa iad. Tá *Cuireadh chun guí* ar an leathanach seo freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Roghnaigh Íosa dáréag duine le bheith ina aspail. Bhí sé ag iarraidh orthu foghlaim uaidh ionas go bhféadfaidís daoine eile a mhúineadh faoi Dhia agus grá mór Dé dúinn.

## AG COMHRÁ

### Faoi Íosa a leanúint

Mínigh do na páistí go raibh a fhios ag Íosa go mbeadh an dáréag aspal in ann leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ag insint do dhaoine faoi Dhia. Bheidís in ann é seo a dhéanamh toisc go mbeadh Íosa fós leo ar bhealach nua. Faoi dheireadh fuair na haspail bás freisin, agus chuaigh siad ar neamh le bheith in éineacht le Dia agus le hÍosa. Déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil leanúnaithe ag Íosa ar domhan inniu? An féidir leat smaoineamh ar aon duine a leanann Íosa sa lá atá inniu ann? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat gur leantóir Íosa iad? Conas a ghníomhaíonn siad? Cad a deir siad? Uaireanta, tugaimid 'deisceabail' ar lucht leanúna Íosa.
- An bhfuil aon duine sa seomra ranga seo a leanann Íosa? Dá mbuailfinn leat den chéad uair inniu, an mbeadh a fhios agam gur leantóir Íosa tú? Conas?
- An gceapann tú go bhfuil Íosa ag iarraidh orainn é a leanúint? Cén fáth? Cén bealach a bhfuil Íosa ag iarraidh ar gach duine ar domhan gníomhú? An féidir linn é sin a dhéanamh? Conas? Cén fáth a roghnódh duine gan Íosa a leanúint?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a bhí Íosa ar an domhan, roghnaigh sé dáréag chun a bheith ina lucht leanúna. Ba iad seo a haspail. Sa lá atá inniu ann, tá go leor leor lucht leanúna ag Íosa i ngach tír ar fud an domhain. Sa rang seo, tá go leor lucht leanúna ag Íosa freisin. Déanaimis smaoineamh ar sin ar feadh nóiméid. Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa ina sheasamh in aice leat. (*Sos*)

Breathnaíonn Íosa ort. Deir sé: 'Tar, lean mise. Lig dom a insint daoibh go léir faoi ghrá an Athar.' Is féidir linn go léir imeacht agus a insint do gach duine faoi. (*Sos*)

Iarrann Íosa ort é a leanúint. (*Sos*)

Tabhair freagra d'Íosa anois. (*Sos*)

Éist leis an méid atá le rá ag Íosa leat inniu. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le hÍosa nuair is mian leat. Mar sin, nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** A Íosa, ár gcara,

Ba iad na haspail an lucht leanúna a bhí agat.

Is sinne do lucht leanúna freisin.

Cabhraigh linn maireachtáil mar is mian leat.

Áiméan.

**M:** Cuirimid críoch lenár gcuid ama ag guí agus *Paidir na hOíche* a rá le chéile:

**Le chéile:** A Dhia, a Athair, molaim thú

As ucht do chineáltais liom inniu.

As ucht mo chairde molaim thú,

Agus as an teaghlach a thug tú dom.

I ndorchadas na hoíche cosain mé

Solas na maidine go bhfeice mé.

Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Is leanúnaithe Íosa sinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá bealaí éagsúla ag gach eagraíocht agus ag gach pobal chun fáilte a chur roimh bhaill nua. Is tríd an Bhaisteadh a éiríonn le duine bheith ina bhall den Eaglais. Sacraimint na fáilte atá sa Bhaisteadh a chothaíonn muintearas i measc an phobail a roinneann creideamh agus beatha mar dheisceabail Íosa.

An tseachtain seo, cuirimid in iúl do na páistí go roghnaíonn Dia muid chun a bheith mar bhaill den Eaglais agus is ar lá ár mBaisteadh, a thagaimid isteach i dteaghlach na hEaglaise. Athbhreithniú atá sa cheacht seo freisin ar Shacraimint an Bhaiste. Múineadh eilimintí de shearmanas an Bhaisteadh roimhe seo mar cuid de *I nGrá Dé* i Naíonáin Shóisearacha/B1, i Naíonáin Shinsearacha /B2 agus i Rang a hAon/ B3.

Glacann an teanga a úsáidtear sa cheacht seo uaireanta go bhfuil na páistí atá i mbun an cheachta baiste cheana féin. Déanann sé amhlaidh, ní chun na páistí nach Críostaithe iad a fhágáil ar lár, ach toisc go bhfuil tromlach na bpáistí a ghlacann páirt in oideachas reiligiúnach i scoil Chaitliceach baiste cheana féin. Beidh aithne agat, mar mhúinteoir ranga, ar na páistí éagsúla atá faoi do chúram agus b’fhéidir go mbeidh ort an t-ábhar a chuirtear ar fáil anseo a athrú chun riachtanais páistí an ranga a chur san áireamh.

# Féachaimis …

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son Críostaithe ar fud an domhain. I ndiaidh gach paidir, déarfaidh mé: 'A Thiarna éist linn' agus is féidir libhse a rá, 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.'
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis ar son Críostaithe a bhfuil cónaí orthu sa Talamh Naofa - áit a raibh cónaí ar Íosa. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis ar son Críostaithe a bhfuil cónaí orthu i dtíortha ina bhfuil cogadh iontu. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis ar son Críostaithe atá bocht, breoite, brónach nó ina n-aonar. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis ar son Críostaithe nach bhfuil aon tithe cónaithe acu. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Beannaigh na Críostaithe go léir, scaipthe ar fud an domhain.
Cabhraigh linn Íosa a leanúint, trí ghrá a thaispeáint dá chéile, mar a mhúin Íosa dúinn.
**P:** Áiméan.

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Baisteadh

Bain úsáid as an ngníomhaíocht idirghníomhach (ar líne) ina aimsíonn na páistí na míreanna éagsúla a bheidh de dhíth ar an sagart chun leanbh a bhaisteadh.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhaistear muid, is leanúnaithe Íosa muid. Mar chuid de shearmanas an Bhaiste, gearrann tuismitheoirí agus baill eile an teaghlaigh, *Comhartha na Croise* ar chlár éadain a linbh agus doirteann an sagart uisce coisricthe ar cheann an linbh. Cuirtear ola chriosma ar an leanbh freisin agus cuirtear ball éadaigh bán mórthimpeall air/uirthi. Lastar coinneal ar a s(h)on freisin.

## AG COMHRÁ

### Faoin mBaisteadh

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí an oiread sin faoi shearmanas an Bhaiste agus is féidir leo a thabhairt chun cuimhne, a roinnt le chéile. Ansin mínigh dóibh, go líontar le grá Dé ('grásta') muid, nuair a bhaistear muid. De réir mar a fhásaimid, cabhraíonn grásta Dé linn maireachtáil mar ba mhaith le Dia dúinn. Teastaíonn grásta Dé uainn chun maireachtáil mar clann Dé. Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Nuair a bhaistear muid, is leanúnaithe Íosa muid. Cad iad na rudaí eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun a thaispeáint gur leanúnaithe Íosa muid?
- An mbíonn sé éasca i gcónaí gníomhú mar ba mhaith le hÍosa? Cathain is féidir leis a bheith deacair?
- An maith leat a bheith i do leantóir d'Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat? An gceapann tú go bhfuil an Eaglais cosúil le 'grúpa mór cairde'? Cén chaoi?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 6: Léann na páistí faoin gcaoi a dtaispeánann daoine éagsúla go bhfuil Íosa á leanúint acu.

### Sa Bhaile

Lch. 7: Déanann na páistí machnamh ar Shacraimint an Bhaiste. Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi Bhaisteadh a linbh, agus *Comhartha na Croise* a ghearradh ar chlár éadain an pháiste, faoi mar a rinne siad ag an mBaisteadh.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Glaoite agus Roghnaithe

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Anois, déanfaimid sinn féin a bheannú le huisce coisricthe. Cuireann an t-uisce coisricthe seo ár mBaisteadh i gcuimhne dúinn. Ag an mBaisteadh, roghnaigh Dia sinn chun a bheith mar bhaill den Eaglais. Déantar baill den Eaglais sinn ag an mBaisteadh.

*Doirt uisce coisricthe isteach i mbabhla agus cuir sa spás urnaí é. Taispeáin do na páistí conas iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe trína méara a dhoirteadh isteach sa bhabhla agus iad féin a bheannú. Tabhair cuireadh dóibh teacht chun cinn ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga, mar is cuí.*

**M:** I dtús báire deirimis *Paidir na Maidine* le chéile. Cuireann an phaidir seo i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn.

**Gach duine:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**M:** Bíonn Dia linn gach lá. Tá grá ag Dia dúinn agus teastaíonn uaidh go mbeadh grá againn dá chéile. Chuir Dia a Mhac, Íosa, ar an saol chun méid a ghrá dúinn a insint do gach duine. Bhí a fhios ag Íosa go gcuireann na ceannairí is fearr daoine eile san áireamh i gcónaí, agus mar sin roghnaigh Íosa daoine eile chun cuidiú leis. Cé atá in ann cuimhneamh ar an ainm a thugtar ar an dáréag speisialta a roghnaigh Íosa? An féidir le duine ar bith cuimhneamh ar aon cheann dá n-ainmneacha?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt. Má tá an t-amhrán 'Na hAspail' ar eolas ag na páistí, b'fhéidir gur mhaith libh an cúrfá a chanadh.*

**M:** Ba dhlúthchairde d'Íosa iad na haspail, agus in éineacht lena chairde eile, a dheisceabail, chabhraigh siad le hÍosa a insint do dhaoine eile faoi Dhia agus faoi ghrá mór Dé dúinn. Nuair a bhuail Íosa leis na haspail, dúirt sé leo: 'Tagaigí i mo dhiaidh.' Abraimis le chéile anois.
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Chonaic Íosa Peadar agus a dheartháir Aindrias, agus dúirt sé, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Ansin chonaic sé Séamas agus Eoin, agus dúirt sé, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Ina dhiaidh sin chonaic sé Séamas agus Tadáias agus dúirt Íosa, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Le Pilib agus le Parthalán dúirt sé, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Chonaic sé Síomón agus Matha freisin, agus dúirt, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Agus do Iúdás agus do Thomás, dúirt sé, 'Tagaigí i mo dhiaidh.'
**P:** Tagaigí i mo dhiaidh.

**M:** Ach tá an dá aspal déag tar éis bháis. Tá siad imithe abhaile chun na flaithis chun a bheith le Dia agus le hÍosa. Mar sin, cé a dhéanfaidh a gcuid oibre anois? Cé a inseoidh do dhaoine ar fud an domhain faoi Dhia agus faoi ghrá Dé?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Níl sé éasca i gcónaí a bheith ina lucht leanúna d'Íosa. Tugann Dia a ghrá dúinn chun gníomhú mar a mhúin Íosa dúinn. Tugaimid 'grásta' ar an ngrá seo. Aon uair a mbíonn sé deacair orainn maireachtáil mar a mhúin Íosa dúinn, is féidir linn a ghrásta a iarraidh ar Dhia.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Go raibh maith agat as glaoch orainn a bheith mar bhaill ded' lucht leanúna.
Tabhair dúinn an grásta chun maireachtáil mar a d'iarr tú orainn.

Cabhraigh linn do ghlaoch a chloisteáil i gcónaí.
**P:** Áiméan.

**M:** Cuirimid críoch lenár gcuid ama ag guí agus *Paidir na hOíche* a rá le chéile:

**Le chéile:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach ('Na hAspail').

# Téama 2: Íosa

Ceacht 1: Íosa: fear leighis, cúntóir, cara
Ceacht 2: Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair
Ceacht 3: Leigheasann Íosa iníon Iárais
Ceacht 4: Tugann Íosa Dlí an Ghrá dúinn
Ceacht 5: Tagann leanúnaithe Íosa le chéile ag an Aifreann

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn go bhfuil grá aige dúinn agus chun múineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile
- Tugann Dia cuireadh dúinn freagairt le grá (Eoin 13:34-5; Eoin 4:11-12)

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Thaispeáin Íosa grá Dé dúinn (1 Eoin 4:9)
- Leigheas Íosa a lán daoine agus tugtar míorúiltí ar na leigheasanna seo
- Ba mhúinteoir é Íosa (Mc 2:13; Mth 5:2)

**Rúndiamhair na hEaglaise**
- Ba é Íosa Críost a bhunaigh an Eaglais
- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste
- Ní chleachtaímid ár gcreideamh inár n-aonar ach mar bhaill de phobal na hEaglaise

### Briathar Dé

**An Bíobla**
- Mar bhaill de chlann Dé, éistimid le hÍosa ag labhairt linn trí na Soiscéil

**An Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**
- Mth 1:18-25. Breith Íosa
- Lúc 2:1-20. Scéal bhreith Íosa

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**
- Mth 4:23-5. Íosa agus na heasláin
- Mc 1:29-31. Leigheas mháthair chéile Shíomóin
- Mc 5:21-24; 35-43. Iníon Iárais
- Eoin 13:34-35. Aithne an ghrá

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- Kyrie

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Urnaí chun a bheith cosúil le hÍosa

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Is é an Domhnach Lá an Tiarna toisc gur aiséirigh Íosa ó na mairbh ar an gcéad lá den tseachtain

**An tAifreann: Moladh agus Buíochas**
- An tAifreann: Am speisialta chun buíochas a ghlacadh le Dia ár nAthair as gach a bhfuil tugtha aige dúinn agus buíochas speisialta as ucht Íosa a Mhac a thabhairt dúinn

**An tAifreann: Struchtúr an Aifrinn (Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste)**
- Gnéithe bunúsacha den cheiliúradh agus rannphháirtíocht na bpáistí ann

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Tugann Íosa aithne nua dúinn-Dlí an Ghrá
- Seo é Dlí an Ghrá Íosa: tabhair grá dá chéile mar a thug mise grá daoibh (Eoin 13:34-5)

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**
- Guíonn ár dteaghlach Eaglasta, ar bhealach speisialta, ar a son siúd atá tinn agus tugann sé aire dóibh

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*d. Ministreacht Íosa*

- Míorúiltí an leighis – Marcas 5:21-24 agus 35-43.

# CEACHT 1: Íosa: fear leighis, cúntóir, cara

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá go leor scéalta cloiste ag na páistí faoi Íosa. Tá a fhios acu faoina bhreith, a bhás agus a Aiséirí. D'fhoghlaim siad faoina shaol i Nazarat agus é ina bhuachaill óg. Tá scéalta cloiste acu faoi na rudaí a rinne sé, faoin gcaoi ar chaith sé le daoine, na rudaí a dúirt sé agus an chaoi ar fhreagair daoine dó. Tugann an ceacht seo cuid den fhoghlaim seo chun cuimhne. Ina theannta sin, tugtar na páistí isteach ar na príomhshuímh gheografacha i saol Íosa. San urnaí deiridh, tugann na páistí focail agus gníomhartha *An Phaidir* chun chuimhne. D'fhoghlaim siad iad seo mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang 1/B3.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Luaschártaí le háiteanna ón bPalaistín
- Luaschártaí a léiríonn Íosa: fear leighis, cúntóir, cara
- Ábhair le cur ar chumas na bpáistí colláis de Mhuir na Gailíle a chruthú: Bileoga móra páipéar/páipéar balla, scragall airgid (iasc), cárta/páipéar donn (báid), líontán (m.sh. ó phacáistíocht torthaí), scuaba péint agus péint ghorm, siosúir, gliúnna, srl.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Fiche Ceist

Tabhair cuireadh do pháiste amháin teacht go barr an ranga. Cuir nóta greamach (post-it) ar chlár éadain an pháiste le hainm duine air, nó taispeáin ainm an duine (nó grianghraf) ar an gclár bán gan an leanbh roghnaithe in ann é a fheiceáil. Caithfidh an páiste roghnaithe iarracht a dhéanamh teacht ar an duine anaithnid seo trí cheisteanna a chur ar pháistí an ranga. D'fhéadfadh an duine anaithnid a bheith cáiliúil, carachtar as leabhar scéalta nó duine a bhfuil cur amach ag na páistí air/uirthi (m.sh. duine éigin atá ag obair sa scoil). Caithfidh an páiste ag barr an tseomra ranga iarracht a dhéanamh teacht ar an duine anaithnid trí cheisteanna a chur a bhfuil an freagra 'tá' nó 'níl' orthu (m.sh. 'An fear mé?', 'An bhfuil mé óg?)' Tá fiche ceist ar a mhéad ceadaithe. Mura mbíonn buille faoi thuairim ceart ag an bpáiste tar éis an fichiú ceist, tugtar an freagra ceart dó/di. Tabhair cuireadh do pháiste eile an cluiche a imirt ar an mbealach céanna.

Don tríú cluiche, is féidir leatsa a bheith ar an duine ag an barr an ranga ach, an uair seo, athraíonn an cluiche. In áit gan d'ainm a bheith ar eolas agat, inis do na páistí gur tusa Íosa. Ansin iarr orthu ceisteanna a chur ort, a mbeidh an freagra 'Tá'/'Sea' orthu i gcónaí (m.sh. 'An í Muire do mháthair?') Cuirfidh sé seo ar chumas na bpáistí fiche fíric faoi Íosa a liostáil. Críochnaigh trí cheist a chur ar an leanaí cad a ghlaotar ar an gcuid sin den Bhíobla ina bhfoghlaimímid faoi Íosa (na Soiscéil).

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu bhíomar ag caint *faoi* Íosa. Anois bímis ag labhairt *le* hÍosa. Tá Íosa anseo linn anois, ag éisteacht linn agus ag tabhairt grá dúinn. Is féidir linn tús a dhéanamh lenár nguí agus sinn a bheith socair agus ciúin.

*Can/seinn iomann/amhrán oiriúnach agus ansin seinn 'Ceol Machnamhach' ar dhlúthdhiosca, agus fág an ceol seo ag seinm sa chúlra le linn an phaidir.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Mar a ionanálann tú, bain úsáid as do ghuth inmheánach agus abair 'Íosa' leat féin. Mar a easanálann tú, bain úsáid as do ghuth inmheánach agus abair 'Tá tú liom' leat féin. (*Sos*)

Guigh na focail seo go réidh leat féin gach uair a ionanálann agus a easanálann tú. Ná bíodh aon deifir ort. Tá Dia leat agus na focail á rá agat. (*Sos*)

Íosa ... (*Sos*)

'Tá tú liom ...' (*Sos ar feadh cúpla nóiméad*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Íosa: duine a thugann leigheas, cúntóir, cara, tá tú i gcónaí linn.
Cuidigh linn labhairt leat agus éisteacht leat.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cleachtadh Mapála

Taispeáin Póstaer 2. Taispeáin na ceithre luaschártaí (Iarúsailéim, Beithil, Nazarat, Muir na Gailíle), agus roghnaigh páiste chun gach ceann acu a chur san áit cheart ar an léarscáil. Ceistigh na páistí faoi na rudaí a tharla ag gach suíomh acu. Mínigh do na páistí gur sráidbhailte beaga ab ea Nazarat agus Beithil ach gur cathair mhór thábhachtach ab ea Iarúsailéim agus gur thaistil Íosa ann ar ócáidí tábhachtacha.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Bhí thart ar 7km idir Iarúsailéim agus Beithil, agus bhí thart ar 193km ó Nazarat go Iarúsailéim (sé go seacht lá ag siúl). Bhí thart ar 120km ar an mbealach díreach (tríd an tSamáir) idir Nazarat agus Iarúsailéim ach bhí an bealach sin seachanta ag an am toisc gur tír sléibhtiúil a bhí inti agus bhí teannas ciníocha ann idir Giúdaigh agus Samáraigh.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Searáidí

Tosaigh trí insint do na páistí gur tharla go leor imeachtaí i saol Íosa sa cheantar timpeall Mhuir na Gailíle. Inis dóibh gur mhaith leat a fheiceáil más féidir leo cuid de na himeachtaí sin a thabhairt chun cuimhne trí chluiche searáidí a imirt. Ansin eagraigh an rang i sé ghrúpa, agus tabhair ceann de na luaschártaí (thíos) do gach grúpa. Cuidigh le gach grúpa cleachtadh a dhéanamh ar aithris a dhéanamh ar an ócáid sin atá ar an luaschárta acu. Ansin tabhair cuireadh do gach grúpa a gcuid mím a dhéanamh don chuid eile de na páistí, agus féach an féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoin méid atá i gceist.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Colláis de Mhuir na Gailíle

Roinn na páistí i dtrí fhoireann chun obair a dhéanamh ar an gcolláis, agus tabhair ábhair cuí do gach foireann:

**Foireann 1: Farraige**
- Bileoga móra de pháipéar/páipéar balla, scuaba agus péint ghorm

**Foireann 2: Éisc agus Líonta**
- Scragall (m.sh. scragall stáin, clúdaigh milseán) nó píosaí páipéir/cárta daite
- Líontán ó phacáistíocht torthaí

**Foireann 3: Báid**
- Cárta/páipéar donn, ábhar éadach (seanéadaí/ceirteacha) do na seolta, siosúir





## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 8: Freagraíonn na páistí 'Tá' nó 'Níl' le deich ráitis faoi Íosa.

### Sa Bhaile

Lch. 9: Freagraíonn na páistí ceisteanna faoi na háiteanna inar tharla imeachtaí áirithe i saol Íosa agus léiríonn siad na suíomhanna seo ar léarscáil den Phalaistín.

Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoina bhfuil ar eolas acu faoi Íosa agus *An Phaidir* a rá le chéile.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rugadh Íosa i mBeithil, d'fhás sé suas i Nazarat agus thug sé cuairt ar Iarúsailéim go minic. Chaith sé go leor ama gar do Mhuir na Gailíle. Insítear na scéalta faoi shaol, bás agus aiséirí Íosa sna Soiscéil. Deir siad linn gur fear leighis, cúntóir agus cara ba ea Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Na paistí i gciorcal

Cruinnigh na páistí i gciorcal agus bíodh seisiún ama ciorcail acu ar an ngnáthbhealach ag úsáid réad/rud labhartha.

**Babhta a hAon:** Cuir an réad labhartha timpeall an ranga agus iarr ar na páistí rud a ainmniú a chuala siad faoi Íosa an tseachtain seo.

**Babhta a Dó:** Cuir an réad labhartha timpeall an ranga arís agus iarr ar na páistí an rud is fearr, dar leo, a chuala siad faoi Íosa a ainmniú.

## PAIDIR

### An Phaidir (Le Gníomhartha)

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, gabhaimis buíochas le Dia, ár nAthair, as Íosa ag rá: Go raibh maith agat a Dhia as Íosa an phaidir atá á rá. Go raibh maith agat a Dhia as Íosa, go raibh maith agat gach lá.

**P:** Go raibh maith agat a Dhia as Íosa an phaidir atá á rá. Go raibh maith agat a Dhia as Íosa, go raibh maith agat gach lá.

**M:** Duine a thug leigheas ba ea Íosa. Leigheas sé daoine breoite agus thaispeáin sé dóibh go bhfuil grá ag Dia dóibh. Gabhaimis buíochas le Dia, ár nAthair, as Íosa.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as Íosa an phaidir atá á rá. Go raibh maith agat a Dhia as Íosa, go raibh maith agat gach lá.

**M:** Cúntóir ab ea Íosa. Chabhraigh sé le daoine foghlaim faoi Dhia. Chabhraigh sé leo cineáltas agus grá a thaispeáint dá chéile. Gabhaimis buíochas le Dia, ár nAthair, as Íosa.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as Íosa an phaidir atá á rá. Go raibh maith agat a Dhia as Íosa, go raibh maith agat gach lá.

**M:** Duine cairdiúil ab ea Íosa. Labhair sé le daoine, agus d'éist sé leo. Bhí cúram aige do gach duine. Gabhaimis buíochas le Dia, ár nAthair, as Íosa.

**P:** Go raibh maith agat a Dhia as Íosa an phaidir atá á rá. Go raibh maith agat a Dhia as Íosa, go raibh maith agat gach lá.

**M:** A Íosa: duine a thugann leigheas, cúntóir, cara, mhúin tú dúinn conas guí. Guímis le chéile anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)
Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# CEACHT 2: Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Nuair a bhí Íosa i láthair le duine a bhí tinn, theastaigh uaidh i gcónaí teagmháil a dhéanamh leo. D'aithin sé a riachtanas agus mhothaigh sé a gcuid fulaingt. Bhí ionbhá chomh mór sin aige gur theastaigh uaidh iad a leigheas. Chuala na páistí roimhe seo faoin gcaoi ar leighis Íosa an fear Bairtiméas a bhí dall, (Marcas 10: 46-52), agus an pairiliseach (Matha 9: 1-8; Marcas 2: 1-12).

An tseachtain seo, tugaimid cuireadh do na páistí iniúchadh a dhéanamh ar an ócáid nuair a leigheas Íosa máthair chéile Pheadair. Molaimid dóibh smaoineamh conas is féidir leo a lámha a úsáid freisin chun cabhrú leo siúd atá tinn, díreach mar a rinne Íosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar, siosúir agus dathanna do gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### Faoi bheith tinn

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ní mór duit a bheith curamach maidir le eispéiris paistí i leith tinnis, agus b'fhéidir go mbeidh ort an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint do riachtanais shonracha na bpáistí i do rang.

Cuir tús le díospóireacht faoi amanna nuair a bhí na páistí féin nó daoine atá gar dóibh tinn ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh tú tinn riamh? Cad a bhí cearr leat? Conas a mhothaigh tú? Ar chuidigh aon duine leat nuair a bhí tú tinn? Cé? Cad a rinne siad? Ar mhothaigh tú níos fearr ina dhiaidh?
- Uaireanta, bíonn corp daoine tinn ach bíonn daoine eile tinn uaireanta toisc go mbíonn siad ag mothú brónach nó uaigneach. An cuimhin leat am nuair a bhí duine éigin i do theaghlach ag mothú brónach nó uaigneach? An raibh tú in ann aon rud a dhéanamh chun cabhrú leo mothú níos fearr?
- Caitheann daoine áirithe a saol iomlán ag cabhrú le daoine atá tinn, agus a chuireann iad ar a suaimhneas: cé hiad? An bhfuil aithne agat ar dhochtúirí ar altraí, ar pharaimhíochaineoirí nó ar chúramóirí ar bith?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Bhí cúram mór ag Íosa do gach duine a bhuail sé leis a raibh leigheas de dhíth orthu. Bhí grá ar leith aige dóibh siúd a bhí breoite, brónach nó uaigneach. Inniu, déanaimis cuimhneamh orthu siúd, a bhfuil aithne againn orthu, agus atá ag lorg na síochána agus leighis. Guímis go dtabharfaidh Íosa ardú croí dóibh agus go ndéanfaidh sé a spioraid a athnuachan.

**M:** Déanaimis cuimhneamh ar dhaoine i ngach áit atá tinn nó brónach sa lá atá inniu ann. I ndiaidh gach paidir, déarfaidh mé, 'A Thiarna éist linn' agus is féidir libh a rá, 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.'

**M:** Beannaigh iad siúd atá tinn sa bhaile. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Beannaigh iad siúd atá tinn san ospidéal. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Beannaigh iad siúd a bhfuil eagla orthu nach dtiocfaidh biseach riamh orthu. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Beannaigh iad siúd a thugann aire do na heasláin. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Beannaigh iad siúd a thugann aire do leanaí óga agus do dhaoine aosta. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Beannaigh iad siúd ar fud an domhain a chabhraíonn le daoine atá ró-bhocht chun leigheas a cheannach. A Thiarna, éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** A Íosa, go mbraithfidh na daoine atá i bpian i láthair, do thadhall leighis anois agus i gcónaí.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair

Sula léann tú an scéal, cuir i gcuimhne na bpáistí gurb iad an chéad dá aspal ar bhuail Íosa leo in aice le Muir na Gailíle ná Síomón agus a dheartháir, Aindrias. Cuir i gcuimhne dóibh gur thug Íosa an t-ainm 'Peadar' do Shíomón. Ansin inis dóibh go mba mhaith leat scéal ón mBíobla a insint dóibh faoi am nuair a chuidigh Íosa le duine a bhí tinn: Máthair chéile Pheadair. Ansin léigh, 'Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair'. Mínigh go dtagann an cur síos as an Soiscéal de réir Mharcais.

**'Leigheasann Íosa Máthair Chéile Pheadair'**
(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 1:29-31*)
Chaith Íosa agus a haspail a lán ama sa



cheantar thart ar Mhuir na Gailíle. Chuaigh siad ó bhaile go baile. I ngach áit, mhúin Íosa na daoine faoi Dhia agus grá mór Dé don domhan. Uaireanta, leigheas sé daoine a bhí tinn. Thaispeáin sé do dhaoine conas grá a bheith acu dá chéile, faoi mar a theastaigh ó Dhia.

Lá amháin, tháinig Íosa agus a chairde go baile Cafarnáum, agus thosaigh Íosa ag múineadh na daoine a bhí ann. Chónaigh Síomón Peadar agus Aindrias i mbaile Cafarnáum, agus mar sin chuaigh Íosa agus roinnt eile dá aspal, Séamas agus Eoin ina measc, isteach ina dteach.

Ach chomh luath agus a tháinig sé isteach sa teach, chuala Íosa go raibh máthair chéile Shíomóin ina luí agus í tinn sa leaba. Bhí teocht an-ard aici, agus bhí a teaghlach buartha go raibh sí ar tí báis. Chuaigh Íosa chuici láithreach, rug ar láimh uirthi, agus chabhraigh sé léi éirí. Go tobann, d'ísligh a teocht agus bhí sí slán arís. D'éirigh sí agus thosaigh sí ag freastal orthu siúd a bhí sa teach.

Tar éis an eachtra ó na Scrioptúir a léamh, tástáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le, 'Cad é ainm an bhaile ina raibh Íosa ag múineadh an lá sin?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó as ceisteanna cosúil leo:

- Cad a thugaimid ar an rud a rinne Íosa? (*míorúilt*) An mbeadh éinne eile in ann cabhrú le máthair chéile Pheadair faoi mar a chabhraigh Íosa? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Íosa?
- Conas a cheapann tú gur mhothaigh Síomón Peadar agus a theaghlach nuair a chonaic siad an méid a tharla?
- N'fheadar… dá mba máthair chéile Pheadair tusa, cad é an chéad rud a dhéanfá tar éis tú a bheith leigheasta? An mbeadh aon rud le rá agat? Cé dó?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ina mhíorúiltí léirigh Íosa an grá atá ag Dia do dhaoine atá tinn, ocrach, bocht nó i dtrioblóid ar bhealach ar leith, agus mar is mian le Dia go mbeadh an domhan. Ba chomharthaí iad de Ríocht Dé na míorúiltí, an Ríocht a bhí Íosa ag iarraidh a thabhairt i gcrích, agus a bhí i láthair laistigh agus ina bheatha féin.

## DÁN

### 'Tá sí slán arís'

**'Tá sí slán arís'**
Léigh an dán do na páistí. Tá sé ar leathanach 11 dá leabhar.

**Tá sí slán arís!**
Cnámha tinne,
Fiabhras ard,
Máthair chéile Pheadair
Ar tí báis.

Blaincéad fliuch,
Ceann ag sileadh,
Ciúin agus socair
Tá sí sa leaba.

Guthanna ísle,
Ag cogar go ciúin,
'Tabharfaidh Íosa
Cabhair dúinn.'

Tagann Íosa,
Leagann sé lámh.
Iomlán agus sláintiúil,
Éiríonn sí, slán.

Daoine ag bailiú,
Éist leo ag caint,
'Buíochas le Dia,
Féach, tá sí go maith.'

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Íomhánna socair

Tabhair an scéal 'Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair' chun chuimhne trí úsáid a bhaint as insint chiorclach: tosaíonn duine amháin ag insint an scéil agus leanann an chéad duine eile, ag cur leis go dtí go mbíonn an scéal críochnaithe. Is féidir leat tús a chur leis an scéal, 'Lá amháin, bhí Íosa agus a lucht leanúna i mbaile darb ainm Cafarnáúm'.

Ansin roinn na páistí i gceithre ghrúpa, agus tabhair carachtar do gach páiste sa ghrúpa: Íosa, Síomón Peadar, bean chéile Shíomóin Pheadair, Máthair chéile Pheadair, na haspail Séamas agus Eoin, agus comharsana agus cairde do na páistí atá fágtha.

Mínigh go bhfuil ceithre radharc sa ról imirt seo. Tabhair radharc faoi leith do gach grúpa chun leagan drámata a dhéanamh de. Iarr orthu an radharc a chur i láthair agus ansin stop glan, amhail is go raibh duine chun grianghraf a thógáil. Íomhá shocair í seo.

**Radharc 1:** Téann Séamas, Eoin agus Íosa go teach Shíomóin Pheadair.

**Radharc 2:** Tá máthair chéile Pheadair tinn sa leaba le fiabhras.

**Radharc 3:** Leagann Íosa lámh uirthi agus cabhraíonn sé léi éirí.

**Radharc 4:** An radharc sa teach tar éis an leighis.

Fad is atá na páistí ag obair ar na híomhánna socair, déan comhrá le gach grúpa agus iarr orthu smaointe agus mothúcháin na gcaractar a shamhlú. Iarr ar na páistí na smaointe agus na mothúcháin sin a léiriú ina gcuid íomhánna. Ansin, nuair a bhíonn na páistí réidh, téigh trí gach radharc ag iarraidh ar an ngrúpa a n-íomhá shocair a thaispeáint. Nuair a bheidh an íomhá curtha ar siúl ar feadh cúpla nóiméad, tabhair cuireadh do na páistí a scíth a ligean, agus ansin iarr ar chuid acu roinnt leis an ngrúpa conas a bhí a gcarachtair ag mothú sa radharc a léirigh siad.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 10: Léann na páistí an scéal 'Leigheasann Íosa máthair chéile Pheadair' ó dhearcthaí éagsúla.

### Sa Bhaile

Lch. 11: Léann páistí an dán 'Tá sí slán arís!' lena dteaghlaigh, agus déanann siad comhrá faoi thréimhse nuair a chabhraigh siad le duine a bhí tinn. Tá paidir ann le rá le chéile freisin.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Íosa cuairt ar theach Shíomóin Pheadair agus leigheas sé a mháthair chéile a bhí tinn le teocht an-ard. Leag Íosa lámh uirthi agus tháinig biseach uirthi láithreach. Seo ceann de mhíorúiltí leighis Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Lámha Slánaithe

Tosaigh trí a thabhairt chun chuimhne gur trí leagan lámh a leigheas Íosa máthair chéile Pheadair: 'Chuaigh Íosa chuici láithreach, rug ar láimh uirthi, agus chabhraigh sé léi éirí.' Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Leigheas Íosa máthair chéile Pheadair trí lámh a leagan uirthi. Ní féidir linn daoine a leigheas ar an mbealach céanna agus a rinne Íosa, ach b'fhéidir gur féidir linn cabhrú le daoine a bhfuil aithne againn orthu mothú beagán níos fearr nuair a bhíonn siad tinn. An féidir leat smaoineamh ar roinnt bealaí inar féidir le teagmháil do lámh(a) cabhrú le daoine a bhfuil grá agat dóibh a bheith níos fearr arís?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a chabhraigh barróg, póg nó teagmháil mhaith ó dhuine eile leat éirí níos fearr? Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid.
- Ar mhaith leat iarracht a dhéanamh cúnamh a thabhairt do dhuine éigin an tseachtain seo trí do lámha a úsáid? Cad a d'fhéadfá a dhéanamh? Dáil páipéar amach, agus iarr ar na páistí a lámha a rianú ar an bpáipéar agus rian a lámha a ghearradh amach ansin. Nuair a bhíonn sé seo déanta acu, is féidir leo a gcuid 'Lámha' a dhathú le dathanna agus patrúin éagsúla. Inis do na páistí gur féidir lena bpictiúir an chumhacht slánaithe atá ina lámha acu a thabhairt chun chuimhne.



## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis iarracht smaoineamh ar conas mar a bhraith máthair chéile Shíomóin Pheadair nuair a leag Íosa a thadhall leighis uirthi. Is féidir linn tús a dhéanamh lenár nguí agus sinn a bheith socair agus ciúin.

*Can/seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú tinn ... (*sos*)

Nó ar am nuair a bhí tú brónach ... (*sos*)

Nó ar am nuair a bhí tú uaigneach ... (*sos*)

nó b'fhéidir ar am nuair a bhí díomá ort. (*Sos*)

Cuimhnigh ar amanna mar sin. (*Sos*)

Anois, sín amach ceann de do chuid lámha. (*Sos*)

Bain úsáid as do lámh eile chun í a thadhall go réidh. Déan teagmháil le do chraiceann mín. (*Sos*)

Bí go bog séimh leat féin. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa ag cur lámh ort ar an mbealach seo, agus ag cabhrú leat éirí in airde. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa ag cabhrú leat nuair a bhí tú breoite, nó nuair a bhí tú uaigneach nó brónach. (*Sos*)

Caith nóiméad ag smaoineamh ar thadhall leighis Íosa. (*Sos*)

Cuimhnigh ar an méid a léimid ón mBíobla:

*Is féidir leat an sliocht Scrioptúrtha seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Marcas 1: 29-31).*

**Ar dhul amach as an tsionagóg dó, chuaigh sé isteach gan mhoill i dteach Shíomóin agus Aindrias, in éineacht le Séamas agus Eoin. Bhí máthair chéile Shíomóin Peadair ina luí agus an fiabhras uirthi, agus ní dhearna siad aon mhoill gan labhairt leis mar gheall uirthi. Chuaigh sé anonn chuici, rug láimh uirthi agus thóg suas í. D'fhág an fiabhras í.**

(*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Íosa, ár gcara, thug do thadhall leigheas do go leor daoine.
Cabhraigh linn foghlaim uait, ionas gur féidir linn do ghrá a thabhairt do dhaoine eile freisin.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# CEACHT 3: Leigheasann Íosa iníon Iárais

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Mar gheall ar Chríost, tá brí dearfach ag bás Críostaí. Tá an fhís Chríostaí seo den bhás curtha in iúl go hálainn i liotúirge na hEaglaise: 'Níl sa bhás, a Dhia, do d'fhíréin ach malairt bheatha, agus nuair a leagtar ar lár an t-áras seo ina gcaitheann siad tamill abhus ar talamh, cóirítear áit chónaithe bhuan dóibh ar neamh' (Preafáid na Marbh I).

An tseachtain seo, cuirimid leigheas iníon Iárais, a fuair bás, faoi chaibidil. D'fhéadfadh an scéal seo a bheith deacair do pháistí áirithe, go háirithe dóibh siúd a d'fhulaing bás ina dteaghlaigh féin, agus mar sin bí cinnte go mbeidh tú tuisceanach agus lách. D'fhéadfadh leanaí eile a bheith ann gan aon taithí a bheith acu ar an mbás agus mar sin d'fhéadfadh deacracht a bheith acu tuiscint a fháil ar cad is bás ann. Beidh an fócas sa cheacht seo ar an gcreideamh a chuir Iáras in Íosa.

# Féachaimis …

## SCÉAL

### An Madra ar Iarraidh

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoina gcuid peataí. Fiafraigh ar tharla go raibh peataí ar bith imithe ar iarraidh riamh, agus fiosraigh faoin gcaoi ar mhothaigh sé sin. Ansin léigh an scéal ‘An Madra ar Iarraidh’ do na páistí.


**An Madra ar Iarraidh**



Theastaigh ó Nathan madra a bheith aige i gcónaí. D’iarr sé ar a thuismitheoirí madra a fháil le fada fada an lá. Gach uair a d’iarr sé madra uathu, dúradh leis nach bhféadfadh sé madra a fháil toisc nach mbeadh aon spás sa teach dó, go gcuirfeadh sé isteach ar na comharsana, agus go mbeadh an iomarca oibre ann ó thaobh siúl agus glanadh an mhadra. Ach fós, theastaigh ó Nathan madra a bheith aige agus is minic a smaoinigh sé ar ainmneacha a thabharfadh sé don mhadra dá mbeadh ceann riamh aige.




Ansin, ar a lá breithe, agus é ocht mbliana d’aois, dhúisigh Nathan agus chuala sé madra ag tafann. Shíl sé gur ag samhlú a bhí sé nó go bhfuair na comharsana madra nua. Ach nuair a tháinig sé níos cóngaraí don chistin, chuala sé lapaí madra taobh thiar de dhoras na cistine. Nuair a d’oscail sé an doras, chuala Nathan guthanna ag scairteadh ‘Iontas!’ Ní fhéadfadh sé creidiúint … bhí coileán le gruaig fionn ag fanacht leis ar an urlár! An nóiméad a chonaic sé an madra, rith Nathan chuige agus thug barróg dó. Chroith an madra a eireaball agus thosaigh sé ag tafann le háthas.



Bhí Nathan sona sásta agus ghabh sé buíochas lena chlann arís agus arís eile don bhronntanas iontach seo.

D’imigh na laethanta agus na míonna thart, agus thug Nathan an-aire do Sammy, an madra. Chuir Sammy fáilte roimh Nathan gach lá agus é ag teacht abhaile ón scoil agus nuair a bhíodh Nathan ag féachaint ar an dteilifís bheadh Sammy ar an tolg in éineacht leis. Níorbh fhéidir le Nathan a chreidiúint go raibh a leithéid de mhadra iontach aige.



Ansin, lá amháin, tharla rud uafásach. Bhí Nathan ag tabhairt folctha do Sammy nuair a bhí cnag ar an doras. Fear an phoist a bhí ann agus bhí pacáiste aige don teach. Fad is a bhí Mam ag caint le fear an phoist, léim Sammy amach as an bhfolcadán, rith sé an doras amach agus síos an bóthar leis. Rith Nathan agus a chlann amach ina dhiaidh láithreach ach níor tháinig siad ar Sammy. Bhí sé imithe.

Ba dheacair a chreidiúint gur imigh Sammy chomh tapa sin. Stop Nathan agus a chlann, daoine ar an tsráid agus d’iarr siad orthu an raibh Sammy feicthe acu. Ghlaoigh siad ‘Sammy, Sammy!’ agus lig siad feadanna astu, ach ní raibh aon chomhartha den Sammy ann. Bhí Nathan tinn le himní.



An lá dár gcionn, thiomáin Daid ar fud an cheantair féachaint an bhféadfadh sé Sammy a fheiceáil in áit ar bith. Chuir Mamaí agus Nathan póstaeir ar fud na háite le pictiúir de Sammy iontu. Thairg siad luaíocht ar eolas faoi Sammy, ach níor chuala siad rud ar bith. Bhí Nathan croí-bhriste ach tásc ná tuairisc ní bhfuair sé ar Sammy.

Tar éis duit an scéal a léamh, déan seiceáil ar tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le 'Cén tainm a bhí ar an madra?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo ceisteanna cosúil leo:

- Dá mba tusa Nathan, conas a bhraithfeá nuair a chuaigh Sammy ar iarraidh? An féidir leat smaoineamh aon rud eile a d'fhéadfadh an teaghlach a dhéanamh chun é a fháil ar ais?
- An cuimhin leat amanna nuair a mhothaigh tú cosúil le Nathan sa scéal?
- An bhfuil peata agat sa bhaile? Conas a mhothófá má chuaigh sé ar iarraidh?

## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá amanna ann nuair a bhímid brónach, sáraithe nó feargach. Uaireanta braitheann sé go mbímid linn féin. Ach nílimid i ndáiríre linn féin ariamh. Bíonn Dia i gcónaí linn.

Nuair a chaillimid rud éigin luachmhar, bíonn Dia linn. Nuair nach gcuireann ár gcairde san áireamh sinn, bíonn Dia in aice linn ag tabhairt aire dúinn. Bíonn Dia linn de shíor.

Tugaimis moladh do Dhia as a bheith i gcónaí linn.

**Le chéile:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid'

Tosaigh tríd an scéal, 'An Madra ar Iarraidh' a thabhairt chun chuimhne, agus déan comhrá faoin gcaoi a mhothaigh Nathan nuair a bhí Sammy imithe. Mínigh do na páistí gur féidir le daoine a bheith an-bhrónach nuair a bhíonn peata ar iarraidh nó marbh. Bíonn daoine an-bhrónach freisin nuair a fhaigheann duine a bhfuil aithne acu orthu agus grá acu dóibh bás. Ansin abair leis na páistí go bhfuil tú chun scéal a léamh faoi fhear a raibh a iníon ag fáil bháis. Bhí an fear bocht trína chéile. Iáras an t-ainm a bhí air agus bhí cónaí air, in aimsir Íosa, i gCafarnáúm atá gar do Mhuir na Gailíle. Fiafraigh de na páistí an cuimhin leo aon duine eile a bhí ina chónaí i sráidbhaile Cafarnáúm (*Síomón Peadar agus a theaghlach*). Ansin léigh an scéal, 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.' Mínigh go dtagann sé ón Soiscéal de réir Mharcais.

**'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid'**



(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 5:21-24; 35-43*)

Lá amháin, bheartaigh Íosa agus a chairde bád a thógáil ó thaobh amháin de fharraige na Gailíle go dtí an taobh eile. Nuair a tháinig siad go bruach an locha, bhí slua mór bailithe ann. Ina measc bhí fear darbh Iáras. Bhí Iáras ina cheannaire sa tsionagóg, an áit naofa a ndeachaigh daoine chun guí agus chun foghlaim faoi Dhia. Nuair a chonaic Iáras Íosa, chaith sé é féin ag a chosa agus d'fhiafraigh, 'Tá m'iníon dhá bhliain déag d'aois an-tinn. Tar, le do thoil, agus cuir do lámha uirthi, ionas go mbeadh sí slán agus go mairfeadh!'

Mar sin, chuaigh Íosa le Iáras. Ach le linn dóibh a bheith ar a mbealach, tháinig daoine ó theach Iárais agus dúirt leis, 'Tá d'iníon tar éis bháis'.

D'fhéach Iáras ar Íosa agus deora ina shúile aige. D'fhéach Íosa ar Iáras agus dúirt sé, 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.' Mar sin, choinnigh siad ag siúl i dtreo teach Iárais. Ar theacht dóibh go dtí an teach, chuala siad daoine ag caoineadh os ard. Bhí brón ar gach duine nuair a chuala siad an nuacht faoi iníon Iárais. Ach chuaigh Íosa isteach sa teach agus dúirt sé leis na daoine, 'Cén fáth go bhfuil sibh ag caoineadh? Níl an leanbh marbh – ach ina codladh!'

Thosaigh na daoine ag déanamh ceap magaidh d'Íosa. Cad a bhí i gceist aige nuair a dúirt sé go raibh an leanbh ina codladh? Bhí a fhios acu nach raibh sí ina codladh ... ní raibh sí ag análú. Chuaigh Íosa isteach sa seomra áit a raibh an leanbh ina luí lena hathair agus a máthair. Rug Íosa greim láimhe uirthi agus dúirt sé léi: 'Talitá, cúm', rud a chiallaíonn: 'A chailín bhig, deirim leat, éirigh!' D'éirigh an cailín láithreach agus thosaigh sí ag siúl thart. Ní fhéadfadh le Iáras agus a bhean chéile radharc a súl a chreidiúint! Thug Íosa an cailín beag ar ais ar an saol. Chuimhnigh Iáras ar an méid a dúirt Íosa: 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.'

Tar éis an scéal ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu, 'Cad a d'inis na teachtairí ó theach Iárais d'Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- D'iarr Iáras ar Íosa teacht agus a lámha a leagan ar a iníon. N'fheadar… cad a bhí cloiste ag Iáras faoi Íosa? Cé a thug an t-eolas dó?
- Cad a thugaimid ar na rudaí seo a d'fhéadfadh Íosa a dhéanamh agus nach bhféadfadh aon duine eile a dhéanamh? An féidir leat míorúiltí eile a rinne Íosa a ainmniú?
- Cad a cheapann tú a dúirt teaghlach agus cairde Iárais faoi Íosa nuair a chonaic siad an cailín beag a bheith tagtha ar ais ar an saol?
- Dúirt Íosa le Iáras gan eagla a bheith air. Dúirt sé le Iáras creideamh a bheith aige. Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Íosa leis na focail seo?

Mínigh do na páistí gur theastaigh ó Íosa go gcreidfeadh Iáras go bhféadfadh sé cabhrú lena iníon, fiú cé go raibh cuma éadóchasach air. Chreid Iáras. Chreid sé gurbh é Íosa Mac Dé, agus go bhfhéadfadh sé aon rud a dhéanamh, fiú a iníon a thabhairt ar ais chun na beatha.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá sé tábhachtach gan an tuiscint a thabhairt do na páistí go dtabharfaidh Íosa gach duine a fhaigheann bás ar ais ar an saol, má bhíonn creideamh leordhóthanach acu. Ina áit sin is féidir linn a bheith cinnte gur féidir le hÍosa aon rud a shárú, go fiú an bás, agus go bhfuil súil againn go mbeidh an bheatha shíoraí againn de bharr Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Na páistí i gciorcal

Úsáid an straitéis 'na páistí i gciorcal' chun cabhrú leis na páistí scéal iníon Iárais a thabhairt chun cuimhne. Is féidir leatsa tosú agus an chéad abairt a thabhairt, 'Lá amháin, chuaigh Íosa go baile darb ainm Cafarnáúm.' Is féidir le páistí abairtí éagsúla a chur leis an scéal go dtí go mbeidh an scéal críochnaithe. Ansin, inis do na páistí gur mhaith leat an scéal a insint arís, ach an uair seo, tabhair cuireadh dóibh é a insint ó dhearcadh Iárais. Is féidir leatsa tosú agus an chéad abairt a thabhairt, 'Bhí mé sa mhargadh lá amháin nuair a chuala mé daoine áirithe ag rá go raibh Íosa ag teacht anseo, go Cafarnáúm.' Is féidir le páistí abairtí éagsúla a chur leis an scéal go dtí go mbeidh an scéal iomlán inste.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cogarnach Teileafóin

Cuir tús le babhta 'Cogarnach Teileafóin' trí labhairt i gcogar isteach i gcluas an pháiste is gaire duit, 'Ná bíodh eagla ort'agus iarr orthu é a chur ar aghaidh. Lig don teachtaireacht dul trí ghrúpa páistí, agus ansin fiafraigh den pháiste deireanach chun é a rá os ard, féachaint ar tháinig athrú ar an dteachtaireacht. Imir an cluiche arís ag úsáid an frása, 'Ach amháin creid'. Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- • Chreid Iáras go leigheasfadh Íosa a iníon. Tugtar creideamh air seo. Bhí muinín aige as Íosa. Bhí creideamh aige ann. An gceapann tú go raibh Iáras ceart a mhuinín a chur in Íosa? Cén fáth a cheapann tú gur chreid sé go bhféadfadh Íosa cabhrú leis?
- • N'fheadar ... an raibh sé éasca nó deacair do Iáras a chreidiúint go gcuideodh Íosa lena iníon nuair a dúradh leis go raibh sí marbh? Cén fáth?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 12: Scrúdaíonn na páistí scéal leighis Iníon Iárais.

### Sa Bhaile

Lch. 13: Léann na páistí an scéal lena dteaghlaigh agus déanann siad comhrá  faoin gcaoi ar chreid Iáras in Íosa. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi conas is féidir leis a bheith deacair creidiúint agus muinín a bheith agat in Íosa, agus cuimhneamh ar focail Íosa, 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.'
Tá paidir le rá le chéile freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi scéal eile ó na Scrioptúir inar oibrigh Íosa míorúilt – leigheas sé iníon Iárais. Dúirt Íosa le Iáras, 'Ná bíodh eagla ort, ach amháin creid.' Choinnigh Iáras a chreideamh agus a mhuinín as Íosa, agus leigheasadh a iníon.

## AG COMHRÁ

### Faoi Fhocail Íosa

Tabhair cuireadh do na páistí an scéal a mheas maidir lena saoil féin ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin leat am nuair a mhothaigh tú i d'aonar nó eaglach? Inis dúinn faoi. Ar mhothaigh tú go raibh Íosa in éineacht leat?
- An bhfuil sé deacair nó furasta a chreidiúint go bhfuil Íosa linn anois, cé nach féidir linn é a fheiceáil?



Cuir i gcuimhne do na páistí, cé go bhfuil Íosa le Dia ar neamh, creidimid go bhfuil sé fós linn. Uaireanta nuair a mhothaímid inár n-aonar nó eaglach, deir Íosa an rud céanna agus a dúirt sé le Iáras linn: 'Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.' Is féidir linn cabhair a iarraidh ar Íosa, díreach mar a rinne Iáras. Chuir Iáras a chreideamh agus a mhuinín in Íosa agus chabhraigh Íosa leis. Teastaíonn ó Íosa an rud céanna a dhéanamh dúinn.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** I rith na seachtaine bhíomar ag éisteacht faoi scéal Iárais agus a iníon. Inniu, rachaimis ar ais go dtí aimsir Íosa. Is féidir linn úsáid a bhaint as ár samhlaíocht chun an eachtra sin a thabhairt chun chuimhne. Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, samhlaigh tú féin i dteach Iárais an lá a tháinig Íosa ann... (*sos*)

Tá tú cairdiúil le hiníon Iárais. Féach uirthi ina luí go socair ar an leaba ... (*sos*)

Bhí tú ag súgradh léi inné. Cuimhnigh ar an spraoi a bhí agaibh. Ansin, cuimhnigh conas a d'éirigh sí an-chiúin. Chuaigh sí isteach sa teach léi féin ansin. D'imigh an spórt as an spraoi a bhí agaibh. Anois is cosúil go bhfuil sí ina codladh ... (*sos*)

Féach ar a haghaidh éadrom. Féach ar na comharsana. Tá an teach an-bhrónach. Tá an t-áthas imithe ón teach. Tá sé lán le brón ... (*sos*)

Éist! Is féidir leat a chloisteáil go bhfuil duine éigin ag teacht. Iáras atá ann. Tá fear eile leis. Tá aithne agat ar an bhfear seo. Íosa atá ann! ... (*Sos*)

Éist leis na daoine agus iad ag cogar eatarthu féin. (*Sos*)

Ceapann siad go bhfuil iníon Iárais marbh. Cas agus féach ar Íosa. Tá sé ag féachaint ort. (*Sos*)

Mothaigh grá Íosa ag líonadh do chroí. (*Sos*)

Éist leis an méid atá á rá aige: Tá sí beo! Mothaigh do chroí ag léim! Féach ar Íosa ag dul isteach i seomra do charad. Samhlaigh an méid atá ag tarlú sa seomra. (*Sos*)

Coinnigh do shúile ar an doras. Féach, agus é á oscailt go tobann. Féach! Tá iníon Iárais ag rith amach. Thabhair barróg mhór di. Féach mar a thagann na comharsana agus í a chur ar a ngualainn acu agus á tabhairt amach ar an tsráid. Tá gach duine ag bualadh bos, ag béiceadh agus ag damhsa. Lá iontach atá ann! Lá de cheiliúradh atá ann! (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** A Íosa, ár gcara.
Chreid Iáras go raibh tú leis nuair a bhí sé brónach agus eaglach.
Chreid sé go bhféadfá cabhrú leis ar bhealach nach bhféadfadh le haon duine eile.
Cabhraigh linn chun a chreidiúint go bhfuil tú linn freisin, agus gur féidir leat cabhrú linn nuair is gá.
Cuidigh linn casadh chugat nuair atá cabhair ag teastáil uainn.
Deir tú linn, 'Ná bíodh eagla oraibh. Ach amháin creid'.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# CEACHT 4: Tugann Íosa Dlí an Ghrá dúinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Cibé áit a ndeachaigh sé thaispeáin Íosa do dhaoine méid an ghrá a bhí aige dóibh. Bhí sé eolach i gcónaí agus d'fhreagair sé do riachtanais daoine eile. Dúirt sé lena lucht leanúna gur chóir dóibh grá a thabhairt do dhaoine eile faoi mar a thug sé grá dóibh. Trí bheith leis, trí éisteacht leis agus trí bhreathnú air d'fhoghlaimidís conas a leithéid a dhéanamh. Thug sé achoimre ar an méid ba chóir a bheith ar eolas ag a lucht leanúna faoin ngrá agus ar an gcaoi ar chóir dóibh grá a bheith acu do dhaoine eile i nDlí an Ghrá: 'Go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse' (Eoin 13:34).

An tseachtain seo, tosaímid trí iarraidh ar na páistí machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin faoin tábhacht a bhaineann le rialacha agus le dlíthe. Cuidímid leo cuimhneamh ar conas a thaispeáin Íosa grá dóibh siúd ar mhair sé leo agus múinimid Dlí an Ghrá dóibh. Múineadh Dlí an Ghrá mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/ B1, agus rinneadh staidéar ar na himpleachtaí a bhí ann do na páistí féin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ainmneacha páistí an ranga scríofa ar phíosaí páipéir le tarraingt as ciseán/ coimeádán.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Rialacha



Fiafraigh de na páistí a shamhlú go bhfuil duine ann nár chuala riamh faoi conas a imrítear cluiche peile agus go bhfuil orthu anois rialacha an chluiche a mhíniú dóibh. Fiafraigh de na páistí an oiread rialacha den chluiche a liostáil agus is féidir leo - fiú na cinn is bunúsaí. Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- • Céard a tharlódh dá ndéanfadh na páistí neamhaird de na rialacha go léir atá sibh tar éis a liostáil ... Cén chuma a bheadh ar an gcluiche?
- • An bhfuil rialacha tábhachtach? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil siad? An bhfuil sé éasca nó deacair rialacha a leanúint? Cén fáth?
- • An bhfuil rialacha ar scoil? Cad í an riail is tábhachtaí ar scoil, dar leat? Cé acu de rialacha na scoile an bhfuil sé deacair ort í a choinneáil? Cén fáth?

Ansin roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar. Abair leo a shamhlú gur ceannairí iad i dtír nua. Iarr orthu ceithre riail a cheapadh a ba mhaith leo a bheith acu sa tír nua. Tabhair cuireadh do chuid de na grúpaí a gcuid rialacha a roinnt, agus a rá cén fáth go bhfuil siad tábhachtach dá dtír.

## PAIDIR

### An Phaidir (Le gníomhartha)

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá rialacha tábhachtach inár saol. Cabhraíonn siad linn an rud ceart a dhéanamh ionas gur féidir linn maireachtáil le chéile go sona sásta. Theastaigh ó Íosa go mbeadh a lucht leanúna sábháilte agus sásta. Theastaigh uaidh freisin go mbeidis ag guí chun Dé, ár nAthair atá ar neamh. Mar sin, guímis inniu sna focail a thug Íosa dúinn:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)
Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Gráigí a Chéile'

Tosaigh tríd an gcomhrá a bhí ag na páistí le déanaí faoi thábhacht rialacha a thabhairt chun cinn. Cuir an focal 'dlí' in aithne na bpáistí agus mínigh dóibh go bhfuil cosúlacht ann idir dlí agus riail. Inis do na páistí gur thug Íosa, sula bhfuair sé bás, dlí nua dúinn. Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi cad a bheadh sa dlí nua seo agus cá mbeadh an dlí nua seo le fáil. Ansin léigh an scéal, 'Gráigí a Chéile'. Mínigh go dtagann an scéal as an Soiscéal de réir Eoin.



**'Gráigí a Chéile'**
(*Curtha in oiriúint ó Eoin 13:34-35*)
Bhí a fhios ag Íosa go mbeadh sé ag dul ar ais go dtí a Athair ar neamh go luath. Ach bhí a fhios aige freisin go mbeadh sé lena chairde ar bhealach nua amach anseo. Sula bhfuair sé bás, thug sé riail maireachtála dá chairde. Dúirt sé leo: 'Tugaigí grá dá chéile. Faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. Má tá grá agaibh dá chéile, ansin beidh a fhios ag gach duine gur deisceabail liomsa sibh.'

Tar éis an scéal ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur cosúil le: 'Cá raibh ar eolas ag Íosa go gcaithfeadh sé dul ann? 'Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh tú ag súil go dtabharfadh Íosa riail den chineál seo dá chairde? Tugann daoine áirithe 'Dlí an Ghrá' ar an riail seo. Cén fáth, dar leat, a thugann siad an teideal sin air?
- N'fheadar ... cén fáth ar roghnaigh Íosa an riail seo a thabhairt dá dheisceabail?
- An dóigh leat gur riail mhaith í? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú? An mbeadh sé ina riail mhaith dúinn a bheith againn sa rang againn? Sa bhaile? Sa phobal? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé?

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cara Rúnda

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí an riail sin a thug Íosa dá lucht leanúna sula bhfuair sé bás, a thabhairt chun cuimhne. Mínigh go n-iarrann Íosa ar na páistí i do rang cloí le Dlí an Ghrá freisin toisc gurb iadsan a lucht leanúna freisin. Déan comhrá faoi seo agus na ceisteanna seo nó a leithéid á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat am nuair a rinne duine éigin sa seomra ranga seo rud éigin cineálta duit? Conas a bhí an duine sin ag leanúint 'Dlí an Ghrá' a thug Íosa dúinn?
- N'fheadar… cad a tharlódh dá mbeadh cara rúnda agat sa rang seo - duine a bhí i gcónaí ag cabhrú leat, ach nach raibh a fhios agat cérbh iad - cad a d'fhéadfadh an duine sin a dhéanamh duitse?

Mínigh do na páistí go bhfuil siad uile chun 'cara rúnda' sa rang a fháil ar feadh lá amháin. Mínigh go roghnóidh gach duine acu ainm duine éigin sa rang ó do chiseán/choimeádán. Ní cóir dóibh ainm an duine a insint d'éinne, ach ba chóir dóibh iarracht speisialta breise a dhéanamh chun grá a thaispeáint don duine sin don chuid eile den lá, trí chuid de na rudaí a mhol siad a dhéanamh níos luaithe.

Léigh na 'Rialacha do Chairde Rúnda' seo a leanas do na páistí, agus iarr ar gach duine aontú leo:

- Ná habair le duine ar bith an t-ainm a roghnaigh tú
- Ná fiafraigh de do chairde ranga cé na hainmneacha a phioc siad
- Ná caith aon airgead chun do ghrá a thaispeáint dod' 'chara rúnda'

Ansin cuir an ciseán/coimeádán, ina bhfuil ainmneacha na bpáistí, timpeall an ranga agus lig do gach páiste ainm amháin a roghnú as.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 14: Déanann na páistí machnamh ar Dhlí an Ghrá.

### Sa Bhaile

Lch. 15: Déanann na páistí machnamh ar an gcaoi ar féidir leo grá a thaispeáint do dhaoine eile, mar a d'iarr Íosa, agus comhrá a dhéanamh faoi conas is féidir leo an rud céanna a dhéanamh. Tá paidir ann freisin le rá le chéile.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá go leor rialacha agus dlíthe inár saol. Thug Íosa riail an-tábhachtach dúinn: 'Gráigí a chéile faoi mar a thug mise grá daoibh'. Glaoimid Dlí an Ghrá ar an riail seo. Is iomaí bealach is féidir linn a roghnú chun Dlí an Ghrá a leanúint.

## AG COMHRÁ

### Faoinár gCairde Rúnda

Tosaigh trí na rialacha thuas do chairde rúnda a thabhairt chun cuimhne:

- • Ná habair le duine ar bith an t-ainm a roghnaigh tú
- • Ná fiafraigh de do chairde ranga cé na hainmneacha a phioc siad
- • Ná caith aon airgead chun do ghrá a thaispeáint dod' 'chara rúnda'

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:
• Ar thug tú faoi deara go raibh cara rúnda agat? Taispeáin 'thumbs up' dom le haghaidh sea agus 'thumbs down' le haghaidh ní hea. Má thug tú faoi deara, cad a tharla chun a thaispeáint duit go raibh cara rúnda agat?
• Ar mhothaigh sé go maith a bheith i do chara rúnda? Cén fáth? Nó cén fáth nár mhothaigh?
• N'fheadar… an rang é ár rang ina bhfuil grá againn dá chéile ar an mbealach a bhfuil grá ag Íosa dúinn? Conas is féidir linn é sin a thaispeáint?

Cuir i gcuimhne do na páistí gur minic a mhothaíonn sé go maith grá a fháil, ach mothaíonn sé go maith grá a thaispeáint dó daoine eile freisin. B'é seo a bhí á rá ag Íosa nuair a thug sé Dlí an Ghrá dúinn. Tá Íosa ag iarraidh orainn grá a thabhairt do dhaoine eile faoi mar a rinne seisean.

Ansin cuir rialacha a gcuid tíortha samhlaithe i gcuimhne na bpáistí. Déan comhrá mar gheall ar na rialacha sin i bhfianaise Dhlí an Ghrá.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis smaoineamh ar Dhlí Ghrá Íosa. Bímis ciúin ar dtús agus smaoineamh a dhéanamh faoi conas is féidir linn grá a thaispeáint do dhaoine eile díreach mar a rinne Íosa. (*Sos*)

Abraimis Dlí an Ghrá le chéile: 'Tabhair grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse'.
**P:** Tabhair grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse.

**M:** A Íosa, tá do theachtaireacht soiléir.
**P:** Tabhair grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse.

**M:** Is féidir linn a roghnú do Dhlí an Ghrá a leanúint.
**P:** Tabhair grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse.

**M:** Tabharfaidh do Dhlí an Ghrá sonas dúinn féin agus do dhaoine eile.
**P:** Tabhair grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Thaispeáin tú grá do gach duine a bhuail leat.
Dúirt tú le do lucht leanúna grá a thabhairt do dhaoine eile, faoi
mar a rinne tú féin.
Cabhraigh linn do shampla a leanúint. Cabhraigh linn maireachtáil cosúil leat.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# CEACHT 5: Tagann leanúnaithe Íosa le chéile ag an Aifreann

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Seo an chéad cheann i sraith ceachtanna ar an Aifreann in *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4. Sa cheacht seo tabharfar na páistí isteach ar na paidreacha agus ar na freagraí a bhaineann leis an gcuid seo den Aifreann (na Deasghnátha Tosaigh), agus léiríonn an tseirbhís urnaí ag deireadh an téama seo an chuid sin den Aifreann.

Ceann de phríomhphrionsabail *I nGrá Dé* ná go gcuirtear an t-Aifreann faoi bhráid na bpáistí diaidh ar ndiaidh. In *I nGrá Dé* do na Naíonáin Shóisearacha/ B1, d'fhoghlaim siad go dtagann cairde Íosa le chéile sa séipéal ar an Domhnach chun buíochas a ghabháil le Dia. 'Sna Naíonáin Shinsearacha/B2, tugadh na páistí isteach ar an pharóiste. In *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3, d'fhoghlaim na páistí faoi na daoine a chuidíonn linn an tAifreann a cheiliúradh: an sagart, an sacraisteoir, freastalaithe na haltóra agus an cór. Thosaigh siad ag iniúchadh freisin ar na codanna éagsúla den Aifreann. Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí go dtosaíonn an tAifreann le hamhrán bailithe, le *Comhartha na Croise* agus leis an mbeannú: 'Go raibh an Tiarna libh'. I mbliana, foghlaimíonn na páistí faoin nGníomh Aithrí mar chuid eile de na Deasghnátha Tosaigh.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi chathain a thagann leanúnaithe Íosa le chéile

Tosaigh trí ghlao Íosa ar an dáréag aspal a thabhairt chun cuimhne ag baint úsáid as Póstaer 1. Ansin téigh ar ais ar chuid de na ceisteanna ó 'Mairimis' den cheacht, 'Is leanúnaithe Íosa sinn' (Téama 1, Ceacht 3):

- Má tá Íosa ar neamh le Dia, agus má tá na haspail ann freisin, an gciallaíonn sé sin nach bhfuil aon leanúnaithe d'Íosa fágtha ar domhan? Cé nach féidir linn Íosa a fheiceáil anois mar a d'fhéadfadh na haspail nuair a bhí sé ar domhan, tá Íosa fós i láthair lena leanúnaithe inniu. An féidir leat smaoineamh ar aon duine atá ina leantóir d'Íosa inniu? Cá bhfios duit gur leantóir d'Íosa iad? Conas a ghníomhaíonn siad? Cad a deir siad?

Ansin déan comhrá breise faoi na rudaí a dhéanann leanúnauthe Íosa inniu ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil áit ann ina thagann leanúnaithe uile Íosa, a chónaíonn i gceantar áirithe, le chéile?
- Cén lá a dtagann go leor de na daoine seo le chéile? Cad a dhéanann siad le chéile?
- Glaoimid 'An tAifreann' ar an gceiliúradh a bhíonn ag leanúnaithe Íosa gach Domhnach nuair a bhailíonn siad le chéile. An raibh tú riamh ag an Aifreann? Cé leis/léi a ndeachaigh tú ann? Cad a tharla ag an Aifreann? Tá Íosa in éineacht lena leanúnaithe inniu ar bhealach an-speisialta nuair a fhaigheann siad é sa Chomaoineach Naofa ag an Aifreann.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Cé mise?

Tabhair isteach an ghníomhaíocht idirghníomhach, Cé mise? Sa ghníomhaíocht seo meaitseálann na páistí na haltanna thíos, a léann an múinteoir, leis na daoine a bhíonn ag obair sa séipéal (sagart, freastalaí na haltóra, sacraisteoir, ball den chór).

**Sagart:** Cuidíonn an duine seo linn aithne níos fearr a chur ar Dhia agus faoin ngrá atá ag Dia dúinn. Bíonn sé i gceannas na ndeasghnátha nuair a théimid go dtí an séipéal. Bíonn duine mar seo ag obair i ngach paróiste. Is éard atá i bparóiste ná ceantar ina bhfuil cónaí ar na daoine i dteaghlach Dé. Cén tainm atá ar an bparóiste seo? Cé atá i gceist agam?

**Sacraisteoir:** Osclaíonn agus dúnann an duine seo an séipéal, a chinntiú go bhfuil sé te agus fáilteach. Lasann sé/sí coinnle agus déanann sé/sí cinnte de go mbíonn gach rud a theastaíonn ón sagart don Aifreann aige. Cé atá i gceist? An bhfuil a fhios agaibh cé hé/hí an sacraisteoir sa pharóiste seo? Mura bhfuil an freagra againn, iarraimid ar an sagart an chéad uair eile a fheicimid é.

**Freastalaithe na hAltóra:** Cuidíonn na daoine seo leis an sagart le linn an Aifrinn trí rudaí a dhéanamh cosúil leis an gcros a iompar ag tús an Aifrinn agus cabhair a thabhairt don sagart ag an altóir. Cé atá i gceist? An bhfuil aithne agaibh ar aon duine atá ina fhreastalaí altóra? Cad a cheapann tú gur maith leo faoi a bheith mar fhreastalaí altóra?

**An Cór:** Cabhraíonn an grúpa seo le daoine eile canadh ag an Aifreann. Cad atá i gceist? An bhfuil aithne agaibh ar aon duine atá mar bhall de chór an tséipéil? Ar chuala sibh cór eaglaise ag canadh riamh? Cathain?

Ansin fiafraigh:
• N'fheadar… cad a tharlódh mura rachadh éinne ar Aifreann? Dá mbeadh na doirse oscailte ag an sacraisteoir, na hamhráin ullmhaithe ag an cór, an sagart agus freastalaithe na haltóra réidh, ach gan aon duine ann. An mbeadh sé sin go maith? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, guímis ar son na daoine go léir a leanann Íosa. Tosóidh mise trí ghuí a dhéanamh ar son ... (*guigh ar son duine éigin a bhfuil aithne agat orthu*).

**M:** Cé eile a ghuímid ar a son inniu?

*Iarr ar na páistí a gcuid paidreacha a ofráil.*

**M:** A Íosa, ár gcara,
Beannaigh do lucht leanúna scaipthe ar fud an domhain.
Cabhraigh linn grá a thabhairt dá chéile, díreach mar a d'iarr tú orainn.
Áiméan.


*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### Faoin bPictiúr (Ar Líne)



Tosaigh tríd an bpictiúr den teaghlach ina suí le chéile le haghaidh dinnéar na Nollag (ar líne) a thaispeáint. Déan comhrá faoin bpictiúr ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén chuma atá ar bhaill an teaghlaigh seo? Féach timpeall an tseomra… Cad a cheapann tú a tharla dóibh a rinne chomh crosta agus chomh brónach iad?
- An gceapann tú go mbeidh ceiliúradh maith ag an dteaghlach seo? Cén fáth nó cén fáth nach mbeidh?
- Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh an teaghlach a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gceiliúradh seo?

## GNÍOMH AITHRÍ

Mínigh do na páistí, gur minic a bhraithimid ar buile le duine éigin eile, nuair a théimid ar Aifreann. B'fhéidir go raibh troid againn lenár ndeartháir nó deirfiúr, nó b'fhéidir gur inis muid bréag. B'fhéidir go rachaimid ar Aifreann ag breathnú díreach cosúil leis an dteaghlach (thuas) sa phictiúr de Dhinnéar na Nollag! Níl Íosa ag iarraidh orainn a bheith ag troid le daoine eile. Mar sin, ag tús an Aifrinn, tá seans againn gníomh aithrí a dhéanamh as an méid a rinneamar mícheart, agus a thabhairt chun cuimhne go bhfuil grá ag Dia dúinn i gcónaí agus go dtugann sé maithiúnas dúinn. Ansin guíonn an sagart maithiúnas Dé orainn, 'Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn.'

- Le linn an chuid seo den Aifreann, gabhaimid buíochas le Dia as a bheith grámhar agus maiteach dúinn, go háirithe nuair nach mhaireamar mar a d'iarr Íosa orainn. Cén fáth, dar libh, a dhéanaimid é seo ag tús an Aifrinn?
- Teastaíonn ó Íosa go mbeadh a lucht leanúna lúcháireach, agus tá a fhios aige go ndéanann a lucht leanúna botúin uaireanta. An gceapann tú go dtabharfaidh Íosa maithiúnas dá lucht leanúna i gcónaí? Is féidir linn maithiúnas Íosa a iarraidh trí, 'A Thiarna, déan trócaire', 'A Chríost, déan trócaire' a rá agus ansin 'A Thiarna, déan trócaire' a rá arís. Ainmneacha eile atá againn ar Íosa is ea 'Tiarna' agus 'Críost'.
- Cad eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh, tar éis an Aifrinn, chun a thaispeáint nár mhaireamar mar a d'iarr Íosa orainn? Cad a dfhéadfaimis a rá le daoine a rinneamar dochar dóibh?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Go minic bíonn an fhaoistin ghinearálta (Confiteor) mar chuid den ghníomh aithrí. Foghlaimeoidh na páistí an fhaoistin ghinearálta, líne i ndiaidh a chéile, nuair a bheidh Téama 5 (Athmhuintearas) ar siúl acu.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 16: Foghlaimíonn na páistí faoin méid a tharlaíonn ag Deasghnátha Tosaigh an Aifrinn.

### Sa Bhaile

Lch. 17: Léann agus meabhraíonn na páistí focail na bpaidreacha a deirtear le linn na Deasghnátha Tosaigh. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin Aifreann agus plean a dhéanamh dul chuig an Aifreann le chéile.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ar an Domhnach, bailíonn lucht leanúna Íosa le chéile le haghaidh ceiliúradh ar a dtugtar an tAifreann. Le linn an chéad chuid den Aifreann, déanaimid *Comhartha na Croise*, agus cuireann an sagart fáilte romhainn. Ansin, cuimhnímid ar ghrá Dé, agus ar thrócaire Dé toisc nár mhaireamar de réir mar a d'iarr Íosa orainn. Iarraimid maithiúnas ar Dhia. Tá a fhios againn má bhíonn brón orainn as na rudaí míchearta a rinneamar, maithfidh Dia dúinn i gcónaí. Ina dhiaidh sin, táimid réidh leis an chuid eile den Aifreann a cheiliúradh le chéile.


## GNÍOMHAÍOCHT

### Cuireadh

Mínigh do na páistí go dtugann Íosa cuireadh dá leanúnaithe teacht le chéile gach Domhnach chun ceiliúradh a dhéanamh ag an Aifreann. Sin mar a dhéanaimid ceiliúradh go bhfuil Íosa á leanúint againn. Ní dhéanaimid ceiliúradh linn féin, ach le daoine eile. Ansin tabhair píosa cairtpháipéir do gach páiste, agus taispeáin dóibh conas cárta a dhéanamh.

Deir an taobh amuigh den chárta, 'Is mise Íosa a thugann cuireadh duit bailiú le chéile le mo leanúnaithe eile gach Domhnach ag an Aifreann.'

Ansin tabhair cuireadh do na páistí a bhfreagraí féin a scríobh leis an gcuireadh seo ar an taobh istigh den chárta, agus ansin é a shíniú. Ansin is féidir leo é a thabhairt abhaile le taispeáint dá gcuid tuismitheoirí agus teaghlaigh.






# Seirbhís Urnaí

## Téama: Íosa

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh seachtar páiste chun a bheith páirteach i gcruthú an spáis urnaí i sanctóir an tséipéil (thart ar an altóir). Cuir páiste amháin i bhfeighil gach ceann de na nithe seo a leanas: éadach glas; Bíobla; coinneal; Póstaer 2; cuid de shaothar ealaíne 'lámh' na bpáistí; na meirigí beaga le 'Ná bíodh eagla oraibh, ach amháin creid' agus 'Dlí an Ghrá' scríofa orthu. Beidh ort na nithe seo go léir a thabhairt go dtí an séipéal leat.*

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Táimid tar éis níos mó faoi Íosa a fhoghlaim le seachtainí beaga anuas. Ceiliúraimid an méid atá foghlamtha againn trínár spás urnaí a chruthú. Suímis ar feadh nóiméid.

**M:** Cuirimid an t-éadach glas sa spás urnaí. Cuireann an dath glas, na nithe seo a leanas i gcuimhne dúinn: an féar, na crainn, maitheas chruthú Dé.

*Cuireann an chéad pháiste an t-éadach glas sa spás urnaí*

**M:** Chualamar roinnt scéalta leighis ón mBíobla le déanaí. Tugann Briathar an Tiarna Dea-Scéala ghrá Dé dúinn.

*Cuireann an dara páiste an Bíobla sa spás urnaí*

**M:** Anois, tógfaimid ár gcoinneal ranga go dtí an spás urnaí. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go mbíonn Dia anseo linn i gcónaí.

*Cuireann an tríú páiste an coinneal sa spás urnaí. Lasann an múinteoir an coinneal*

**M:** Chaith Íosa a shaol ina chónaí agus ag obair in áiteanna éagsúla. Cuirimid an léarscáil de Iosrael sa spás urnaí chun na háiteanna go léir a léirigh sé grá do dhaoine, a chur i gcuimhne dúinn.

*Cuireann an ceathrú páiste Póstaer 2 sa spás urnaí*

**M:** Leigheas Íosa máthair chéile Shíomóin Peadair nuair a chuir sé lámh uirthi agus chabhraigh sé léi éirí. Is féidir linn ár lámha a úsáid freisin, chun cabhrú le daoine a bheith níos fearr.

*Cuireann an cúigiú páiste na 'lámha' sa spás urnaí*

**M:** Níl aon ní dodhéanta do Íosa. An tseachtain seo caite, d'fhoghlaimíomar faoi conas a thug sé iníon Iárais ar ais ar an saol. Iarrann Íosa orainn gan a bheith eaglach. Teastaíonn uaidh go mbeadh muinín againn as, agus a chreidiúint go mbíonn sé i gcónaí linn.

*Cuireann an séú páiste an meirge beag le 'Ná bíodh eagla oraibh, ach amháin creid' scríofa air, sa spás urnaí*

**M:** Léirigh Íosa grá do gach duine a bhuail sé leis/léi. D'iarr sé ar a lucht leanúna grá a thabhairt dá chéile díreach mar a thug sé grá dóibh. B'shin Dlí an Ghrá.

*Cuireann an seachtú páiste an meirge beag le 'Dlí an Ghrá' scríofa air, sa spás urnaí*

**M:** Féachaimis ar na siombailí seo go léir sula gcuirimid tús lenár bpaidreacha. (*Sos*)

*Iarr ar na páistí seasamh*

**M:** Bailíonn cairde Íosa le chéile i séipéil ar fud an domhain gach Domhnach. Cruinnímid le chéile le guí chun Dé, díreach mar a mhúin Íosa dúinn. Creidimid go bhfuil grá ag Dia dúinn, agus go mbeidh grá aige dúinn i gcónaí. Agus seo ar eolas againn, cuirimid tús lenár seirbhís urnaí ag cuimhneamh ar ghrá agus ar mhaithiúnas Dé dúinn as na huaireanta nuair nach rabhamar ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn; uaireanta nuair nár thugamar grá do Dhia nó do dhaoine eile. Déanaimis smaoineamh ar na huaireanta sin anois (*Sos*).

**M:** A Thiarna Íosa, bhí tú cairdiúil le cách. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** A Íosa Críost, tháinig tú chun a insint dúinn faoi Dhia. A Chríost, déan trócaire.
**P:** A Chríost, déan trócaire.

**M:** A Thiarna Íosa, léirigh tú dúinn go bhfuil grá ag Dia do gach duine. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** Tá a fhios againn go mbeidh trócaire ag Dia dúinn uile. Teastaíonn uaidh ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn. Agus, lá amháin, tá súil againn a bheith inár gcónaí leis ar neamh.
**P:** Áiméan.

**M:** Ag an Aifreann, éistimid le sliocht ó na Soiscéil. Éistimis anois le scéal ón Soiscéal.

*Is féidir leat an scéal seo a léamh ón* mBíobla Naofa, *freisin (Eoin 13:34-35):*


**Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh.**

**M:** Is é seo 'Dlí an Ghrá' a thug Íosa dá lucht leanúna. Is sinne lucht leanúna Íosa freisin. N'fheadar ... Cad iad na bealaí gur féidir linn Dlí Ghrá Íosa a leanúint inár dtithe, scoileanna agus pobail?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** A Íosa, ár gceannaire,
Bhí go leor lucht leanúna agat nuair a bhí cónaí ort ar domhan.
Tá go leor lucht leanúna in éineacht leat ar neamh.
Is cuid de do lucht leanúna sinn freisin. Tá a fhios againn go bhfuil tú fós inár measc.
Cabhraigh linn ár ngrá duit féin agus do dhaoine eile a thaispeaint trí chuidiú lena chéile, trí ghuí chugat, agus trí dhul ar Aifreann.
Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.



Iarúsailéim

Beithil

Nazarat

Muir na Gailíle

1. Déanann Íosa an stoirm ar Mhuir na Gailíle a mhaolú

2. Cothaíonn Íosa cúig mhíle duine le dhá iasc agus cúig builín aráin

3. Tagann Íosa i láthair a chairde tar éis an Aiséirí

4. Glaonn Íosa ar na hiascairí Peadar agus Aindrias é a leanúint

5. Múineann Íosa na daoine faoi Dhia

6. Leigheasann Íosa an fear nach bhféadfadh siúl


'Tugaim cuireadh duit teacht le chéile le mo leanúnaithe gach Domhnach ag an Aifreann.'


'Tugaim cuireadh duit teacht le chéile le mo leanúnaithe gach Domhnach ag an Aifreann.'

# Téama 4: Cloisimid Briathar Dé ag an Aifreann

## Ceacht 1: Níl aon ní dodhéanta ag Dia
## Ceacht 2: Ag an Aifreann bímid ag éisteacht

### ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

#### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil
- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste

#### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Plean grámhar Dé don Slánú**

- 1 Sam 17: 1-50. Dáiví agus Góla

#### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí**

- Leis 'An Phaidir' mhúin Íosa dá lucht leanúna conas guí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**

- Freagraí uile an Aifrinn

**Na Sacraimintí**

- Cabhraíonn Briathar Dé liom an difríocht idir an rud ceart agus an rud mícheart a aithint

**An tAifreann: Struchtúr an Aifrinn (Liotúirge an Bhriathair)**

- Nuair a léimid os ard as an Scrioptúr Naofa táimid ag craobhscaoileadh Briathar Dé

### ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

#### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*A. Briathar Dé.*

- Gur briathar Dé é an Bíobla.
- Go raibh na Scrioptúir ar eolas ag Íosa.

# Ceacht 1: Níl aon ní dodhéanta ag Dia

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ag an Aifreann, éistimid le scéalta ón Sean Tiomna agus ón Tiomna Nua. An tseachtain seo, cloisfidh na páistí scéal Dháiví agus Ghóla ón tSean Tiomna. Séard atá i scéal Dháiví agus Ghóla ná scéal faoi conas a bhuann an rud atá lag thar an rud atá cumhachtach. Sampla is ea é de scéal a d'fhéadfaí a fhógairt mar an chéad léacht ag an Aifreann.

Nuair a bhí Dáiví cúig bhliain déag d'aois, seoladh é chun bia a thabhairt dá dheartháireacha is sine a bhí ag troid i gcoinne na bhFilistíneach. Dhá uair gach lá ar feadh daichead lá, thug Góla, laoch na bhFilistíneach, dúshlán do na hIosraeilítigh a laoch féin a sheoladh amach chun toradh an chatha a chinneadh i gcomhrac aonair. Le comhaontú Sóil, ghlac Dáiví leis an dúshlán agus, ag diúltú armúr Shóil, thug sé aghaidh ar an bhfathach Góla lena chrann tabhaill agus cúig chloch. Lena muinín i gcumhacht an Tiarna, agus gan é a bheith i gclaíomh ná in armúr, mharaigh Dáiví Góla le cloch amháin. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis, is cuma cé chomh deacair is a bhí an tasc - níl aon ní dodhéanta ag Dia.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cúig chloch bheaga
- Cré nó marla


# Féachaimis …

## SCÉAL


### 'An Giorria agus an Toirtís'

Tosaigh trí phictiúir de ghiorria agus toirtís a thaispeáint do na páistí, agus mínigh dóibh cé chomh tapaidh is atá an bheirt acu. Ansin, inis an scéal 'An Giorria agus an Toirtís', dóibh - i d'fhocail féin más féidir seachas é a léamh go díreach ón téacs.

**'An Giorria agus an Toirtís'**




Bhí giorria ann tráth agus d'fhéadfadh leis rith an-tapa. Bhí sé chomh tapa leis an ngaoth ... vroooom. Bhí sé gaisciúil agus bródúil agus bhíodh sé i gcónaí ag insint do na créatúir go léir eile cé chomh tapa is a bhí sé. D'inis sé dóibh go raibh sé níos fearr ná gach ceann acu agus go bhféadfadh sé é sin a chruthú dóibh i rás. Ach theastaigh uaidh a bheith cinnte de go mbuadh sé, mar sin roghnaigh sé an t-ainmhí is moille sa tír, an



toirtís, agus thug sé dúshlán di rás a rith ina choinne.

Ghlac an toirtís lena dhúshlán agus thosaigh sí ag ullmhú go crua don rás, fad is a bhí an giorria ag siúl thart agus ag maíomh go raibh sé chun náire a chur ar an dtoirtís agus ceap magaidh a dhéanamh di.

Tháinig lá an rása. Chuaigh an toirtís ar




aghaidh go mall seasta, cé go raibh an giorria ag damhsa agus ag gáire fúithi. Bhí ainmhithe eile ag gáire freisin, an coinín, an broc, agus fiú an ghráinneog bheag ina measc.

D'éirigh an giorria traochta as an rince ar fad, agus mar sin shocraigh sé ar sos beag a ghlacadh. Thit sé ina chodladh ach nuair a dhúisigh sé, thuig sé go raibh cúpla uair an chloig imithe agus nach raibh sé in ann an toirtís a fheiceáil in áit ar bith. Bhí an giorria trína chéile agus rith sé an rás ar fad chomh tapa agus a




d'fhéadfadh sé.

Nuair a shroich sé barr an chnoic deiridh, d'fhéadfadh sé an chríochlíne a fheiceáil, ach mo léan, chonaic sé an toirtís ag siúl go mall thar na líne. Bhuaigh an toirtís an rás! Thit an giorria agus déistin air. Bhí aoibh áthais ar an dtoirtís.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén dá ainmhí a thóg páirt sa rás?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cé a cheap tú a bhí chun an rás a bhuachan ag tús an scéil?
- Conas a mhothaigh an giorria ag tús an rása, dar leat? An cuimhin leat am nuair a bhraith tú mar seo? Abair linn faoi.
- Conas a mhothaigh an toirtís ag deireadh an rása, dar leat? Ar mhothaigh tú cosúil leis riamh? Cad a déarfá leis an toirtís ag deireadh an rása?
- Cad is féidir leat a fhoghlaim ón scéal seo?

# PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Bhain ár scéal inniu le toirtís a bhuaigh rás i gcoinne an chréatúir ba thapúla in aice leis. Uaireanta, is dóigh linn go mbíonn rudaí ró-dheacair dúinn agus is féidir linn misneach a chailliúint. Uaireanta eile, is dóigh linn go bhfuilimid níos fearr ná daoine eile agus déanaimid mórtais as nithe éagsúla. Guímis chun Dé chun cabhair a iarraidh air. Is féidir libh na paidreacha a athrá i mo dhiaidh.

**M:** A Thiarna, cabhraigh linn gan misneach a chailliúint.
**P:** A Thiarna, cabhraigh linn gan misneach a chailliúint.

**M:** A Thiarna, cabhraigh linn gan a bheith ag déanamh mórtais as rud ar bith.
**P:** A Thiarna, cabhraigh linn gan a bheith ag déanamh mórtais as rud ar bith.

**M:** A Thiarna, cabhraigh linn foighne agus cineáltas a bheith againn.
**P:** A Thiarna, cabhraigh linn foighne agus cineáltas a bheith againn.

**M:** Déanaimid ár bpaidreacha trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Dáiví agus Góla'

Tosaigh trí mheasúnú a dhéanamh ar réamh-eolas na bpáistí ar Dháiví. Ansin inis dóibh go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh faoi eachtra a tharla nuair a bhí Dáiví cúig bhliain déag d'aois. Is scéal ón mBíobla é a bheadh cloiste ag Íosa agus é ina bhuachaill óg.

Taispeáin Póstaer 4 do na páistí agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an méid a fheiceann siad ann. Múin stór focal ábhartha dóibh, focail cosúil le: armúr, sciath, ga, crann tabhaill srl. Inis do na páistí gur tugadh Góla ar an bhfear mór, agus go raibh sé trí mhéadar ar airde. Taispeáin do na páistí cé chomh hard is atá sé sin i gcomparáid leatsa. Fiafraigh díobh cad a cheapann siad a tharlódh sa scéal. Ansin léigh an scéal, 'Dáiví agus Góla'.

**'Dáiví agus Góla'**

(*Curtha in oiriúint ó 1 Sam. 17:1-52*)



Bhí Dáiví agus a theaghlach ina gcónaí in Iosrael. Ag an am sin, bhí Iosrael ag troid le grúpa daoine darbh ainm na Filistínigh. Filistíneach ab ea Góla agus fathach a bhí ann. I ndairíre, bhí sé níos mó ná trí mhéadar ar airde! Lá amháin, tháinig arm na bhFilistíneach chun na hIosraeilítigh a ionsaí, mar sin chuaigh arm na nIosraeilíteach amach chun iad féin a chosaint. Bhí deartháireacha Dháiví san arm, ach ní raibh Dáiví féin. Ach d'iarr Ieise, athair Dháiví, air, dul go dtí an láthair chatha chun roinnt bia a thabhairt chuig a chuid deartháireacha. D'aontaigh Dáiví, agus as go brách leis.

Fad is a bhí sé ag siúl, chonaic Dáiví an fathach Góla. Bhí sé ollmhór! Bhí sé os cionn trí mhéadar ar airde, chaith sé armúr cré-umha a mheá an oiread agus is duine amháin! Chaith sé clogad cré-umha chomh maith a shoilsigh sa ghrian, agus d'iompaigh sé ga cré-umha thar a ghualainn. Theastaigh ó Ghóla troid in aghaidh an saighdiúir is fearr in arm na nIosraeilíteach agus gach lá, chuir sé dúshlán amach d'aon cheann acu teacht agus dul i ngleic leis. 'Roghnaigh ceann amháin de do chuid fear chun troid liom,' a deireadh sé. 'Má bhíonn an bua aige agus má mharaíonn sé mé, beimid go léir mar sclábhaithe agaibh; ach má bhíonn an bua agam agus é a mharú, beidh sibhse mar sclábhaithe againne. Anseo agus anois tugaim dúshlán do arm na nIosraeilíteach. Pioc duine éigin chun dul i ngleic liom!' Ach bhí eagla ar gach ceann de na saighdiúirí in arm na nIosraeilíteach, agus níor theastaigh ó aon duine acu dul i ngleic le Góla.

An lá sin, nuair a bhí bia dá chuid deartháireacha á iompar ag Dáiví go dtí an láthair chatha, d'fhéadfadh sé dúshlán an fhathaigh a chloisteáil. Tar éis smaoineamh ar feadh nóiméid, chuaigh Dáiví go rí na nIosraeilíteach, Rí Sól, agus dúirt leis go dtroidfeadh sé in aghaidh Góla. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis, mar sin ní raibh eagla air. Ar dtús, shíl an Rí Sól gur amadán a bhí i nDáiví, ach d'fhéadfadh sé a fheiceáil go raibh cinneadh ag an mbuachaill. Mar sin, thug Sól  a armúr do Dháiví le caitheamh. Ach thuig Dáiví go luath go raibh an armúr ró-mhór agus ró-throm dó, mar sin níor úsáid sé é. Ina áit sin, chuaigh Dáiví ag siúl taobh le sruth – áit ar roghnaigh sé cúig chlocha bheaga agus chuir iad ina mhála.

*Ag an bpointe seo, cuir na cúig chlocha síos, ceann ar cheann, sa spás urnaí.*

Nuair a chonaic Góla Dáiví gháir sé, ach ba chuma le Dáiví é seo. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis. Chuir sé ceann amháin de na clocha a bhí bailithe aige isteach ina chrann tabhaill. Ansin rith sé i dtreo an fhathaigh agus lig le cloch amháin eitilt. Bhuail an chloch Góla ar an gclár éadain agus thit an fathach go talamh ... marbh. Nuair a chonaic na Filistínigh go raibh a laoch marbh, rith siad ó arm na nIosraeilíteach.

Tar éis an scéal ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur cosúil le: 'Cén dá arm a bhí ag troid lena chéile?'
Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh deartháireacha Dháiví nuair a chonaic siad é ag dul i ngleic le Góla gan armúr agus gan fíor-airm ar bith?
- N'fheadar ... an gceapann tú go raibh Dáiví scanraithe beagáinín? Cad a chuidigh leis a bheith cróga?
- Cén chuid den scéal ab fhearr libh? An gceapann sibh gur thaitin le hÍosa an scéal seo a chloisteáil nuair a bhí sé ag fás aníos? Cén fáth nó cén fáth nár thaitin

## DÁN

### 'Dáiví agus Góla'

Déan athbhreithniú ar scéal Dháiví agus Ghóla tríd an dán seo a leanas a léamh do na páistí.

**Dáiv**í agus Góla
Góla Mór,
Sliabh in airde,
Ina sheasamh mar túr
In aghaidh na spéire.
Tugann a arm
Gáir ard breá,
Ligeann Góla búir
Agus croitheann a shleá.

Tá Dáiví óg
Gan sciath, gan claíomh,
An t-aon armúr aige
Ná sa Tiarna iontaoibh.
Ar pháirc an chatha
Ina sheasamh go hiargúlta
Bhí istigh ina láimh,
Cloch – arm rúnda.

Casann Dáiví óg
A thabhall beag bídeach
Agus le luath na méar
Seolann urchar cruinn nimhneach
Téann an chloch go díreach isteach
I lár na súile – Ó an fathach
Le caoineadh uafásach;
Góla ag luascadh,
Góla ag béicíl,
Agus i bpreab na súl
Góla ar fóraoil.
Tuairteann sé síos
Ar an mhacaire uaigneach
Fathach mór marbh
Ag tabhall beag bídeach.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Freagra Cruthaitheach ar an Scrioptúr

Tosaigh trí scéal Dháiví agus Ghóla a thabhairt chun cuimhne na bpáistí. Déan cinneadh ar roinnt radhairc mhóra. Ansin roinn na páistí i ngrúpaí beaga, agus tabhair cuireadh dóibh na carachtair ina gcuid radharc a chruthú ag baint úsáid as cré, marla nó ábhar éigin eile a bheadh oiriúnach. D'fhéadfadh na páistí i ngach grúpa script a chruthú agus na figiúirí a bhogadh chun an scéal a insint.

Tugann an ghníomhaíocht seo deis chun físeán a chruthú. Is féidir leis na páistí íomhá dhigiteach de na carachtair i ngach radharc a thógáil. Ansin is féidir na híomhánna seo go léir a uaslódáil ar an ríomhaire agus físeán beochana a chruthú trí úsáid a bhaint as bogearraí oiriúnacha.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 24: Scrúdaíonn na páistí scéal Dháiví agus Ghóla.

### Sa Bhaile

Lch. 25: Léann páistí focail an tsailm, 'Is é an Tiarna m'Aoire' lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh faoin gcaoi a raibh a fhios ag Dáiví go raibh Dia in éineacht leis agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Dia i gcónaí linn freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhí Dáiví cúig bhliain déag d'aois, mharaigh sé an fathach Góla i gcath. Bhí Góla i bhfad níos mó agus níos láidre ná Dáiví, ach ní raibh eagla ar Dháiví. Bhí a fhios aige go raibh Dia in éineacht leis, is cuma cé chomh deacair is a bhí an tasc os a chomhair.

## AG COMHRÁ

### Faoi Dhúshláin

Remind the children that, just as God was with Cuir i gcuimhne na bpáistí, go mbíonn Dia in éineacht linn, díreach mar a bhí sé in éineacht le Dáiví freisin, is cuma cad a tharlaíonn dúinn. Déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Smaoinigh ar do shaol féin … an bhfuil rudaí le déanamh agat atá deacair?
- An gcabhraíonn sé leat nuair a smaoiníonn tú go mbíonn Dia in éineacht leat, mar do aoire, agus tú ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán seo?
- Cad iad na rudaí deacra a bhí ar Íosa aghaidh a thabhairt orthu ina shaol? Cad a chuidigh leis aghaidh a thabhairt orthu seo, dar leat?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair atá rud éigin deacair romhainn a chuireann eagla nó brón orainn, ba chóir dúinn cuimhneamh:

'Tá' *(Cuir an chéad chloch síos go mall)*
'Dia' *(Cuir an dara cloch síos go mall)*
'in' *(Cuir an tríú cloch síos go mall)*
'aice' *(Cuir an ceathrú cloch síos go mall)*
'liom' *(Cuir an cúigiú cloch síos go mall)*

*(Pointeáil chuig gach ceann de na clocha)* 'Tá Dia in aice liom'. Deirimis le chéile:
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Nuair a bhíonn brón orm … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Nuair a bhíonn áthas orm … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Nuair nach mbíonn cairde agam … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Nuair a bhím tinn … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Nuair a bhíonn brón orm toisc rud éigin mícheart a bheith déanta agam … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** I gcónaí … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

**M:** Go deo na ndeor … *(pointeáil chuig gach ceann de na clocha)*
**P:** Tá Dia in aice liom.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag an Aifreann bímid ag éisteacht

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn an ceacht seo ar an gcuid sin den Aifreann a dtugtar Liotúirge an Bhriathair air. Ní hamháin go *léitear* ceithre shliocht ón mBíobla, ach déantar iad a *fhógairt* le linn an chuid seo d'Aifreann an Domhnaigh: is gnách go dtagann sliocht amháin acu ón tSean-Tiomna (an chéad léacht), sliocht eile as Leabhar na Salm, ceann eile ón Tiomna Nua (an dara léacht) agus sliocht ó na Soiscéil. Sula gcraobhscaoiltear an Soiscéal seasann an pobal, cuireann siad fáilte roimh an Soiscéal tríd an 'Alleluia' a chanadh le chéile, freagraíonn siad beannacht an tsagairt agus gearrann siad *Comhartha na Croise* trí huaire orthu féin mar chomhartha dá ngrá do Bhriathar Dé.

Tá cur amach ag na páistí cheana féin ar chraobhscaoileadh an tSoiscéil ó *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3, agus tá an dialóg roimh agus tar éis an tSoiscéil foghlamtha acu cheana féin, lena n-áirítear *Comhartha na Croise* a ghearradh faoi thrí. Díríonn an ceacht seo ar na scéalta ón tSean-Tiomna a bhfuil cur amach ag na páistí orthu agus déanann sé cur síos ar na scéalta a chuala Íosa mar pháiste. Foghlaimíonn na páistí go dtagann na scéalta seo ón gcuid sin den Bhíobla a scríobhadh sular rugadh Íosa agus is le linn Liotúirge an Bhriathair ag an Aifreann, a chloistear na scéalta ón gcuid sin den Bhíobla go minic. Foghlaimeoidh na páistí na freagraí a úsáidtear nuair a dhéantar Briathar Dé a fhógairt ag an Aifreann.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad (thíos) chun na scéalta ón mBíobla is fearr leis na páistí a scríobh
- Go leor cóipeanna de na luaschártaí (thíos) ionas go mbeidh ceann ann do gach péire leanaí

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Scéalta

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi scéalta ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna.

- Cad é an scéal is fearr leat? Inis dúinn é.
- An bhfaca tú aon scannán le déanaí a d'inis scéalta suimiúla? Inis dúinn fúthu.
- Cén scéal is fearr leat ón mBíobla? Cén fáth gur maith leat an scéal sin?

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche a bhaineann le Scéal

Ag dul ar aghaidh ón gcomhrá thuas, roghnaigh scéal ón mBíobla atá ar eolas ag na páistí go léir. Cruinnigh na páistí i gciorcal ar an urlár. Mínigh dóibh nuair a chuireann tú an liathróid ag rolladh i dtreo páiste amháin go mbeidh ar an bpáiste sin beagán den scéal a insint. Ansin rollfaidh an páiste sin an liathróid chuig duine éigin eile a leanfaidh ag insint an scéil. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go n-insítear an scéal iomlán. Má bhíonn an t-am ann, imir an cluiche le scéal eile ón mBíobla. Mar fhocal scoir, déan liosta de na scéalta ón mBíobla is fearr leis na páistí ag baint úsáid as an teimpléad thuas agus cuir sa spás urnaí é.




## PAIDIR

### An Phaidir (le gníomhartha)

*Comhartha na Croise*

**M:** A Íosa, chuala tú go leor scéalta ó na Scrioptúir nuair a bhí tú ag fás. Cabhraíonn na scéalta seo linn aithne nios fearr a chur ar Dhia agus foghlaim faoi ghrá Dé dúinn. Foghlaimímid freisin faoi Dhia an t-Athair uaitse, a Íosa. Mhúin tú dúinn conas paidir speisialta a ghuigh chuig Dia. Guímis an phaidir sin le chéile anois agus sinn ag rá:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)
Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Maireann séasúr na Cásca ar feadh caoga lá, ag tosú le Bigil na Cásca agus ag críochnú le Domhnach Cincíse. Le linn séasúr na Cásca, tagann an chéad léacht ó Ghníomhartha na nAspal (Tiomna Nua) seachas ón Sean-Tiomna. Ag gach tráth eile, tagann an chéad léacht ón tSean-Tiomna, a mhínímid do na páistí mar an chuid sin den Bhíobla a léigh Íosa ó bhí sé ina bhuachaill óg.

## AN CHÉAD LÉACHT

Tosaigh trí chuid de na scéalta ón mBíobla thuas a thabhairt chun chuimhne na bpáistí. Ansin fiafraigh de na páistí cá n-éistimid le scéalta ón mBíobla, agus luaigh go gcloistear go leor ag an Aifreann. Bí ag comhrá leis na páistí ansin ag úsáid na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a léann ón mBíobla ag an Aifreann? Cé eile a léann ón Bíobla ag an Aifreann?
- Cad a dhéanann an pobal agus an sliocht ón mBíobla á léamh?
- Ag deireadh an tsleachta, deir an léitheoir, 'Briathar an Tiarna'. Cad a deir an pobal ('*Buíochas le Dia*')?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar 'Ministir an Bhriathair' ar an duine a fhógraíonn Briathar Dé ag an Aifreann. (Is ministrí an Bhriathair na daoine seo a leanas freisin: An salmaire/cantóir, an sagart agus na deagánaigh, agus an duine a léann Guí an Phobail freisin.) Cuireadh oiliúint agus coimisiúnú ar na daoine seo an ministreacht a chleachtadh san eaglais. Ní dhéantar Briathar Dé a *léamh* ag an Aifreann, ach *fógraítear* é. Mar sin, is é an duine is oiriúnaí chun Briathar Dé a fhógairt ag an Aifreann ná Ministir an Bhriathair atá oilte. Tá sé seo fíor do cheiliúradh an Chéad Chomaoineach Naofa freisin. Léann Ministrí an Bhriathair as leabhar darb ainm an Leicseanár.

## SALM 23

Mínigh do na páistí gurb é ceann de na sailm an chéad léacht eile ón mBíobla a chloisimid ag an Aifreann. Mínigh dóibh toisc go bhfuil céad agus caoga salm sa Bhíobla, go bhfuil uimhir ag gach ceann acu. Fiafraigh de na páistí cén salm atá ar eolas acu cheana féin. Inis dóibh, nuair a chanaimid iad ag an Aifreann go mbíonn freagra ag gach ceann acu – freagra a chanann an pobal le chéile.

## AN SOISCÉAL

Mínigh do na páistí go gcloisimid scéal faoi Íosa ón Soiscéal ag an Aifreann. Fiafraigh de na páistí cé mhéad Soiscéal atá ann, agus cuidigh leo Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin a ainmniú mar scríbhneoirí an tSoiscéil.
Cuidigh leis na páistí cuimhne a thabhairt ar an méid a tharlaíonn nuair a léitear an Soiscéal ag Aifreann:

- Seasann na daoine chun fáilte a chur roimh an Soiscéal.
- Canann siad 'Alleluia' mar bhealach chun fáilte a chur roimh an sliocht ón Soiscéal.
- Is é an sagart nó an deochain a léann an Soiscéal.
- Gearrann an pobal *Comhartha na Croise* ar an éadan, na beola agus ar an ucht sula ndéantar an Soiscéal a fhógairt.
- Tá freagraí ann a deirimid ag tús agus ag deireadh an tSoiscéil.

Déan cleachtadh ar an dialóg a úsáidtear roimh agus ag deireadh an tSoiscéil leis na páistí:

**Sagart [S]:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**S:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir …

**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

Cuidigh leis na páistí *Comhartha na Croise* a ghearradh faoi thrí ar an éadan, na beola agus an ucht, mar a deir siad na focail, 'Glóir duit, a Thiarna.'

*Ag deireadh an tSoiscéil*

**S:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Gearrtar *Comhartha na Croise* faoi thrí mar chomhartha go mbeidh eolas againn ar Bhriathar Dé (ceann), go ndéanfaimid é a chraobhscaoileadh (beola) agus go mbeidh grá againn dó (ucht/croí).

## GNÍOMHAÍOCHT

### Freagraí don Aifreann a mheabhrú

Tosaigh tríd an dialóg a úsáidtear ag tús agus ag deireadh an tSoiscéil a chleachtadh leis na páistí. Ansin roinn an rang ina dhá leath. Cuidigh le leath an ranga ciorcal amháin a dhéanamh agus an leath eile chun an dara ciorcal a dhéanamh - timpeall ar an gcéad cheann. Tugann na páistí sa chiorcal istigh aghaidh amach i dtreo páirtí sa chiorcal ar an dtaobh amuigh. Dáil na luaschártaí do na páistí sa chiorcal istigh. Tá ar na páistí sa chiorcal seachtrach an freagra ceart a sholáthar. (m.sh. deir an luaschárta, 'Soiscéal an Tiarna'. Freagraíonn páiste, 'Moladh duit, a Chríost').

Nuair a thugann tú an comhartha (m.sh. bualadh bos) bogann na leanaí sa chiorcal seachtrach céim amháin ar chlé, agus fanann na páistí sa chiorcal istigh sa suíomh céanna. Dá bhrí sin, bíonn an páiste ina sheasamh os comhair duine nua gach uair, agus mar sin tá deis aige/aici na freagraí a chleachtadh le duine difriúil.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

I Liotúirge an Bhriathair, san Aifreann, cloisimid sleachta ón mBíobla. Sa chéad léacht is minic a chloisimid scéalta a chuala Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill. Ansin guímid salm. Ag an deireadh, léann an deochain nó an sagart scéal faoi Íosa ón Soiscéal. Tá focail agus gníomhartha áirithe ann a deirtear agus a dhéantar le linn an chuid seo den Aifreann.

## AG COMHRÁ

### Faoi Scéalta ón mBíobla

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- An maith leat scéalta a chloisteáil ón mBíobla? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat?
- Seachas ag an Aifreann, cathain eile a chloiseann tú scéalta ón mBíobla?
- An bhfuil duine ar bith ann a bhféadfá scéal ón mBíobla a insint dóibh? Cé? Cén scéal a d'iniseofá dó/di? Cén fáth?


## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 26: Déanann na páistí machnamh ar an méid a tharlaíonn i rith Liotúirge an Bhriathair.

### Sa Bhaile

Lch. 27: Léann na páistí na freagraí a úsáidtear roimh agus tar éis gach sliocht a léitear ag an Aifreann. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin scéal is fearr leo sa Bhíobla, agus paidir a rá le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Cloisimid Briathar Dé ag an Aifreann

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Gach Domhnach, bailíonn cairde Íosa le chéile i séipéil ar fud an domhain. Bailímid le chéile le guí chun Dé, díreach mar a mhúin Íosa dúinn. Bailímid chun buíochas a ghabháil le Dia as gach atá againn. Éistimid freisin le scéalta ón mBíobla. Éistimis anois le ceann de na scéalta sin.

Lá amháin, nuair a bhí bia dá chuid deartháireacha á iompar ag Dáiví go dtí an láthair chatha, d'fhéadfadh sé dúshlán an fhathaigh Góla a chloisteáil. Tar éis smaoineamh ar feadh nóiméid, chuaigh Dáiví go rí na nIosraeilíteach, Rí Sól, agus dúirt leis go dtroidfeadh sé in aghaidh Góla. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis, mar sin ní raibh eagla air. Ar dtús, shíl an Rí Sól gur amadán a bhí i nDáiví, ach d'fhéadfadh sé a fheiceáil go raibh cinneadh ag an mbuachaill. Mar sin, thug Sól a armúr do Dháiví le caitheamh. Ach thuig Dáiví go luath go raibh an armúr ró-mhór agus ró-throm dó, mar sin níor úsáid sé é. Ina áit sin, chuaigh Dáiví ag siúl taobh le sruth – áit ar roghnaigh sé cúig chlocha bheaga agus chuir iad ina mhála.

Nuair a chonaic Góla Dáiví gháir sé, ach ba chuma le Dáiví é seo. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis. Chuir sé ceann amháin de na clocha a bhí bailithe aige isteach ina chrann tabhaill. Ansin rith sé i dtreo an fhathaigh agus lig le cloch amháin eitilt. Bhuail an chloch Góla ar an gclár éadain agus thit an fathach go talamh ... marbh. Nuair a chonaic na Filistínigh go raibh a laoch marbh, rith siad ó arm na nIosraeilíteach.

Briathar an Tiarna.
**P:** Buíochas le Dia.

**An Salm:** Can salm 23 ('Sé an Tiarna m'Aoire') nó iomann oiriúnach eile.

*Tabhair cuireadh do na paistí seasamh.*

Can 'Alleluia'.

**M:** Go raibh an Tiarna libh.
**P:** Agus le do spiorad.

**M:** Sliocht as an Soisceal Naofa de réir Eoin.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr* fíor na croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht)*

*Is féidir an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Eoin 13:34-35).*

**[Dúirt Íosa], 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Briathar Dé atá sa Bhíobla. Nuair a chloisimid Briathar Dé ón mBíobla bímid ag éisteacht le Dia. Cuidíonn Briathar Dé linn an ceart a dheigilt ón mhícheart. Tá a fhios againn go mbíonn Dia linn nuair a éistimid le scéalta ón mBíobla. Iarraimid beannacht ó Dhia nuair a roinnimid scéalta le daoine eile. Le chéile, deirimis, 'Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sinn'.

**M:** As scéalta uile Dé a insímid.
**P:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sinn.

**M:** As scéalta uile Dé a léimid.
**P:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sinn.

**M:** As scéalta uile Dé a chloisimid.
**P:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sinn.

**M:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sinn go léir, anois agus i gcónaí, in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*


**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Léitheoir:** Briathar an Tiarna.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A.,
**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.


Na Scéalta is fearr
linn ón mBíobla

# Téama 5: Athmhuintearas

Ceacht 1: Roghanna
Ceacht 2: Rinne Zacháias drochroghanna
Ceacht 3: Is féidir linn maithiúnas a fháil

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Tá Dia grámhar, trócaireach

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Thug Íosa cuireadh do na peacaigh
- Thug Íosa slánú agus maithiúnas do na peacaigh
- Chuir Íosa fáilte rompu siúd a bhí ar an imeall agus leigheas sé iad (Lúc 19:1-10)

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**
- Eoin 15:14. 'Is sibhse mo chairde má dhéanann sibh gach a n-iarraim oraibh'

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí**
- Is féidir linn cúnamh a iarraidh ar Dhia, ar Íosa, ar an Spiorad Naomh, ar Mhuire, nó ar na Naoimh (idirghuí)

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- An Gníomh Dóláis
- Urnaí ag iarraidh maithiúnais
- Urnaí tar éis maithiúnais a fháil
- Freagraí an Aifrinn: An Fhaoistin Choiteann, Kyrie

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Scrúdú coinsiasa simplí

**Na Sacraimintí**
- Is ceiliúradh de mhaithiúnas agus de ghrá Dé é Sacraimint an Athmhuintearais
- I Sacraimint an Athmhuintearais admhaímid gur theip orainn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile
- Leanann Dia air ag tabhairt grá dúinn, fiú nuair a dhéanaimid peaca
- Nuair a roghnaímid an rud mícheart a dhéanamh, déanaimid peaca in aghaidh Dé, an té ar chóir dúinn a ghráú thar chuile ní
- Iarrann Dia orainn aiféal a bheith orainn faoinár bpeacaí agus glacadh lena mhaithiúnas
- Tugann an Tiarna Íosa maithiúnas dúinn i Sacraimint an Athmhuintearais
- Is gníomh é Sacraimint an Athmhuintearais ina bhfuil trí ghníomh ann a dhéanann an t-aithríoch maraon le haspalóid an tsagairt. Admhaíonn an t-aithríoch go ndearna sé peaca, go bhfuil aiféal air agus go ndéanfaidh sé cúiteamh agus go dtabharfaidh sé gealluint go dtiocfaidh feabhas ar a iompar
- Is é ról an tsagairt peacaí a mhaitheamh in ainm Dé, aspalóid a thabhairt agus breithiúnas aithrí a thabhairt
- Tá Críostaithe in ann an t-olc atá déanta acu trí pheaca a dhéanamh a chur ar ceal trí aithrí
- Nílimid ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca
- Nílimid ag taispeáint grá mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca
- Cabhraíonn Briathar Dé liom an difríocht idir an rud ceart agus an rud mícheart a aithint
- Nuair a deir an sagart paidir na haspalóide, maitear ár gcuid peacaí dúinn in ainm Dé agus trí chumhacht an Spioraid Naoimh
-

### Móráltacht Chríostaí

**Saoirse agus Freagracht an Duine**
- Táimid in ann roghanna maithe agus droch-roghanna a dhéanamh
- Bíonn tionchar ag na roghanna a dhéanaimid orainn féin agus ar dhaoine eile

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Is mise an Tiarna do Dhia: ná bíodh aon déithe bréige agat i mo láthair
- Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í

- Ná déan marú
- Ná tabhair fianaise bréige in aghaidh do chomharsa
- Gríosaíonn glór Dé sinn chun an rud ceart a dhéanamh agus an droch rud nó an rud mícheart a sheachaint

**OCG i gComhthéacs Críostaí**

- Cuir san áireamh: Scéalta a bhaineann leis an mhaith vs. an t-olc, faoi ghníomhartha cearta agus míchearta. Scéalta a léiríonn luachanna morálta Críostaíochta ar nós maithiúnas, cairdeas, tábhacht an teaghlaigh
- Scéalta a chabhraíonn le tuiscint a fháil ar chomharaíocht (i.e. coincheap an chirt a fhorbairt trí bhéim a chur ar an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar níos mó ná dearcadh amháin)

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

*C.* Meas ar Dhia.

- Tuiscint a bheith acu gurb é an Dia a ghránn iad an Dia céanna a mhaitheann dóibh agus gur chóir dóibh, dá réir, maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

# Ceacht 1: Roghanna

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí go ndéanaimid go léir peaca agus go ndéanaimid go léir drochroghanna, ach go dtugann Dia an deis dúinn aithrí a dhéanamh, a rá go mbíonn brón orainn agus chun tosú arís. Cuidímid leis na páistí a thuiscint, ar bhealach a oireann dá aois, gur rud i gcoinne Dia atá sa pheaca agus go ndéanann sé dochar dár gcaidreamh le Dia agus lena chéile. Tríd an *Fhaoistin Choiteann* a ghuí, agus trí dhul i dteagmháil leis an gcuntas sa Soiscéal ina fhreagraíonn Íosa ceist, foghlaimíonn na páistí faoi ghné shóisialta an pheaca agus an gá atá le réiteach ní amháin le Dia ach lenár 'deartháireacha agus deirfiúracha' freisin.

Cuidímid leo a thuiscint go maithfidh Dia sinn i gcónaí nuair a iarraimid maithiúnas air. Thosaigh na páistí ag foghlaim faoi Shacraimint an Athmhuintearais mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3. Trí Pharabal faoin Seachránaí Caorach, rinne siad iniúchadh ar bhealaí ina d'fhéadfaidís dul amú ó Dhia, ach go mbeadh Dia i gcónaí sa tóir orthu.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa beag páipéir do gach páiste, agus bosca chun iad a bhailiú.

# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Cén Milseáin?'

Léigh an scéal gearr seo do na páistí:


**'Cén Milseáin?'**



Tháinig Mícheál, uncail Eoghain, ar cuairt. Thug sé mála mór milseán leis agus thug sé do Eoghan iad le roinnt lena dheartháir, Pádraig. Bhí Pádraig thuas staighre nuair a tháinig Uncail Mícheál. 'Anois!' arsa Uncail Mícheál. 'Déan na milseáin seo a roinnt le Pádraig.' 'Ar fheabhas! Go raibh maith agat!' arsa Eoghan.

Ach níor theastaigh ó Eoghan na milseáin a roinnt, mar sin ní dheachaigh sé thuas staighre. Chuaigh sé isteach sa ghairdín, taobh thiar den seid, agus d'ith sé na milseáin go léir leis féin.

Go gairid ina dhiaidh sin, am dinnéir a bhí ann agus mar sin chuaigh gach duine isteach sa chistin agus shuigh siad síos ag an mbord. 'A Phádraig,' arsa Mam. 'Gabh buíochas le hUncail Mícheál as na milseáin!' 'Cén milseáin?' arsa Pádraig.



Tar éis duit an scéal a léamh, déan comhrá leis na páistí faoi gach ceann de na carachtair ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

**Eoghan**

- An gceapann tú go raibh a fhios ag Eoghan go raibh an méid a rinne sé mícheart? Cén chaoi a raibh a fhios sin aige?
- Cén fáth, dar leat, a rinne Eoghan an rud a rinne sé? Cé air a raibh sé ag smaoineamh?
- An gceapann tú go raibh brón air ina dhiaidh sin? Cén fáth? Conas a d'fhéadfadh Eoghan a thaispeáint go raibh brón air? Cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh chun nithe a chur i gceart le Pádraig agus le huncail Mícheál?

**Pádraig**

- An gceapann tú go mbeadh sé deacair ar Phádraig maithiúnas a thabhairt do Eoghan? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé? Cad a d'fhéadfadh sé a rá dá ndéarfadh Eoghan go raibh brón air?
- Ar thug tú maithiúnas riamh do dhuine a ghortaigh tú? An raibh sé éasca nó deacair?

Déanaimis smaoineamh air sin ar feadh nóiméid.

**Uncail Mícheál**

- Conas a mhothaigh Uncail Mícheál nuair a thuig sé gur ith Eoghan na milseáin go léir?
- Cad a déarfadh Uncail Mícheál dá ndéarfadh Eoghan go raibh brón air?
- N'fheadar ... an gceapann tú gur thug Uncail Mícheál maithiúnas do Eoghan? Cén fáth nó cén fáth nár thug?

**Mam**

- An gceapann tú go raibh Mam ar buile le hEoghan nuair a thuig sí cad a bhí déanta aige?
- An gceapann tú gur thug Mam maithiúnas d'Eoghan? Conas a cheapann tú gur thaispeáin sí dó gur thug sí maithiúnas dó?

Críochnaigh trí mhíniú do na páistí go ndéanaimid rudaí atá ar eolas againn atá mícheart. Glaoimid 'peacaí' ar na rudaí seo. Mínigh do na páistí go bhfoghlaimeoimid níos mó faoin bpeaca i rith na seachtaine seo chugainn.

## PAIDIR

### An Fhaoistin Choiteann (Confiteor)

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a bhíonn peaca déanta againn, tugann Dia deis dúinn a rá go bhfuil brón orainn, agus gur maith linn tosú arís. Tá a fhios againn go maithfidh Dia ár bpeacaí dúinn i gcónaí. Inniu, deirimis le Dia go bhfuil brón orainn as na hamanna nuair a rinneamar peacaí. Guímis, 'A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn'.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** As na hamanna nach raibh an fhírinne á insint againn, a Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** As na hamanna nuair a bhíomar leithleasach, a Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** As na hamanna nuair ná rinneamar mar a dúradh linn, a Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** As na hamanna nuair nár dúramar ár bpaidreacha, a Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** As na hamanna nuair a thugamar drochíde do fheithidí, do pheataí nó do chréatúir bheo eile, a Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, tá brón orainn.

**M:** Anois, tosóimis ar phaidir nua a fhoghlaim. Tugtar an *Fhaoistin Choiteann (Confiteor)* ar an bpaidir seo. Sa phaidir seo admhaímid do Dhia agus do na daoine thart orainn go bhfuil brón orainn as na hamanna a rinneamar peacaí. Is féidir libh an chéad chuid den phaidir a athrá i mo dhiaidh:

Admhaím do Dhia uilechumhachtach agus daoibhse, a bhráithre, gur pheachaigh mé go trom.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Cad a Dhéanfá?

Tosaigh tríd an scéal faoin droch-rogha a rinne Eoghan a thabhairt chun chuimhne, agus an focal 'peaca' a mheabhrú le cur síos a dhéanamh ar amanna nuair a dhéanaimid rud éigin gur fios dúinn atá mícheart. Léigh gach ceann de na cásanna thíos, ceann i ndiaidh a chéile, ag fiafraí de na páistí cén freagra a roghnóidís. Ag an chéim seo den ghníomhaíocht, ní bhíonn díospóireacht ar bith.

1. Tá brón ar Shorcha toisc go ndúirt a hathair léi go gcaithfeadh sí teacht isteach ó bheith ag imirt lena cairde agus a dinnéar a ithe. Theastaigh uaithi fanacht amuigh ag imirt leis na buachaillí agus na cailíní eile. Nuair a thagann cara léi anall chuici chun slán a fhágáil léi, tugann Sorcha brú dó. Tá sé gortaithe, agus tosaíonn sé ag caoineadh. Cad a dhéanann Sorcha?
   a. 'Há Há!' a scairteadh amach agus rith ar shiúl?
   b. 'Tá brón orm' a rá agus imeacht ar ais go dtí a teach?
   c. Inis dá cara go bhfuil brón mór uirthi agus a mhíniú dó cén fáth go bhfuil drochghiúmar uirthi?

2. Tá bosca lóin nua ag Liam, cara Ádaim. Ba mhaith le hÁdam an bosca lóin a bheith aige féin. Téann Liam timpeall ag taispeáint an bosca lóin nua do gach duine. Tá éad mór ar Ádam. Mar sin, nuair nach bhfuil aon duine ag féachaint, socraíonn Ádam bosca lóin Liam a chur i bhfolach taobh thiar de roinnt leabhar sa seomra ranga. Tagann Liam isteach ón gclós agus tá sé an-trína chéile. Cad a dhéanann Ádam?
   a. Cuir i gcéill gur aimsigh sé bosca lóin Liam, agus é a thabhairt ar ais dó?
   b. Tada a rá?
   c. Abair le Liam an méid a rinne sé, agus a thaispeáint dó cá chuir sé an bosca lóin i bhfolach?

3. Tugann Dylan bréagán nua isteach ar scoil agus teastaíonn ó Josh a bheith ag imirt leis, ach ní thabharfaidh Dylan dó é. Ceapann Josh go bhfuil sé seo éagórach i ndáiríre. Tá Josh ar buille agus tugann sé ainm ar Dylan. Insíonn Dylan don mhúinteoir an méid a dúirt Josh. Cad a dhéanann Josh?
   a. Abair gur thug sé ainm ar Dylan, ach ba é a locht féin é, toisc nach dtabharfadh sé a bhréagán dó?
   b. A mhíniú go raibh sé ar buille le Dylan agus a rá go bhfuil brón anois air?
   c. Inis don mhúinteoir go bhfuil Dylan ag insint bréige agus nár thug sé ainm air, ar chor ar bith?

Tar éis dul trí na cásanna éagsúla, fill ar ais ar gach ceann acu agus scrúdaigh iad ceann i ndiaidh a chéile. Iarr ar na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an duine ina suí in aice leo. Ansin pléigh na cásanna éagsúla le chéile ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar libh, a ghníomhaigh an duine sa scéal seo ar an mbealach a léirítear?
- Cén freagra a roghnaigh tú? Cén fáth? Cén fáth go gceapann tú nach mbeadh na roghanna eile go maith?
- Ar tharla rud éigin mar seo duit riamh? Cad a rinne tú?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Múineann Íosa Sinn'

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí samplaí a thabhairt chun cuimhne ar an gcaoi nach roinneann daoine le daoine eile uaireanta, samplaí ina ngortaíonn daoine, daoine eile, samplaí nuair a bhíonn daoine santach agus nuair a thugann siad ainmneacha ar dhaoine eile. Cuir i gcuimhne dóibh nuair a roghnaímid rudaí a dhéanamh d'aon ghnó atá suarach nó gortaitheach do dhaoine eile, go ndéanaimid peaca. Ansin cuir i gcuimhne dóibh rud a dúirt Íosa uair amháin. Léigh 'Múineann Íosa Sinn' agus mínigh go dtagann sé as an Soiscéal é de réir Mhatha.

**'Múineann Íosa Sinn'**

*(Curtha in oiriúint ó Mhata 22:34-40)*



Lá eile gnóthach a bhí ann d'Íosa. Tháinig go leor daoine chun é a fheiceáil, agus chun ceisteanna a chur air. Theastaigh ó na daoine níos mó a fhoghlaim faoi Dhia agus grá Dé dóibh, agus bhí Íosa in ann iad a mhúineadh níos fearr ná éinne eile.

Lá amháin, chuir fear ceist ar Íosa. D'iarr sé, 'Cad é an rud is tábhachtaí gur mian le Dia dúinn a dhéanamh?' Smaoinigh Íosa ar feadh nóiméid. Ansin d'fhreagair sé. 'Ba cheart duit grá a thabhairt do Dhia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán agus ó do neart go hiomlán. Is é seo an rud is tábhachtaí gur mian le Dia dúinn a dhéanamh. Ach tá rud eile ann nach mór duit a dhéanamh freisin: ní mór duit grá a thabhairt do dhaoine eile ar an mbealach céanna mar a thugann tú grá duit féin. Seo iad na rudaí is tábhachtaí le déanamh.'

Tar éis an scéal ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil leo seo a leanas a chur: 'Cad é a dúirt Íosa leis an bhfear a dhéanamh?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanfadh daoine le taispeáint go bhfuil grá acu dá chéile, mar a d'iarr Íosa? Cén cineál rogha a bheadh ann?
- Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanfadh daoine munar theastaigh uathu grá a thaispeáint dá chéile, mar d'iarr Íosa? Cén cineál rogha a bheadh ann?
- Ar mhaith leat maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa, le grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat? An gceapann tú go mbeadh sé sin éasca nó deacair a dhéanamh? Cén fáth?
- Chomh maith le grá dá chéile a thaispeáint, an féidir linn grá a thaispeáint dúinn féin freisin? Conas a d'fhéadfaimis é sin a dhéanamh?

## AG COMHRÁ

### Faoi Pheacaí

Athghairm freagra Íosa ar an gceist, 'Cad é an rud is tábhachtaí atá Dia ag iarraidh orainn a dhéanamh?' Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Nuair a ghníomhaímid ar bhealaí nach bhfuil grámhar i dtreo daoine eile agus i dtreo Dé, peacaimid. Ní timpiste atá i bpeaca. Peaca atá ann nuair a roghnaímid d'aon ghnó rud éigin a dhéanamh atá mícheart. An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach 'tá brón orm' a rá le duine nuair a dhéanann tú rud éigin mícheart ina leith? An bhfuil sé tábhachtach freisin 'tá brón orm' a rá le Dia? Cén fáth?
- N'fheadar ... an gceapann tú go maithfidh Dia linn i gcónaí nuair a deirimid go bhfuil brón orainn as rud mícheart a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An cuimhin leat am nuair a mhaith tú rud éigin do dhuine eile nuair a dúirt siad go raibh brón orthu? Cad a rinne/dúirt tú? Ar thug duine éigin maithiúnas duit riamh? Conas a mhothaigh sé sin?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 28: Scrúdaíonn na páistí roghanna maithe agus drochroghanna.

### Sa Bhaile

Lch. 29: Léann na páistí an scéal, 'Múineann Íosa sinn' lena dteaghlaigh. Tugtar cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi na roghanna maithe agus na drochroghanna is féidir linn a dhéanamh, agus béim a leagan ar ghrá Dé dúinn, is cuma cad atá déanta againn. Tá paidir le rá le chéile freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Uaireanta gníomhaímid ar bhealaí nach bhfuil grámhar do dhaoine eile agus i dtreo Dé. Nuair a dhéanaimid amhlaidh, peacaimid. Níl Dia ag iarraidh orainn peaca a dhéanamh. Ach fiú nuair a pheacaímid, ní stopann Dia ag tabhairt grá dúinn. Nuair a bhíonn brón orainn as a bhfuil déanta againn agus má iarraimid maithiúnas ar Dhia, maithfidh sé dúinn i gcónaí. Ba chóir dúinn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile freisin nuair deir siad linn go bhfuil brón orthu.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Bosca Aithrí

Tabhair chun chuimhne cuid de na bealaí a ndéanann daoine peaca, mar a pléadh an tseachtain seo. Ansin dáil amach na píosaí páipéar. Tabhair cuireadh do na páistí scríobh nó tarraingt faoi am nuair a rinne siad drochrogha, agus peaca a dhéanamh. Cuir in iúl do na páistí nár chóir dóibh an méid atá déanta acu a thaispeáint d'aon duine eile, agus níor chóir d'aon duine eile fiafraí de dhuine ar bith eile cad atá scríofa/tarraingthe acu. Nuair atá siad críochnaithe, taispeáin do na páistí conas an píosa páipéir a fhilleadh. Cuirtear na páipéir go léir isteach sa 'Bhosca Aithrí'. Úsáidfear iad seo le linn na hurnaí a leanann.

## PAIDIR

### An Fhaoistin Choiteann

*Comhartha na Croise*

**M:** Dúirt Íosa, 'Gráigh Dia ón gcroí go hiomlán, ón tuiscint go hiomlán, agus ón neart go hiomlán, agus gráigh an chomharsa mar an duine féin.'

Sa rang seo, de ghnáth déanaimid díreach mar a d'iarr Íosa orainn. Táimid cabhrach agus cineálta, agus roinnimid an méid atá againn le chéile. Ach anois is arís, ní thugaimid grá do Dhia nó do dhaoine eile. Ar na hócáidí sin, déanaimid peaca. Inniu, scríobhamar nó tharraingíomar pictiúir de na slite ina rinneamar peacaí. Nuair a bhíonn rud éigin mícheart déanta againn is féidir linn a rá le Dia go bhfuil brón orainn, agus gur mhaith linn maithiúnas a fháil. Ní mór dúinn freisin leithscéal a ghabháil don duine/daoine atá gortaithe againn.

Anois, cuirimis ár bpíosaí páipéir isteach sa *chiseán/choimeádán* seo. Glaoimid ár 'mBosca Aithrí' air. Ní bheidh a fhios ag éinne cad atá scríofa anseo ach ag Dia amháin.

*Tabhair cuireadh do na páistí a bpíosaí páipéir a chur sa chiseán/choimeádán leo féin nó i ngrúpaí, mar is cuí.*

**M:** Cuirimis críoch agus an chuid eile den Fhaoistin Choiteann a fhoghlaim. Deirimis an chéad chuid le chéile:

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.

**M:** Anois, deirimis an chéad chuid eile den phaidir. Sa chuid seo, luaimid na rudaí a d'fhéadfadh brón a bheith orainn fúthu: b'fhéidir go raibh droch smaointe againn faoi dhaoine eile, nó b'fhéidir go ndúramar rud éigin nach raibh go deas. B'fhéidir go rinneamar rud éigin nár cheart dúinn a dhéanamh, nó nach ndearnamar rud éigin ba chóir dúinn a dhéanamh. Is féidir libh an chéad chuid eile den phaidir a athrá i mo dhiaidh:

Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Mhúin Íosa dúinn grá a thabhairt duit agus do dhaoine eile.
Anois is arís, ní dhéanaimid mar a d'iarr Íosa orainn.
Cabhraigh linn grá a thaispeáint duitse agus do dhaoine eile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Rinne Zacháias drochroghanna

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Nochtann na Soiscéil dúinn an t-áthas agus an sonas a fuair go leor daoine nuair a mhothaigh siad grá agus maithiúnas Dé trí Íosa. Cuirtear ceann amháin de na daoine seo, Zacháias, in aithne do na páistí sa cheacht seo. Nuair a bhuail Íosa le Zacháias léiríodh go bhfuil maithiúnas Dé le fáil ag gach duine: fiú tá an deis ag bailitheoir cánach brón a léiriú, cúiteamh a dhéanamh, agus maithiúnas a fháil. Taispeánann scéal Zacháias dúinn freisin go bhfuil Dia i gcónaí réidh le seasamh chun tosaigh. Tá Dia i gcónaí ag iarraidh teagmháil linn agus ag fanacht le maithiúnas a thabhairt dúinn. Sa chéad cheacht eile, foghlaimeoidh na páistí faoi Shacraimint an Athmhuintearais, áit a bhfaighidh siad taithí ar mhaithiúnas Dé.

An tseachtain seo, tabharfaimid deis do na páistí carachtar Zacháias a iniúchadh, agus an tslí inar athraigh sé tar éis dó bualadh le hÍosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog

# Féachaimis ...

## PAIDIR

### An Fhaoistin Choiteann

*Comhartha na Croise*

**M:** Tosóimis inniu agus smaoineamh a dhéanamh ar rogha maith a rinneamar le déanaí. (*Sos*)

B'fhéidir gur chabhraigh tú le duine éigin a bhí i ngátar, nó b'fhéidir go ndúirt tú rud éigin lách le duine éigin. (*Sos*)

Inniu, gabhaimis leithscéal le Dia as na drochroghanna a rinneamar nuair nach raibh grá againn do Dhia nó do dhaoine eile. Ar na hócáidí sin rinneamar peaca. Ach bíonn Dia réidh i gcónaí maithiúnas a thabhairt dúinn nuair a bhíonn brón orainn as na drochroghanna a rinneamar. Bíonn grá Dé ann i gcónaí dúinn. Mar sin deirimis le chéile: 'A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha'.

**M:** As na huaireanta nuair a theip orainn ár bpaidreacha a rá. A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.

**M:** As na huaireanta nuair nár thugamar aird ag an Aifreann. A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.

**M:** As na huaireanta nuair a thugamar masla do dhaoine eile. A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.

**M:** As na huaireanta nuair a d'insíomar bréaga. A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.

**M:** As na huaireanta nuair nach rabhamar umhal dár dtuismitheoirí agus do dhaoine fásta eile, ar nós ár múinteoirí agus ár bhfeighlithe leanaí. A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.
**P:** A Thiarna Ghrámhair, maith dúinn ár bhfiacha.

**M:** Cuirimis críoch agus an chéad chuid eile den Fhaoistin Choiteann a fhoghlaim. Deirimis an chéad chuid le chéile:

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí.

**M:** Anois, deirimis an chéad chuid eile den phaidir. Sa chuid seo, deirimid gur linn féin na rudaí míchearta atá déanta againn. Is dár dtoil féin a rinneamar na rudaí seo. Rinneamar drochroghanna. Is féidir libh an chéad chuid eile den phaidir a athrá i mo dhiaidh:

Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Zacháias, an bailitheoir cánach



Taispeáin pictiúr de Zacháias (ar líne) do na páistí. Mínigh dóibh gur fear beag ba ea é, agus go raibh sé ina chónaí i mbaile Ireachó fadó ó shin, ar ais in aimsir Íosa. Bhailigh Zacháias cáin ó na daoine, díreach mar a bhailíonn an rialtas cáin ó dhaoine sa tír seo inniu. Thabharfadh Zacháias an cháin seo do na Rómhánaigh, a bhí i gceannas na tíre ag an am.

Ach ní bailitheoir cánach amháin ba ea Zacháias. Caimiléir suarach ba ea é freisin. Thógfadh sé níos mó airgid ó na daoine ná mar ba chóir dó, agus choinneodh sé an t-airgead breise seo dó féin. Iarr ar na páistí teacht ar thuairim faoi cad a dhéanfadh Zacháias sna cásanna seo a leanas:

4. Tháinig feirmeoir bocht isteach agus d'inis sé do Zacháias nach raibh go leor airgid aige chun a chánacha a íoc.

Moladh: *D'fhéadfadh Zacháias a rá go dtógfadh sé a fheirm uaidh mura n-íocfadh an feirmeoir a chánacha.*

5. Tháinig seanbhean isteach agus dúirt sí nach bhféadfadh sí ach leath dá cánacha a íoc.

Moladh: *D'fhéadfadh Zacháias a rá go ndíolfadh sé a troscán agus a cuid earraí go léir.*

6. Tháinig fear saibhir isteach chun a chánacha a íoc. Bhí a fhios ag Zacháias go raibh airgead fágtha fós aige tar éis dó a chánacha a íoc.

Moladh: *D'fhéadfadh Zacháias a rá leis go raibh níos mó le híoc aige, agus ansin choinneodh sé an t-airgead breise dó féin.*

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Zacháias agus Íosa'

Tosaigh trí mheabhrú cén cineál fear ba ea Zacháias. Ansin léigh 'Zacháias agus Íosa'. Mínigh go dthagann an sliocht ón Soiscéal de réir Lúcáis.

**'Zacháias agus Íosa'**
(*In oiriúint ó Lúcás 19:1-10*)



Lá amháin, chuala Zacháias beirt ag caint agus iad ag siúl thart. Bhí siad ag caint faoi Íosa. 'Tá sé ag teacht *anseo*?' arsa duine acu. 'Anseo go Ireachó? Go hiontach! Ba mhaith liom go mór é a fheiceáil!'

'Tá's agam!' arsa an dara fear. 'Chuala mé an oiread sin mar gheall air! Conas is féidir leis daoine atá tinn a leigheas, agus conas is féidir leis a mhíniú do dhaoine faoi Dhia. Tá na múinteoirí fiú ag foghlaim uaidh! Tá an-áthas orm go bhfuil sé ag teacht anseo!'

Bhí sceitimíní ar Zacháias freisin. Chuala sé freisin faoi Íosa ó Nazarat, agus na nithe go léir a bhí á dhéanamh aige.

An tráthnóna sin, shiúil Zacháias go dtí imeall an bhaile agus chuaigh sé isteach le slua ollmhór daoine a bhí ag fanacht le hÍosa. Ach fear an-bheag ab ea Zacháias, agus ní fhéadfadh sé rud ar bith a fheiceáil leis an slua mór a bhí ina seasamh os a chomhair amach.

'Rachaidh mé in airde ar chrann,' a dúirt sé leis féin. 'Ansin, beidh mé in ann gach rud a fheiceáil.' Agus sin a rinne Zacháias. Chuaigh sé in airde i gcrann seiceamair, ard go leor chun an bóthar agus an slua a fheiceáil. Agus go luath, d'fhéadfadh sé Íosa a fheiceáil ag siúl thart. Ach ní raibh a fhios aige go bhféadfadh Íosa é a fheiceáil freisin!

Nuair a tháinig Íosa go dtí an crann seiceamair, d'fhéach sé suas, 'Zacháias!' a dúirt sé. Bhí ionadh ar Zacháias. Bhí ionadh ar na ...

• • •

daoine go léir freisin a bhí bailithe ann. Cén chaoi a raibh ainm Zacháias ag Íosa?

'Déan deifir agus tar anuas, Zacháias!' arsa Íosa, 'Ba mhaith liom béile a ithe leat um thráthnóna i do theach.'

'Ná hith leis sin,' a dúirt na daoine le hÍosa. 'Is fear suarach é atá tugtha do chaimiléireacht! Ní íosfaimid riamh leis in a theach. Agus ní chóir go mbeadh rud ar bith leat le déanamh leis, ach oiread!' Ach ní raibh Íosa ag éisteacht leo. Bhí a fhios aige go raibh grá Dé ann do gach duine, iad siúd a rinne roghanna míchearta, san áireamh.

Nuair a tháinig Íosa go teach Zacháias, bhí an tábla ullamh le haghaidh béile álainn.

Shuigh an bheirt fhear síos agus labhair siad le chéile. D'inis Zacháias d'Íosa faoi na rudaí a bhí déanta aige. Bhí a fhios aige anois go raibh roinnt roghanna dona déanta aige. Bhí a fhios aige go raibh peacaí déanta aige. D'inis sé le hÍosa go raibh brón air. Dúirt sé, as seo amach, go mbeadh sé ag gníomhú ar an mbealach a d'iarr Íosa ar gach duine a bheith ag gníomhú. Dúirt Zacháias, 'tabharfaidh mé leath mo shaibhreas do na boicht, agus má rinne mé caimiléireacht ar dhuine ar bith, déanfaidh mé aisíoch leo faoi cheathair.'

Shín Íosa a lámh amach os cionn Zacháias agus dúirt leis go raibh grá an-mhór ag Dia dó. D'inis sé leis go raibh a chuid peacaí maite, agus gur chóir dó iarracht a dhéanamh tosú arís.

Tar éis an scéal ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a rinne Zacháias le cinntiú go bhfeicfeadh sé Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén chaoi a raibh ainm Zacháias ar eolas ag Íosa, dar leat? Cad a cheapann tú a bhí ar eolas ag Íosa faoi Zacháias? Cén fáth, dar leat, ar úsáid sé ainm Zacháias? Conas a cheapann tú gur bhraith Zacháias nuair a d'úsáid Íosa a ainm?
- Dúirt Zacháias le hÍosa gur pheacaigh sé. Chun peaca a dhéanamh ní mór do dhuine a roghnú gan maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn; gan grá a thabhairt mar a rinne Íosa. Cad iad na peacaí a rinne Zacháias?
- Dúirt Zacháias: 'tabharfaidh mé leath mo shaibhreas do na boicht, agus má rinne mé caimiléireacht ar dhuine ar bith, déanfaidh mé aisíoch leo faoi cheathair.' Ar mhaith an rud é maithiúnas a iarraidh ar an mbealach seo? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Tosaigh trí na páistí a bhailiú i gciorcal ar an urlár. Mínigh do na páistí nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin go dtosóidh siad ag insint beagán den scéal 'Zacháias agus Íosa'. Ansin rollfaidh an páiste sin an liathróid chuig páiste eile a leanfaidh ar aghaidh ag insint an scéil. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go mbíonn an scéal ar fad críochnaithe.

Iarr ar na páistí na drochroghanna a rinne Zacháias a ainmniú (*caimiléireacht; a bheith santach*) agus na roghanna maithe a rinne sé a ainmniú freisin (*brón a léiriú, aisíoch do dhaoine a dhéanamh*). Ansin roinn an rang ina dhá leath, agus eagraigh gach leath ina mbeirteanna. Tabhair cuireadh do shraith amháin de na páistí drochrogha á dhéanamh ag Zacháias a léiriú agus an leath eile chun rogha maith á dhéanamh ag Zacháias a léiriú. Tar éis cúpla nóiméid, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid léirithe a aithris don rang. Malartaigh ionas go bhfeicfidh an rang rogha mhaith agus drochrogha i ndiaidh a chéile.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 30: Léiríonn na páistí scéal 'Zacháias agus Íosa' go healaíonta.

### Sa Bhaile

Lch. 31: Tugtar cuireadh do na páistí agus dá dteaghlaigh comhrá a dhéanamh faoin gcaoi ar chaith Íosa le Zacháias. Tugtar cuireadh dóibh freisin *An Fhaoistin Choiteann* a ghuí le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Fear santach ab ea Zacháias a chuir iallach ar dhaoine níos mó cánach a íoc ná a bhí dlite orthu ionas go bhféadfadh leis a bheith saibhir. Lá amháin bhuail Íosa le Zacháias. Chuir Íosa iontas ar gach duine trí insint do Zacháias go raibh sé ag iarraidh cuairt a thabhairt ar a theach. Fad is a bhí siad ann, d'inis Zacháias d'Íosa na bealaí inar pheacaigh sé, agus go raibh brón air. Bheartaigh Zacháias cúiteamh a dhéanamh as a raibh déanta aige. Thug Íosa maithiúnas do Zacháias.

## PAIDIR

### An Fhaoistin Choiteann

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, labhraímis le hÍosa, díreach mar a rinne Zacháias. Is féidir leat labhairt le Íosa ag baint úsáid as do ghuth inmheánach nach féidir le haon duine eile a chloisteáil. Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh Íosa ina sheasamh in aice leat chun comhrá leat. (*Sos*)

Theastaigh ó Zacháias gan caimiléireacht a dhéanamh ar dhaoine eile níos mó. Ar inis tú bréag le duine eile riamh? Inis le hÍosa faoi. (*Sos*)

Theastaigh ó Zacháias an méid a bhí aige a roinnt le daoine eile. Ar roinn tú riamh milseáin nó bréagáin le héinne eile? Inis le hÍosa faoi sin freisin. (*Sos*)

Theastaigh ó Zacháias a bheith cairdiúil leis na daoine a rinne sé caimiléireacht orthu. An bhfuil éinne ann ar mhaith leat bheith cairdiúil leis/léi? Inis le hÍosa faoi. (*Sos*)

Anois éist leis an méid atá le rá ag Íosa leat. (*Sos*)

Tá grá ag Íosa dúinn agus tugann sé maithiúnas dúinn as na huaireanta nár éirigh linn gníomhú ar an mbealach is mian leis. Iarr ar Íosa cabhrú leat maireachtáil ar an mbealach is mian leis. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Sa rang seo, déanaimid iarracht i gcónaí a bheith cineálta lena chéile, rudaí a roinnt lena chéile, agus an fhírinne a insint i gcónaí. Taispeáinimis gur mhaith linn a bheith gar le Dia agus le daoine eile i gcónaí trí Chomhartha na Síochána a roinnt lena chéile.

*Taispeáin do na páistí conas síocháin agus cairdeas eatarthu a léiriú agus na focail seo á rá: 'Síocháin an Tiarna leat i gcónaí'.*

**M:** Deirimis an chéad chuid den phaidir le chéile:

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.

**M:** Anois, deirimis an chuid dheireanach den

phaidir. Sa chuid seo, iarraimid ar dhaoine agus ar ghrúpaí daoine faoi leith, guigh orainn ionas gur féidir linn tosú arís, agus maireachtáil ar nós Íosa. Is iad na daoine seo ná: Muire, máthair Íosa; na haingil agus na naoimh atá le Dia ar neamh; agus ár gcomharsana, ár dteaghlaigh agus ár gcairde, atá gaolta linn i dteaghlach Dé. Cuimhnigh gur féidir linn a iarraidh i gcónaí ar Dhia an tAthair, ar Íosa, agus ar an Spiorad Naomh agus ar na naoimh go léir cuidiú linn. Is féidir libh an chéad chuid eile den phaidir a athrá mo dhiaidh:

Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
Ar na hAingil agus ar na Naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre,
Guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Is féidir linn maithiúnas a fháil

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Comhartha pribhléideach foinse maithiúnais Dé agus comhartha athmhuintearais leis agus le daoine eile atá i Sacraimint an Athmhuintearais. Le linn an Scrioptúir naofa, is téamaí leanúnacha iad trócaire Dé agus tiontú daoine ón bpeaca. Sna Soiscéil, faighimid go leor samplaí de Íosa ag tabhairt maithiúnais do dhaoine a pheacaigh. Inniu, i Sacraimint an Athmhuintearais tá trócaire Dé ar fáil dóibh siúd a pheacaigh agus a lorgaíonn maithiúnas Dé. Tugann an tSacraimint deis dúinn trócaire agus maithiúnas Dé a fháil. Tosaíonn sé le tiontú, athrú croí, fonn ár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile a cheartú. Ciallaíonn ceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais go bhfuil rún daingean déanta againn gníomhú ar nós Íosa inár gcaidrimh le daoine eile, agus gur mhaith linn maireachtáil le grá, síochain agus áthas.

Críochnaíonn Sacraimint an Athmhuintearais i gcónaí lenár ngealltanas maireachtáil níos fearr ar nós Íosa. Ar ndóigh, ní tasc éasca é seo. Próiseas a leanann ar feadh ár saol atá san athmhuintearas: smaoinigh cé mhéad uair a thit tú amach le cara agus ansin go ndearna tú síochain leis/léi! Ar an gcaoi chéanna, sa cheacht seo, ba mhaith linn a threisiú gur próiseas é a bheidh ag teastáil uainn, i gcaitheamh ár saoil, athmhuintearas a fháil agus a thabhairt. Mar sin, is rud é Sacraimint an Athmhuintearais freisin gur chóir go spreagfaí na páistí é a cheiliúradh go minic. I leabhar na bpáistí, tugaimid cuireadh do thuismitheoirí páirt a ghlacadh i seirbhísí Athmhuintearais an pharóiste, a tharlaíonn go minic le linn na hAidbhinte agus an Charghais. Is féidir leat an teachtaireacht seo a threisiú ar scoil freisin.

An tseachtain seo, múinimid do na páistí go mbaineann cúig chéim le Sacraimint an Athmhuintearais. Múineadh é seo cheana féin dóibh in *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3. Cuirimid tús le seo trí deis a sholáthar dóibh páirt a ghlacadh i scrúdú coinsiasa, chun cabhrú leo na rudaí ar mhaith leo maithiúnas Dé a iarraidh a fháil amach. Leanaimid ar aghaidh ansin leis na céimeanna eile a bhaineann leis an sacraimint: ár bpeacaí a admháil, aithrí agus maithiúnas, agus gealltúint a dhéanamh iarracht maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad de na cosa (thíos) fótachóipeáilte do gach leanbh.

# Féachaimis …

## ZACHÁIAS

Tosaigh trí scéal Zacháias a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne na bpáistí, fad is a bhí sé féin agus Íosa ag ithe, gur thuig Zacháias gur pheacaigh sé agus gur theastaigh uaidh a rá go raibh brón air. Tabhair chun cuimhne go ndéanaimid drochroghanna uaireanta freisin. D'fhéadfaimis rudaí a rá nó a dhéanamh atá mícheart nó d'fhéadfaimis daoine eile a ghortú. Nuair a thuigimid agus nuair a admhaímid go bhfuil rud éigin mícheart déanta againn, is féidir linn a rá freisin go bhfuil brón orainn, díreach mar rinne Zacháias. Nuair a dhéanaimid amhlaidh, réitímid le Dia agus le daoine eile.

## PAIDIR

### An Fhaoistin Choiteann

*Comhartha na Croise*

**M:** Éistigí go cúramach leis na ceisteanna seo. Smaoinigh ar gach ceann acu, agus ansin tabhair freagra ag baint úsáid as do ghuth inmheánach nach féidir ach le Dia a chloisteáil.

Tugaimid grá do Dhia trí bheith ag guí chuige agus trí bhuíochas a ghabháil dó. An raibh aon lá ann nuair nár ghuí tú chun Dé? (*Sos*)

Tugaimid grá do Dhia nuair a éistimid leis na daoine fásta atá ina gcónaí linn agus nuair a dhéanaimid beart de réir a mbriathar. An cuimhin leat uair nuair nach ndearna tú an méid a iarradh ort nó nuair a d'inis tú bréag? (*Sos*)

Tugaimid grá do Dhia agus do dhaoine eile nuair atáimid cineálta, nuair a bhíonn spraoi againn le chéile agus nuair a roinnimid. An cuimhin leat uair nuair a bhí tú feargach agus nach raibh tú ag iarraidh a bheith ag imirt le daoine eile nó roinnt leo? (*Sos*)

Tugaimid grá do Dhia agus do dhaoine eile nuair a insímid an fhírinne faoi dhaoine eile. An cuimhin leat uair nuair a dúirt tú rud éigin nach raibh fíor faoi dhuine eile? (*Sos*)

An bhfuil aon rud eile ann a bhfuil brón ort faoi? (*Sos*)

Éist mar a insíonn Dia leat go bhfuil grá aige duit. Bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí, is cuma cad a dhéanaimid. Tabharfaidh Dia maithiúnas dúinn i gcónaí. Teastaíonn ó Dhia go mbeadh áthas orainn agus gan peaca a dhéanamh arís. Ach bíonn grá ag Dia dúinn fiú nuair atá peaca déanta againn. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

Cuirimis críoch leis an urnaí agus an Fhaoistin Choiteann a rá le chéile:

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
Ar na hAingil agus ar na Naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre,
Guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Shacraimint an Athmhuintearais

Inis do na páistí go bhfuil bealach speisialta ann chun brón a rá, agus is é sin trí Shacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh. I Sacraimint an Athmhuintearais, deirimid go bhfuil brón orainn as an méid mícheart atá déanta againn agus déanaimid maithiúnas Dé a cheiliúradh. Mínigh gur bliain thábhachtach í an bhliain seo do bhuachaillí agus do chailíní atá ag ceiliúradh Sacraimint na Athmhuintearais don chéad uair, mar go mbeidh siad in ann a rá le Dia, ar bhealach speisialta, go bhfuil brón orthu as na hamanna nár ghníomhaigh siad mar a d'iarr Íosa orthu. Gheobhaidh siad maithiúnas Dé, agus beidh siad réitithe le Dia agus le daoine eile.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar spreagadh duit an focal 'Athmhuintearas' a úsáid seachas 'Admháil' nó 'Aithrí' agus na leanaí á múineadh agat faoin sacraimint seo. Cé gur cosúil i dtosach gur téarma níos deacra é an focal 'athmhuintearas' a úsáid, is trí úsáid a bhaint as an bhfocal 'athmhuintearas' a athraíonn an fócas ó pheaca agus cúiteamh go athaontú agus athmhuintearas le Dia agus le daoine eile. Is léiriú i bhfad níos cruinne é seo ar nádúr na sacraiminte é.

## SACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

### Cuid 1

Tosaigh trí a mhíniú do na páistí go bhfuil sé foghlamtha acu cheana féin conas ullmhú do Shacraimint an Athmhuintearais - trí smaoineamh a dhéanamh ar ár saol agus trí chuimhneamh ar na hamanna sin nuair nár ghníomhaíomar mar is mian le Dia go ndéanfaimis. Ansin, tá sé in am don dara céim: ag insint don sagart an méid a rinneamar a bhfuil brón orainn faoi.

Seo a leanas na céimeanna tosaigh atá ann chun Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh:

- *Comhartha na Croise* a ghearradh ort féin.
- A rá leis an sagart an fáth go bhfuil tú ina láthair, trí fhocail cosúil leo seo a rá: 'Beannaigh mé, a Athair, mar gur pheacaigh mé'.
- Ár bpeacaí a admháil don sagart. Glaotar 'Admháil' ar seo.

Déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An bhfaca tú riamh aon duine ag dul chuig Sacraimint an Athmhuintearais? Cathain? Cá ndeachaigh siad?
- Cad iad na cineálacha rudaí a insíonn daoine, dar leat, don sagart, a bhfuil brón orthu futhu?
- An gceapann tú go n-insíonn an sagart do dhaoine eile an méid a deirimid leis le linn Sacraimint an Athmhuintearais?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ag brath ar an bparóiste áitiúil, is féidir le daoine Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh i mbosca faoistine, i seomra athmhuintearais, nó sa cheantar timpeall na haltóra ar a dtugtar an 'sanctóir' air. Cuir in iúl do na páistí nach n-inseoidh an sagart do dhuine ar bith an méid a deirtear leis le linn Sacraimint an Athmhuintearais. Ní theastaíonn ón sagart ach a fháil amach go bhfuil brón orainn, agus go dteastaíonn uainn tosú arís.

## SACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

### Cuid 2

Tosaigh trí na céimeanna tosaigh de cheiliúradh na Sacraiminte a thabhairt chun cuimhne na bpáistí: smaoiníonn siad ar an méid a bhfuil brón orthu futhu, agus insíonn siad na rudaí sin don sagart, agus a fhios acu go bhfuil Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dóibh. Seo anois an chéad dá chéim eile i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais:

- Tugann an sagart rud éigin le déanamh don duine atá ag ceiliúradh na sacraiminte chun a thaispeáint go bhfuil brón orthu (breithiúnas aithrí). Fiafraíonn sé den duine freisin *An Gníomh Dóláis* a rá - paidir a thaispeánann go bhfuil brón orthu.
- Faoi dheireadh, deir an sagart na focail trína dtugtar maithiúnas dúinn. Tugtar 'Aspalóid' uirthi seo. Tugtar an aspalóid/maitheamh in ainm Dé. Léiríonn sé Maithiúnas Dé dúinn, agus taispeánann sé go bhfuilimid réidh le tosú arís.

Iarr ar na páistí ansin *An Gníomh Dóláis* a ghuí le chéile:

A Dhia, gabhaim buíochas leat as
ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a
chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

- Síneann an sagart a lámh thar an duine agus maitheann sé a bpeacaí dóibh. Cuireann sé in iúl dóibh go dtugann Dia maithiúnas dóibh agus go dtugann sé grá dóibh i gcónaí. Tugtar aspalóid air seo. Ciallaíonn sé go dtugann Dia maithiúnas dóibh as na rudaí míchearta atá déanta acu. Deir sé leo go bhfuil a bpeacaí maitithe, agus gur chóir dóibh iarracht a dhéanamh tosú arís. Cár chualamar na focail sin roimhe seo? Dúirt Íosa iad le duine éigin: Cé? Cén fáth?
- N'fheadar ... an mbeidh grá agus maithiúnas i gcónaí ag Dia dúinn? An mbíonn grá ag Dia dúinn ach amháin nuair atáimid go maith, nó an mbíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí? Cé a mhúin sé sin dúinn?

Críochnaigh trí na ceithre chéim atá foghlamtha go dtí seo, maidir le Sacraimint an Athmhuintearais, a thabhairt chun cuimhne agus cuir an cúigiú céim: 'Déanaim iarracht arís' in aithne na bpáistí. Déan comhrá leis na páistí faoi conas agus cén fáth gur féidir leo iarracht eile a dhéanamh nuair a dhéanann siad drochrogha. Ansin ainmnigh na cúig chéim atá ann i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais.

1. Tá a fhios agam go ndearna mé drochrogha agus tá brón orm.
2. Deirim go bhfuil brón orm (Admháil).
3. Glacaim le mo bhreithiúnas aithrí agus guím An Gníomh Dóláis.
4. Tugtar maithiúnas dom.
5. Déanaim iarracht eile.

Tabhair faoi deara gurb iad seo na cúig chéim chéanna a bhí tógtha ag Zacháias nuair a d'admhaigh sé a dhrochroghanna le hÍosa agus nuair a tugadh maithiúnas dó. Ar an gcaoi chéanna, is féidir linn a rá le Dia go bhfuil brón orainn nuair a pheacaímid, agus maithfidh Dia dúinn é.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 32: Déanann na páistí machnamh ar na céimeanna éagsúla atá ann i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais.

### Sa Bhaile

Lch. 33: Léann na páistí agus a dteaghlaigh scrúdú choinsiasa simplí le chéile agus déanann siad machnamh air. Déanann siad comhrá faoi cheiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais, agus guíonn siad *An Gníomh Dóláis* le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

I Sacraimint an Athmhuintearais, tá deis againn athcheangal le Dia agus le daoine eile. Tá cúig chéim ann i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais:

1. A fhios agam go ndearna mé rud éigin mícheart agus go bhfuil brón orm.
2. A rá go bhfuil brón orm (Admháil).
3. Glacadh le breithiúnas aithrí agus An Gníomh Dóláis a ghuí.
4. Tugann an sagart maithiúnas dom.
5. Iarracht a dhéanamh arís gníomhú mar Íosa.


## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Céimeanna chun Athmhuintearais

Tosaigh trí na cúig chéim i gceiliúradh na sacraiminte a thabhairt chun cuimhne, b'fhéidir trí iad a thaispeáint ar an mbord:

1. Tuigim go ndearna mé rud mícheart agus tá brón orm.
2. Deirim go bhfuil brón orm.
3. Glacaim le breithiúnas aithrí agus guím An Gníomh Dóláis.
4. Tugtar maithiúnas dom.
5. Déanaim iarracht eile.

Ansin déan teimpléad a dháileadh ar gach páiste, agus iarr orthu gach ceann de na cúig chéim thuas a scríobh ar lorg coise. Ansin, gearrann páistí na loirg coise amach agus greamaíonn siad san ord ceart iad ar phíosa cárta. Is féidir leo an cárta a mhaisiú, freisin.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Athmhuintearas

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Nuair a thagann sibh ag an séipéal, taispeáin an seomra athmhuintearais/bosca faoistine do na páistí agus mínigh dóibh gur anseo de ghnáth a cheiliúrtar Sacraimint an Athmhuintearais; is minic anois, áfach, a cheiliúrtar an Chéad Fhaoistin sa sanctóir (an ceantar thart ar an altóir).*

*Muna bhfuil sé sin indéanta, an seirbhís urnaí a eagrú sa séipéal, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**M:** Seasaimis chun iomann tosaigh a chanadh.

**Iomann Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Le seachtainí anuas, bhíomar ag foghlaim faoi Shacraimint an Athmhuintearais. I Sacraimint an Athmhuintearais táimid athcheangailte le daoine eile, agus le Dia. Ceiliúraimid grá agus maithiúnas Dé sa sacraimint chomh maith. Fiú nuair nach mbíonn grá againn do dhaoine eile, bíonn grá ag Dia dúinn. Fanann Dia linn nuair a bhíonn peaca déanta againn chun maithiúnas a thabhairt dúinn.

Cuirimis tús lenár seirbhís urnaí trí bhrón a léiriú do Dhia as na huaireanta nuair nach raibh grá againn do dhaoine eile; as na huaireanta nuair nár éisteamar le daoine eile - ár dtuismitheoirí agus ár múinteoirí; as na huaireanta nuair a rinneamar rudaí agus nuair a dúramar rudaí a ghortaigh daoine eile. (*Sos*)

**M:** A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** A Chríost, déan trócaire.
**P:** A Chríost, déan trócaire.

**M:** A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** Guímis an Fhaoistin Choiteann le chéile anois:

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
Ar na hAingil agus ar na Naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre,
Guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

**M:** Éistimis arís le scéal Zacháias. Ar dtús, canaimis 'Alleluia' le fáilte a chur roimh an Soiscéal.

*Can 'Alleluia'*

**M:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcáis.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. (*Gearr fíor na croise ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht*).

Is féidir an sliocht seo a léamh ón *mBíobla Naofa* freisin (Lúcás 19:1-9).

**Agus ar theacht isteach in Ireachó dó, bhí sé ag gabháil tríd. Agus fear darbh ainm Zacháias a bhí ina cheannphoibleacánach agus é saibhir, bhí sé ag iarraidh radharc a fháil ar Íosa, cérbh é féin; ach ní fhéadfadh sé de dheasca an tslua, óir bhí sé íseal ina phearsa. Agus rith sé roimhe chun cinn agus chuaigh in airde i gcreann seiceamair chun go bhfeicfeadh sé é, óir is thairis sin a bhí sé le gabháil. Nuair a tháinig Íosa go dtí an áit, bhreathnaigh sé suas agus dúirt leis: 'A Zacháias, déan deifir agus tar anuas, óir is i do theachsa nach foláir dom fanacht inniu.'**

**Agus tháinig sé anuas go deifreach agus chuir fáilte roimhe go háthasach. Ar a fheiceáil sin do chách, bhí siad ag monabhar á rá: 'Tá sé tar éis dul ar lóistín ag peacach!'**

**Ach dúirt Zacháias go croíúil leis an Tiarna: 'Is é a dhéanfaidh mé, a Thiarna, leath mo mhaoine a thabhairt do na boicht, agus má bhain mé aon ní go héagórach d'aon duine, déanfaidh mé aisíoc leis faoi cheathair.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Thaispeáin Íosa do Zacháias gur thug Dia maithiúnas dó. Uaireanta, is féidir linn gníomhú cosúil le Zacháias: B'fhéidir trína bheith

leithleasach nó santach. Ach tá a fhios againn nuair a bhíonn brón orainn go dtugann Dia maithiúnas dúinn, díreach mar a thug sé do Zacháias. Tá grá ag Dia dúinn, agus is mian leis go mbeadh áthas orainn. Ag baint úsáid as ár n-guthanna inmheánacha deirimis le Dia faoi na huaireanta nuair nach ndearnamar mar a d'iarr Íosa orainn. Dún do shúile ... (*Sos*)

**M:** Ag smaoineamh siar ar an lá inniu, tá mé cinnte gur minic a thaispeáin tú grá do dhaoine eile. Ach b'fhéidir go raibh uaireanta ann nuair nár thaispeáin tú. Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis le Dia na freagraí ar gach ceann de na ceisteanna seo:

- Ar ghuigh tú chun Dé inniu? (*Sos*)
- An ndearna tú mar a d'iarr do mhúinteoirí agus do mhuintir ort? (*Sos*)
- An raibh tú cineálta le do dheartháireacha, do dheirfiúracha agus do chairde? (*Sos*)
- An raibh leisce ort? (*Sos*)
- Ar ghoid tú rud ar bith? (*Sos*)
- Ar roinn tú an méid a bhí agat le daoine eile? (*Sos*)
- Ar inis tú an fhírinne i gcónaí? (*Sos*)
- An bhfuair tú aon rud ar iasacht nár thug tú ar ais? (*Sos*)

An bhfuil aon rud eile ann a dteastaíonn uait a rá le Dia? Má tá, is féidir leat é a rá anois. (*Sos*)

A Dhia ár nAthair, tá a fhios againn go dtabharfaidh tú maithiúnas dúinn i gcónaí. Cabhraigh linn grá a bheith againn do dhaoine eile. Cabhraigh linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** Guímis *An Gníomh Dóláis* le chéile agus sinn ag tabhairt ár bpeacaí chun cuimhne:

**Gach duine:** A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

**M:** Cuirimis críoch lenár seirbhís urnaí trí sheasamh agus *Comhartha na Síochána* a roinnt lena chéile.

Croitheann na leanaí lámha le chéile agus iad á rá: 'Síocháin an Tiarna leat i gcónaí.'

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.





# Téama 6: Ag an Aifreann gabhaimid buíochas agus glacaimid an Chomaoineach Naofa

Ceacht 1: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'
Ceacht 2: Ag an Aifreann, gabhaimid buíochas le Dia
Ceacht 3: Ag an Aifreann, glacaimid an Chomaoineach Naofa

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Tugtar 'Críost' ar Íosa, 'Mac Dé', 'Slánaitheoir' 'Fuascailteoir'
- Roinn Íosa An Suipéar Déanach lena chairde ar Dhéardaoin na Comaoineach agus b'é seo an chéad Eocairist
- Nigh Íosa cosa a dheisceabail chun a thaispeáint dóibh conas freastal ar dhaoine eile

### Briathar Dé

**Páis agus Bás Íosa**
- Lúc 22:7-20/Mth 26:17-29. An Suipéar Déanach
- Eoin 13:3-15. Níochán na gcos

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- Freagraí an Aifrinn
- Agnus Dei
- A Thiarna ní fiú mé

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Ag Aifreann Dhéardaoin na Comaoineach, níonn an sagart cosa na ndaoine i gcuimhne ar an rud a rinne Íosa dóibh. Bhí Íosa ag iarraidh taispeáint dá chairde conas caitheamh lena chéile –aire a thabhairt dá chéile agus breathnú amach dá chéile

**An tAifreann**

*Láithreacht na hEocairiste:*
- Is é an tAifreann an fhleá naofa ag a bhfaighimid Corp agus Fuil Íosa. Nuair a dhéanaimid é sin éirímid níos cosúla le hÍosa

*An Béile Naofa:*
- Ba é an Suipéar Déanach an chéad Aifreann. Rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh lena chairde ar an oíche sula bhfuair sé bás
- Ag an Aifreann roinneann clann an pharóiste béile naofa le chéile díreach mar a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach
- Thug Íosa an Eocairist dúinn ag an Suipéar Déanach

*Íobairt Chuimhneacháin:*
- Dúirt Íosa linn: 'déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'
- Ag an Aifreann cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé ó mhairbh le go sábháilfí an domhan

*Comaoineach:*
- Tá Íosa ag iarraidh go mbeimis aontaithe leis féin agus lena chéile
- Nuair a ithimid 'Arán na Beatha' tagann Íosa chugainn agus méadaíonn ár gcaidreamh le Dia agus lena chéile

*Struchtúr an Aifrinn:*
- Ullmhúchán don Chomaoineach: Íosa a onórú, iarrtar orainn troscadh a dhéanamh ó bhia agus ó dheoch ar feadh, ar a laghad uair a chloig sula nglacfaimid an Chomaoineach. (Ní bhriseann uisce agus/nó comhgais leighis troscadh na Eocairiste)
- Glacaimid leis an gcomaoineach le meas agus le hurraim…ar an teanga nó inár lámh

»

### Móráltacht Chríostaí

**Saoirse agus Freagracht an Duine**
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*E. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

- An Suipéar Déanach – Lúcás 22:7-20.

# Ceacht 1: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is é *Sacrosanctum Concilium* an Bunreacht ar an Liotúirge Naofa. Déantar cur síos ann ar an Eocairist mar 'Buaic bheatha na hEaglaise', agus 'an foinse óna ritheann a cumhacht go léir'. Nuair a éistimid agus nuair a dhéanaimid machnamh ar bhriathra agus ar ghníomhartha Íosa ag an Suipéar Déanach ní bhíonn amhras orainn gurb é an Eocairist 'an foinse óna ritheann cumhacht na hEaglaise'. Treoraíonn Íosa a chuid aspail ag ceiliúradh an chéad Eocairist chun 'é seo a dhéanamh i gcuimhne ormsa' agus, ó shin i leith, tá a lucht leanúna dílis dá ordú. Teastaíonn ó Íosa go mbeimis aontaithe leis féin agus lena chéile. Agus Íosa á fáil ag a lucht leanúna, tá siad i 'gcomaoineach naofa' leis. Is é seo 'buaic bheatha' an tsaoil Chríostaí. Tá Íosa i ndáiríre i láthair faoi chuma aráin agus fíona. Tá Críost i láthair i ndáiríre sa chomhthionól a bailíodh le chéile chun an Eocairist a cheiliúradh, sa sagart, sa bhriathar a fhógraítear agus go háirithe sa speiceas Eocairisteach faoi chuma aráin agus fíona.

An tseachtain seo, díreoidh na páistí ar fhocail agus ar ghníomhartha Íosa ag an Suipéar Déanach, maidir le níochán na gcos agus briseadh an aráin. Baineann níochán na gcos le seirbhís ghrámhar. Seo é an grá céanna a thaispeánann Íosa nuair a thugann sé é féin ar ár son (a chorp agus a fhuil) ar an gCros.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Arán piota (pitta), sú cuiríní dubha/fíonchaora agus tuáille

# Féachaimis …

## BÉILÍ SPEISIALTA

Déan comhrá leis na paistí ag úsáid na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a inseoidh dúinn faoi ócáid nuair a tháinig an teaghlach go léir le chéile le haghaidh béile speisialta? Cén ócáid a bhí ann?
- Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanaimid chun ullmhú do bhéile an-speisialta? Cad iad na difríochtaí a bhíonn ann nuair a bhíonn béile speisialta ag teaghlach le chéile seachas gnáthbhéile a bheith acu?
- An fearr leat a bheith ag ithe le daoine eile nó leat féin? Cén fáth? Cén fáth a gceapann tú gur fearr le go leor daoine a bheith ag ithe le daoine eile?

## PAIDIR

### Altú roimh Bhia agus Altú tar éis Bia

*Comhartha na Croise*

**M:** Gach uair a ithimid, is féidir linn a iarraidh ar Dhia an bia a ithimid a bheannú agus *Altú roimh Bhia* a rá. Guímis an phaidir sin anois:

**Gach duine:** Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht, a Dhia dhílis, orainn féin. Áiméan.

**M:** Ansin, tar éis dúinn ithe, is maith an rud é i gcónaí buíochas a ghabháil le Dia as an mbia a bhí againn: bia a thugann beathú agus fuinneamh dúinn. Guímis *Altú tar éis Bia* le chéile anois.

**Gach duine:** Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Jabanna

Mínigh do na páistí, ar ais in aimsir Íosa, go raibh bia tábhachtach do dhaoine freisin. Go deimhin, ceann de na rudaí atá ar eolas againn ón mBíobla ná gur thaitin sé le hÍosa béilí a ithe lena chairde. Bhí go leor ócáidí ann nuair a bhailigh Íosa leo chun béile a ithe. Cuidigh leis na páistí cuid de na hócáidí seo a thabhairt chun cuimhne (*béile Íosa le Zacháias, beathú an cúig mhíle le cúig bhuilín agus dhá iasc, an Suipéar Déanach*).

Mínigh dóibh, ar ais in aimsir Íosa, sula d'fhéadfadh le daoine béile a ithe, b'éigean do gach duine a chosa a nigh, go háirithe má tháinig siad isteach ó thuras fada. An chúis a bhí le seo ná nach raibh bróga ag go leor daoine faoi mar atá sa lá atá inniu ann: bhí cuaráin acu ach go minic ní raibh bróga ar bith acu. Chomh maith le sin, ní raibh cuma ar na bóithre faoi mar atá againn anois ... Bhí siad clúdaithe le deannach agus le gaineamh agus mar sin bhíodh cosa daoine salach go maith. Ar ais in aimsir Íosa, fostaíodh duine éigin chun cosa daoine a ní mar a tháinig siad an doras isteach agus sular ith siad. Tugadh seirbhíseach ar an duine seo. Déan comhrá faoi seo agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An gceapann tú gur jab an-deas a bhí ann, cosa duine eile a nigh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cén dearcadh a bhí ag daoine, meas tú, faoin seirbhíseach a nigh a gcosa? An gceapann tú gur shíl siad gur daoine an-tábhachtacha a bhí iontu? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú? Cén chaoi ar chaith daoine leis an seirbhíseach seo, meas tú?
- Mura mbeadh seirbhíseach ar fáil nuair a theastaigh ó dhaoine a gcosa a bheith nite acu, cé a nífeadh iad?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### Níochán na gCos



Féach an méid atá ar eolas ag na páistí agus na ceisteanna seo á gcur agat:


- Cé a bhí ag an Suipéar Déanach? (*Íosa agus na haspail*)
- Cad a tharla? (*Thóg Íosa arán agus fíon, thug buíochas, bheannaigh iad agus roinn iad*)
- Cathain a tharla an Suipéar Déanach? (*An oíche sula bhfuair Íosa bás*)
- Cár tharla an Suipéar Déanach? (*In Iarúsailéim*)
- Cén fáth gur theastaigh ó Íosa go dtiocfadh a chairde go léir le chéile chun béile a cheiliúradh leis? (*Mar bhí a fhios aige go bhfaigheadh sé bás, agus theastaigh uaidh a oíche dheireanach a chaitheamh leo*)

Ansin mínigh do na páistí, sular ith Íosa an Suipéar Déanach lena chairde, gur tharla rud éigin tábhachtach. Léigh 'Níochán na gCos'. Mínigh go dtagann sé as an Soiscéal é de réir Eoin.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Béile Cháisc na nGiúdach a bhí sa Suipéar Déanach. Déanann an Cháisc ceiliúradh ar shaoradh na nIosraeilíteach ó sclábhaíocht na hÉigipte.

**'Níochán na gCos'**

(*Curtha in oiriúint ó Eoin 13:3-5, 12-17*)



Bhí roinnt daoine ann nár thaitin Íosa leo. Níor theastaigh uathu a bheith ag éisteacht leis na rudaí a dúirt sé faoi Dhia. Níor theastaigh uathu grá a thaispeáint do dhaoine eile. Mar sin, shocraigh siad ar deireadh a chur le hÍosa. Rinne siad plean é a ghabháil agus é a thabhairt do na saighdiúiri áitiúla.

Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil, mar sin shocraigh sé chun Béile na Cásca a ithe lena chairde. Béile an-speisialta ab ea Béile na Cásca agus d'ith Íosa agus a chairde é gach bliain. Bhí siad gnóthach ag ullmhú le haghaidh an bhéile. Rinne siad arán speisialta agus bhí cupán fíona ar fáil do gach duine.

Ach sular thosaigh siad ag ithe, d'éirigh Íosa ón tábla, leag sé uaidh a chuid éadaigh, agus cheangail sé tuáille thart timpeall air féin. Ansin chuir sé uisce i mbáisín agus thosaigh ag ní cosa a dheisceabal agus á dtiormú leis an tuáille.

Bhí cuid de chairde Íosa trína chéile. 'Cad atá ar siúl aige?' ar siad le chéile. 'Ní cóir d'Íosa a leithéid a dhéanamh! Tá seirbhísigh againn chun cosa salacha a ní.'

Tar éis d'Íosa cosa a dheisceabal a ní, chuir sé a éadaí air arís agus shuigh sé chun boird. 'An dtuigeann sibh cad atá déanta agam daoibh?' ar sé. 'Má rinne mise bhur gcosa a ní agus gur mé bhur dTiarna agus bhur Máistir ba chóir daoibhse chomh maith cosa a chéile a ní. Ba chóir daoibh beart a dhéanamh do dhaoine eile faoi mar a rinne mé ar bhur son.'

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, tástáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a rinne Íosa sular ith sé féin agus a lucht leanúna a gcuid béile?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth, dar leat, nár theastaigh ó lucht leanúna Íosa go nífeadh sé a gcosa dóibh? Cén fáth go ndúirt cuid acu gur chóir do sheirbhíseach an jab sin a dhéanamh? Conas a gceapann tú gur mhothaigh siad nuair a bhí a gcosa á ní ag Íosa?
- Dúirt Íosa go bhféadfadh a lucht leanúna 'cosa a chéile a ní'. An gceapann tú go raibh i gceist aige go nífidís cosa a chéile? Cad iad na bealaí eile ina bhféadfaidís aire a thabhairt dá chéile agus a bheith cineálta lena chéile?
- An cuimhin leat am nuair a thug duine aire duit nó a bhí cineálta leat? An ndearna tú é sin riamh do dhuine eile? Roinn linn é.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Arán agus Fíon'

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na béilí a roinn na páistí lena dteaghlaigh. Inis dóibh gurb é an béile is tábhachtaí a roinn Íosa lena chairde, ná an Suipéar Déanach. Ansin léigh, 'Arán agus Fíon'. Mínigh gur as na Soiscéil é.

**'Arán agus Fíon'**

(*Curtha in oiriúint ó Mhata 26:26-29, ó Mharcas 14:12-17, 22-24, ó Lúcás 22:7-19*)



Nuair a bhí siad ina suí ag ithe, d'fhéach Íosa ar na haspail. Bhí grá mór aige dóibh. Dúirt sé leo: 'Mo chairde, tá áthas orm go bhfuilimid ar fad anseo le chéile. Bhí mé ag tnúth go mór leis an mbéile deireanach seo a ithe libh.' Ansin thóg Íosa arán, bheannaigh sé é, bhris agus thug dóibh é agus dúirt: 'Tógaigí is é seo mo chorp.' Ansin, thóg sé an fíon, bheannaigh sé agus thug dóibh é, ag rá, 'Is í seo m'fhuilse.' Dúirt Íosa na rudaí seo mar bhí a fhios aige go mbeadh sé á cur chun báis go luath. D'iarr Íosa ar a chairde bailiú le chéile mar seo nuair a bheadh sé imithe, agus an rud céanna a dhéanamh faoi mar a bhí déanta aige. Dúirt sé leo: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.'

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cén bia ar ith Íosa agus a lucht leanúna ag a mbéile?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth go raibh Íosa ag iarraidh a bhéile deireanach a ithe lena lucht leanúna?
- Bhí a fhios ag Íosa, nuair a thiocfadh a lucht leanúna le chéile sa todhchaí, agus arán agus fíon a roinnt mar a rinne siad ag an Suipéar Déanach, go mbeadh sé in éineacht leo ar bhealach an-speisialta. Bheadh sé chomh gar leo agus a bhí sé nuair a bhí siad go léir ina suí le chéile an oíche sin. Conas a mhothaigh siad nuair a thuig siad an méid seo?
- Ar chuala tú na focail, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa' riamh roimhe seo? Cé a dúirt iad? Cá háit? (*an sagart; ag an Aifreann*)

## AG COMHRÁ

### Faoi ghníomhartha Íosa

Tosaigh tríd an méid a tharla ag an Suipéar Déanach a thabhairt chun cuimhne. Ansin dírigh ar an méid a rinne Íosa leis an arán: thóg sé é, bheannaigh sé é, bhris sé agus roinn sé é. Spreag na páistí chun mím a dhéanamh ar gach ceann de na gníomhartha sin: ag glacadh 'arán', á bheannú (trí *Comhartha na Croise* a ghearradh os a chionn), á bhriseadh agus á roinnt lena chéile. Ansin mím na gníomhartha leis an 'Fíon' - á thógáil, á bheannú agus á roinnt leis an daoine eile.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuideoidh eolas faoi na gníomhartha thuas leis na páistí an gaol atá ann le gníomhartha Íosa ag an Suipéar Déanach agus gníomhartha an tsagairt ag an Aifreann a thuiscint.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 34: Samhlaíonn na páistí conas a bheadh cur síos ar an Suipéar Déanach in *Iris Iarúsailéim.*

### Sa Bhaile

Lch. 35: Déanann na páistí machnamh ar na bealaí ina bhféadfaidís sampla Íosa a leanúint le daoine eile. Tugtar cuireadh do theaghlaigh *Altú roimh Bhia* agus *Altú tar éis Bia* a rá tar éis béilí i rith na seachtaine.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ar an oíche sula bhfuair sé bás, rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh lena lucht leanúna. Sular ith siad, thóg Íosa báisín uisce agus thosaigh sé ag ní cosa a chairde. Dúirt sé leo gur chóir go ndéanfaidís le daoine eile faoi mar a rinne sé leo. Ansin thóg Íosa arán agus fíon, bheannaigh sé iad agus roinn sé iad lena chairde. Dúirt sé, 'Is é seo mo chorp' agus 'Is í seo mo chuid fola'. D'iarr Íosa ar a lucht leanúna cuimhneamh air trí bhailiú le chéile agus an rud céanna a dhéanamh agus a rinne sé. Nuair a dhéanfaidís cuimhneamh air mar seo, bheadh sé in éineacht leo i mbealach speisialta.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** I rith na seachtaine seo caite, bhíomar ag caint faoin Suipéar Déanach a d'ith Íosa lena aspail. I rith an tSuipéir, ghlac Íosa arán (*ardaigh an t-arán in airde*), bheannaigh sé é (déan *Comhartha na Croise* thar an aráin), bhris sé é (*bris píosa aráin*) agus roinn sé lena chairde é.

Ansin dúirt sé: 'Is é seo mo chorp. Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. (*Sos*)

**M:** Ansin, thóg Íosa an fhíon (*ardaigh an sú fíonchaor/sú cuiríní dubha in airde*), bheannaigh sé í (déan *Comhartha na Croise* thar an sú), agus roinn sé lena chairde í.

Ansin dúirt sé: 'Is í seo cailís mo chuid fola. Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. (*Sos*)

**M:** Óir is lucht leanúna Íosa sinn, is féidir linn bailiú le chéile chun 'é seo a dhéanamh i gcuimhne Íosa'. Ach tá rudaí eile ann gur féidir linn a dhéanamh chun a thaispeáint go bhfuil Íosa á leanúint againn.

*Taispeáin an tuáille do na páistí*

**M:** Ag an Suipéar Déanach, nigh Íosa cosa na n-aspal chun a thaispeáint dóibh go raibh sé ag iarraidh ceacht a mhúineadh dóibh - go dtabharfaidís aire do dhaoine eile díreach mar a thug sé aire dóibh. Labhraimis le hÍosa anois ag baint úsáid as ár nguth inmheánach, chun a insint dó cad is féidir linn a dhéanamh chun a thaispeáint go bhfuil sé á leanúint againn. Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar mo ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, le do ghuth inmheánach, inis rud amháin d'Íosa a dhéanfaidh tú chun a thaispeáint go bhfuil sé á leanúint agat. B'fhéidir go gcabhróidh tú sa bhaile, go roinnfidh tú le cairde ar scoil, nó go mbeidh tú cairdiúil le duine atá leo féin. (*Sos*)

Iarr ar Íosa cabhrú leat an méid sin a dhéanamh. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag an Aifreann, gabhaimid buíochas le Dia

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Seo an tríú ceann i sraith ceachtanna ar an Aifreann scaipthe ar fud an chláir *I nGrá Dé* do Rang 2/B4. D'fhoghlaim na páistí freisin faoin Aifreann mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3.

Tá na paidreacha foghlamtha ag na páistí cheana féin, chomh maith leis na freagraí a úsáidtear le linn na Deasghnátha Tosaigh agus Liotúirge an Bhriathair. Sa cheacht seo, bogaimid ar aghaidh chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcéad chuid de Liotúirge na hEocairiste, áit a ghabhaimid buíochas le Dia. Táimid ag bogadh anois i dtreo pointe lárnach an Aifrinn.

Measann Caitlicigh gurb é an tAifreann an Sacraimint lárnach Chríostaí agus mar sin úsáidtear go leor ainmneacha d'fhonn cur síos a dhéanamh ar a saibhreas. 'Eocairist' (ón bhfocal Gréigise do 'Buíochas') ceann de na hainmneacha seo toisc gur gníomh buíochais le Dia atá san Aifreann.

An tseachtain seo, foghlaimeoidh na páistí go ngabhaimid buíochas le Dia as gach a tugadh dúinn, nuair a cheiliúrtar an tAifreann. Gabhaimid buíochas le Dia, ach go háirithe, as Íosa a sheoladh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a bheith againn. Le linn an Aifrinn tugaimid bronntanais aráin agus fíona chuig an altóir. Déanfaidh An Spiorad Naomh na bronntanais seo a athrú go Corp agus Fuil Íosa Críost.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste, má roghnaíonn tú é a úsáid.

# Féachaimis …

## DÁN

### 'Táim Buíoch'

Léigh an dán 'Táim Buíoch' do na páistí agus fiafraigh dóibh cad iad na daoine, na háiteanna nó na rudaí a chuirfeadh siad leis an liosta.

Táim Buíoch
Táim buíoch as mo chat,
A choinníonn na francaigh amach.

Táim buíoch as mo mháthair,
Atá i gcónaí i láthair.

Táim buíoch as mo bhréagáin,
Go háirithe na cinn le bonnáin.

Táim buíoch as mo luascán,
San earrach is mé ar seachrán.


Táim buíoch as barraí seacláide,
Nó milseáin a roinnt lem' chairde.

Sin a bhfuil, ach céard fútsa?
Cad a chuirfeá leis an liosta?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Táimid Buíoch

Tabhair teimpléad/píosa páipéir bán do gach páiste. Iarr orthu pictiúr a tharraingt nó scríobh faoi rud éigin a bhfuil siad buíoch as. Nuair a bheidh siad críochnaithe tabhair cuireadh do leanaí áirithe a saothar ealaíne a thaispeáint do gach duine agus a rá cad as a bhfuil siad buíoch.




## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Ag an Suipéar Déanach, ghabh Íosa buíochas le Dia a Athair as an arán agus as an fhíon a bhí le roinnt aige lena aspail. Gabhaimis buíochas le Dia inniu as gach rud atá againn. Tosóidh mise le buíochas a ghabháil le Dia as (*ainmnigh rud éinin a bhfuil tú buíoch as*). Deirimis go léir le chéile: 'Go raibh maith agat a Dhia as (*an méid a d'ainmnigh tú*)'
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as …

**M:** Cé eile a ba mhaith leis/léi buíochas a ghabháil le Dia as rud éigin?

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid paidreacha a ofráil. Nuair a ainmníonn páiste rud éigin, iarr ar na páistí go léir, 'Go raibh maith agat a Dhia as …' a rá.*

**M:** A Dhia ár nAthair,
Go raibh maith agat as an méid atá againn.
Cabhraigh linn ár mbuíochas a thaispeáint duit, dár dteaghlaigh agus dár gcairde.
Beannaigh iad siúd nach bhfuil an oiread acu agus atá againn.
Iarraimid é seo trínár dTiarna, Íosa Críost.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## 'ULLMHÚ NA MBRONNTANAS'

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is iad na bronntanais amháin ba chóir a thabhairt chuig an altóir ag an am seo ná bronntanais aráin, fíona agus airgid a bailíodh ón bpobal do riachtanais an pharóiste. Is fíor-bhronntanais iad seo, a thugtar go saor: ní thabharfar ar ais iad ag deireadh an Aifrinn. Is é an t-am ceart chun earraí eile a iompar chuig an sanctóir ná le linn an Mhórshiúil Oscailte ag an tús an Aifrinn.

Mínigh do na páistí go ndéanann daoine bronntanais aráin agus fíona a ofráil le linn an Aifrinn. Níos déanaí san Aifreann, iarrann an sagart ar an Spiorad Naomh a theacht ar an ngnáth-arán agus fíon seo chun iad a athrú go nithe neamhghnácha. Athrófar an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Chríost.

## PAIDIR

### Paidir roimh Chomaoineach

Mínigh do na páistí, tar éis don arán agus an fhíon a bheith tugtha chun na haltóra, tugann an sagart buíochas astu, agus beannaíonn sé iad. Athraítear an t-arán agus an fhíon ansin: cé go bhféachann siad mar an gcéanna, tá siad athraithe anois go Corp agus Fuil Chríost. Tugaimid 'Comaoineach Naofa' orthu anois. I measc na mbronntanas go léir a thug Dia dúinn, agus a bhfuilimid buíoch astu, is é seo an ceann is mó.

Mínigh do na páistí go mbeidh go leor acu in ann Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa don chéad uair i mbliana. Mar ullmhúchán don Chomaoineach Naofa, tá paidir speisialta ann. Léigh an phaidir seo do na páistí, agus cuidigh leo é a rá i do dhiaidh:

A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 36: Déanann na páistí machnamh ar na rudaí a bhfuil siad buíoch astu. Am é chun buíochas a ghabháil le Dia atá san Aifreann.

### Sa Bhaile

Lch. 37: Léann na páistí an *Phaidir roimh Chomaoineach* lena dteaghlaigh agus tugtar cuireadh dóibh í a ghuí le chéile. Tugtar cuireadh dóibh freisin, comhrá a dhéanamh faoi conas is féidir leo grá a thaispeáint do dhaoine eile. Nuair a ghlacaimid an Comaoineach Naofa, cuidíonn Íosa linn grá a thabhairt do dhaoine eile mar d'iarr sé ar a chairde a dhéanamh.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ag an Aifreann, gabhaimid buíochas le Dia as gach a tugadh dúinn. Cuirimid bronntanais aráin agus fíona i láthair an tsagairt, go n-athrófar níos déanaí san Aifreann iad chun bheith mar Chorp agus Fuil Chríost, a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Dán Acrastach

Tosaigh trí roinnt de na rudaí a thabhairt chun cuimhne arís a bhfuil na páistí buíoch astu. Cuir i gcuimhne dóibh gur thug Íosa, ag an Suipéar Deireanach, buíochas le Dia as an mbia a bhí sé féin agus a lucht leanúna ag ithe, agus go raibh siad ar fad le chéile le haghaidh béile deireanach a bheith acu. Mínigh do na páistí nuair a théann siad chuig an Aifreann, go mbíonn deis acu buíochas a ghabháil le Dia as gach atá acu.

Ansin cuidigh leis na páistí teacht suas le hocht rud a bhfuil siad buíoch astu ag baint úsáid as gach ceann de na litreacha san fhocal 'Buíochas', mar shampla:

| | | |
|---|---|---|
| **B**éilí | **O**lann | **A**inmhithe |
| **U**isce | **C**airde | **S**neachta |
| **Í**osa | **H**ata | |

Is féidir leat an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar rang, i ngrúpaí beaga nó le páistí leo féin.

## PAIDIR

### Paidir roimh Chomaoineach

**M:** An tseachtain seo, d'fhoghlaimíomar go dtagaimid le chéile ag an Aifreann chun buíochas a ghabháil le Dia as gach atá againn. Gabhaimid buíochas le Dia as a mhac, Íosa, a sheoladh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a thabhairt. Tógaimid arán agus fíon mar bhronntanais chuig an altóir chomh maith. Le linn an Aifrinn, glacann an sagart an t-arán (*mím an gníomh*) agus deir sé:

Is beannaithe thú, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainne as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
toradh na talún agus saothar lámha an duine.

Ag an Aifreann, déanfar arán na beatha dúinn, den arán seo. An freagra ar an bpaidir thuas ná: 'Moladh go deo le Dia.'
**P:** Moladh go deo le Dia.

**M:** Is as caora fíniúna a dhéantar an fíon. Ag an Aifreann, glacann an sagart an chailís fíona (*mím an gníomh*) agus deir sé:

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: toradh na finiúna agus saothar lámha an duine.

Ag an Aifreann, déanfar deoch spioradálta dúinn, den bhfíon seo. An freagra ar an bpaidir thuas ná: 'Moladh go deo le Dia.'
**P:** Moladh go deo le Dia.

**M:** Níos déanaí san Aifreann, Corp agus Fuil Chríost a dhéanfar den arán agus den bhfíon. Mar ullmhúchán d'Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa, deirtear an *Paidir roimh Chomaoineach*. Guímis an phaidir le chéile anois:

**Gach duine:** A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as na bronntanais go léir a thug tú dúinn.
Go raibh maith agat go háirithe as Íosa a sheoladh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a thabhairt.
Cabhraigh linn a bheith buíoch díot i gcónaí as gach atá againn.
Iarraimid é seo trí Íosa, ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

# Ceacht 3: Ag an Aifreann, glacaimid an Chomaoineach Naofa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Seo é an ceathrú ceann i sraith ceachtanna ar an Aifreann atá ar fáil in *I nGrá Dé* do Rang 2/B4. D'fhoghlaim na páistí faoin Aifreann freisin mar chuid de *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3. An tseachtain seo, dírímid ar an *Phaidir Eocairisteach* agus conas an Comaoineach Naofa a ghlacadh.

Creideann Caitlicigh go n-athraítear substaint an aráin agus an fhíona go substaint Choirp agus Fola Chríost. Glaoimid 'tras-substaintiú' air seo. Ciallaíonn sé sin go bhfanann dealramh an aráin agus an fhíona mar a bhí cheana. Ach athraítear substaint an aráin agus an fhíona go Corp agus Fuil Chríost. Trí ghníomhú an Spioraid Naoimh, 'Bíonn Corp agus Fuil Chríost i láthair i ndáiríre agus tugtha i ndáiríre' (*One Bread, One Body*, uimhir 50). Mar sin tá sé mícheart agus míchruinn araon úsáid a bhaint as an téarma 'arán naofa' nó a leithéid le páistí. Ní 'arán naofa' é seo. Is é seo Láithreacht Réalta Íosa. Ag an Suipéar Déanach, roinn Íosa bronntanas é féin lena lucht leanúna. Roinntear an bronntanas céanna linn sa Chomaoineach Naofa. Nuair a fhaighimid Corp agus Fuil Íosa sa Chomaoineach éirímid níos cosúla leis.

Is rúndiamhair í an Eocairist: ní bheimid in ann a thuiscint go deo conas a athraítear an t-arán agus an fíon go Corp agus go Fuil Chríost. An méid a bhfuil blas aráin agus fíona aige, creidimid nach arán agus fíon a thuilleadh atá ann ach Corp agus Fuil Chríost. Dúirt Íosa linn gur seisean 'Arán na Beatha'; ní bia fisiceach, ach cothú don chroí, don anam agus don intinn.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

Déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Go dtí seo, d'fhoghlaimíomar an méid seo a leanas faoin Aifreann: Bailíonn lucht leanúna Íosa le chéile, éisteann siad le Briathar Dé á léamh ón mBíobla, agus gabhann siad buíochas le Dia as na rudaí go léir a thug sé dóibh. An bhfuil a fhios ag aon duine cad eile a tharlaíonn ag an Aifreann?
- Cathain a bhí tú ag an Aifreann le déanaí? Cad is cuimhin leat a fheiceáil? Cad a chuala tú?
- Cad a d'iarr Íosa ar a lucht leanúna a dhéanamh nuair a chruinnigh siad le chéile chun cuimhneamh air? Is dócha gur inis siad scéalta faoi, díreach mar a dhéanaimid nuair a léimid ón mBíobla, ach cad eile a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh?

## PAIDIR

### Sanctus

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair a thagaimid le chéile ag an Aifreann, tugaimid moladh agus glóir do Dhia. Tugaimid onóir d'Íosa freisin, Aonmhac Dé. Guímis le chéile anois, ag cuimhneamh ar na focail a chan na haingil ar an oíche a rugadh Íosa, agus na focail a gháir na sluaite nuair a chuir siad fáilte roimhe agus é ag dul isteach i gcathair Iarúsailéim.

**Gach duine:** Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## 'AN INSINT BHUNAITHE'

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is í 'An Insint Bhunaithe' – a ghlaotar an tSácráil uirthi chomh maith - an chuid sin den *Phaidir Eocairisteach* ina ghuíonn an sagart thar an arán agus an fíon leis na focail céanna a d'úsáid Íosa ag an Suipéar Déanach.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Bealach eile le meas a thaispeáint do Dhia is ea dul ar na glúine.

## AG COMHRÁ

### Faoi Chomaoineach Naofa

Mínigh do na páistí, nuair a bhí Íosa lena aspail ag an Suipéar Déanach, dúirt sé, 'Is é seo mo chorp' agus 'Is í seo cailís mo chuid fola'. Creidimid ag gach Aifreann, go dtagann Spiorad Dé ar an ngnáth arán agus fíon chun iad a athrú. Déantar Corp agus Fuil Chríost astu a ghlacaimid sa Chomaoineach Naofa. Nuair a fhaighimid an Comaoineach Naofa, fásaimid i gcairdeas le Dia agus lena chéile. Ansin déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Nuair a bheannaíonn an sagart an t-arán, an mbreathnaíonn sé mar an gcéanna agus a rinne sé roimhe sin? An gceapann tú go bhfuil an blas céanna fós aige? Cad atá athraithe?
- Nuair a fhaigheann tú an Comaoineach Naofa, bíonn Íosa in éineacht leat ar bhealach nua agus speisialta. Beidh sé gar duit ar bhealach nach raibh sé riamh cheana. Cén tionchar atá ag an méid sin ort?
-



## AG COMHRÁ

### Faoi Chomaoineach Naofa

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar Ministrí Urghnácha na Comaoineach Naofa orthu siúd a dháileann an Chomaoineach Naofa leis an sagart. An chúis atá le seo ná toisc nach ministrí 'gnáthacha' na Comaoineach Naofa iad. Is iad an sagart nó an deochain gnáth ministrí na Comaoineach Naofa.

Taispeáin Póstaer 6 do na páistí agus dírigh ar an mbealach ina nglacann na daoine an Chomaoineach Naofa, agus an méid a deir siad. Taispeáin do na páistí conas a lámha a chuachadh, - an lámh chlé thar an lámh dheas (dóibh siúd atá deaslámhach) nó an lámh dheas thar an lámh chlé (dóibh siúd atá ciotógach). Nuair a chuirtear an Chomaoineach Naofa isteach i mbos na láimhe, cuireann siad díreach isteach sa bhéal í. Is féidir le daoine, ar mian leo é a dhéanamh, an Chomaoineach Naofa a ghlacadh ar an dteanga freisin.

Mínigh do na páistí go bhfuil bealaí áirithe ann inar féidir linn ullmhú chun Íosa a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa. Déan comhrá faoi na pointí seo a leanas leis an páistí:

- Troscadh a dhéanamh ar feadh uair an chloig sula nglacfaimid an Chomaoineach Naofa.
- Abair paidir speisialta sula nglacfaimid an Chomaoineach Naofa. Tugtar *an Phaidir roimh Chomaoineach* ar an bpaidir seo.
- Bíodh ár lámha le chéile agus sinn ar an mbealach chun an Chomaoineach Naofa a ghlacadh.
- Déan cinnte de go bhfuil ár lámha glan.
- Sín amach an teanga nó na lámha ar bhealach speisialta chun an Chomaoineach Naofa a ghlacadh - an lámh chlé thar an lámh dheas (dóibh siúd atá deaslámhach) nó an lámh dheas thar an lámh chlé (dóibh siúd atá ciotógach).
- Guigh i do thost tar éis an Chomaoineach Naofa a ghlacadh. Tá paidir speisialta ann a deirimid anois. Tugtar *an Phaidir tar éis Comaoineach* uirthi.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá sé riachtanach orthu siúd, a bhfuil sé ar intinn acu Comaoineach Naofa a ghlacadh, troscadh a dhéanamh ar feadh uair an chloig roimh an Aifreann. Iarrtar orainn troscadh ó gach bia ach amháin uisce sa tréimhse seo. Déanaimid é seo chun cabhrú linn a bheith níos feasaí faoin mbronntanas atáimid ar tí a fháil sa Chomaoineach Naofa.

## PAIDIR

### Paidir tar éis Comaoineach

Mínigh do na páistí, chomh maith le paidir speisialta a rá le hÍosa roimh Chomaoineach Naofa, deirimid paidir speisialta le hÍosa, freisin, tar éis Comaoineach. Léigh an phaidir seo do na páistí, agus chun cabhrú leo, iarr orthu í a athrá i do dhiaidh.

A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Léiríonn gníomhartha an tsagairt ag an Aifreann gníomhartha Íosa ag an Suipéar Déanach, nuair a ghlac sé an t-arán, bheannaigh sé é, bhris sé agus roinn sé é. Ag an Aifreann, athraítear an t-arán agus an fíon, agus cuirtear Íosa i láthair dúinn ar bhealach fíor, faoi chuma aráin agus fíona. Is é sin a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa – láithreacht réalta Íosa. Glacaimid an Chomaoineach le meas mór. Tar éis an Chomaoineach Naofa is féidir linn labhairt le hÍosa agus a rá leis go bhfuil grá againn dó agus go dteastaíonn uainn maireachtáil cosúil leis. Is féidir linn a insint dó freisin faoi rud ar bith atá ag déanamh imní dúinn agus aon rud ar mhaith linn guí faoi.

## AG COMHRÁ

### Faoin gCéad Comaoineach

Má tá na páistí ag ullmhú chun a gCéad Comaoineach Naofa a cheiliúradh, déan comhrá leo agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad faoi a bhfuil tú ag tnúth agus an Chéad Chomaoineach Naofa le ceiliúradh agat?
- An é sin an t-aon uair a ghlacfaidh tú Íosa sa Chomaoineach Naofa? Cathain eile ar féidir leat dul chuig an Chomaoineach Naofa?
- Cén fáth, dar leat, atá Íosa ag iarraidh orainn é a ghlacadh sa Chomaoineach Naofa gach Domhnach?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 38: Léann na páistí faoi na bealaí éagsúla inar féidir leo ullmhú chun an Chomaoineach Naofa a ghlacadh.

### Sa Bhaile

Lch. 39: Léann na páistí agus a dteaghlaigh *an Phaidir tar éis Comaoineach* le chéile, agus déanann siad comhrá faoin tábhacht a bhaineann le meas a thaispeáint nuair a ghlacaimid an Chomaoineach Naofa.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Eocairist

*Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga. Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**M:** Seasaimis chun iomann a chanadh, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Ag tús an Aifrinn stopaimid agus déanaimid smaoineamh ar ghrá Dé. Bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí, fiú nuair nach mairimid ar nós Íosa. Bíonn Dia ag fanacht orainn i gcónaí casadh ar ais chuig a ghrá. Déanaimis smaoineamh anois ar na huaireanta nach raibh grá againn do Dhia nó do dhaoine eile.

*Sos*

**M:** A Thiarna Íosa, bhí tú cairdiúil le cách. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** A Íosa Críost, tháinig tú chun Dia a chur in aithne dúinn. A Chríost, déan trócaire.
**P:** A Chríost, déan trócaire.

**M:** A Thiarna Íosa, léirigh tú dúinn go bhfuil grá ag Dia do gach duine. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** Anois, guímis an *Confiteor* le chéile, díreach mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
Ar na hAingil agus ar na Naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre,
Guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.
Áiméan.

**M:** Is é an chéad rud eile a dhéanaimid ag an Aifreann ná éisteacht le sliocht ó na Soiscéil, Briathar Dé. Éistimis anois. Cuirimid fáilte roimh an Soiscéal agus 'Alleluia' a chanadh.

*Tabhair cuireadh do na páistí seasamh.*

Can 'Alleluia'.

**M:** Go raibh an Tiarna libh.
**P:** Agus le do spiorad.

**M:** Sliocht as an Soisceal Naofa de réir Eoin.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr* fíor na croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht)*

*Is féidir an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Eoin 13:3-5, 14-17).*

**Bhí a fhios ag Íosa go raibh gach uile ní tugtha isteach ina lámha dó, ag an Athair, agus gur ó Dhia a ghabh sé amach, agus gur ar Dhia a bhí a thriall. D'éirigh sé ón suipéar, agus leag sé uaidh a chuid éadaigh, agus cheangail sé tuáille faoina choim. Ansin chuir sé uisce sa bháisín agus thosaigh ag ní cosa na ndeisceabal agus á dtiormú leis an tuáille a bhí faoina choim.**

**[Dúirt Íosa lena dheisceabail], 'Má rinne mise bhur gcosa a ní agus gur mé bhur dTiarna agus bhur Máistir, ba chóir daoibhse chomh maith cosa a chéile a ní. Tá sampla tugtha agam daoibh, faoi mar atá déanta agam daoibhse, go ndéanfadh sibhse mar an gcéanna.'**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Suímis síos ar feadh nóiméid chun smaoineamh agus comhrá a dhéanamh faoin sliocht a chualamar.

Sa sliocht seo insíonn Íosa dá dheisceabail go dteastaíonn uaidh go gcabhróidís le daoine eile. Nuair a thugaimid cabhair do dhaoine, léirímid go bhfuil grá againn dóibh, agus léirímid freisin go bhfuil grá againn do Dhia. Teastaíonn ó Íosa go mbeadh a dheisceabail cabhrach agus cineálta do dhaoine eile. Sa tslí sin is féidir linn a thaispeáint gur deisceabail Íosa sinn. Cad iad na rudaí is féidir leat a dhéanamh chun a thaispeáint gur ceann de

dheisceabail Íosa tú?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

Bealach amháin a léiríonn gur deisceabail Íosa sinn ná dul go dtí an Aifreann. Creidimid go dtagann Spiorad Dé ag gach Aifreann, agus dá bharr sin go n-athraíonn an t-arán agus an fíon go corp agus fuil ár dTiarna Íosa Críost. Tagann Íosa chugainn sa Chomaoineach Naofa. Nuair a ghlacaimid an Chomaoineach Naofa, fásaimid i gcairdeas le Dia agus lena chéile.

**M:** Tá go leor ainmneacha ag daoine ar Íosa. Ar na hainmneacha sin tá: Críost, Tiarna, Slánaitheoir, Mac Dé agus An tAoire Maith. Thug Íosa 'Arán na Beatha' air féin chomh maith. Ghlaoigh a chol ceathrar, Eoin Baiste, 'Uain Dé' air. Ag an Aifreann, is cuimhin linn an teideal a thug Eoin Baiste ar Íosa nuair a chanaimid/deirimid paidir speisialta le chéile. Tig libh an phaidir sin a athrá i mo dhiaidh anois:

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Rud eile a d'iarr Íosa ar a dheisceabail ná guí ar an mbealach a mhúin sé dóibh. Mar sin, seasaimis agus deirimis *An Phaidir* le chéile.

*Seasann na leanaí*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Áiméan.

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

A Íosa, ár gcara,
Go raibh maith agat as sampla an ghrá agus sampla an chairdis a thug tú dúinn. Cabhraigh linn grá a thabhairt dá chéile mar a mhúin tú dúinn. Áiméan.

**Amhrán deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Tá mé buíoch as ...**

# Téama 7: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc

Ceacht 1: Bás Íosa
Ceacht 2: An tAiséirí

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Fuair Íosa bás ar an gcrois ar Aoine an Chéasta de bhrí go raibh grá aige do Dhia agus dúinne
- Thóg Dia an tAthair Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Páis agus Bás Íosa**
- Lúc 22:47-53. Brath agus gabháil
- Lúc 22:54-62. Séanadh Pheadair

**An Scrioptúr Naofa: Aiséirí Íosa agus an Chincís**
- Mc 16:1-8. Na mná ag an tuama

### Liotúirge agus Urnaí

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Tráth atá sa tSeachtain Mhór chun cuairt Íosa ar Iarúsailéim (Domhnach na Pailme), An Suipéar Déanach maraon le páis agus bás Íosa a thabhairt chun cuimhne
- Is í an chrois comhartha ghrá Íosa dá Athair agus dúinne
- Is pictiúir iad Stáisiúin na Croise a insíonn scéal bháis Íosa
- Ar Dhomhnach Cásca ceiliúrann na Críostaithe Aiséirí Íosa ó mhairbh
- Thóg Dia Íosa ó mhairbh le go mbeadh sé in ann a bheith inár dteannta
- Cuireann coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn gurb é Íosa 'Solas an tSaoil'. Lastar í i rith séasúr na Cásca, ag searmanas an Bhaiste agus ag sochraidí

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Cuid de na stáisiúin ar thuras na croise: Glacann Íosa leis an gcrois; Titeann Íosa; Cabhraíonn Símón Círéineach le hÍosa an chrois a iompar; Casann Íosa leis na mná; Faigheann Íosa bás (Íosa aiséirithe)

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Tabharfaidh Íosa cúnamh dúinn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile a ghortaigh sinn, má iarraimid air é

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*E. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*
- Nuair a rinneadh fealltóireacht air agus a gabhadh é i nGairdín Gheitséamainí - Lúcás 22:47-53.
- Séanadh Pheadair - Lúcás 22:54-62.
- An triail agus an céasadh - Lúcás 22:66-71, Lúcás 23:1-43.
- A bhás agus a adhlacadh – Lúcás 23:44-56.

# Ceacht 1: Bás Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé ag druidim chun báis. Chonaic sé go raibh naimhdeas na n-údarás ag méadú. Bhí a fhios aige go raibh siad beartaithe é a ghabháil, é a chur chun trialach agus é a chur chun báis. D'inis sé dá aspail an méid a tharlódh dó in Iarúsailéim. Ba é a bhás ar an gcros buaicphointe a shaoil a bhí tiomnaithe go hiomlán don Athair agus dúinn. Bhí brón ar Íosa gan amhras agus díomá air freisin nuair a chonaic sé laige na n-aspal nuair a bhí gá mór aige leo: rinne Iúdás feall air, shéan Peadar é, agus thréig beagnach gach duine é. Ach d'fhan grá, dúthracht agus umhlaíocht Íosa do Dhia seasmhach. D'oscail an grá seo bealach an tslánaithe don chine daonna. Mar fhreagra ar ghrá agus ar dhílseacht Íosa, d'ardaigh Dia an tAthair Íosa chun beatha nua agus thaispeáin sé go bhféadfaí an bás a shárú.

Chuala na páistí scéal páis agus bás Íosa i ngach clár de *I nGrá Dé*. I Rang 1/B3, dhírigh siad ar iontráil bhuacach Íosa in Iarúsailéim, agus ar fhocail an 'ghadaí maith' ar an gcros: 'A Íosa, cuimhnigh ormsa, nuair a thagann tú isteach i do ríocht '(Lúcás 23:42). I mbliana, dírímid ar feall Iúdáis agus ar shéanadh Pheadair. Cuirtear Turas na Croise in aithne na bpáistí freisin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Dhá mhaide líreacáin do gach páiste, agus gliú láidir chun na bataí líreacáin a ghreamú le chéile
- Liathróid bhog

# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Braite'

Tháinig Lauren ar scoil go luath i gcónaí. D'fhág a Mam an teach ag leathuair tar éis a hocht agus mar sin bhí uirthi a bheith imithe as an teach faoin am sin.

**'Braite'**

Maidin amháin, go luath mar is gnách, shiúil Lauren isteach sa chlós agus chuir sí a mála scoile sa líne. 'WOW! Féach ar an méid sin!' ar sise, ag féachaint thart timpeall.

Bhí páipéar ar an talamh i mbeagnach gach cuid den chlós. 'Cén chaoi a tharla sé sin?' ar sise os ard, cé nach raibh aon duine eile ann.



D'fhéach sí thart timpeall agus go tapa chonaic sí céard a tharla ... Leagadh an dá bhosca athchúrsála síos agus anois bhí an bruscar ar fud an chlóis.

'Is cosúil gur leag an ghaoth na boscaí bruscair,' a shíl Lauren. Toisc nach raibh rud ar bith eile le déanamh aici go dtí gur tháinig a cairde, thosaigh Lauren chun an bruscar a phiocadh aníos. Bhí ionadh uirthi cé chomh tapa agus a chríochnaigh sí an obair. Bhí an píosa deireanach bruscair á cur isteach sa bhosca bruscair aici nuair a tháinig Joanne. 'Dia duit!' arsa Joanne. 'Cad atá á dhéanamh agat?'




'Shéid an ghaoth na boscaí bruscair athchúrsála,' arsa Lauren. 'Agus bhí an bruscar á piocadh aníos agam. Ar mhaith leat súgradh leis an téad scipeála?'

'Sea!' arsa Joanne, agus d'imigh na cailíní leo.

Níos déanaí ar maidin, labhair Bean Uí Dúda thar an idirchum. I ndiaidh na gnáth fógraí a fhógairt, dúirt sí go raibh fógra speisialta le déanamh aici. 'Nuair a tháinig mé isteach chun an scoil a oscailt ar maidin,' ar sise, 'chonaic mé go raibh an dá bhosca bruscair athchúrsála leagtha, agus go raibh páipéar ar fud clós na scoile. Ach faoin am a raibh na doirse go léir oscailte agam, chuaigh mé amach sa chlós, agus chonaic mé rud iontach.'


Bhí gach duine ag éisteacht go cúramach – Lauren ina measc agus aoibh gáire uirthi.

'Bhí an bruscar go léir bailithe, cheana féin,' arsa Bean Uí Dúda, go sona sásta. 'Phioc cailín amháin an bruscar go léir aníos, os rud é gur tháinig sí ar scoil go luath, agus chonaic sí gur gá obair a dhéanamh. Maith an cailín, agus gabhaimid go léir buíochas leat ... Joanne Nic Cumascaigh ó rang Iníon Uí Chléirigh atá i gceist agam.'



Thosaigh gach duine sa rang sin ag bualadh bos. 'Bheul, Joanne Nic Cumascaigh!' arsa Bean Uí Chléirigh. 'Maith thú! Anois a pháistí, is é an cineál spiorad scoile sin atá uainn anseo. Joanne, gheobhaidh tú pas d'obair bhaile as an méid sin.'

Níorbh fhéidir le Lauren labhairt. Baineadh geit mhór aisti. Bhí sí ag féachaint, mar a bheadh aisling ann, nuair a thug Bean Uí Chléirigh pas d'obair bhaile do Joanne.



'Céard atá á dhéanamh agat?' arsa Lauren le Joanne i gcogar. 'Ní tusa a phioc an bruscar aníos! Ach mise! Cén fáth go ndúirt tú gur tusa a rinne é?'

'Ní dúirt mé tada!' arsa Joanne i gcogar.

'Bheul, cén fáth go ndúirt Bean Uí Dúda gur tusa a rinne é?' arsa Lauren, agus í ag labhairt níos láidre an uair seo.

'Shhhhhhh!' arsa Joanne. 'Maith go leor, maith go leor! Dúirt mé gur mise a rinne an gníomh. Nach cuma? Deir Bean Uí Dúda i gcónaí go bhfuil tusa go maith, agus tá go leor pasanna d'obair bhaile faighte agat. Is é seo mo chéad phas riamh!'

Shuigh Lauren ar ais ina cathaoir agus fearg uirthi. Conas is féidir le Joanne a léithéid a dhéanamh? Nach cara léi, Joanne? Chuir sí stop leis na deora. Bhraith sí braite anois.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le, 'Cad é an duais a fuair Joanne?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Dúirt Lauren gur bhraith sí go raibh sí 'braite'. Cad is ciall le 'braite'? Conas a rinne Joanne feall ar Lauren? Cén fáth, dar leat, go ndearna sí é sin?
- Ar dtús, shéan Joanne bréag a insint do Bhean Uí Dúda faoi cé a ghlan an clós. Cén fáth go ndearna sí é sin? An féidir leat smaoineamh ar fhocal eile a chiallaíonn 'séanadh'? An féidir leat smaoineamh ar am nuair a shéan túrud éigin a bhí ar eolas agat a bhí fíor? Cén fáth go ndearna tú é sin?
- N'fheadar ... an gceapann tú go mbeidh Lauren agus Joanne cairdiúil le chéile riamh arís? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

## PAIDIR

### Gníomh Dóláis

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis cuimhneamh ar na hamanna nuair a rinneamar drochroghanna, agus nuair a dúramar rud éigin nach raibh ceart. B'fhéidir go ndearnamar feall ar dhuine éigin, mar a rinne Joanne, nó b'fhéidir gur insíomar bréag. Nuair nach ndéanaimid roghanna maithe, nílimid ag maireachtáil mar is mian le Dia. Ach bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí. Agus teastaíonn ó Dhia go mbeadh brón orainn faoinár bpeacaí agus go dtosóimis arís.

Deirimis le Dia anois go bhfuil brón orainn faoi na hamanna nár léiríomar grá do dhaoine eile nó do Dhia. Deirimis an *Gníomh Dóláis* le chéile anois:

**P:** A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Cabhraigh linn roghanna maithe a dhéanamh.
Cabhraigh linn daoine eile a ghráú.
Cabhraigh linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Déanann Iúdás feall ar Íosa'

Tosaigh tríd an scéal 'Braite' a thabhairt chun cuimhne na bpáistí. Iarr orthu sainmhíniú a thabhairt ar an bhfocal 'braite' mar ullmhúchán sula léann tú an sliocht ó na Scrioptúir thíos. Mínigh do na páistí go ndearna cara leis feall ar Íosa uair amháin freisin. Ansin léigh, 'Déanann Iúdás feall ar Íosa'. Mínigh go dtagann an sliocht as an Soiscéal de réir Lúcáis.

**'Déanann Iúdás feall ar Íosa'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 22:47-54*)



Bhí roinnt daoine ann nár thaitin Íosa leo. Níor theastaigh uathu a bheith ag éisteacht leis na rudaí a dúirt sé faoi Dhia. Níor theastaigh uathu grá a thaispeáint do dhaoine eile. Mar sin, shocraigh siad ar deireadh a chur le hÍosa. Rinne siad plean é a ghabháil agus é a thabhairt do na saighdiúirí áitiúla.

Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil, mar sin shocraigh sé chun Béile na Cásca a ithe lena chairde. Tar éis an bhéile, chuaigh Íosa agus roinnt dá haspail chuig gairdín in aice leo, chun guí. Nuair a bhí siad ann, tháinig slua de na daoine nár thaitin Íosa leo isteach sa ghairdín. Bhí Iúdás, duine de aspail Íosa, in éineacht leo. Níor aithin an slua Íosa, ach d'aithin Iúdás é. Bhí a fhios aige go bhféadfadh leis Íosa a chur in aithint do na daoine.

Mar sin, shiúil Iúdás suas go hÍosa, agus thosaigh sé chun póg a thabhairt dó ar an leiceann mar chomhartha gurbh eisean a bhí á lorg acu. Bhí a fhios ag na haspail eile cad a bhí le tarlú, mar sin d'iarr siad ar Íosa ar chóir dóibh a gcuid claimhte a úsáid chun an slua a chur ar ais. Ach dúirt Íosa leo gan é sin a dhéanamh. Toisc go raibh Íosa léirithe don slua ag Iúdás, ghabh na saighdiúirí é.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur orthu cosúil le, 'Cén comhartha a thug Iúdás do na daoine, ionas go mbeadh a fhios acu cérbh é Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Íosa nuair a chonaic sé an slua daoine nár thaitin sé leo ag teacht ina threo? Conas a mhothaigh sé, meas tú, nuair a chonaic sé gurbh é Iúdás a bhí i gceannas orthu?
- An raibh díomá ort riamh toisc go ndearna cara leat feall ort ar an mbealach céanna ina ndearna Iúdás feall ar Íosa? Smaoinigh air sin ar feadh nóiméid.
- N'fheadar … cén fáth ar inis Iúdás do na daoine cá bhféadfaidís Íosa a fháil? An ndearna sé rogha maith nó drochrogha?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### An Múinteoir i ról Iúdáis

Tosaigh tríd an méid a rinne Iúdás a thabhairt chun cuimhne agus déan díospóireacht ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith lena ghníomhartha: cén fáth a ndéanfadh Iúdás feall ar Íosa, a chara? Fiafraigh de na páistí cad iad na ceisteanna a chuirfidís ar Iúdás dá mbeadh sé sa seomra ranga. Ansin, agus an Múinteoir i Ról Iúdáis, lig do na páistí é (Iúdás) a cheistiú.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Séanann Peadar Íosa faoi Thrí'

Tosaigh tríd an scéal 'Braite' a thabhairt chun cuimhne na bpáistí. Ansin mínigh dóibh, chomh maith le feall a imirt air, gur shéan duine de chairde Íosa é freisin. Déan comhrá leis na páistí faoi bhrí an fhocail 'séanadh', ansin inis dóibh gur féidir linn an scéal seo a léamh ón Soiscéal de réir Lúcáis. Ansin léigh 'Séanann Peadar Íosa faoi Thrí'.

**'Séanann Peadar Íosa faoi Thrí'**

*(Curtha in oiriúint ó Lúcás 22:54-62)*



Nuair a tógadh Íosa ar shiúl ag an slua bhí Peadar á leanúint i bhfad siar. Bhí tine ar lasadh i lár na cúirte, agus shuigh Peadar leis na daoine eile in aice na tine. Chonaic cailín aimsire ina shuí sa solas é, agus tar éis di féachaint go géar air, dúirt: 'Is duine de dheisceabail Íosa é seo.'

Ach dúirt Peadar léi nach raibh an ceart aici. 'Níl aithne agam air, a bhean!' ar seisean.

Tar éis tamaill, tháinig fear eile i láthair. Chonaic sé Peadar agus dúirt: 'Is duine de na haspail tusa freisin!' Ach arís dúirt Peadar leis nach raibh an ceart aige, ag rá: 'Ní hea, a dhuine!'

I gcionn uair an chloig ina dhiaidh sin, tháinig fear eile i láthair. Bhí sé cinnte gur aithin sé Peadar, agus dúirt sé: 'Is cinnte go raibh sé seo freisin in éineacht le hÍosa. Is as an ceantar thart ar Mhuir na Gailíle é freisin!'

Ach d'fhreagair Peadar: 'Níl a fhios agam cad tá tú a rá, a dhuine!'

Díreach ansin, ghlaoigh an coileach. 'Cock-a-Doodle doo.'

D'iompaigh Íosa, a bhí gafa ag gardaí an phríosúin, agus d'fhéach sé díreach ar Pheadar. Thuig Peadar ansin gur shéan sé Íosa faoi thrí nuair a dúirt sé nach raibh aithne aige air. D'fhág Peadar an chúirt, chuaigh sé amach, agus thosaigh sé ag gol.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur cosúil le, 'Cé mhéad uair ar shéan Peadar go raibh aithne aige ar Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth ar shéan Peadar go raibh aithne aige ar Íosa? An gceapann tú go raibh an ceart aige a shéanadh go raibh aithne aige ar Íosa?
- Conas a mhothaigh Íosa nuair a thuig sé gur shéan Peadar é faoi thrí? Conas a bhraith Peadar?
- An gceapann tú gur mhaith Íosa riamh do Pheadar an méid a rinne sé? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith?

## 'TURAS NA CROISE'

Tosaigh trí na páistí a bhailiú i gciorcal ar an urlár. Mínigh dóibh nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin tosóidh an páiste sin ag insint beagán den scéal faoin gcaoi a rinne Iúdás feall ar Íosa agus conas a shéan Peadar é. Ansin rolfaidh an páiste sin an liathróid chuig páiste eile a leanfaidh ag insint an scéil. Leanann an ghníomhaíocht seo ar aghaidh go dtí go n-insítear an scéal ina iomlán. Ansin abair leis na páistí gur céasadh Íosa an lá dar gcionn. Glaoimid 'Aoine an Chéasta' ar an lá gur céasadh Íosa.

Ansin mínigh do na páistí go bhfuil pictiúir i ngach séipéal, crochta timpeall ar na mballaí, a insíonn an scéal faoin gcaoi ina bhfuair Íosa bás. Tugtar 'Turas na Croise' ar na pictiúir seo. Más féidir leat, tabhair na páistí go dtí an séipéal áitiúil chun Turas na Croise a thaispeáint dóibh. Munar féidir é seo a dhéanamh, d'fhéadfá dul go dtí an séipéal tú féin, pictiúir a thógáil, agus iad a thaispeáint do na páistí i bhfoirm taispeántas sleamhnán. D'fhéadfá 'Turas na Croise' ar líne a úsáid chomh maith.

Má bhíonn Turas na Croise feicthe ag na páistí d'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a chur orthu:

- An dóigh leat gur bealach maith iad na pictiúir chun an scéal faoi chéasadh Íosa a insint?
- Nuair a bhí Íosa ró-thuirseach, chabhraigh fear leis chun a chrois a iompar. Síomón Círéineach an t-ainm a bhí air. Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne sé?
- Bhuail Íosa le daoine eile freisin nuair a bhí sé ag siúl leis, ag iompar na croise. Cérbh iad? Conas a mhothaigh siad nuair a chonaic siad Íosa? Conas a mhothaigh Íosa nuair a chonaic sé iad, dar leat?

## DÁN

### 'Turas na Croise'

Léigh an dán seo leis na páistí chun bás Íosa a thabhairt chun cuimhne.

Turas na Croise
Aspail eaglach imithe leo
Íosa tréigthe go maslach le póg.

Ag Píoláit agus Ardsagairt daortha,
Is ag a chara is sine, séanta.

An lasc fuilteach, an choróin spíne,
An chros throm ar a chorp sínte.

Cuidíonn Síomón an t-ualach a iompar
Thar mhná le leanaí ag gol ar an mbóthar.

Céasta ar Chalvaire
Ar gach taobh gadaí.

Labhraíonn le Muire, le hEoin gan bac
Seo í do mháthair, seo é do mac!

Faoi dheireadh thiar is an dorchadas ag fás
Ina aonar ar an gcros faigheann sé bás.

Tógtha anuas, dath an bháis ar a dhreach
Leagtha go réidh i dtuama ar iasacht.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 40: Scrúdaíonn na páistí an feall agus an séanadh a rinneadh ar Íosa.

### Sa Bhaile

Lch. 41: Déanann na páistí machnamh ar Thuras na Croise. Tugtar cuireadh dá dteaghlaigh iad a thabhairt chuig a séipéal áitiúil chun féachaint ar Thuras/Stáisiúin na Croise. Tá paidir le rá le chéile freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tar éis d'Íosa agus a chuid aspal an Suipéar Déanach a chríochnú, chuaigh siad chuig gairdín in aice láimhe chun guí a dhéanamh. Is go dtí an gairdín sin, a tháinig Iúdás, duine den dáréag, i gceannas ar shlua daoine a bhí ag iarraidh deireadh a chur le hÍosa. Bhraith Iúdás Íosa le póg. Níos déanaí, shéan Peadar faoi thrí go raibh aithne aige ar Íosa. Nuair a thuig sé go raibh rud mícheart déanta aige, ghol sé go fuíoch. An lá dar gcionn, céasadh Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Crosa

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ar dtús, nuair a úsáideadh an chros mar shiombail Chríostaí bhí sí 'simplí' nó 'folamh', - gan fíor d'Íosa crochta uirthi. Do Chríostaithe léirigh an chros 'folamh' bás agus Aiséirí Íosa. Tugtar 'cros chéasta' ar chros a bhfuil corp Íosa socraithe di. I dtús báire bhí fíor Íosa ar an gcros ina fíor bhuaiteach, corp aiséirithe. Is ó thart ar an tríú haois déag a thosaigh an chros chéasta ag déanamh cuimhneachán ar pháis agus ar bhás Íosa.

Taispeáin an chros/an chros chéasta ón spás urnaí do na páistí, agus déan comhrá leo agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad a thugann an chros/chros chéasta seo i gcuimhne duit? An comhartha sona nó comhartha brónach é? An bhféadfadh sé a bheith sona agus brónach? Conas?
- Nuair a thug Iúdás an slua chuig Íosa, an bhféadfadh na haspail eile stop a chur leo agus Íosa a thabhairt ar shiúl acu? Cén fáth nár lig Íosa dóibh é sin a dhéanamh?
- Cén fáth nár stop Íosa ag insint do dhaoine faoi Dhia, nuair a bhí a fhios aige go mbeadh daoine ag iarraidh fáil réidh leis de bharr é sin a dhéanamh?

Mínigh go bhfuair Íosa bás ar an gcros as grá dó Dia a Athair agus ar ár son. Níor theastaigh ó Íosa stopadh ag insint do dhaoine faoi ghrá Dé dóibh mar bhí a fhios aige gurbh é sin an rud ceart le déanamh. Mínigh mar sin gur comhartha atá sa chros de ghrá Íosa do Dhia an tAthair agus do gach uile dhuine, muid féin san áireamh. Fiú nuair a rinne Iúdás feall air agus nuair a shéan Peadar é, lean Íosa ag tabhairt grá do dhaoine. Beidh grá ag Íosa dúinn i gcónaí.



Ansin dáil amach an t-ábhar ealaíne. Agus na bataí líreacáin á dhathú ag na páistí cuidigh leo gliú a chur orthu chun cros a dhéanamh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Ba chomhartha é, bás Íosa ar an gcros, go raibh grá aige do Dhia, agus dúinne. Guímis inniu go mbeimis in ann foghlaim ó shampla Íosa, agus grá a thaispeáint i gcónaí do Dhia agus do dhaoine eile. Guímis le chéile: 'Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú'.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, lenár dteaghlaigh agus lena gcairde, cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, nuair a fheicimid duine éigin atá i ngátar, cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, nuair nach gcuirtear duine éigin san áireamh, cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, nuair a chuireann duine éigin isteach orainn, cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, fiú nuair nach féidir linn braith ar dhaoine eile, cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Bhí grá agat do Dhia agus do dhaoine eile.
Thóg an grá sin tú chun an chros.
Go bhféachfaimis i gcónaí ar an gcros mar chomhartha an ghrá.
Cabhraigh linn Dia agus daoine eile a ghráú.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: An tAiséirí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is é an tAiséirí fírinne lárnach na teachtaireachta Críostaí, agus bunús  creidimh, dóchais agus grá na Críostaíochta: '… agus más rud é nach bhfuil Críost aiséirithe is baoth bhur gcreideamh agus tá sibh in bhur bpeacaí go fóill' (1Cor 15:17). Ní ionann athbheochan ó bheith marbh agus Aiséirí Íosa. I ndiaidh an Aiséirí chuaigh Íosa isteach i saol nua glórmhar. Níor aithin na haspail láithreach é, nuair a bhuail siad le hÍosa aiséirithe ina chorp glórmhar. Tá súil againn go nglacaimid páirt sa saol nua glórmhar seo freisin. Athraíonn an creideamh seo gach rud do Chríostaithe. Cuireann sé ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar an saol faoi láthair agus ar an todhchaí le muinín. Tugtar brí nua don saol. Ní críoch atá sa bhás a thuilleadh. Is tús é don bheatha síoraí nua glórmhar le Dia agus le daoine eile.

Tá cuntais éagsúla cloiste ag na páistí faoi Aiséirí Íosa i ngach clár de *I nGrá Dé*: An tuama folamh (Lúcás 24:1-12), Íosa ar an gcladach lena dheisceabail in aice le Muir na Gailíle (Eoin 21:1-14) agus Máire Mhaigdiléana in éineacht le hÍosa Aiséirithe (Eoin 20:1, 11-18). I mbliana, cuirtear an bhéim ar na mná ag an tuama – sliocht atá ar fáil sa Soiscéal de réir Mharcais (Marcas 16:1-8).

# Féachaimis ...

## TURAS NA CROISE

Déan comhrá leis na páistí faoin turas a thóg Íosa ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- **Faigheann Íosa a chros throm gharbh:** Conas a mhothaigh Íosa nuair a fuair sé a chros, meas tú? An cuimhin leat am nuair a mhothaigh tú mar sin? Ar chabhraigh aon duine leat? Cad a rinne siad?
- **Thit Íosa:** An cuimhin leat am nuair a thit tú? Ar ghortaigh tú tú féin? Conas a mhothaigh tú ina dhiaidh sin? Conas a mhothaigh Íosa nuair a thit sé, meas tú?
- **Chabhraigh Síomón le hÍosa:** An cuimhin leat am nuair a bhí tú i ngátar, agus tháinig duine éigin agus chabhraigh siad leat? Cérbh é an duine sin? Cad a rinne siad? An gceapann tú go raibh Íosa sásta gur chabhraigh Síomón leis?
- **Bhuail Íosa leis na mná:** Cén cuma a bhí ar na mná seo? Cad a dúirt Íosa leo, meas tú? Cad a dúirt siad leis?
- **Fuair Íosa bás:** Cé a bhí in éineacht le hÍosa ag an gcros? N'fheadar ... conas a mhothaigh siad, meas tú?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, tabharfaimis chun cuimhneamh an méid a tharla ar an lá a fuair Íosa bás. Ar dtús bímis socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar dhlúthdhiosca – agus lig don cheol seinm i rith an urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (Sos)

Samhlaigh tú féin ar ais in aimsir Íosa. Samhlaigh go raibh tú ann ar an lá a fuair Íosa bás. (Sos)

Féach mar a thógann Íosa an chros throm air féin. Tá a fhios agat go bhfuil an chros ró-throm dó. (Sos)

Imigh le hÍosa mar a dhéanann sé a dhícheall siúl tríd na sráideanna plódaithe. (Sos)

Féach mar a thiteann Íosa faoi mheáchan na croise. (Sos)

Tagann fear ón slua chun cuidiú le hÍosa. Síomón is ainm dó. Féach mar a chabhraíonn Síomón le hÍosa a chros a iompar. Cén sórt duine é Síomón, meas tú? (Sos)

Mar a théann Íosa agus Síomón ar aghaidh, buaileann siad le roinnt mná. Tá na mná ag gol. Tá siad brónach Íosa a fheiceáil agus é gortaithe. Éist leis an méid a deir Íosa leo. (Sos)

Ansin téigh ar aghaidh go dtí barr an chnoic, áit a bhfuil Íosa á céasadh. Dá mbeadh seans agat cad a déarfá le hÍosa anois? Labhair leis ag baint úsáid as do ghuth inmheánach. (Sos)

Anois éist leis an méid atá le rá ag Íosa leat. (Sos)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** A Íosa, ár gcara.
Nuair a fuair tú bás ar an gcros, is beag cara a bhí ann leat.
Bíodh a fhios agat go bhfuilimid anseo anois, mar do chairde, chun cuimhneamh ar an lá a fuair tú bás.
Gabhaimid buíochas leat as méid do ghrá dúinn agus do Dhia a thaispeáint.
Is cuimhin linn tú, a Íosa.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Na Mná ag an Tuama'

Tosaigh trí Thuras/Stáisiúin na Croise a thabhairt chun cuimhne na bpáistí, agus déan comhrá leo agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cén fáth go bhfuil na pictiúir seo crochta ar bhallaí gach séipéal?
- Tá ceithre stáisiún déag de Thuras na Croise i ngach séipéal. Insíonn siad an scéal i bpictiúir faoi thuras Íosa go dtí an áit inar céasadh é. Taispeánann an stáisiún deireanach Íosa á chur sa tuama. An bhfuil a fhios agaibh cad a tharla ina dhiaidh sin?

Ansin léigh 'Na Mná ag an Tuama'. Mínigh go dtagann an sliocht ón Soiscéal de réir Mharcais.

**'Na Mná ag an Tuama'**

(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 16:1-8*)



Bhí go leor leanúnaithe ag Íosa. Ina measc bhí Máire Mhaigdiléana, Máire máthair Shéamais agus bean eile darbh ainm di Salómae. Theastaigh ó na mná seo cúram a thabhairt do chorp a gcara, Íosa, nuair a tógadh anuas ón gcros é, ach ní raibh siad in ann é seo a dhéanamh. Mar sin, shocraigh siad teacht ar ais níos déanaí agus a gcuid oibre a chríochnú. Sin é an fáth gur éirigh siad an-luath maidin Dé Domhnaigh, agus go ndeachaigh siad chun an tuama, áit a raibh corp Íosa curtha. Thóg siad olaí speisialta, ungadh agus uachtair leo don chorp.

Ar a mbealach, dúirt na mná le chéile: 'Cé a bhogfaidh an chloch dúinn ó bhéal an tuama?' Cloch an-mhór a bhí inti, agus bhí a fhios ag na mná go mbeadh cabhair ag teastáil uathu í a bhogadh. Ach nuair a tháinig na mná ag an tuama, ní raibh siad in ann radharc na súl a chreidiúint! An chloch mhór, a bhí ag béal an tuama, bhí sí curtha ar leataobh! Bhrostaigh na mná isteach sa tuama, agus chonaic siad fear óg ina shuí ann, róba bán á chaitheamh aige, ach ní raibh tásc ná tuairisc ar Íosa. Bhí na mná an-trína chéile. Ní raibh a fhios acu cá raibh corp Íosa, nó cé a thóg é.

'Ná bígí trína chéile,' arsa an fear óg leo. 'Tá a fhios agam go bhfuil sibh ag lorg Íosa ó Nazarat, a céasadh ar chrois. Níl sé anseo – tá sé aiséirithe! Féach an áit inar chuir siad é.'

Ní fhéadfadh na mná an méid a chuala siad a chreidiúint . Lean an fear leis ag caint.

'Anois, téigí agus tugaigí an teachtaireacht seo do na haspail, agus do leanúnaithe eile Íosa, Peadar ina measc: "Buailfidh Íosa libh in aice le Muir na Gailíle. Feicfidh sibh ansin é, díreach mar a dúirt sé libh."'

Nuair a bhí an fear óg críochnaithe ag labhairt, d'fhág na mná an tuama, ach bhí siad fós an-trína chéile agus scanraithe, mar sin níor inis siad d'éinne an méid a bhí feicthe acu.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a úsáid: 'Cén fáth go raibh na mná ag dul go dtí an tuama?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar… cérbh é an fear a thug an teachtaireacht do na mná? Cad a thugaimid ar theachtairí a thagann ó Dhia? An féidir leat smaoineamh ar ócáid eile nuair a thug aingeal teachtaireacht do dhuine?
- Dúirt Íosa go mbuailfeadh sé lena dheisceabail ag Muir na Gailíle, agus insíonn na Soiscéil dúinn gur choinnigh sé a ghealltúint. Conas a cheapann tú a mhothaigh a lucht leanúna nuair a nocht sé é féin dóibh?
- Cén fáth nár inis na mná do dhuine ar bith an méid a chonaic siad? Cén fáth go raibh eagla orthu?

# PAIDIR

## Rúndiamhair an Chreidimh

Tosaigh trí bheith ag caint leis na páistí faoin rúndiamhair - Íosa a bheith aiséirithe. Mínigh do na páistí nach féidir linn rúndiamhair a thuiscint. Ceann de na rudaí nach féidir linn a thuiscint ná conas a fuair Íosa bás, conas a d'aiséirigh sé, agus conas a thiocfaidh sé arís. Ag an Aifreann cuimhnímid ar an méid seo nuair a ghuímid *Rúndiamhair an Chreidimh*. Cuir *Rúndiamhair an Chreidimh* in aithne do na páistí, agus iarr orthu gach líne a athrá i do dhiaidh.

Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna ...
*Séard is ciall le 'fógairt' ná rud éigin a rá amach os ard. Deirimid amach os ard go bhfuair Íosa bás.*

agus ag comóradh d'aiséirí ...
*Séard is ciall le 'comóradh' ná go gcreidimid rud éigin. Creidimid gur aiséirigh Íosa ó mhairbh.*

nó go dtaga tú ...
*Tá a fhios againn go dtiocfaidh Íosa ar ais i nglóir agus nach mbeidh fulaingt, deora nó brón ann níos mó ina Ríocht.*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Guítear *Rúndiamhair an Chreidimh* díreach tar éis Scéal na hInstitiúide. Chomh maith leis an leagan a mhúintear thuas, tá trí leagan eile de *Rúndiamhair an Chreidimh* ann is féidir a rá ag an Aifreann. Seo iad:

Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**Nó:**
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,
tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.


**Nó:**
(An tríú *Rúndiamhair an Chreidimh* a úsáidtear in Éirinn, amháin)
Mo Thiarna agus mo Dhia.

# AG COMHRÁ

## Faoi Choinneal na Cásca

Tosaigh trí a insint do na páistí go dtéann lucht leanúna Íosa chuig an Aifreann ar Dhomhnach na Cásca nó ar Bhigil na Cásca, a dtugaimid 'An Satharn Naofa' air. Ar Bhigil na Cásca, lastar coinneal nua speisialta don chéad uair. Tugtar Coinneal na Cásca ar an gcoinneal seo. Cuireann Coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn go bhfuil Íosa beo. Tá sé aiséirithe ó na mairbh. Is é solas an domhain é. Taispeáin an pictiúr (ar líne) de Choinneal na Cásca do na páistí agus pléigh na gnéithe éagsúla de ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a thugann tú faoi deara faoi mhéid na coinnle? An bhfuil sí níos mó nó níos lú ná na coinnle eile sa séipéal? Conas atá sí difriúil ó na coinnle eile sa séipéal? Cad a insíonn sé seo duit faoi Choinneal na Cásca?
- Cad iad na huimhreacha a fheiceann tú ar Choinneal na Cásca? Cad leis a mbaineann na huimhreacha seo?
- Cad iad na siombailí eile a fheiceann tú ar Choinneal na Cásca? An bhfuil brí na siombailí seo ar eolas agat?




**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is iad na litreacha Alfa (A) agus Óimige (Ω) an chéad litir agus an litir dheireanach san aibítir Ghréigise. Tugann siad le fios gurb é Dia tús agus deireadh gach rud. Is féidir leat é seo a mhíniú do na páistí ag an bpointe seo má cheapann tú go bhfuil sé oiriúnach é a dhéanamh.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Trí lá tar éis d'Íosa bás a fháil, chuaigh triúr dá lucht leanúna - Máire Mhaigdiléana, Máire máthair Shéamais agus Salómae - go dtí an tuama chun aire a thabhairt do chorp Íosa. Ach nuair a tháinig siad ann, bhí an chloch a bhí ag béal an tuama rollaithe ar shiúl. Dúirt aingeal leis na mná go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh. Gach bliain, lasaimid Coinneal Cásca nua sa séipéal ar Bhigil na Cásca chun cuimhneamh air seo.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ag cogarnach ar an dteileafón

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí go ndúirt an t-aingeal leis na mná teachtaireacht a thabhairt do lucht leanúna Íosa go raibh sé aiséirithe ó na mairbh, ach bhí eagla orthu. Mar lucht leanúna Íosa, áfach, is féidir linn an Dea-scéal gur aiséirigh Íosa ó mhairbh a scaipeadh. Ansin cuir tús le babhta 'Cogarnach ar an dTeileafón'. Cogar isteach i gcluas an pháiste is gaire duit, 'Tá Íosa aiséirithe' agus iarr orthu é a chur ar aghaidh. Lig don teachtaireacht a dhul tríd an ngrúpa páiste, agus iarr ar an bpáiste deireanach an teachtaireacht a rá os ard, féachaint ar choimeádadh an teachtaireacht i gceart. Tabhair aire don tuin ina gcuirtear an teachtaireacht ar aghaidh - seo Dea-Scéal! Imir an ghníomhaíocht seo arís le grúpaí eile, agus teachtaireachtaí eile á n-úsáid agat (m.sh. 'Alleluia! Alleluia!', 'Níl sé anseo', 'Tá sé aiséirithe', srl.)

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 42: Scrúdaíonn na páistí an scéal 'Na Mná ag an Tuama'.

### Sa Bhaile

Lch. 43: Déanann na páistí machnamh ar *Rúndiamhair an Chreidimh* agus déanann siad é a ghuí agus é a mheabhrú.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc.

**Seirbhís Urnaí Téama: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc.**
*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**

- *Roghnaigh cúigear páiste chun* Guí an Phobail *a léamh. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Inniu, táimid ag cuimhneamh ar bhás Íosa agus ag ceiliúradh a aiséirí. Tá a fhios againn go raibh go leor lucht leanúna ag Íosa, agus ina measc bhí an dá aspal déag. Ach ní i gcónaí a bhí na haspail cairdiúil le hÍosa. Cé atá in ann cuimhneamh ar an méid a rinne Peadar agus Iúdás roimh bháis Íosa?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** Tá amanna ann nuair is féidir linn a bheith cosúil le Peadar agus le hIúdás. B'fhéidir nach mbíonn an fhírinne á insint againn i gcónaí, agus b'fhéidir nach léirimid go bhfuil grá againn d'Íosa mar ba chóir dúinn. Bíonn grá ag Dia dúinn fiú ag na hamanna seo. Ar feadh nóiméid, déanaimis smaoineamh ar na hamanna nuair nár thugamar grá mar a d'iarr Íosa orainn a dhéanamh. (*Sos*)

**M:** A Thiarna Íosa, thug tú maithiúnas dóibh siúd a rinne peaca i do aghaidh. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** A Íosa Críost, iarrann tú orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile faoi mar a thug tusa. A Chríost, déan trócaire.
**P:** A Chríost, déan trócaire.

**M:** A Thiarna Íosa, is féidir leat cabhrú linn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile. A Thiarna, déan trócaire.
**P:** A Thiarna, déan trócaire.

**M:** Anois, deirimis an *Confiteor* le chéile.

**Gach duine:** Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom.
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gníomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
Ar na hAingil agus ar na Naoimh,
Agus oraibhse, a bhráithre agus a shiúracha,
Guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

**M:** Ar Aoine an Chéasta, cuimhnímid ar bhás Íosa ar an gcros. Cuireadh Íosa chun báis toisc nach stopadh sé le bheith ag insint do dhaoine faoi ghrá Dé don domhan. Cuireann na crosa a rinneamar, grá Dé i gcuimhne dúinn agus grá Íosa do Dhia an tAthair.

*Tarraing aird na bpáistí ar na crosa*

An tseachtain seo, chuimhníomar ar roinnt de na rudaí a tharla d'Íosa agus é ar a bhealach go dtí an áit ina chuirfí chun báis é. Cé atá in ann cuimhneamh ar roinnt de na rudaí sin?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** Ach tá a fhios againn nach é sin deireadh an scéil. Insíonn an Bíobla dúinn gur tharla rud éigin iontach, trí lá tar éis bháis Íosa; rud nár tharla riamh roimhe sin agus nach dtarlódh arís. Éistimis leis an scéal ón Soiscéal de réir Mharcais. Seasaimis chun fáilte a chur roimh an Soiscéal, agus canaimis '*Alleluia*'.

Can '*Alleluia*'

**M:** Go raibh an Tiarna libh.
**P:** Agus le do spiorad.

**M:** Sliocht as an Soisceal Naofa de réir Mharcais.
**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr* fíor na croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht)*

*Is féidir an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Marcas 16:1-8).*

**Nuair a bhí an tsabóid thart, cheannaigh Máire Mhaigdiléana, Máire máthair Shéamais, agus Salómae, spíosraí chun dul agus corp Íosa a ungadh. Agus an-mhoch ar an gcéad lá**

**den tseachtain agus an ghrian ina suí, tháinig siad go dtí an tuama. Agus bhí siad ag rá le chéile: 'Cé a iompóidh an chloch siar dúinn ó bhéal an tuama?' [Cloch an-mhór a bhí inti]. Ach nuair a d'fhéach siad, chonaic siad go raibh an chloch iompaithe siar. Mar sin chuaigh siad isteach sa tuama, agus chonaic siad fear óg ina shuí ar dheis agus éide gheal air, agus tháinig scéin orthu.**

**Ach dúirt sé leo: 'Ná bíodh scéin oraibh. Íosa an Nazairéanach, an té a céasadh, atá sibh á lorg. D'éirigh sé. Níl sé anseo. Féach an áit inar chuir siad é. Ach imígí agus abraigí lena dheisceabail agus le Peadar: "Tá sé ag dul romhaibh don Ghailíl; ansiúd a fheicfidh sibh é faoi mar a dúirt sé libh."'**

**Tháinig na mná amach agus theith siad ón tuama mar ghabh scanradh agus uamhan iad. Agus ní dúirt siad aon ní le haon duine; óir bhí eagla orthu.**

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Guímis *Rúndiamhair an Chreidimh* le chéile anois ag cuimhneamh go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé arís.

Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,
agus ag comóradh d'aiséirí,
nó go dtaga tú.

**M:** Guímis *Guí an Phobail* anois, agus a fhios againn go mbíonn Dia ag éisteacht linn i gcónaí. Is é an freagra ná: 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.

**Léitheoir 1:** Gabhaimid buíochas le Dia as daoine cosúil le Síomón, a chabhraíonn le daoine eile nuair a theastaíonn sé uathu. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímis ar son siúd a fhaigheann deacair Íosa a leanúint. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Guímis ar son siúd a roinneann an Soiscéal faoi Íosa linn - ár dtuismitheoirí, ár múinteoirí agus ár sagairt. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Déanaimis cuimhneamh agus guímis ar son ár gcairde a fuair bás le déanaí. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son ár rang. Go mbeimis réidh i gcónaí Soiscéal Íosa a roinnt le daoine eile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Seasaimis agus guímis chuig Dia, ár nAthair. Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**M:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

**M: A** Íosa, ár gcara,
Bhí an oiread sin grá agat don domhan go raibh tú sásta bás ar chros a fháil dúinn. Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le gach duine a mbuailimid leo. Cabhraigh linn, ach go háirithe, nuair is éasca dearmad a dhéanamh ort. Go mbeadh áthas na Cásca linn i mbliana, níos mó ná riamh.
**P:** Áiméan.

**Amhrán deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Léitheoir 1:** Gabhaimid buíochas le Dia as daoine cosúil le Síomón, a chabhraíonn le daoine eile nuair a theastaíonn sé uathu. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímis ar son siúd a fhaigheann deacair Íosa a leanúint. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Guímis ar son siúd a roinneann an Soiscéal faoi Íosa linn - ár dtuismitheoirí, ár múinteoirí agus ár sagairt. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Déanaimis cuimhneamh agus guímis ar son ár gcairde a fuair bás le déanaí. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son ár rang. Go mbeimis réidh i gcónaí Soiscéal Íosa a roinnt le daoine eile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

# Téama 8: Is féidir linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn

Ceacht 1: 'Tá mé libh i gcónaí'
Ceacht 2: 'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh'
Ceacht 3: 'Imígí agus déanaigí an Dea-Scéala a roinnt'

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Nochtann Íosa an 'Dea-Scéal' faoi Dhia, a Athair
- Thaispeáin Íosa a ghrá do Dhia a Athair trí bheith ag guí chun Dé, lena chuid gníomhartha agus trí bheith ag craobhscaoileadh an 'Dea-Scéil'
- Chuaigh Íosa suas ar neamh agus tá sé ina shuí ar dheis Dé an tAthair Uilechumhachtach
- Tá an Tiarna Íosa fós linn mar dúirt sé 'Táim in éineacht libh i gcónaí' (Matha 28:20)
- Chuir Íosa an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith naofa agus chun urnaí a dhéanamh
- Tugann Íosa cuireadh dúinn an 'Dea -Scéal' faoi ghrá Dé a scaipeadh agus a bheith inár ndeisceabail aige
- Is féidir linne a bheith inár ndeisceabail ag Íosa nuair a chuirimid ár muinín i nDia agus nuair a leanaimid Íosa (Eoin 15:14)

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Is é an Spiorad Naomh ár gcara
- Tá an Spiorad Naomh in ann cabhrú linn ár saol a chaitheamh mar a rinne Íosa agus smaoineamh ar bhriathra Íosa
- Tháinig an Spiorad Naomh chun cumhacht a thabhairt do na deisceabail um Chincís (Gníomh 2:1-13)

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil
- Is fir agus mná iad na misinéirí a scaipeann an Dea Scéal in Éirinn agus thar lear. Misinéirí áitiúla (Cumann na Leanaí Misinéireachta)
- Táimid in ann an Dea Scéal go bhfuil grá ag Íosa dúinn a scaipeadh i measc ár dteaghlaigh féin agus i measc an phobail (misean)
- Fógraíonn pobal na hEaglaise 'Dea- Scéal' Íosa (misean)
- Is é Naomh Proinsias Assisi éarlamh na n-ainmhithe agus na timpeallachta

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Marcas 14:32-36; Lúcás 10:21-22. Caidreamh speisialta idir Íosa agus an tAthair

**An Scrioptúr Naofa: Aiséirí Íosa agus an Chincís**

- Gníomh 2:1-12. An chéad Chincís

### Liotúirge agus Urnaí

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Ag an gCincís ceiliúrann clann na hEaglaise bronntanas an Spioraid Naoimh agus Dea-Scéal Íosa

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*D. Ministreacht Íosa.*

- Caidreamh Íosa le Dia, an tAthair - Marcas 14:32-36. Lúcás 10:21-22.

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

*A. Tús agus fás.*

- Go raibh tionchar ag daoine ar fhás na hEaglaise.

# Ceacht 1: 'Tá mé libh i gcónaí'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sé seachtaine tar éis Domhnach Cásca, ceiliúraimid Deascabháil Íosa ar neamh. Ach ní chiallaíonn scéal na Deascabhála nach bhfuil Íosa a thuilleadh i láthair linn ar domhan. Ina ionad sin, ciallaíonn sé an tús atá curtha le láithreacht de chineál nua. Is féidir le hÍosa Aiséirithe a bheith i láthair do gach uile dhuine i ngach áit gan srianta spáis agus ama a bheith air. I gceacht na seachtaine seo foghlaimíonn na páistí faoin Deascabháil agus déanann siad machnamh ar ghealltúint Íosa a bheith i láthair leo i gcónaí - 'Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil' (Matha 28:20).

Cuireann sé seo le scéal Scrioptúrtha na hócáide a chuala siad mar chuid de *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste
- Leathanach A4, siosúr agus roinnt gliú do gach páiste

# Féachaimis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Déantar Féile na Deascabhála a cheiliúradh ar an seachtú Domhnach den Cháisc (sé seachtaine tar éis Domhnach Cásca). Dá bhrí sin is féasta so-ghluaiste é, a bhfuil a dáta ag brath ar cathain a dhéantar an Cháisc a cheiliúradh. Tabhair faoi deara cén dáta a ndéanfar an fhéile a cheiliúradh i mbliana agus inis do na páistí cathain a tharlóidh sé.

## PAIDIR

### An Choróin Mhuire

**Mar ullmhúchán, beidh ort:**
Ceann amháin de na bealaí seo a leanas a roghnú chun deichniúr den Choróin Mhuire a ghuí leis na páistí:

1. *Deir tú (an múinteoir) an chéad chuid de gach paidir, agus iarr ar na páistí an dara cuid a rá. Bain úsáid as Paidrín chun cabhrú libh deich Sé do Bheatha, a Mhuire a chomhaireamh.*
2. *Iarr ar pháiste amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus tabhair cuireadh don chuid eile den rang an dara cuid a fhreagairt. Tabhair an Paidrín don pháiste atá i gceannas na paidre.*
3. *Tabhair cuireadh do ghrúpa bheag páiste an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an gcuid eile den rang freagra a thabhairt.*
4. *Roinn an rang ina dhá leath, agus tabhair cuireadh do leath amháin an chéad chuid de gach paidir a rá, agus iarr ar an dara leath freagra a thabhairt.*

*Comhartha na Croise*

**M:** Níos luaithe sa bhliain d'fhoghlaimíomar conas *An Choróin Mhuire* a ghuí. Inniu, guímis deichniúr den *Choróin Mhuire* chun Deascabháil Íosa a thabhairt chun cuimhne.

Déan Ár nAthair *amháin*, *deich* Sé do Bheatha, a Mhuire agus Glóir don Athair *amháin*, a ghuigh.

*Comhartha na Croise*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é Deascabháil Íosa/ár Slánaitheora an Dara Rúndiamhair de Rúndiamhra Glórmhara na Corónach Muire. D'fhoghlaim na páistí faoi na Rúndiamhra Sólásacha mar chuid den Cheacht Séasúrach, *An Choróin Mhuire*. Foghlaimeoidh siad faoi na Rúndiamhra Glórmhara de réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* ar aghaidh.


# Foghlaimímis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cuir san ord ceart iad

Tosaigh tríd an Deascabháil a chur in ord croineolaíoch le himeachtaí eile i saol, bás agus Aiséirí Íosa trí amlíne na n-imeachtaí ina shaol a phlé. Ansin dáil an teimpléad (thíos) chuig na páistí agus déan comhrá faoi gach ceann de na pictiúir. Tabhair faoi deara nach bhfuil na pictiúir san ord ceart. Ansin déan an dara leathanach A4, siosúr agus gliú a dháileadh ar gach páiste, agus iarr orthu na pictiúir a ghearradh amach, agus iad a ghreamú san ord ceart ar an dara píosa páipéir.

Maidir le foghlaim dhifreálach, laghdaigh nó méadaigh líon na n-íomhánna ag brath ar leibhéal cumais na bpáistí i do rang.



## AN SCRIOPTÚR NAOFA


### 'Gealltanais Íosa dá Chairde'

Tosaigh trí ghníomhaíocht sheicheamhú na bpáistí (thuas) a úsáid chun cuid de na príomhimeachtaí i saol Íosa a thabhairt chun cinn. Ansin mínigh gur mhaith leat níos mó a insint dóibh faoin méid a dúirt Íosa lena chairde sula ndeachaigh sé ar neamh. Léigh 'Gealltanais Íosa dá Chairde'. Mínigh gur as na Soiscéil é.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Déanann an scéal seo a leanas achoimre ar fhocail agus ar threoracha Íosa dá dheisceabail araon roimh agus tar éis an Aiséirí. Tógtar é ó na Soiscéil de réir Mhatha agus Eoin.

**'Gealltanais Íosa dá Chairde'**

*(Curtha in oiriúint ó Mhata 28:20 agus Eoin 14:16-17)*



Nuair a dúirt Íosa lena dheisceabail go raibh sé ag dul ar ais ar neamh chun a bheith le Dia an t-Athair, ní amháin go raibh siad an-uaigneach, ach bhí eagla orthu chomh maith. Ach gheall Íosa leo go mbeadh sé leo ar bhealach an-speisialta amach anseo. Bheadh sé níos gaire dóibh, ach bheadh sé, chomh maith, gar do gach duine ar fud an domhain ar fad. 'Tá mé in éineacht libh i gcónaí,' ar sé 'go dtí deireadh an tsaoil.'

D'iarr Íosa ar a dheisceabail leanúint ar aghaidh ag déanamh a chuid oibre. Theastaigh uaidh go mbeidis ag insint do dhaoine ar fud an domhain faoi Dhia an t-Athair, faoin chaidreamh speisialta idir Íosa agus Dia an t-Athair, agus faoin méid go léir a bhí déanta aige.

Bhí a fhios ag Íosa go raibh neart le déanamh sa mhéid seo, mar sin rinne sé gealltanas ar leith dóibh. Dúirt sé lena chairde: 'Iarrfaidh mé ar m'Athair, agus tabharfaidh sé cúntóir eile daoibh, chun fanacht libh go deo. An Spiorad Naomh is ea an cúntóir seo. Cabhróidh an Spiorad Naomh libh an Dea-Scéala a scaipeadh do gach duine.' Ansin chuaigh Íosa ar ais go dtí an t-Athair.

Bhí a fhios ag deisceabail Íosa go raibh an méid a dúirt sé fíor. Bhí a fhios acu freisin, cé go raibh sé ag dul ar ais go dtí an t-Athair, go mbeadh sé fós leo, ach anois ar bhealach an-difriúil. Ní raibh siad in ann é a fheiceáil níos mó, nó a ghuth a chloisteáil, nó teagmháil leis. Ach bhí a fhios acu go raibh sé níos gaire dóibh anois ná riamh. Agus toisc go raibh sé beo ar bhealach nua, thug siad ainmneacha nua dó - ainmneacha cosúil le 'Críost' agus 'An Tiarna Íosa'. Bhí a fhios ag na deisceabail go mbeadh gealltanas Íosa faoi bhronntanas teacht an Spioraid Naoimh fíor, agus mar sin d'fhill siad ar Iarúsailéim chun fanacht leis.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cad a gheall Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Dúirt Íosa go mbeadh sé in éineacht lena chairde 'go dtí deireadh an tsaoil'. An bhfuil Íosa fós in éineacht linn inniu? Cén chaoi?
- D'iarr Íosa ar a dheisceabail a chuid oibre a dhéanamh. Cén obair a rinne Íosa? Cén fáth, dar libh, ar theastaigh uaidh go leanfadh an obair seo ar aghaidh?
- Cén fáth, dar libh, a raibh muinín ag na deisceabail as Íosa nuair a dúirt sé go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chucu?

## GNÍOMHAÍOCHT

### Geamaireacht le Macalla

Cuir i gcuimhne na bpáistí na rudaí a d'inis Íosa dá dheisceabail sula ndeachaigh sé ar neamh. Ansin cuir tús leis an nGeamaireacht le Macalla seo a leanas, ag spreagadh na páistí chun athrá a dhéanamh i do dhiaidh. 'Séard atá i gceist leis an nGeamaireacht le Macalla ná gluaiseachtaí simplí nó gníomhartha a úsáid chun abairtí gearra i scéal a léiriú. Chun an scéal a insint, seasann an múinteoir os comhair na bpáistí agus deireann sé/sí an chéad abairt, ag úsáid gluaiseachtaí. Déanann na páistí 'macalla' (athrá) ar an abairt agus ar na gluaiseachtaí. Leanann an múinteoir leis na habairtí eile ar an mbealach céanna.

**'Coinnigh ort ag déanamh mo chuid oibre. Téigh, inis do gach duine '**
*Bosa na láimhe oscailte, ag féachaint in airde; an cuisle go dronuilleogach leis an ngéag. Déan na géaga a ardú go mall os cionn do chinn an t-am ar fad á mbogadh ionas go mbuailfidh siad le chéile cosúil le cupán. Coinnigh an seasamh seo sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad fhocal eile agus an chéad ghníomhaíocht eile.*

**'Cuirfidh mé cúntóir'**
*Tiontaigh do lámha ionas go mbeidh na bosa ag féachaint anuas, fós i dteagmháil le chéile. Déan na lámha a ísliú go mall go leibhéal an chromáin. Coinnigh an seasamh seo sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad fhocal eile agus an chéad ghníomhaíocht eile.*

**'Bím leat i gcónaí'**
*Ceangail do lámha ar bhealach cosúil le bheith ag guí agus tabhair gar dod' chroí iad.*

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar. Iarr orthu a shamhlú gur grúpa de dheisceabail Íosa iad a bhí i measc an ghrúpa níos mó a bhí i láthair lá a Dheascabhála ar neamh, agus tabhair cuireadh dóibh aithris a dhéanamh ar an méid a tharla agus iad ag faire ar Íosa ag dul suas ar neamh. Úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun na páistí a spreagadh chun smaoineamh faoina ról:

- Cad a fheiceann tú?
- Cad a chloiseann tú?
- Conas atá tú?
- Cad air a bhfuil tú ag smaoineamh?

Tabhair roinnt ama do na páistí an radharc a chleachtadh agus roghnaigh cuid de na grúpaí chun a rólimirt féin a chur i láthair don chuid eile den rang. Ansin inis don ghrúpa iomlán a shamhlú gur tusa Muire, máthair Íosa. Ní raibh tú i láthair chun Deascabháil Íosa a fheiceáil, mar sin ba mhaith leat go ndeiridís leat an méid a tharla. Téigh i ról (Múinteoir i Ról) mar Mhuire agus lig do na páistí comhrá leat agus tú i ról Mhuire.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 44: Tugann na páistí an scéal, 'Gealltanais Íosa dá Chairde' chun cuimhne.

### Sa Bhaile

Lch. 45: Scrúdaíonn na páistí trí phictiúr den Deascabháil. Tugtar cuireadh dóibh freisin, comhrá a dhéanamh lena dteaghlaigh faoin gcaoi a mhothaíonn sé a fhios a bheith acu go bhfuil Íosa fós linn, agus guí le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sula ndeachaigh Íosa ar ais ar neamh, dúirt sé roinnt focal tábhachtacha lena chairde. Dúirt sé leo gur theastaigh uaidh go leanfaidís lena chuid oibre, agus go gcuirfeadh sé cúntóir chun tacú leo (an Spiorad Naomh) agus dúirt sé go mbeadh sé in éineacht leo i gcónaí.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Íosa,
Sula ndeachaigh tú ar ais ar neamh, labhair tú le do dheisceabail agus dúirt …

*Treoraigh na páistí chun an Gheamaireacht le Macalla a dhéanamh:*

'Coinnígí ag déanamh mo chuid oibre. Téigí agus inis do gach duine' (*Lámha ardaithe in airde*)
'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh' (*Lámha ag gluaiseacht anuas*)
'Tá mé in éineacht libh i gcónaí' (*Lámha le chéile gar don chroí*)

**M:** A Thiarna Íosa, is sinne do dheisceabail freisin. Cabhraigh linn a mheabhrú gur dúinne do chuid focal freisin.

*Treoraigh na páistí chun an Gheamaireacht le Macalla a dhéanamh arís:*

'Coinnígí ag déanamh mo chuid oibre. Téigí agus inis do gach duine' (*Lámha ardaithe in airde*)
'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh' (*Lámha ag gluaiseacht anuas*)
'Tá mé in éineacht libh i gcónaí' (*Lámha le chéile gar don chroí*)

**M:** Tá a fhios againn gur fíor an méid a dúirt tú.

*Treoraigh na páistí chun an Gheamaireacht le Macalla a dhéanamh don tríú huair, ach an uair seo í a dhéanamh ina dtost:*

**M:** Guímis anois ag tabhairt moladh do Dhia agus an *Glóir don Athair* a rá le chéile:

Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: 'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tamall tar éis na Deascabhála, agus Iarúsailéim ag líonadh le daoine a tháinig ann chun féile Ghiúdach na Cincíse a cheiliúradh, tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail. Thug an Spiorad seo na bronntanais dóibh a theastaigh uathu chun an obair a dhéanamh – an obair a choimisiúnaigh Íosa iad le déanamh. Creideann Críostaithe go dtugann an Spiorad Naomh fuinneamh agus neart fós do gach duine atá baiste. Cuimhnítear ar theacht an Spioraid Naoimh ar na céad deisceabail ar Dhomhnach na Cincíse, a cheiliúrtar caoga lá tar éis Domhnach na Cásca. Focal ársa Gréigise is ea 'Cincís' a chiallaíonn 'caoga lá'.

In *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3 d'fhoghlaim na páistí faoi theacht an Spioraid Naoimh ar dheisceabail Íosa. Cuirtear an bhéim in *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4 ar an éifeacht a bhí ag teacht an Spioraid Naoimh ar dheisceabail Íosa. Ach go háirithe an bealach ina bhféadfadh leis na deisceabail labhairt i dteangacha éagsúla chun an Dea-Scéal a chur in iúl do chách.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Go leor cóipeanna den teimpléad a bhaineann leis na luaschártaí (thíos) ionas go mbeidh ceann ann do gach péire páiste.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Raiméis Chainte

Tosaigh trí iniúchadh a dhéanamh ar roinnt frásaí simplí ó theangacha éagsúla leis na páistí *('Bonjour!' 'Guten tag!' 'Hello!' 'Ciao!' 'Auf wiedersehen!'*
srl.) agus fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu cén ciall atá leo. Féach an bhfuil aon fhocail eile ar eolas acu ó theangacha iasachta.

Fiafraigh de na páistí ar thug siad faoi deara riamh conas gur minic a labhraíonn leanaí agus páistí óga i dteanga dá gcuid féin. Mínigh go dtugaimid 'gibiris' ar an raiméis chainte seo uaireanta. Ansin abair rud éigin i ngibiris tú féin. Bain úsáid as gothaí agus tuin an ghutha chun rud éigin a chur in iúl. Iarr ar na páistí roinnt raiméis chainte a athrá i do dhiaidh.

Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i mbeirteanna. Tugtar cárta do gach péire ina bhfuil ceann amháin de chúig chás/ról. Oibríonn gach péire le chéile chun an cás/ról a chur in iúl ag úsáid raiméis chainte. Tar éis cúpla nóiméad, tabhair cuireadh do roinnt péirí a gcásanna/róil a léiriú ag baint úsáid as gibiris. Is féidir leis na páistí eile buille faoi thuairim a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- • Conas a mhothaigh tú nuair a bhí tú ag labhairt gibiris le duine eile? An raibh sé éasca nó deacair a chur in iúl dóibh cad a bhí tú ag iarraidh a rá?
- • Conas a mhothaigh sé nuair a chuala tú duine eile ag labhairt gibiris? An raibh sé éasca nó deacair iad a thuiscint?
- • N'fheadar ... cén chuma a bheadh air dá mbeadh gach duine sa seomra ranga seo (mise san áireamh) ag labhairt i dteanga dhifriúil? An mbeadh sé éasca nó deacair rudaí a chur i gcrích? Conas a mhothófá? Cén fáth?

**Gibiris in úsáid agat ...**

1. Tá tú ag iarraidh dinnéar a ordú i mbialann.
2. Tá tú ag iarraidh a rá le do dheartháir beag é féin a iompar go maith.
3. Tabhair cur síos ar an aimsir dod' chara..
4. Iarr ar dhuine cabhrú leat an séipéal áitiúil a aimsiú.
5. Inis do dhuine conas cupán tae a dhéanamh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Ghrámhair, go raibh maith agat as an spraoi a bhí againn inniu nuair a bhí iomlán gibrise á rá againn.
**P:** Áiméan.

**M:** Go raibh maith agat as bronntanas na teanga. Más rud é nach raibh  teanga againn, ní bheadh ar ár gcumas daoine eile a thuiscint.
**P:** Áiméan.

**M:** Go raibh maith agat as ár gcairde.
**P:** Áiméan.

**M:** Go raibh maith agat as na bronntanais go léir a thug tú dúinn. Ar mhaith le haon duine eile buíochas a ghabháil le Dia as bua éigin?

*Iarr ar na páistí a gcuid paidreacha a rá os ard. Tar éis gach paidir, spreag na páistí eile chun an freagra 'Áiméan' a thabhairt.*

**M:** A Thiarna Ghrámhair, go raibh maith agat as na bronntanais go léir a thug tú dúinn. Cabhraigh linn iad a úsáid chun do ghrá a thabhairt chuig an domhan. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Chincís'

Inis do na páistí go léifidh tú anois an scéal faoi na rudaí a tharla do na deisceabail agus iad ag guí le chéile ar lá na Cincíse. Mínigh gur ón mBíobla a thagann an sliocht seo. Ansin léigh 'An Chincís'.

**'An Chincís'**

(*Curtha in oiriúint ó Ghníomhartha 2:1-8, 12*)



Tamall tar éis d'Íosa dul ar ais ar neamh, le bheith le Dia an t-Athair, tháinig lá na Cincíse. Bhí na deisceabail bailithe le chéile sa Seomra Uachtarach. Go tobann, chuala siad torann ard. Bhí an chosúlacht ann go raibh sé ag teacht as an spéir os a gcionn, agus bhí sé mar a bheadh gaoth láidir ag séideadh. Líon an ghaoth seo an teach ar fad. Ansin chonaic na deisceabail cad a d'fhéach cosúil le píosaí tine, teangacha tine, ag teagmháil le gach duine acu. Ag an am céanna, líonadh na deisceabail go léir leis an Spiorad Naomh. Bhí a ghealltanas coinnithe ag Íosa! Thosaigh na deisceabail ag labhairt i dteangacha éagsúla, teangacha nach raibh ar eolas acu agus nár chuala siad cheana. Bhí an Spiorad Naomh ag cabhrú leo é seo a dhéanamh, agus bhí a fhios ag na deisceabail cén fáth! Anois d'fhéadfadh siad Dea-Scéala ghrá Dé a thabhairt do gach duine, díreach mar a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh!

D'fhéadfadh leis na daoine go léir a bhí bailithe, na deisceabail a chloisteáil ag caint, ina dteangacha féin! Bhí an slua corraithe – 'cérbh iad na daoine seo,' a dúirt siad leo féin, agus 'conas is féidir leo na teangacha seo go léir a labhairt?'

'Nach ó na ceantair in aice le Muir na Gailíle na daoine seo?' ar siad. 'Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin faoi na rudaí iontacha a rinne Dia?' Bhí siad go léir trína chéile agus choinnigh siad ag iarraidh ar a chéile, 'Cad is brí le seo?'

Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh an oiread sin daoine in Iarúsailéim an lá sin?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh na deisceabail nuair a chuala siad an ghaoth agus nuair a chonaic siad na teangacha tine sa seomra ina raibh siad ag guí?
- Cén fáth, dar leat, a thug an Spiorad Naomh an cumas do na deisceabail labhairt i dteangacha difriúla? Cad a bheadh na deisceabail in ann a dhéanamh anois?
- N'fheadar… cad a rinne na deisceabail ina dhiaidh seo, meas tú?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 46: Scrúdaíonn na páistí pictiúir den méid a tharla i ndiaidh d'Íosa bás a fháil.

### Sa Bhaile

Lch. 47: Freagraíonn na páistí 'Ceart' nó 'Mícheart' do shraith de cheisteanna faoi scéal na Cincíse. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh faoi conas is féidir leis an Spiorad Naomh cuidiú leo maireachtáil mar a mhúin Íosa, agus iarrtar orthu paidir a rá le chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Díreach mar a gheall Íosa, tháinig an Spiorad Naomh chuig a chairde. Tharla sé ag an gCincís nuair a mhothaigh na deisceabail séideadh gaoithe agus teangacha tine sa seomra inar fhan siad. Bhí na deisceabail líonta leis an Spiorad Naomh agus bhí siad in ann go leor teangacha a labhairt. Chuir sé seo ar a gcumas an Dea-Scéala a roinnt le gach duine a bailíodh in Iarúsailéim an lá sin.

## AG COMHRÁ

### Faoin Spiorad Naomh'

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Tháinig an Spiorad Naomh chuig deisceabail Íosa ar an gCincís, ach tá a fhios againn go mbíonn an Spiorad Naomh linn freisin. An bhfuil a fhios agat cathain ar tháinig an Spiorad Naomh chugat ar dtús? (*ag an mBaisteadh*)
- Cathain a tháinig tú isteach i dteaghlach na hEaglaise? Cad a tharla ar lá do Bhaisteadh? Cad iad na focail a dúirt an sagart ar an lá sin? (*Baistim tú in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh*) Leis seo focail, tugadh bronntanas an Spioraid Naoimh duit, an bronntanas a gheall Íosa dá dheisceabail.
- Thug an Spiorad Naomh an bronntanas dóibh a bheith in ann a labhairt i dteangacha éagsúla. Bhí siad in ann ansin Dea-Scéal ghrá Dé a roinnt le daoine as go leor tíortha éagsúla. Chuaigh na daoine sin ar ais chuig a dtithe féin agus scaip siad an Dea-Scéal ansin freisin. Ar an mbealach sin bhí an Dea-Scéal ag scaipeadh agus mar sin chuala daoine i bhfad agus i gcéin faoi Íosa agus d'fhoghlaim siad faoi na rudaí iontacha a rinne sé. An bhfuil aon bhealach ann a d'fhéadfá an Dea-Scéal a scaipeadh freisin, os rud é gur tugadh bronntanas an Spioraid Naoimh duitse chomh maith?

Críochnaigh trí insint do na páistí gur féidir leo guí chuig an Spiorad Naomh, díreach mar a rinne na deisceabail, chun cabhair a fháil chun Dea-Scéal ghrá Dé a thabhairt chun an domhan. Ní féidir leo Dea-Scéal ghrá Dé a thabhairt don domhan ar an mbealach céanna a rinne na deisceabail, trí labhairt i dteangacha éagsúla, ach is féidir leo é a dhéanamh trí bheith cineálta, trí ghrá a thaispeáint, agus tríd an méid atá acu a roinnt le daoine eile.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis iarracht samhlú ar an méid a tharla ar lá Cincíse, nuair a tháinig an Spiorad Naomh ar na deisceabail. Is féidir linn tosú agus sinn a bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach agus/nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar an ndlúthdhiosca, agus lig don gceol seinm le linn an urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Samhlaigh go bhfuil tú sa Seomra Uachtarach in Iarúsailéim. (*Sos*)

Tá deisceabail uile Íosa ann. Is féidir leat Peadar, Aindriú, Máire Mhaigdiléana agus roinnt de na deisceabail eile a fheiceáil. (*Sos*)

Tá gach duine an-chiúin. Breathnaíonn gach duine scanraithe. Is féidir leat a liopaí a fheiceáil ag gluaiseacht. Tá siad go léir ag guí. (*Sos*)

Aithníonn tú Muire, máthair Íosa. Tá cuma brónach uirthi. Siúl chuici. Cad ba mhaith leat a rá léi? (*Sos*)

Feiceann tú roinnt daoine eile agus iad ag caoineadh. Cloiseann tú duine acu a rá, 'Is mian liom go mbeadh Íosa anseo.' Deir duine eile, 'Mise freisin. Cén fáth gur imigh sé uainn arís?' (*Sos*)

Go tobann, cloiseann tú torann mór. Pléascann

na fuinneoga sa seomra ar oscailt agus séideann gaoth láidir tríd an seomra. (*Sos*)

Tagann teas isteach sa seomra agus nuair a fhéachann tú timpeall feiceann tú mar a bheadh lasracha tine ina luí ar chinn cairde Íosa. (*Sos*)

Scairteann duine éigin, 'Is é an Spiorad Naomh atá ann! Choinnigh Íosa a ghealltanas!' (*Sos*)

Léimeann gach duine in airde. Níl eagla orthu a thuilleadh! 'Tá sé in am an seomra seo a fhágáil!' arsa Peadar. Ritheann cairde Íosa amach ar an tsráid. Féachann tú amach an fhuinneog agus feiceann tú iad ar an tsráid thíos. (*Sos*)

Insíonn siad do gach duine faoin áthas atá orthu. Insíonn siad faoi Íosa do chách. Labhraíonn siad leis na daoine i dteangacha éagsúla. (*Sos*)

Tá iontas ar na daoine a chloiseann iad. Tá an Spiorad Naomh tar éis cuidiú leo Dea-Scéala Dé a roinnt ar an slua. (*Sos*)

Tá sé in am duit Iarúsailéim a fhágáil anois. Ón bhfuinneog, fág slán ag deisceabail Íosa agus leis na daoine a bhfuil siad ag labhairt leo. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** Cuirimis críoch leis an urnaí anois agus an *Phaidir don Spiorad Naomh* a rá le chéile:

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 3: 'Imigí agus déanaigí an Dea-Scéala a roinnt'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Pléann an ceacht seo an ghné mhisinéireachta de ráiteas deiridh Íosa dá dheisceabail. In *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3, d'fhoghlaim na páistí faoi ghníomhaíochtaí misinéireachta daoine eile. I mbliana, leagtar an bhéim ar na páistí iad féin agus conas is féidir leo dul i mbun grá Íosa a roinnt, chomh maith le bheith in ann tacú le gníomhaíochtaí misinéireachta na hEaglaise. Meabhraíonn an ceacht go sonrach ar shaothar Chumann na Leanaí Misinéireachta, a tugadh isteach mar cuid de *I nGrá Dé* do Rang a hAon/B3. Bunaíodh an Cumann sa bhliain 1843 i Nancy sa Fhrainc, agus tá sé gníomhach in Éirinn ó 1853. Ó shin i leith scaip an Cumann ar fud an domhain agus tá páistí, ó níos mó ná céad tír ar fud na cruinne, rannpháirteach in obair an Chumainn. I láthair na huaire tá an Cumann seo ar an gcarthanas leanaí is sine agus is mó ar domhan.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid bhog
  - Rogha irisí/íomhánna íoslódáilte
  - Siosúr agus roinnt gliú do gach páiste
  - Bileog mhór páipéir/páipéar balla ar féidir leis na páistí na híomhánna a ghreamú air

# Féachaimis ...

## AM I gCIORCAL

### Dea-Scéala

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é an cuspóir atá leis an 'Am i gCiorcal' ná tarraingt ar thaithí na bpáistí maidir le nuacht maith a fháil agus an fonn a bhíonn ann an dea-scéala sin a roinnt le daoine eile. Cabhróidh sé seo leo ceangal a dhéanamh leis an misean a thug Íosa dá dheisceabail Dea-Scéal an tSoiscéil a roinnt.

Cruinnigh na páistí i gciorcal agus bíodh seisiún 'Am i gCiorcal' agaibh ar an ngnáthbhealach ag úsáid réad/rud labhartha.

Inis do na páistí gur mhaith leat go ndéanfadh siad smaoineamh ar feadh nóiméid faoin nuacht is fearr a chuala siad riamh. Ansin téigh timpeall an chiorcail ag fiafraí de na páistí an abairt seo a chríochnú: 'Is í an nuacht is fearr a chuala mé riamh ná ... '.

Lean ort ag comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar inis tú an dea-scéala, atá tú tar éis a roinnt linn, do dhuine ar bith eile riamh? Cé leis/léi a d'inis tú é?
- Cén chaoi ar fhreagair an duine sin don dea-scéal?
- An gceapann tú gur cheart dúinn dea-scéala a roinnt? Cén fáth nó cén fáth nár cheart?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Chuir Íosa an Spiorad Naomh dá dheisceabail ag an gCincís. Rinne sé é seo ionas go mbeadh cúnamh ag a chairde Dea-Scéala ghrá Dé a roinnt le daoine eile. Líonadh sinne freisin leis an Spiorad Naomh ag an mBaisteadh. Guímis anois, ag iarraidh ar an Spiorad Naomh a bheith linn i gcónaí agus cuidiú linn Dea-Scéala ghrá Dé a roinnt le daoine eile. Is é an freagra ar gach paidir ná: 'Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar'.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

**M:** A Spioraid Naoimh, cabhraigh linn maireachtáil ar nós Íosa.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

**M:** A Spioraid Naoimh, cabhraigh linn a bheith cineálta cosúil le hÍosa.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

**M:** A Spioraid Naoimh, cabhraigh linn maithiúnas a thabhairt ar nós Íosa.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

**M:** A Spioraid Naoimh, cabhraigh linn roinnt lena chéile ar nós Íosa.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

**M:** A Spioraid Naoimh, cabhraigh linn a bheith grámhar ar nós Íosa.
**P:** Tar chugainn a Spioraid Naoimh, tar.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Fhocail Dheireanacha Íosa

Tosaigh tríd an Gheamaireacht le Macalla ón gcéad cheacht den téama seo a thabhairt chun cuimhne:

'Coinnigh ort ag déanamh mo chuid oibre. Téigh, inis do gach duine' (*Déan na lámha a ardú go mall)*
'Cuirfidh mé cúntóir' *(Déan na lámha a ísliú go mall)*
'Bím leat i gcónaí' *(Ceangail do lámha gar dod' chroí)*

Ansin inis do na páistí, tar éis d'Íosa a bheith imithe ón domhan seo, gur lean na deisceabail ag déanamh a chuid oibre. Rinne siad é seo le cabhair ón Spiorad Naomh. Faoi dheireadh, scaipeadh an Dea-Scéala timpeall an domhain. Ba iad céad deisceabail Íosa a rinne an obair seo, chomh maith le lucht leanúna Íosa a tháinig ina ndiaidh. Glaoitear 'Críostaithe' ar na daoine a leanann Íosa. Déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Lámha suas na Críostaithe atá anseo. Cathain a rinneadh Críostaí díot?
- Cén obair a rinne Íosa nuair a bhí sé beo ar domhan? Conas a choinníonn Críostaithe inniu leis an obair seo a dhéanamh?
- Mar Chríostaithe, d'fhéadfaimis daoine a insint faoi Íosa ach, n'fheadar ... an bhfuil bealaí ann a bhféadfaimis a thaispeáint gur lucht leanúna Íosa muid? Cad iad na bealaí sin?

## CUMANN NA LEANAÍ MISINÉIREACHTA

Cruinnigh na páistí i gciorcal ar an urlár. Mínigh do na páistí nuair a rollaíonn tú an liathróid i dtreo páiste amháin, deir siad ceann de na rudaí gur féidir linn a dhéanamh chun a thaispeáint gur deisceabail Íosa muid. Ansin rolfaidh an páiste sin an liathróid chuig duine éigin eile a deir rud eile is féidir linn a dhéanamh. Mínigh gur féidir an rud céanna a athrá díreach i ndiaidh é a bheith ráite ag duine éigin eile.

Ansin déan comhrá faoi smaointe na bpáistí, ag díriú orthu siúd a bhaineann leis an méid atá againn a roinnt leo siúd a mbíonn ar an ngannchuid. Inis do na páistí go bhfuil grúpa áirithe leanaí ann a dhéanann é seo ar bhealach speisialta. Tugtar Cumann na Leanaí Misinéireachta orthu. Déan comhrá faoi obair an chumainn.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is iomaí bealach atá ann inar féidir linn ordú Íosa a chomhlíonadh chun an Dea-Scéala a roinnt leis an domhan. Is féidir linn é seo a dhéanamh tríd an méid a dhéanaimid agus tríd an méid a deirimid. Is féidir linn guí ar son a chéile agus ar son páistí freisin a mhaireann i mbochtaineacht agus faoi eagla. Is é atá i gCumann na Leanaí Misinéireachta ná grúpa san Eaglais a spreagann leanaí chun cabhrú le leanaí eile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Colláis

Iarr ar na páistí breathnú tríd na hábhair agus iarr orthu íomhánna de dhaoine ag gníomhú ar bhealaí a léiríonn grá Dé do dhaoine eile, a ghearradh amach. Agus iad ag obair, tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo an Dea-Scéala a roinnt, cosúil leis na daoine sna pictiúir.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 48: Scrúdaíonn na páistí na bealaí éagsúla inar féidir leo cabhrú le leanaí eile, ag leanúint an sampla ó Chumann na Leanaí Misinéireachta.

### Sa Bhaile

Lch. 49: Déanann na páistí machnamh ar na bealaí inar féidir leo leanúint ar aghaidh ag déanamh obair Íosa, mar a d'iarr sé orthu.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: 'Is féidir linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn'

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Mar ullmhúchán:**
• *Roghnaigh beirt pháiste mar léitheoirí. Tá an méid atá le léamh acu ar fáil thíos, agus b'fhéidir gur mhaith leat iad a fhótachóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.*
• *Sula dtosaíonn an tseirbhís urnaí, bain gach rud as an spás urnaí ach amháin an t-éadach bán agus an choinneal.*

**M:** Nuair a rugadh Íosa, tháinig solas iontach ar an saol. (*Las an coinneal, tóg sos ar feadh nóiméid*)

Bhí go leor daoine ann nár chreid gurbh é Íosa solas an tsaoil. Chuir siad chun báis é ar an gcros. (*Múch an coinneal, tóg sos ar feadh nóiméid*)

Ach trí lá ina dhiaidh sin, d'aiséirigh Íosa ó mhairbh le beatha nua, beatha atá níos láidre ná an bás, níos láidre ná an dorchadas agus ní múchfar riamh arís í. (*Las an coinneal*)

**Amhrán Tosaidh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**M:** Tabharfaimis focail dheiridh Íosa chun chuimhne:

**Gach duine:**
'Coinnígí ag déanamh mo chuid oibre. Téigí agus inis do gach duine' (*Lámha ardaithe in airde*)
'Cuirfidh mé cúntóir chugaibh' (*Lámha ag gluaiseacht anuas*)
'Tá mé in éineacht libh i gcónaí' (*Lámha le chéile gar don chroí*)

**M:** Anois, léimis an scéal faoi chéard a tharla Lá Cincíse.

*Is féidir leat an sliocht Scrioptúrtha seo a léamh ón* mBíobla Naofa *freisin (Gníomhartha 2:1-13).*

Sliocht as Gníomhartha na nAspal:

**Nuair a tháinig Lá Cincíse bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. Agus de phreib tháinig glór ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu: agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.**

**Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim agus nuair a chualathas an glór úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan. Bhí ionadh agus alltacht orthu: 'Féach,' ar siad, 'nach Gailíligh iad seo go léir atá ag caint? Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin? Táimid Pairtigh ann agus Méidigh agus Eilimítigh, áitritheoirí na Measpatáime agus Iúdáia agus Chapadóise, agus Phontais agus na hÁise, Frigia agus Paimfíle, áitritheoirí na hÉigipte agus chríocha na Libia thart faoi Chuiréiné, cuairteoirí ón Róimh idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar eachtraí Dé.' Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: 'Cad is ciall le seo?'**

Briathar an Tiarna.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Díreach faoi mar a tháinig an Spiorad Naomh do na deisceabail Lá Cincíse, fuaireamar an Spiorad Naomh freisin ag an mBaisteadh. Le cabhair an Spioraid Naoimh, is féidir linn maireachtáil mar is mian le hÍosa dúinn. Cuireann ár gcolláis ranga i gcuimhne dúinn go léir, na bealaí inar féidir linn é seo a dhéanamh. Cad iad na rudaí a fheiceann tú?

*Lig do na páistí freagairt*

**M:** Dún do shúile ar feadh nóiméid. (*Sos*)

Cuidíonn an Spiorad Naomh leat a bheith séimh. Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú séimh - le duine sa bhaile, le duine éigin ar scoil, le do chairde. (*Sos*)

Cuidíonn an Spiorad Naomh leat a bheith grámhar. Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú grámhar - sa bhaile, ar scoil nó nuair a bhí tú ag imirt le do chairde. (*Sos*)

Cuidíonn an Spiorad Naomh leat a bheith foighneach. Cuimhnigh ar am nuair a bhí foighne

agat, nuair a bhí ort fanacht ar rud éigin, nuair a bhí duine éigin níos lú nó níos moille ná tú féin. (*Sos*)

Cuidíonn an Spiorad Naomh leat a bheith cineálta. Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú cineálta. Cuimhnigh ar am nuair a bhí tú cineálta le duine éigin a bhí ag mothú brónach nó duine éigin a bhí breoite nó duine éigin a raibh cabhair ag teastáil uathu. (*Sos*)

Bíonn an Spiorad Naomh ag cabhrú leat i gcónaí chun maireachtáil agus chun grá a thabhairt mar a rinne Íosa. Le do ghuth inmheánach iarr ar an Spiorad Naomh cabhrú leat i gcónaí. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.






A Spioraid Naoimh,
Cabhraigh linn an Soiscéal a thug Íosa dúinn a roinnt le gach duine a gcasaimid orthu.
Cabhraigh linn, ar bhealach ar leith, cabhrú leo siúd atá tinn, bocht nó i ngátar.
Treoraigh sinn chun maireachtáil mar a rinne Íosa.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán deiridh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

## LÉACHTAÍ LE HAGHAIDH NA SEIRBHÍSE URNAÍ AG DEIREADH AN TÉAMA

**Léitheoir 1:** Tar éis an Aiséirí, dúirt Íosa lena deisceabail fanacht in Iarúsailéim don Spiorad Naomh. Ansin chuaigh Íosa suas ar neamh.

**Léitheoir 2:** Tamall ina dhiaidh sin, fad a bhí na deisceabail le chéile ag fanacht in Iarúsailéim, tháinig lá na Cincíse.


# Téama 9: Cruthú an Domhain

## Ceacht 1: Chruthaigh Dia sinn
## Ceacht 2: Is mian le Dia sinn a bheith sásta

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

***Cruthú an Domhain***

- Is é Dia ár nAthair ár gcruthaitheoir, agus tugann sé grá dúinn mar a thugann athair grá dá chuid páistí
- Chruthaigh Dia sinn le corp agus le hanam
- Is comhartha de ghrá Dé dúinn é an cruthú
- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha mar dhaoine maithe agus saor ó pheaca. Bhí siad sona toisc go raibh siad cairdiúil le Dia i bParthas. Chuir Sátan cathú orthu agus roghnaigh siad saol leithleasach agus lán le peaca. Bhí siad easumhal do Dhia agus chaill siad an naofacht a bhí acu. Tugtar 'Titim an Chine Dhaonna' ar seo agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca
- Chuir Dia chugainn a Aon Mhac, Íosa Críost chun an cine daonna a shlánú ó pheaca trína íobairt ar an gcrois

### Briathar Dé

**An Scrioptúr Naofa: Plean grámhar Dé don Slánú**

- Gein 1-2:4. An scéal faoi chruthú an domhain
- Gein 1:26-7. Déanta in íomhá Dé
- Gein 2:4-9; 15-17; 3:1-14. Scéal an chéad pheaca

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Is é plean Dé go mbeidh grá agus meas ag daoine ar a chéile agus go mbeidh siad sona le chéile
- Thug Dia buanna, na céadfaí daonna, an corp, teanga, bronntanas na beatha dúinne, do dhaoine eile agus don domhan
- Tá bronntanais agus buanna ag gach duine a dhéanann sainiúil é/í

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Chruthaigh Dia chuile dhuine agus chuile rud agus is le Dia iad. Mar sin tá ardmheas ag Críostaithe ar dhaoine agus ar an domhan
- Tá sé de dhualgas ar chuile dhuine aire a thabhairt don timpeallacht
- Thug Dia an éirim agus an scil dúinn chun aire a thabhairt don domhan

**OCG i gComhthéacs Críostaí**

- Tá meas ag Críostaithe ar a gcoirp féin agus ar choirp dhaoine eile de bhrí gurb é Dia a chruthaigh iad

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 1:

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

*A. Féinmheas.*

- Cur lena dtuiscint gur tugadh buanna agus tallannacha do gach uile dhuine acu a fhágann gur duine uathúil iad.
- A thuiscint, de bhrí go bhfuil grá, meas agus urraim ag daoine eile dóibh mar indibhidí uathúla, gur chóir go mbeadh meas acu ar dhínit a gcorp féin.

*D. Meas ar an timpeallacht.*

- Cuid de na bagairtí tromchúiseacha ar féidir leo tionchar a imirt ar an timpeallacht a aithint agus plé a dhéanamh ar dhóigheanna praiticiúla a dtig leo cuidiú leis an timpeallacht a chosaint.

# Ceacht 1: Chruthaigh Dia sinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An tseachtain seo, déanfaidh na páistí díospóireacht agus athinsint ar scéal an Chruthaithe mar atá sé le fáil i Geineasas 1:27-31. Gheobhaidh na páistí amach go bhfuil gach rud cruthaithe ag Dia ach cuirfear béim ar leith ar chruthú an chine daonna. Cuirtear i gcuimhne na bpáistí gur chruthaigh Dia daoine don ghrá: grá dóibh féin, dá chéile, don domhan nádúrtha agus do Dhia. Thug Dia buanna agus tallanna do dhaoine ar bhealaí éagsúla chun a chabhrú leo é seo a dhéanamh. Scrúdaíonn an ceacht seo conas is féidir linn ár mbuanna agus ár dtallanna a úsáid.

Cuireann an obair a dhéantar sa cheacht seo leis an méid a d'fhoghlaim na páistí faoi scéal an Chruthaithe as Leabhar Geineasas a rinneadh mar chuid de *I nGrá Dé* sna Naíonáin Shóisearacha/B1, sna Naíonáin Shinsearacha/B2 agus i Rang a hAon/B3.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa dronuilleogach páipéir do gach páiste. Is féidir leat iad seo a dhéanamh trí phíosa páipéir A4 a ghearradh faoi cheathair



# Féachaimis ...

## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, chuimhníomar ar conas a chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Comhartha ghrá Dé dúinn atá sa domhan. Le chéile, tabharfaimis moladh do Dhia don domhan iontach ina bhfuil cónaí orainn ann. Guímis *Glóir don Athair* le chéile.

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ‘Chruthaigh Dia Daoine’

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí cuid de na rudaí a chruthaigh Dia a ainmniú. Cuir i gcuimhne do na páistí gurb é Dia ár gCruthaitheoir freisin. Ansin léigh ‘Chruthaigh Dia Daoine’. Mínigh gur sliocht ón mBíobla é a bheadh cloiste ag Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill óg.

**‘Chruthaigh Dia Daoine’**



(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:27-31*) Bhí a fhios ag Dia go raibh na rudaí go léir a chruthaigh sé go maith. Bhí an spéir agus an domhan ann, na farraigí agus na plandaí, an ghrian agus an ghealach ann chomh maith. Bhí gach ceann de na rudaí seo go maith.

Chomh maith leo san, bhí na créatúir san fharraige. Bhí siad go maith freisin. Shnámh cuid acu ar bhun na farraige, agus léim roinnt eile suas as an uisce, ag déanamh splancscáileán mór!

Ba na héin sa spéir go maith freisin. Chan siad amhráin álainn. Rinne siad neadacha freisin ó dhuilleoga agus ó chraobhóga, agus thug siad cúram dá gcuid leanaí. Thug na hainmhithe ar an talamh cúram dá gcuid leanaí chomh maith. Rinne siad a gcuid tithe i bpoill sa talamh, nó i bpluaiseanna, no sna crainn. Bhí roinnt acu ag seilg i rith an lae agus roinnt eile ag seilg istoíche, agus bhí siad go léir go maith.

Ach bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan - rud éigin speisialta. Bhí rud éigin *an-mhaith* ag teastáil.

Mar sin, chruthaigh Dia daoine. Chruthaigh sé iad idir anam is corp. Bhí Dia ag iarraidh ar na daoine aire a thabhairt dá chéile agus aire a thabhairt do na héisc agus do na héin agus do na hainmhithe. Bheidís maith agus grámhar, cosúil le Dia. Bheidís in ann grá a thabhairt dá chéile, cosúil le Dia. Mar sin chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin. Ní fhéadfadh aon ní eile a chruthaigh Dia, na rudaí go léir a d’fhéadfadh daoine a dhéanamh. Bhí a fhios ag Dia ní amháin go raibh daoine go maith. Bhí daoine an-speisialta. Bhí siad an-mhaith. Is é Dia ár gcruthaitheoir grámhar agus gránn sé sinn mar baill dá chlann.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: ‘Cérbh é an rud deireanach a chruthaigh Dia?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Chruthaigh Dia daoine le go mbeadh siad maith, grámhar agus maiteach. Cén fáth, dar leat, ar theastaigh uaidh go mbeidís mar seo?
- Cén fáth gur chruthaigh Dia sinn go léir difriúil óna chéile? Cén chaoi a bheadh sé dá mbeadh an chuma chéanna orainn go léir? Cén chaoi a bheadh sé dá mbeimis go léir go maith ag na rudaí céanna, agus go holc ag na rudaí céanna?
- Theastaigh ó Dhia go gcabhródh daoine lena chéile agus leis an gcruthú. An cuimhin leat am nuair a thug tú aire do chruthú Dé?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 50: Scrúdaíonn na páistí na buanna agus na tallanna atá ag páistí éagsúla.

### Sa Bhaile

Lch. 51: Déanann na páistí machnamh ar a mbuanna agus a dtallanna féin, agus scríobhann siad paidir bhuíochais do Dhia astu. Tugtar cuireadh do theaghlaigh an *Glóir don Athair* a ghuí le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Chruthaigh Dia daoine agus thug sé buanna agus tallanna dóibh le go dtabharfaidís aire don domhan a chruthaigh sé. Tá buanna agus tallanna éagsúla ag gach duine. Tá buanna agus tallanna gach duine tábhachtach.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Slabhra Páipéir a Léiríonn ár mBuanna

Dáil amach na píosaí páipéir daite ar na páistí. Tabhair cuireadh do gach duine acu focal/abairt a scríobh nó pictiúr a tharraingt chun an abairt seo a chríochnú: 'Thug Dia go leor buanna dom agus is féidir liom…' Nuair a chríochnaíonn gach páiste a gcuid oibre, ceangail an dá chríoch le chéile (m.sh. le stáplaí a úsáid), agus cuir na píosaí páipéir le chéile chun slabhra páipéir a dhéanamh. Déan cinnte de go mbíonn pictiúir/focail na bpáistí ar an dtaobh amuigh, ionas go mbeidh gach duine in ann iad a fheiceáil. Nuair a bheidh an slabhra páipéir críochnaithe, taispeáin do na páistí cé chomh cumasach is atá siad!



## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, bainimid úsáid as ár nguthanna inmheánacha chun buíochas a ghabháil le Dia as na tallann éagsúla agus na buanna atá againn go léir. Is féidir linn tús a dhéanamh trí a bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach agus/nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar an ndlúthdhiosca, agus lig don gceol seinm le linn an urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis le Dia faoi cheann de do chuid buanna. Cad é an bua is mó atá agat? (*Sos*)

Inis le Dia faoi uair amhain nuair a d'úsáid tú do tallanna go maith. B'fhéidir gur léigh tú leabhar, nó gur bhuaigh tú rás, nó rinne tú rince i gcomórtas, nó chuidigh tú le duine éigin a bhí i ngátar. Inis le Dia faoi na rudaí a tharla. (*Sos*)

Anois gabh buíochas le Dia as na tallanna go léir a thug Dia duit. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** Anois, guímis an *Glóir don Athair* le chéile. Sa phaidir seo tugaimid glóir do Dhia as an domhan iontach a bhfuil cónaí orainn ann.

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Is mian le Dia sinn a bheith sásta

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn an cheachta seo pléifidh na páistí scéal Ádhaimh agus Éabha agus an méid a tharla dóibh. Mínítear do na páistí gurbh é plean Dé don Chruthú ná go mbeadh sé ina áit suaimhneach síochánta – áit a mhairfeadh Dia agus daoine le chéile. Rinne Ádhamh agus Éabha neamhaird ar Dhia toisc gur cuireadh cathú orthu chun a chreidiúint nár cruthaíodh in íomhá Dé iad. Cheap siad go bhféadfaidís na torthaí ón gcrann a ithe agus go mbeidís cosúil le Dia. Is í an fhírinne a bhí ann, ná go raibh siad cruthaithe in íomhá Dé, cheana féin. Nuair a d'ith siad na torthaí ón gcrann, scriosadh suaimhneas an chruthaithe agus tháinig peaca ar domhan. Níor thréig Dia a Chruthú, áfach, ach gheall sé slánaitheoir a sheoladh chun athmhuintearas a dhéanamh idir an cine daonna agus é féin, agus a Chruthú. Ba é Íosa an slánaitheoir sin.

# Féachaimis …

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Ghrámhair, chruthaigh tú an domhan agus gach rud ann. Is as an ghrá a chruthaigh tú é, agus teastaíonn uait gur le grá a mbainimis úsáid as. Éist lenár bpaidreacha inniu, agus cabhraigh linn an domhan a fheabhsú le grá. Is é an freagra ar gach paidir ná: 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.

**Léitheoir 1:** A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn aire a thabhairt d'ainmhithe na farraige agus na talún, agus d'éin an aeir. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn aire a thabhairt dár gcoirp agus do choirp daoine eile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn an méid atá againn a roinnt le daoine eile ionas go mbeidh neart ag gach duine. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn aire a thabhairt dóibh siúd atá breoite nó brónach. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn labhairt leat, agus bheith ag éisteacht leat. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Guímis le chéile anois ag baint úsáid as na focail a mhúin Íosa dúinn:

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**M:** A Thiarna Ghrámhair,
Go raibh maith agat as an domhan ina mairimid.
Cabhraigh linn é a fhorbairt mar is mian leat féin.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ‘Ádhamh agus Éabha’

Taispeáin an Bíobla do na páistí agus tugaigí chun cuimhneamh le chéile an méid ar chruthaigh Dia. Cuir i gcuimhne dóibh gur chruthaigh Dia daoine. Chruthaigh Dia daoine a bhí in ann smaoineamh agus cinntí a dhéanamh, a bhí in ann rudaí a dhéanamh, a d’fhéadfadh a gcuid samhlaíochta a úsáid chun rudaí nua a chruthú ar domhan, agus a d’fhéadfadh grá a bheith acu dá chéile agus don domhan nádúrtha a chruthaigh Dia. Bhí siad in ann aire a thabhairt dóibh féin, dá chéile freisin agus de na rudaí eile go léir a chruthaigh Dia. Ansin inis do na páistí go bhfuil tú chun sliocht a léamh ón mBíobla faoi bheirt nár chabhraigh le feabhas a chur ar an domhan faoi mar ba mhaith le Dia go mbeadh sé. Léigh ‘Ádhamh agus Éabha’. Mínigh gur scéal é ón mBíobla a chuala Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill óg.

**‘Ádhamh agus Éabha’**



(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 2:8, 3:1-3, 5-6, 11-13, 23*)

Chruthaigh Dia fear darbh ainm Ádhamh agus bean darbh ainm Éabha. Chruthaigh sé iad chun a bheith cosúil leis féin, flaithiúil agus grámhar mar atá Dia. Bhí Ádhamh agus Éabha ina gcónaí i ngairdín álainn a rinne Dia dóibh. Éidin an t-ainm a bhí air. Bhí áthas ar Ádhamh agus ar Éabha a bheith i nGairdín Éidin. Bhí aibhneacha álainn ann dóibh chun snámh iontu, agus gach cineál créatúir chun breathnú orthu - créatúir san uisce, créatúir san aer, agus créatúir ar an talamh. Le chéile, thug Ádhamh agus Éabha cúram do na hainmhithe a bhí ina gcónaí in Éidin, mar a d’iarr Dia orthu.

Bhí go leor crainn álainn i nGairdín Éidin freisin, agus ar na crainn sin d’fhás go leor torthaí blasta a d’fhéadfadh Ádhamh agus Éabha a ithe agus taitneamh a bhaint astu. Dúirt Dia d’Ádhamh go bhféadfadh leis na torthaí ó aon cheann de na crainn a thaitin leis a ithe, ach amháin i gcás crann amháin a d’fhás i lár an ghairdín. Dúirt Dia d’Ádhamh gan toradh an chrainn sin a ithe.

I measc na hainmhithe a raibh cónaí orthu i nGairdín Éidin, bhí ceann amháin a bhí an-slítheánta. An nathair nimhe a bhí ann. Lá amháin, chonaic an nathair nimhe slítheánta Éabha in aice leis an gcrann speisialta i lár an ghairdín. Bheartaigh sé cathuithe a chur uirthi, torthaí ón gcrann a ithe.

Ag snámhaíocht go dtí an áit ina raibh Éabha, labhair an nathair nimhe. ‘An ndúirt Dia leat gan na torthaí ón gcrann seo a ithe?’

D’fhreagair Éabha: ‘Is féidir linn torthaí ó aon chrann a ithe,’ ar sise, ‘Ach amháin ón gcrann i lár an ghairdín. Dúirt Dia linn gan na torthaí ón gcrann sin a ithe nó fiú lámh a leagan air.’

Níor theastaigh ón nathair nimhe go mbeadh Éabha umhal do Dhia, mar sin dúirt sé léi, ‘Ba chóir duit, ar a laghad, iarracht a dhéanamh cuid de na torthaí blasta seo a ithe. Is blasta iad. Agus, má itheann tú iad, beidh eolas agat ar go leor rudaí nach raibh eolas agat orthu cheana. Beidh tú cosúil le Dia.’

Cuireadh cathú ar Éabha. Shiúil sí anonn go dtí an crann speisialta i lár an ghairdín. Ceart go leor, bhí dealramh blasta ar thorthaí an chrainn. Mar sin, thóg Éabha cuid de na torthaí agus d’ith sí. Ansin thug sí toradh d’Ádhamh. Bhain sé greim as freisin.

Go gairid ina dhiaidh sin, thuig Ádhamh agus Éabha go ndearna siad rud mícheart ag ithe na torthaí a ndúirt Dia leo gan iad a ithe. Rinne siad iarracht dul i bhfolach ó Dhia i measc na gcrann. Ach bhí a fhios ag Dia cá raibh siad. Bhí Dia leo an t-am ar fad. ‘Ádhamh agus Éabha,’ arsa Dia. ‘Ar ith sibh na torthaí a dúirt mé libh gan iad a ithe?’

‘D’ith,’ arsa Ádhamh. ‘Ach thug Éabha dom é.’

‘Sea,’ arsa Éabha. ‘Ach rinne an nathair nimhe cleas orm.’

‘Toisc nach ndearna sibh an méid a d’iarr mé oraibh,’ a d’fhreagair Dia, ‘ní mór don bheirt agaibh Gairdín Éidin a fhágáil.’

Mar sin, d’fhág Ádhamh agus Éabha Gairdín Éidin, agus níor fhill siad ann riamh arís.

Tar éis an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cén cathú a chuir an nathair nimhe ar Éabha?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an nathair nimhe?
- An raibh Ádhamh agus Éabha níos sona tar éis dóibh na torthaí ón gcrann a ithe? Cén fáth nó cén fáth nach raibh siad?
- An cuimhin leat am nuair a rinne tú rud éigin, agus ansin thuig tú ina dhiaidh sin go raibh an rud a rinne tú mícheart?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar 'An Titim' ar an ócáid seo, atá le fáil i Leabhar Geineasas, agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca. Is féidir leat é seo a mhíniú do na páistí ag an bpointe seo má bhraitheann tú go bhfuil sé oiriúnach é sin a dhéanamh.

## GNÍOMHAÚOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt

Tabhair scéal Ádhaimh agus Éabha chun cuimhne ag baint úsáid as Póstaer 9. Ansin roinn na páistí ina mbeirteanna. Bíodh páiste amháin i ról Éabha agus an páiste eile i ról na nathrach nimhe. Iarr ar na grúpaí aithris a dhéanamh ar an gcomhrá a bhí acu nuair a bhí an nathair nimhe ag iarraidh cur ina luí ar Éabha na torthaí ón gcrann a bhlaiseadh, ach an uair seo abair leis na páistí a shamhlú cad a tharlódh mura n-éireodh leis an nathair nimhe cathú a chur ar Éabha.

Roghnaigh grúpaí áirithe chun a rólimirt a léiriú don rang. Ceistigh an páiste, a bhí i ról Éabha, ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth ar shocraigh tú ar an rud a rinne tú a dhéanamh?
- An raibh sé éasca nó deacair é a dhéanamh?
- Conas a bhraitheann tú anois?

## DÁN

### 'Ádhamh agus Éabha'

Léigh an dán 'Ádhamh agus Éabha' do na páistí.

**Ádhamh agus** Éabha
Ba glas é an Gairdín,
Bhí na bláthanna geal
Agus na beacha ag crónán os ard.
Bhí gach éan ag canadh,
An ghrian gheal ag taitneamh
Ar na srutháin 's na crainn go hard.

Bhí an Fear is an Bhean
Ina suí go sámh
Faoi scáth crainn mhóir throm.
Ach dúirt Dia leo,
'Ithigí na torthaí go léir
Ach baineann an crann seo liom'.

Tháinig nathair nimhe
Anuas ón gcrann
Ag sleamhnú ina dtreo.
'Ó nach deas iad na torthaí
A bhaineann le Dia!
Ithigí, ná bígí buartha níos mó!'

Ach chomh luath is a bhlais siad
Toradh an chrainn
Labhair Dia sa bháisteach go séimh:
'Imigí as mo Ghairdín anois;
Na torthaí -
Ní bhlaisfidh sibh riamh.'

Tá Gairdín Éidin fuar anois
Is lom iad
Craobhacha na gcrann
Na bláthanna – tá siad imithe ar shiúl,
Is an Fear ia an Bhean -
Níl siad ann!

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is é plean Dé ná go mairfeadh gach duine go sona sásta ar domhan. Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha le bheith cineálta, flaithiúil agus grámhar cosúil le Dia, ach rinne siad neamhshuim de Dhia, agus mar sin b'éigean dóibh an gairdín, a chruthaigh Dia dóibh, a fhágáil. Cruthaítear sinne freisin le bheith go maith. Is féidir linn cabhrú leis an domhan a dhéanamh díreach mar a theastaíonn ó Dhia go mbeadh sé, trí bheith cineálta, flaithiúil agus grámhar, cosúil le Dia.

## AG COMHRÁ

### Maidir leis an Domhan a Dhéanamh mar Is mian le Dia é a bheith

Tabhair scéal Ádhaimh agus Éabha chun cuimhne. Is féidir leis an múinteoir an scéal a thosú agus le páistí éagsúla leanúint ar aghaidh, ag cur líne leis go dtí go mbíonn an scéal críochnaithe. Is féidir leat tosú le: 'Chruthaigh Dia fear darbh ainm Ádhamh agus bean darbh ainm Éabha'.

Ansin mínigh do na páistí gur theastaigh ó Dhia go mbeadh Ádhamh agus Éabha sásta sa ghairdín, ach ní dhearna siad mar a d'iarr Dia orthu. Táimidne cruthaithe freisin chun a bheith go maith, ach uaireanta cuirtear cathú orainn chun an rud mícheart a dhéanamh freisin. Nuair nach roinnimid le daoine eile, nó daoine eile a chur san áireamh, nó nuair a ghortaímid daoine eile, nílimid ag maireachtáil mar a theastaíonn Dia orainn. Nuair nach mairimid mar a theastaíonn Dia orainn, ní bhíonn an domhan mar ba mhaith le Dia é a bheith.

Críochnaigh trí na cásanna seo a leanas a léamh do na páistí. Iarr orthu smaoineamh ar an gcaoi a d'fhéadfaidís freagairt i ngach ceann de na cásanna seo chun go mbeadh an domhan mar ba mhaith le Dia é a bheith:

- An geimhreadh atá ann agus tá sneachta agus oighear ar an talamh. Feiceann tú éin taobh amuigh, ag cuardach bia.
- Ní féidir le cailín óg a mamaí a aimsiú san ollmhargadh. Tá sí ag caoineadh, ach ní féidir lena mamaí í a chloisteáil. Feiceann tú a mamaí ag cur a siopadóireacht sa tralaí.
- Tá beirt taobh amuigh de do shiopa áitiúil ag bailiú airgid chun cabhrú le daoine atá tinn. Tá tú díreach tar éis €1/£1 a fháil ó do mhaimeo. Iarrann siad cabhair ort.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 52: Tugann na páistí scéal Ádhaimh agus Éabha chun cuimhne.

### Sa Bhaile

Lch. 53: Léann na páistí agus a dteaghlaigh dán faoi Ádhamh agus Éabha, agus déanann siad comhrá faoin gcaoi a theastaíonn ó Dhia go mbeadh an domhan. Tá paidir le rá freisin le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Cruthú

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le seachtainí beaga anuas, chuimhníomar ar conas a chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Éistimis leis an scéal sin arís. Tá sé tógtha ón mBíobla.

I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann. Ní raibh an spéir ann, an ghrian ann, an ghealach agus na réaltaí ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht timpeall i spás dorcha folamh. Níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí mar sin.

Mar sin, rinne Dia an solas. 'Bíodh solas ann!' Ar seisean. Agus bhí an solas ann. Thug Dia 'lá' ar an solas agus 'oíche' ar an ndorchadas.

Ansin, bheartaigh Dia ar an uisce sna scamaill bhána thuas a dheighilt ón uisce ar an talamh thíos. Is mar sin, a chruthaigh Dia an spéir.

Ansin dúirt Dia, 'Bíodh talamh tirim le feiceáil.' Agus tharla sé mar a dúirt sé. Tháinig an talamh tirim aníos ón uisce. Agus thug Dia 'tír' ar an talamh tirim agus 'muir' ar na huiscí le chéile.

Ansin dúirt Dia, 'Bíodh gach cineál planda ag fás ar an talamh.' Agus tharla sé mar a dúirt sé. Chruthaigh Dia torthaí buíonna agus torthaí glasa. Bhí glasraí ann a d'fhás sa talamh agus glasraí ann a d'fhás ar chrainn. Bhí plandaí ann le duilleoga glasa agus plandaí ann le duilleoga dearga. Bhí caora ag roinnt plandaí agus ní raibh caora ag roinnt eile. Bhí gach cineál planda ann go bhféadfaí a shamhlú!

D'fhéach Dia ar gach rud a bhí cruthaithe aige: an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí. Bhí áthas ar Dhia faoi gach a bhí cruthaithe aige. D'fhéach Dia ar gach a bhí cruthaithe aige go dtí sin. Bhí sé go maith.

Bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan - rud éigin speisialta. Bhí rud éigin an-mhaith ag teastáil ón domhan. Mar sin, chruthaigh Dia daoine. (*Sos ar feadh nóiméid*)

Theastaigh ó Dhia go dtabharfadh daoine cúram do na héisc, do na héin, agus do na hainmhithe, agus go dtabharfadh siad aire dá chéile. Mar sin, chruthaigh Dia daoine chun iad a bheith cosúil leis féin. Bheidís maith, cineálta agus grámhar. Bheidís go maith ag rudaí éagsúla, ach, ag obair le chéile, bheidís in ann aire a thabhairt don domhan. Nuair a chonaic Dia é seo go léir, bhí a fhios aige nach raibh sé ach 'go maith' amháin. Bhí daoine speisialta. Bhí siad an-mhaith.

**M:** Briathar an Tiarna.
**P:** Buíochas le Dia.

**M:** Chruthaigh Dia sinn go léir toisc go bhfuil grá aige dúinn go léir: daoine atá saibhir agus daoine atá bocht, daoine atá tinn agus daoine atá folláin, daoine a bhfuil cónaí orthu i gcathracha agus daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. Is mian le Dia go mbeadh áthas ar gach aon duine. Theastaigh ó Dhia go mbeadh áthas ar Ádhamh agus ar Éabha freisin, ach ní dhearna siad an méid a d'iarr Dia orthu. Cé atá in ann cuimhneamh ar cad a tharla sa ghairdín?

*Lig do na páistí freagairt, ag baint úsáid as Póstaer 9 mar áis amhairc*

**M:** Níor chabhraigh Ádhamh agus Éabha le Dia an domhan a chruthú ar an mbealach a bhí ar intinn aige. Ach céard faoin seomra ranga seo ... An féidir linn cabhrú le Dia an domhan a chruthú faoi mar is toil leis? Bainimis úsáid as ár nguthanna inmheánacha chun a insint le Dia conas is féidir linn é sin a dhéanamh. Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach.

(*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois éist. Éist le Dia, mar a iarrann sé ort cabhrú leis an domhan a chruthú díreach mar is mian leis é a bheith (*Sos*).

An féidir leat a bheith cineálta, fial agus grámhar, cosúil le Dia? (*Sos*)

Inis le Dia an méid is féidir leat a dhéanamh chun an domhan a chruthú mar is mian le Dia é a bheith. (*Sos*)

Iarr ar Dhia cabhrú leat é sin a dhéanamh. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Bhí an méid sin grá ag Dia don domhan gur chuir sé a Mhac féin, Íosa Críost, chugainn chun a thaispeáint dúinn conas grá a léiriú. Bhí an méid sin grá ag Íosa do Dhia a Athair agus do dhaoine eile gur chuir sé déistin ar dhaoine áirithe. Theastaigh uathu deireadh a chur le hÍosa, agus mar sin chuir siad chun báis é ar an gcros. Ach trí lá ina dhiaidh sin, d'aiséirigh Íosa ó mhairbh. Léirigh sé go bhfuil grá Dé níos láidre ná aon rud eile nó aon duine eile. Le chéile, deirimis an phaidir a mhúin Íosa dúinn chun a rá le Dia, ár gCruthaitheoir grámhar.

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Téama 10: I nGrá Dé

## Ceacht 1: 'Faoi mar a thug mise grá daoibhse'
## Ceacht 2: Ag fás i ngrá

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Thug Íosa cuireadh do na peacaigh
- Thug Íosa slánú agus maithiúnas do na peacaigh
- Mhúin Íosa dúinn conas maireachtáil le grá inár saol: grá do Dhia, grá do dhaoine eile

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Paidreacha Breise**
- Beannacht Theaghlaigh

### Móráltacht Chríostaí

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Tugann Íosa aithne nua dúinn-Dlí an Ghrá
- Seo é Dlí an Ghrá Íosa: tabhair grá dá chéile mar a thug mise grá daoibh

**Saoirse agus Freagracht an Duine**
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis

**OCG i gComhthéacs Críostaí**
- Tá Íosa inár dteannta le linn dúinn a bheith ag fás agus ag athrú
- Cuir san áireamh: Scéalta a léiríonn luachanna morálta Críostaíochta ar nós síochánaíocht, carthanacht, ceartas sóisialta, aire do na heasláin, aire don domhan, fáilte a chur roimh an strainséir, misneach déileáil le míchumas

# Ceacht 1: 'Faoi mar a thug mise grá daoibhse'

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugann an ceacht seo scéal do na páistí faoi chúpla deirfiúracha a bhfuil saol an-difriúil acu – is bean chomhbhách, fhlaithiúil leathchúpla acu agus is bean searbh, santach an leathchúpla eile. Ag deireadh an scéil foghlaimíonn an bhean searbh cad is grá ann agus an éifeacht iontach dearfach is féidir leis an ngrá a bheith ort féin agus ar dhaoine eile. Cuirtear an scéal seo ansin in éineacht le teagasc Íosa faoi chuimsiú. Ag an deireadh, tugtar cuireadh do na páistí breathnú ar a saoil féin agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a d'fhéadfaidís a bheith níos cuimsithí ina gcairdeas.

# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'An Cúpla Deirfiúracha' – Cuid I


Tosaigh trí insint do na páistí gur mhaith leat scéal a léamh dóibh faoi chúpla deirfiúracha, Matilda agus Katrinka.

**'An Cúpla Deirfiúracha' – Cuid I**



Thug gach duine sa sráidbhaile "tithe na gcúplaí" orthu mar nuair a tógadh iad, bhí siad díreach cosúil lena chéile. Ach le himeacht aimsire tháinig cuma difriúil orthu. Bhí ceann de na tithe geal agus é clúdaithe le plandaí dreapadóireachta agus le rósanna áille, agus bhí an teach eile leamh gan phlanda nó bláth ar bith ann. Bhí cúis eile ann gur ghlaoigh gach duine "tithe na gcúplaí" orthu: ba le cúpla deirfiúracha na tithe. Matilda ab ainm do leathchúpla amháin agus Katrinka don leathchúpla eile.

Cúpla comhionann ab ea Matilda agus Katrinka agus bhí sé beagnach dodhéanta iad a dheighilt ó chéile. Dá bhfeicfeá an bheirt acu ag siúl síos an bhóthair ní fhéadfá iad a dheighilt ó chéile, ach a luaithe agus a labhair duine acu, bheadh a fhios agat láithreach cé acu Matilda nó Katrinka a bhí ann.



Chónaigh Matilda sa teachín leamh, agus bean ghéar neamhchairdiúil a bhí inti, ach duine sona áthasach ab ea Katrinka. Mar sin, thug muintir an bhaile 'Matilda Gruama' ar Matilda agus 'Katrinka Cineálta' ar Katrinka. Bhí grá ag na páistí go léir sa sráidbhaile bheag do Katrinka, mar bhíodh milseáin ina naprún aici le tabhairt dóibh, nó bheadh moladh aici dóibh. Ní dheachaigh na páistí in aice le Matilda toisc go raibh sí géar agus neamhchairdiúil.

Bhí saol fuar uaigneach ag Matilda. Níor thug aon duine cuairt uirthi riamh. Bhí sí míshásta i gcónaí. A mhalairt a bhí i dteach Katrinka - bhíodh gáire le cloisteáil ann i gcónaí mar bhí neart cairde aici. Bhí áthas ar Katrinka i gcónaí. Oíche amháin, nuair a bhí Matilda ina suí ag a fuinneog dhorcha ag féachaint trasna ar theachín Katrinka, chonaic sí slua daoine ar bharraicíní ag dul go doras a deirfiúr agus ciseáin bia agus bronntanais ina lámha acu.



Bhuail siad cnag ar an doras agus scairt amach 'Iontas!' Tháinig Katrinka go dtí an doras ag gáire agus chuir sí fáilte roimh gach ceann de na comharsana go cineálta. Cóisir iontais do lá breithe Katrinka a bhí ann. D'fhéach Matilda ar an gcóisir óna fuinneog dhorcha agus diaidh ar ndiaidh d'éirigh sí feargach, mar d'fhás an gáire níos láidre agus níos láidre.

Ar deireadh, nuair a bhí na comharsana go léir imithe, chonaic Matilda Katrinka agus í ag bailiú leath de na bronntanais agus iad á gcur i gciseán. Ansin tháinig Katrinka trasna go dtí teach Matilda agus cnag sí ar an doras.

D'oscail Matilda an doras agus labhair sí go géar lena deirfiúr, 'Tá sé an-déanach! Céard atá uait?' Shiúil Katrinka isteach sa seomra suí.

'Ó, a dheirfiúr,' arsa Katrinka agus rinne sí iarracht póg a thabhairt do Matilda. 'Is é seo ár lá breithe agus seo duit leath na bronntanais a tugadh dom! Féach?' Agus chuir sí na bronntanais ar an mbord.

'Níl siad ag teastáil uaim!' arsa Matilda go searbh lena deirfiúr. 'Níor tugadh domsa iad!'



'Tá a fhios agam,' arsa Katrinka, 'tugadh dom iad ach ba mhaith liom leath a thabhairt duit. Is trua nach raibh tú ag an gcóisir freisin!' arsa Katrinka, 'Bhí an-spórt againn!'

'Ní maith liom a bheith le daoine eile!' arsa Matilda go searbh, 'Teastaíonn uaim a bheith liom féin!'

'Ceart go leor, ach Matilda,' arsa a deirfiúr, 'tagann sonas agus sásamh chugat nuair a …

...

bhíonn tú cineálta agus cairdiúil le daoine eile!'

'Seafóid!' arsa Matilda. Bhí Katrinka brónach an méid sin a chloisteáil ón a deirfiúr.

'Ba mhaith liom tú a chur im' áit agus an sonas atá i mo chroí anocht a bhlaiseadh,' arsa Katrinka. Ansin, smaoinigh sí ar feadh nóiméid! 'Á, tá plean agam, Matilda! Déanfaimid ár saoil a mhalartú! Ní mór duit cónaí i mo theach agus a ligean ort gur mise atá ann, agus beidh mé i mo chónaí i do theach agus ligfidh mé orm gur tusa atá ann! Agus beidh ort a bheith ag gáire agus a bheith cairdiúil, amhail mise a bhí ann. Sa chaoi seo beidh áthas i do chroí agat.'

Ar deireadh, d'aontaigh Matilda a saol a athrú le Katrinka agus iarracht a dhéanamh a bheith deas cineálta le daoine eile. 'Ach amháin, ar feadh trí lá!' ar sise.

Tar éis duit an chuid seo den scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: 'Cén t-ainm a bhí ar an deirfiúr cineálta?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, ar chaith na daoine cóisir do Katrinka? Cén tionchar atá aici ar na daoine mórthimpeall uirthi?
- An bhfuil aithne agat ar dhaoine atá sona sásta cosúil le Katrinka? Conas a bhraitheann tú nuair atá tú in éineacht leo?
- Cén fáth go raibh Matilda chomh míshásta? Cén fáth, dar leat ar fhan daoine amach uaithi?
- N'fheadar… cad a cheapann tú a tharlóidh nuair a mhalartaíonn na deirfiúracha áiteanna?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Déanaimis smaoineamh ar feadh nóiméid ar gach ceann de na buanna atá againn inár saol: an sonas a fhaighimid ónár gcairde, agus an sonas a thagann ó bhuanna eile inár saol. Ag baint úsáid as ár nguthanna inmheánacha gabhaimis buíochas le Dia as na buanna seo go léir. Is féidir linn tús a chur trína bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán oiriúnach agus/nó seinn 'Ceol Machnamhach' ar an ndlúthdhiosca, agus lig don gceol seinm le linn an urnaí.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

**M:** Bain úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le haon duine eile a chloisteáil, agus inis le Dia cad a chuireann áthas ort. (*Sos*)

Gabh buíochas le Dia as bronntanas an áthais i do shaol. (*Sos*)

Tá daoine ann agus ní bhraitheann siad sonas mór ina saol. B'fhéidir go bhfuil siad tinn, nó b'fhéidir go bhfuair gaol leo bás le deanaí. B'fhéidir go bhfuil ocras orthu nó go bhfuil siad gan dídean. B'fhéidir go bhfuil siad uaigneach nó brónach. (*Sos*)

An bhfuil aithne agat ar éinne nach bhfuil áthas orthu? Inis a n-ainmneacha le Dia, agus a iarr ar Dhia iad a bheannú. (*Sos*)

Iarraimid ar ár nDia grámhar roinnt áthais a thabhairt isteach ina saol inniu. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Thiarna Ghrámhair, go raibh maith agat as an sonas inár saol. Cabhraigh linn an sonas sin a roinnt le daoine eile. Beannaigh iad siúd atá míshásta. Cabhraigh linn rud éigin a dhéanamh chun sonas a thabhairt dóibh. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL


### ‘An Cúpla Deirfiúracha’ – Cuid II

Téigh ar ais ar an gcéad chuid de scéal ‘An Cúpla Deirfiúracha’ ó inné agus iarr ar na páistí a thuar cad, dar leo, a tharlóidh nuair a athraíonn na deirfiúracha áiteanna. Ansin léigh ‘An Cúpla Deirfiúracha’ - Cuid II.

**‘An Cúpla Deirfiúracha’ – Cuid II**



D’éirigh na deirfiúracha go luath an lá dár gcionn ionas nach bhfeicfeadh aon duine iad agus a dtithe á athrú acu. Nuair a tháinig ‘Katrinka Cineálta’ isteach i dteachín Matilda thosaigh sí ag obair chun snas a chur air. Chuir sí ord agus eagar ar gach rud agus cuirtíní bána sna fuinneoga. An lá céanna, tháinig comharsana ar cuairt go teachín deas Katrinka féin mar ba ghnách, agus chuir Matilda, a bhí in áit Katrinka, fáilte rompu le gáire. Go gairid, in ainneoin í féin, bhí sí ag gáire agus ag baint taitneamh as an saol. Agus nuair a d’imigh na comharsana, shíl Matilda léi féin gur bhain sí taitneamh as iad a bheith ann. Cuireadh iontas ar na comharsana freisin nuair a d’fhéach siad trasna an bhóthair ag teachín Matilda agus chonaic siad duine éigin ag cur bláthanna sa



ghairdín. Stop siad le hiontas, nuair a d’fhéach Katrinka orthu agus, ‘Maidin Mhaith!’ a rá leo go sona. Ba dheacair radharc na súl agus éisteacht na gcluasa a chreidiúint, óir cheap siad gur Matilda a bhí inti. Chuaigh an scéal ó chomharsa go comharsa. Bhí an méid sin áthais orthu, Matilda a fheiceáil ag miongháire, gur theastaigh uathu a thaispeáint di, ar bhealach éigin, gur chuir a áthais gliondar orthu féin chomh maith.

Níos déanaí sa tráthnóna, thug Matilda cuairt ar a teachín féin, mar chonaic sí go raibh roinnt athruithe álainn á dhéanamh ag a deirfiúr ar an áit. Agus fad is a bhí siad ag caint le chéile, bualadh cnag ar an doras. D’fhéach an bheirt acu amach. Na comharsana a bhí ann. Bhí a gcuid ciseáin lán acu le bronntanais do Matilda.

‘An rachaidh mise go dtí an doras, Matilda?’ arsa Katrinka.



‘Ní hea, rachaidh mise, Katrinka!’ a d’fhreagair Matilda, agus a haghaidh lán le sonas. Mar sin, chuir Matilda fáilte roimh na comharsana faoi mar a rinne Katrinka an tráthnóna roimhe sin agus lean an gáire agus an chóisir go déanach san oíche. Agus nuair a d’imigh an comharsa deireanach, thug Matilda barróg mhór do Katrinka agus dúirt: ‘Ní bheidh orm teach a athrú leatsa arís, Katrinka, mar d’fhoghlaim mé go bhfuil i bhfad níos mó áthais ann, a bheith sásta ná mar atá ann nuair atáim míshásta!’

‘Tá an ceart agat, Matilda!’ a d’fhreagair Katrinka. ‘An bhfuil fhios agat, d’fhonn a bheith sásta ionainn féin is gá sonas a léiriú do dhaoine eile, agus an méid áthais a thugaimid do dhaoine eile is mar an gcéanna an méid a fhaighimid mar thoradh.’

Go gairid ina dhiaidh sin, bhí teachín Matilda timpeallaithe le bláthanna áille agus bhí spraoi agus gáire páistí le cloisteáil ann. Ghníomhaigh an bheirt dheirfiúr mar a chéile, ionas nach bhféadfaí iad a dheighilt óna chéile, bhí siad araon sona sásta agus anois tugadh ‘An Cúpla Sona’ orthu beirt.

Tar éis duit an chuid seo den scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil le seo a chur orthu: ‘Cad a rinne Katrinka do theachín Matilda nuair a ghlac sí seilbh air?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a dúirt na comharsana lena chéile, dar leat, nuair a thug siad faoi deara go raibh Katrinka ag cur bláthanna i ngairdín Matilda?
- Cad a rinne Matilda go difriúil nuair a d’oscail sí an doras do na comharsana? Conas a bhraith na comharsana? Conas a mhothaigh Matilda?
- Cad a mhúin Katrinka dá deirfiúr? An dóigh libh gur ceacht maith a bhí ann le foghlaim? An gceapann sibh go rachaidh Matilda ar ais chuig a seanbhealaí? Cén fáth nó cén fáth nach rachaidh sí?

# GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

## Rólimirt

Roghnaigh cúigear páiste chun rólimirt a dhéanamh ar radharc as 'An Cúpla Deirfiúracha' don chuid eile den rang. Tabhair ról do gach leanbh: Matilda, Katrinka agus triúr comharsana. Inis do na páistí gur mhaith leat go ndéanfaidís rólimirt ar an radharc ina thagann na comharsana go teach 'Katrinka Cineálta' chun iontas a chur uirthi ar a lá breithe. Iarr ar na páistí eile cuidiú leo cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi ar chóir dóibh dul chuig an doras, agus cad ba cheart dóibh a rá nuair a théann siad isteach ina teachín. Socraigh cá háit ar cheart do Matilda seasamh léi féin, toisc nach raibh sí ag an gcóisir. Ag teacht go deireadh an radhairc, iarr ar na páistí 'stop' agus comhrá a dhéanamh leis an chuid eile den rang ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An bhfuil aon duine sa radharc seo atá ag taispeáint grá Dé do dhaoine eile? Conas atá sé sin á dhéanamh acu?
- An bhfuil aon bhealach ann go bhféadfadh na haíonna ag an gcóisir níos mó grá a thaispeáint do dhuine eile sa radharc seo? An gceapann sibh gur chóir do Matilda cuireadh a fháil don chóisir?

Roghnaigh páiste amháin eile chun páirt a ghlacadh sa rólimirt. Iarr ar an bpáiste sin ról Íosa a ghlacadh. Is féidir leis/léi suí nó seasamh in áit éigin sa radharc. Ansin déan comhrá leis na páistí eile ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Samhlaigh cad a tharlódh dá mbeadh Íosa mar dhuine de na haíonna ar tugadh cuireadh dó chuig cóisir Katrinka. An mbeadh aon rud difriúil?
- An gceapann sibh gur smaoinigh duine ar bith ag an gcóisir ar an méid a dhéanfadh Íosa? Cén fáth nó cén fáth nár smaoinigh? Dá stopfadh an grúpa comharsana agus guigh chuig Íosa, cad a cheapann sibh go ndéarfadh sé leo?
- Dúirt Íosa go bhfuil grá Dé ann do gach duine. Níl grá Dé ann amháin do na daoine sona nó do na daoine a thugann sásamh dúinn. Tá sé ann freisin do na daoine a chuireann fearg orainn agus nach mbíonn go maith an t-am ar fad. Tá grá Dé ann do gach duine. An dtaitníonn sé leat an méid sin a chloisteáil?



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is féidir linn grá Dé a thaispeáint trí a bheith cineálta lenár gcomharsana agus lenár gcairde. Nuair a bhímid cineálta le daoine eile, bímid in ann cabhrú leo a bheith sásta ach bímid níos sona freisin. Nuair a thugaimid grá do dhaoine eile spreagtar iad chun freagairt le grá. Tá grá Dé ann do gach duine. Ní grá eisiach atá i ngrá Dé, ach tá sé ann do gach duine.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Rólimirt i gCásanna éagsúla

Léigh gach ceann de na cásanna thíos, ceann i ndiaidh a chéile, ag iarraidh ar na páistí breacadh síos cén freagra a roghnóidís as na roghanna atá ar fáil. Ag an gcéim seo den ghníomhaíocht, ní dhéantar aon díospóireacht.

1. Tosaíonn páiste nua inár scoil i lár na bliana. Tugann tú faoi deara nach n- imríonn aon duine leo sa chlós. An ndéanann tú:
   a. Gáire futhu agus 'aonarán' a ghlaoch orthu.
   b. Trua a bheith agat dóibh agus súil a bheith agat go bhfaighidh siad cara go luath.
   c. Imeacht thall agus cuireadh a thabhairt dóibh imirt leat.

2. Faigheann tú cuireadh chuig cóisir lá breithe de dhuine atá ina chónaí in aice leat. Beidh an chóisir ina theach. Deir tú go rachaidh tú chuig an chóisir. An lá dar gcionn faigheann tú cuireadh chun dul chuig cóisir duine eile - beidh fear grinn ag an gcóisir sin agus tabharfar chuig an bpictiúrlann tú agus beidh píotsa agat ina dhiaidh sin. An ndéanann tú:
   a. Téigh chuig cóisir na comharsan, déan iarracht dearmad a dhéanamh faoin gceann eile agus páirt a ghlacadh sa spraoi.
   b. Téigh chuig cóisir na comharsan ach suigh go gruama toisc gur mhaith leat a bheith ag an gcóisir eile.
   c. Lig ort dod' chomharsa go bhfuil tú tinn agus nach féidir leat dul chuig an chóisir. Ach téann tú chuig an gcóisir eile.

3. Um Cháisc faigheann tú go leor uibheacha Cásca agus seacláid - an iomarca do dhuine amháin. Molann do mháthair duit go bhféadfá roinnt de do chuid uibheacha Cásca a thabhairt chuig ospidéal na leanaí in aice láimhe. An ndéanann tú:
   a. Tosaigh ag screadaíl: 'Ní dhéanfaidh mé amhlaidh ar bhealach ar bith! Is iad mo sheacláidí iad! Tugadh domsa iad!'
   b. Bheith ag clamhsán ach abair ceart go leor. Níl tú i ndáiríre ag iarraidh iad a thabhairt ar shiúl.
   c. Inis dod' mháthair go gceapann tú gur rud iontach é an smaoineamh sin agus go gcuireann sé áthas ort a fhios a bheith agat go mbainfidh daoine eile taitneamh as an seacláid freisin.

Tar éis duit dul tríd na cásanna thuas, fill anois ar gach ceann acu agus scrúdaigh níos doimhne anois iad. Fiafraigh de na páistí a bhfreagraí a roinnt leis an duine atá in aice leo. Ansin pléigí mar rang.

Téigh tríd an dara agus an tríú cás ar an mbealach céanna. Críochnaigh trí a fhiafraí de na páistí an bhfuil sé furasta sampla Íosa a leanúint. Cuir i gcuimhne dóibh nach mbíonn bealach Íosa éasca i gcónaí, ach is é an bealach is grámhara é, agus cuideoidh sé linn bheith mar dhaoine grámhara. Taispeáin Póstaer 10 do na páistí, a léiríonn daoine áirithe ag leanúint sampla Íosa.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Thiarna Íosa, mhúin tú go leor dúinn.
D'iarr tú orainn grá a thaispeáint dóibh siúd in aice linn.
Níl sé éasca i gcónaí tú a leanúint, ach is é an bealach is fearr é.
Cabhraigh linn maireachtáil cosúil leat.
Cabhraigh linn guí chugat ionas gur féidir linn cabhair a fháil uait chun maireachtáil cosúil leat.
**M:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag Fás I nGrá

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tosaíonn an ceacht deiridh seo i Rang a Dó/B4 ar bhealach spraíúil leis na páistí ag glacadh páirt i gcluiche ina meabhraíonn siad cuid den mhéid atá foghlamtha acu i rith na bliana sa chlár *I nGrá Dé*. Dírítear obair na seachtaine ar fad chun cuimhneamh ar obair na bliana agus ag ullmhú chun é a cheiliúradh le seirbhís urnaí. Cuidíonn na páistí leis an tseirbhís urnaí deireadh bliana seo a ullmhú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Fótachóipeáil a dhéanamh ar na teimpléid don Chluiche Lúbchárta (thíos)
- Cuirí chuig an tseirbhís urnaí deireadh bliana a sheoladh, má tá sé ar intinn agat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/bhaill teaghlaigh, séiplíneach na scoile nó aon duine eile
- Neart d’ábhair freagartha a chur i láthair m.sh. - taos súgartha, criáin, péinteanna, siosúr, gliú, ábhair thógála athchúrsáilte srl.

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche Lúbchárta

Déan na cártaí go léir (thíos) a dháileadh ar pháistí leo féin nó ar bheirt pháiste ag obair le chéile, ag brath ar líon na bpáistí sa rang, agus mínigh conas an Cluiche Lúbchárta a imirt. Tabharfar cárta do gach leanbh/péire ar a bhfuil ceist agus freagra ann, a bhaineann le hábhar atá clúdaithe in *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4. Tá an Cárta Tosaigh agatsa (an múinteoir), agus beidh ort tús a chur leis an gcluiche tríd an cheist ar do chárta a léamh amach. Léann an páiste/péire a bhfuil an freagra ceart acu, an freagra amach os ard. Ansin léann an páiste/péire sin an cheist atá ag bun an chárta amach, agus freagraíonn cibé duine/péire an bhfuil an freagra sin acu amach os ard é. Leanann an cluiche ar aghaidh timpeall an tseomra ranga go dtí go mbeidh páirt ghlactha ag na páistí go léir agus lúbann sé ar ais chuig an múinteoir sa deireadh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** D'fhoghlaimíomar an oiread sin i mbliana. Le chéile deirimis,
'Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.'
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoin gcairdeas agus conas tá an t-ádh linn leis an méid cairde atá againn.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar níos mó faoi Íosa. D'fhoghlaimíomar faoi chonas a raibh grá aige do gach duine agus gur chabhraigh agus gur leigheas sé iad siúd a bhí breoite. Tá a fhios againn go bhfuil grá aige dúinn freisin.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi na hamanna speisialta a cheiliúrtar san Eaglais – an Aidbhint, an Nollaig, an Carghas, an Cháisc agus an Chincís
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi na laethanta speisialta do na Fíréin Uile, na Naoimh Uile agus ar son Naomh Pádraig.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar go bhfuil tú réidh maithiúnas a thabhairt dúinn i gcónaí.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi Shacraimint an Athmhuintearais agus faoin Eocairist.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi bhronntanais iontach an Chruthaithe agus an plean speisialta atá agat don Chruthú ar fad.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi bhronntanas an Spioraid Naoimh a thug tú dúinn ag an mBaisteadh.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** D'fhoghlaimíomar faoi Dhlí an Ghrá agus go dtugann tú grá do gach duine.
**P:** Go raibh maith agat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn.

**M:** Gabhaimid buíochas leat a Dhia as an méid atá foghlamtha againn i rith na bliana seo caite. Tugaimid glóir duit anois mar a deirimid le chéile.

**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### Faoin méid atá foghlamtha againn


Tabhair cuireadh do na páistí freagraí a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Ba é an t-amhrán is fearr liom i mbliana ná …
- Ba é an scéal is fearr liom i mbliana ná …
- Ba í an phaidir ab fhearr liom i mbliana ná …
- An bhfuil aon rud eile as obair na bliana seo a bhí an-tábhachtach duit?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Freagra Cruthaitheach ar Obair na Bliana

Tabhair cuireadh do na páistí cleachtadh amháin a roghnú as clár na bliana seo ar bhain siad an-taitneamh as, agus tabhair am dóibh chun freagairtí cruthaitheacha a thabhairt ar an gcleachtadh sin. Tabhair cuireadh do na páistí rogha a dhéanamh ón raon ábhar ealaíne chun cabhrú leo a gcuid machnaimh a dhéanamh. Cuirfear an saothar ealaíne seo sa spás urnaí mar chuid de sheirbhís urnaí deireadh na bliana.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá go leor foghlamtha againn i rith na bliana. Is maith breathnú siar agus cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha againn.

## AG COMHRÁ

### Faoi Sheirbhís Urnaí Deireadh na Bliana

Inis do na páistí go bhfuil seirbhís urnaí speisialta á phleanáil agat chun deireadh na scoilbhliana a cheiliúradh, agus buíochas a ghabháil as grá Dé i rith na bliana. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn Dia in éineacht linn agus sinn ag foghlaim agus ag fás. Is féidir lenár seirbhís urnaí cabhrú linn é sin a cheiliúradh.

Iarr cabhair ar na páistí chun an tseirbhís urnaí a phleanáil. Inis dóibh gur mhaith leat go roghnóidís an t-amhrán is fearr leo as saothar na bliana agus an sliocht ón Soiscéal is fearr leo freisin. Caith roinnt ama ag cleachtadh na n-amhrán roghnaithe leis na páistí.

Tabhair forbhreathnú do na páistí ar an méid a tharlóidh sa tseirbhís urnaí ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh léi go machnamhach. Mínigh go mbeidh struchtúr na seirbhíse cosúil leis an Aifreann:

- Tógfaimid ár gcuimhní speisialta faoi *I nGrá Dé* go dtí an spás urnaí
- Tosóimid trí bhailiú le chéile ag an spás urnaí
- Cloisfimid focail fáilte
- Beidh brón orainn as na hamanna a rinneamar aon rud mícheart
- Éistfimid le sleachta ón mBíobla - sliocht a chuala Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill óg a bheidh sa chéad léacht agus scéal faoi Íosa a bheidh sa Soiscéal
- Tar éis an tSoiscéil, beidh Guí an Phobail againn
- Guímid *An Phaidir*, an urnaí a mhúin Íosa dúinn
- Is féidir leis na páistí a gcuid saothar ealaíne a chur sa spás urnaí, mar comhartha den méid atá foghlamtha acu agus ar bhain siad taitneamh as
- Beidh paidir deiridh againn agus críochnóimid le hamhrán/hiomann

Mar ullmhúchán don tseirbhís urnaí, beidh ort:

- Ceathrar páiste a roghnú chun páirt a ghlacadh sa mhórshiúil oscailte , ag iompar ceann de na bronntanais seo a leanas:
  - Bíobla
  - Coinneal
  - Cros/Cros Chéasta
  - Uisce Coisricthe
- Roghnaigh ceathrar páiste chun na focail fáilte a léamh. Tá siad le fáil thíos más mian leat iad a chóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.
- Roghnaigh ceathrar páiste chun Guí an Phobail a léamh. Tá na paidreacha ar fáil thíos, más mian leat iad a chóipeáil agus a dháileadh roimh an tseirbhís urnaí.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Ag Fás i nGrá Dé

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do bhaill teaghlaigh agus/nó do shéiplíneach na scoile freastal ar an tseirbhís urnaí.*

*Tabhair cuireadh do na páistí seasamh don Amhrán/ Iomann Tosaigh*

**Amhrán Tosaigh:** Rogha na bPáistí

*Fad is atá an t-amhrán á canadh, tógann páistí an coinneal, an Bíobla Naofa, an chros chéasta agus uisce coisricthe go dtí an spás urnaí.*

**M:** Tosóimis agus an coinneal a lasadh. Cuireann an coinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Anois, déanaimis sinn féin a bheannú le huisce coisricthe. Cuireann an
t-uisce coisricthe ár mBaisteadh i gcuimhne dúinn.

*Doirt an t-uisce coisricthe isteach i mbabhla beag, agus iarr ar na páistí teacht chuige leo féin nó i ngrúpaí beaga chun iad féin a bheannú*

**Léitheoir 1:** Tá fáilte róimh go léir anseo inniu chun críoch rang a dó a cheiliúradh linn.

**Léitheoir 2:** Bliain mhaith a bhí ann nuair a d'fhoghlaimíomar go leor agus nuair a d'fhásamar i ngrá le Dia agus lena chéile.

**Léitheoir 3:** Tá áthas orainn toisc go bhfuil laethanta saoire an tsamhraidh anseo ach tá brón orainn freisin toisc nach mbeimid lenár gcairde scoile ar feadh tamaill.

**Léitheoir 4:** Táimid bailithe anseo inniu chun breathnú ar aghaidh go dtí an samhradh agus chun buíochas a ghabháil le Dia.

**M:** Tosóimis agus cuimhneamh a dhéanamh go mbeidh grá ag Dia dúinn i gcónaí agus go mbíonn sé réidh i gcónaí maithiúnas a thabhairt dúinn as na hamanna nuair nár leanamar Dlí an Ghrá. (*Sos*)

**P:** A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

**M:** Suímis agus éistimis anois le scéal ón mBíobla. Sliocht as leabhar Samúéil:

Lá amháin, nuair a bhí bia dá chuid deartháireacha á iompar ag Dáiví go dtí an láthair chatha, d'fhéadfadh sé dúshlán an fhathaigh Góla a chloisteáil. Tar éis smaoineamh ar feadh nóiméid, chuaigh Dáiví go rí na nIosraeilíteach, Rí Sól, agus dúirt leis go dtroidfeadh sé in aghaidh Góla. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis, mar sin ní raibh eagla air. Ar dtús, shíl an Rí Sól gur amadán a bhí i nDáiví, ach d'fhéadfadh sé a fheiceáil go raibh cinneadh ag an mbuachaill. Mar sin, thug Sól a armúr do Dháiví le caitheamh. Ach thuig Dáiví go luath go raibh an armúr ró-mhór agus ró-throm dó, mar sin níor úsáid sé é. Ina áit sin, chuaigh Dáiví ag siúl taobh le sruth – áit ar roghnaigh sé cúig chlocha bheaga agus chuir iad ina mhála.

Nuair a chonaic Góla Dáiví gháir sé, ach ba chuma le Dáiví é seo. Bhí a fhios ag Dáiví go raibh Dia leis. Chuir sé ceann amháin de na clocha a bhí bailithe aige isteach ina chrann tabhaill. Ansin rith sé i dtreo an fhathaigh agus lig le cloch amháin eitilt. Bhuail an chloch Góla ar an gclár éadain agus thit an fathach go talamh ... marbh. Nuair a chonaic na Filistínigh go raibh a laoch marbh, rith siad ó arm na nIosraeilíteach.

Briathar an Tiarna.
**P:** Buíochas le Dia.

**An Salm:** Can salm 23 ('Sé an Tiarna m'Aoire) nó iomann oiriúnach eile.

*Tabhair cuireadh do na páistí seasamh chun fáilte a chur roimh an tSoiscéil.*

Can 'Alleluia'.

**An Soiscéal:** *Rogha na bPáistí*

**M:** Go raibh an Tiarna libh.
**P:** Agus le do spiorad.

**M:** Sliocht as an Soisceal Naofa de réir ______
**P:** Glóir duit, a Thiarna. *(Gearr* fíor na croise *ar an éadan, ar na beola agus ar an ucht)*

*Is féidir an sliocht seo a léamh ón* mBíobla Naofa

*freisin.*

**M:** Soiscéal an Tiarna.
**P:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na páistí suí síos.*

**M:** Agus críoch á chur againn leis an mbliain i Rang a Dó/B4, casaimid arís go dtí ár nDia grámhar lenár bpaidreacha. Is é an freagra ar gach paidir ná: 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son na daoine go léir a chabhraigh linn i mbliana - (*ainmnigh na daoine go léir ar mhaith leis an rang buíochas a ghabháil leo m.sh. phríomhoide, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, séiplíneach, rúnaí, maor tráchta scoile, airíoch agus pobal na scoile*). Go mbeadh sos acu le linn laethanta saoire an tsamhraidh. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 6:** Guímis ar son ár dteaghlaigh agus ar son na páistí go léir sa scoil seo. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 7:** Guímis ar son siúd nach bhfuil cairde acu. Go ndéanaimis cuimhneamh i gcónaí go bhfuil grá ag Dia do gach duine. Cabhraigh linn grá Dé a roinnt le gach éinne. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 8:** Cuimhnímis orthu siúd a fuair bás

_________________________
(*Ainmnigh aon bhaill teaghlaigh a fuair bás i rith na bliana*). Guímis ar son a dteaghlaigh, go mbeidh sólás acu ina brón. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**M:** Dúnaimis ár súile ar feadh nóiméid agus guímis ar son duine éigin atá paidreacha á lorg acu nó a d'iarr orainn guí ar a son. (*Sos*) A Thiarna éist linn.
**P:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

*Iarr ar na páistí suí síos*

**M:** Anois cuirimis an saothar ealaíne a rinneamar níos luaithe sa tseachtain sa spás urnaí. Cuireann an saothar ealaíne i gcuimhne dúinn na rudaí is fearr a d'fhoghlaimíomar i mbliana.

*Tabhair cuireadh do na páistí teacht go ciúin, duine i ndiaidh a chéile, lena gcuid píosa oibre agus é a chur sa/in aice leis an spás urnaí. Seinn 'Ceol Machnamhach', fad is atá sé seo ar siúl. Ansin iarr ar na páistí seasamh don bheannacht deiridh.*

**M:** Seasaimis agus guímis le chéile anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn:

Ár nAthair, atá ar neamh (*lámha trasna ar an ucht*)
Go naofar d'ainm (*lámha sínte amach chomh hard leis na guaillí*)
Go dtaga do ríocht (*lámha sínte amach, ard os cionn an chloiginn*)
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh (*ceann umhlaithe, lámha le chéile ar tosach*)
Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu (*lámha sínte amach, ag sméideadh i do threo féin*)
Agus maith dúinn ár bhfiacha (*ceann umhlaithe, lámha ar an ucht*)
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin (*croitear lámh go cairdiúil leis an bpáiste in aice leat*)
Agus ná lig sinn i gcathú (*lámha sínte amach ar tosach, lámha ag brú amach uait*)
Ach saor sinn ó olc. (*lámha le chéile ar tosach, ceann umhlaithe*)
Áiméan.

**M:** Go mbeannaí Dia sinn agus sinn a choinneáil slán.
**P:** Áiméan.

**M:** Go mbeannaí Dia ár dteaghlaigh, agus iad a choinneáil gar dó.
**P:** Áiméan.

**M:** Go mbeannaí Dia gach uile duine againn mar a dhéanaimid *Comhartha na Croise* orainn féin.

**Pobal:** In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

## SLEACHTA DON TSEIRBHÍS URNAÍ

**Léitheoir 1:** Tá fáilte róimh go léir anseo inniu chun críoch rang a dó a cheiliúradh linn.

**Léitheoir 2:** Bliain mhaith a bhí ann nuair a d'fhoghlaimíomar go leor agus nuair a d'fhásamar i ngrá le Dia agus lena chéile.

**Léitheoir 3:** Tá áthas orainn toisc go bhfuil laethanta saoire an tsamhraidh anseo ach tá brón orainn freisin toisc nach mbeimid lenár gcairde scoile ar feadh tamaill.

**Léitheoir 4:** Táimid bailithe anseo inniu chun breathnú ar aghaidh go dtí an samhradh agus chun buíochas a ghabháil le Dia.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son na daoine go léir a chabhraigh linn i mbliana - (*ainmnigh na daoine go léir ar mhaith leis an rang buíochas a ghabháil leo m.sh. phríomhoide, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, séiplíneach, rúnaí, maor tráchta scoile, airíoch agus pobal na scoile*). Go mbeadh sos acu le linn laethanta saoire an tsamhraidh. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 6:** Guímis ar son ár dteaghlaigh agus ar son na páistí go léir sa scoil seo. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 7:** Guímis ar son siúd nach bhfuil cairde acu. Go ndéanaimis cuimhneamh i gcónaí go bhfuil grá ag Dia do gach duine. Cabhraigh linn grá Dé a roinnt le gach éinne. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 8:** Cuimhnímis orthu siúd a fuair bás

________________________________________

(*Ainmnigh aon bhaill teaghlaigh a fuair bás i rith na bliana*). Guímis ar son a dteaghlaigh, go mbeidh sólás acu ina brón. A Thiarna éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**CÁRTA TOSAIGH**

**F [Freagra]:** Beithil

**C [Ceist]:** Cérbh í Máthair Íosa?

**F:** Muire

**C:** Cérbh é fear céile Mhuire?

**F:** Iósaef

**C:** Cad a dhoirtear os cionn ceann linbh nuair a bhaistear iad?

**F:** Uisce

**C:** Cén t-ainm atá ar an loch, áit ar bhuail Íosa le Peadar agus Aindrias?

**F:** Muir na Gailíle

**C:** Cad a thugaimid ar an dtréimhse a chaithimid ag ullmhú don Nollaig?

**F:** Aidbhint

**C:** Cad a thugaimid ar an dtréimhse a chaithimid ag fáil réidh don Cháisc?

**F:** An Carghas

**C:** Cén t-ainm atá ar an mbéile deireanach a bhí ag Íosa lena chairde?

**F:** An Suipéar Déanach

**C:** Cé mhéad aspal a bhí ag Íosa?

**F:** 12 (dáréag)

**C:** Cad iad na bronntanais a thógtar chuig an altóir le linn an Aifrinn?

**F:** Arán agus fíon

**C:** Ag an Aifreann, cad a fhreagraímid nuair a deir an sagart, 'Corp Chríost'?

**F:** Áiméan

**C:** Cé a chuidigh le hÍosa an chros a iompar?

**F:** Síomón Círéineách

**C:** Cé mhéad Rúndiamhra Sólásacha atá sa Choróin Mhuire?

**F:** Cúig

**C:** Cé mhéad saoi a tháinig chuig an stábla?

**F:** Triúr

**C:** Cár chaith Íosa 40 lá agus oíche?

**F:** San fhásach

**C:** Cén aspal a bhraith ar Íosa?

**F:** Iúdás

**C:** Cá bhfuair Íosa bás?

**F:** Iarúsailéim

**C:** Cár rugadh Íosa?